

AN STRAITÉIS IOMPAIR DO LIMISTÉAR CEANNCHATHARTHA

Phort Láirge



NOLLAG 2022

Socraítear leis an Straitéis seo an creat le haghaidh **gréasán iompair a bheidh inrochtana, ar ardchaighdeán agus comhtháite lena bhfreastalófar ar an éileamh taistil agus lena dtacófar le fás inbhuanaithe** Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge mar phríomhinneall fáis Réigiún an Deiscirt agus mar réigiún cathrach Eorpach atá iomaíoch ar an leibhéal idirnáisiúnta, mar a beartaíodh leis an gCreat Náisiúnta Pleanála 2040.

Buíochas

An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Hugh Creegan
Michael Mac Aree
Owen Shinkwin
Robert Parkinson
Sarah-Jane Burns
Deborah John

Bonneagar Iompair Éireann

Tara Spain
Michael McCormack
James Bohan
Mary Bowe

Tionól Réigiúnach an Deiscirt

David Kelly
Kevin Lynch
Dominic Walsh

Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

Fergus Galvin
Michael Quinn
Liam McGree
Hugh O'Brien
David Quinn
Gabriel Hynes
James Murray

Comhairle Contae Chill Chainnigh

Sean McKeown
Denis Malone
Seamus Kavanagh
Nicolaas Louw

CAAS Limited

David L'Estrange

Jacobs

Colm Kelly
James Redmond
Colin Johnston
Kevin Burke
John Paul FitzGerald

Systra


Andrew Archer
Diarmuid Bailey
Joanne Best
Joshua Noone

Dolphin 3D Photomontages

Philip Watkin

Clár Ábhar

01 Réamhrá	07
02 An Comhthéacs Beartais	13
03 An Limistéar Staidéir agus an Comhthéacs Iompair	27
04 Úsáid Talún	35
05 Forbairt na Straitéise	41
06 Siúl, Inrochtaineacht agus an Ríocht Phoiblí	45
07 Rothaíocht	53
08 BusConnects	61
09 Iarnród	69
10 Bóithre	73
11 Páirceáil	83
12 Lasta, Seachadadh agus Seirbhísiú	89
13 Bearta Tacaíochta agus Comhtháthú	93
14 Bainistíocht a Dhéanamh ar Ghníomhaíocht ar son na hAeráide	105
15 Faireachán agus Cur Chun Feidhme	111
16 Torthaí na Straitéise	121
17 Cosaint agus Bainistíocht an Chomhshaoil	123
18 An Comhairliúchán Poiblí	127





01 Réamhrá

Beidh an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge ina cuid dhílis de Phort Láirge a athghiniúint agus a bhunathrú chun feabhais. Tacófar le cathair chomhlárnach a fhorbairt, lena n-áirítear ar an taobh thuaidh den tSiúir go dtí na Céanna Thuaidh agus príomhláithreacha eile, trí infheistíocht iompair chomhtháite chun cathair tharraingteach inchónaithe a chruthú, agus an chathair agus na bruachbhailte á nascadh agus nascachtaí thuaidh-theas á dtógáil.

An Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt



Beartaítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála 2040 go dtiocfaidh Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge (an Limistéar Ceannchathartha) chun a bheith ar phríomhinneall fáis Réigiún an Oirdheiscirt, áit a mbeidh fás réamh-mheasta de 50% ar a laghad ann sa tréimhse go dtí an bhliain 2040. Mar thoradh ar an bhfás réamh-mheasta sin a bheidh ann faoin daonra, faoin bhfostaíocht agus faoin oideachas, cruthaítear deiseanna le haghaidh fhorbairt an Limistéir Cheannchathartha.

Is é an toradh a bheidh ar an bhfás sin faoin daonra atá réamh-mheasta agus ar an bhfás geilleagrach gaolmhar ná méadú suntasach san éileamh ar thaisteal. Is gá pleanáil le haghaidh an éilimh sin go cúramach agus é a bhainistiú go cúramach chun a tharraingtí atá an Limistéar Ceannchathartha mar áit chun cónaí, obair agus infheistiú ann agus chun cuairt a thabhairt air a chosaint agus a bhreisiú.

Is amhlaidh cheana féin, maidir leis an bplódú agus an droch-iontaofacht ó thaobh agaí turais de a mbíonn úsáideoirí ag déileáil leo le linn croí-amanna den lá sa Limistéar Ceannchathartha, atá siad ag leagan béim ar an acmhainn theoranta atá ann laistigh den ghréasán iompair atá ann cheana chun freastal ar thrácht breise mótarfheithiclí.

Faoi mar atá amhlaidh i gcás na limistéar ceannchathartha réigiúnach eile, mar atá Corcaigh, Luimneach agus Gaillimh, tá an spleáchas ar an gcarr mar oidhreacht sa Limistéar Ceannchathartha. Tá sé sin ag rannchuidiú le raon leathan saincheistanna eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta, lena n-áirítear turais chomaitéireachta níos faide, lárionaid uirbeacha a bhíonn ag meath, drochshláinte phoiblí, aercháilíocht laghdaithe agus truailliú torainn.

Chun é sin a mhaolú, is gá pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair a ailíniú ar dhóigh i bhfad níos dlúithe. Is é an toradh a bheidh air sin ná go ndéanfar úsáid an chairr phríobháidigh a dhíspreagadh, go háirithe le haghaidh turais ghearra, agus go ndéanfar an dóigh a ngluaisfidh daoine timpeall an Limistéir Cheannchathartha a bhunathrú chun feabhais. Chun déanamh amhlaidh, beidh sé riachtanach úsáid níos éifeachtúla a bhaint as spás luachmhar sráide agus bóthair agus tús áite a thabhairt don siúl, don rothaíocht agus don iompar poiblí.

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge 2040 (an Straitéis seo nó an 'Straitéis') a fhorbairt i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, le Comhairle Contae Chill Chainnigh, le Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus le Bonneagar Iompair Éireann. Tá sí bunaithe freisin ar aighneachtaí réamhchomhairliúcháin a fuarthas ó roinnt geallsealbhóirí. Rinneadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí ag an aon am amháin agus bhí siad mar bhonn eolais le próiseas na Straitéise. De bhreis air sin, rinneadh Measúnacht Tionchair Comhionannais ar an dréacht-Straitéis. Cuireadh na moltaí ón measúnacht sin ar áireamh sa Straitéis deiridh.

Is ionann an Straitéis seo agus na nithe seo a leanas:

- Freagairt na hearnála iompair do spriocanna dícharbónaithe an Limistéir Cheannchathartha go laghdófaí astaíochtaí carbóin mar fhreagairt don Phlean Gnímh don Aeráid 2021;
- Waterford – Find Your Future, féiniúlacht bhranda infheistíochta nua Phort Láirge, a chur chun cinn, agus crios dícharbónaithe á chruthú ar fud chathair Phort Láirge ina hiomláine;

- Creat le haghaidh infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar iompair agus i seirbhísí iompair agus le haghaidh iad a phleanáil agus a sholáthar chun forbairt an Limistéir Cheannchathartha suas go dtí an bhliain 2040 a threorú ar aon dul leis an gCreat Náisiúnta Pleanála 2040, leis an bPlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030, leis an gCreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn agus leis an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt;
- Creatphlean ar féidir leis na gníomhaireachtaí eile a bhfuil baint acu le pleanáil úsáide talún, le cosaint an chomhshaoil agus le soláthar bonneagair agus seirbhísí eile amhail uisce, tithíocht agus saoráidí pobail a gcuid pleananna agus tosaíochtaí infheistíochta a ailíniú leis;
- Straitéis iompair chomhtháite le haghaidh taisteal de shiúl na gcos, de rothar, de bhus, d'iarfnód agus de bhóthar chun tacú le fás agus le coincheap 'na Cathrach Comhlárnaí' a bhaint amach, mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge; agus

- Straitéis sholúbtha a bhfuil de chumas aici acmhainn agus minicíochtaí iompair phoiblí a uas-scálú de réir mar is gá mar fhreagairt d'ímthosca a bhíonn ag athrú.

1.1 Na Dúshláin Reatha

Is ann do roinnt dúshlán ar fud an Limistéir Cheannchathartha a cuireadh san áireamh le linn an Straitéis seo a ullmhú. Tá siad sin leagtha amach sna rannáin seo a leanas:

1.1.1 Srianata Úsáide Talún agus Srianata Fisiciúla

- Nascacht straitéiseach teoranta thuaidh-theas thar an tSiúir, arb é an toradh atá uirthi ná gluaiseacht straitéiseach trácht a bheith á ródú trí lár na cathrach;
- An fháil ar áiteanna páirceála fadfhanachta tarraingteacha ar fud na cathrach;
- Mí-oiriúnacht ghinearálta an ghréasáin bóithre, go háirithe laistigh de chroílár na cathrach meánaoisí agus de bhealaí artaireacha, do fhreastal ar mhéideanna measartha mór de thrácht feithiclí buaic-ama; agus

- A lán éileamh atá ag teacht salach ar a chéile ar an nganntanas spáis bóthair agus colbha atá ar fáil d'úsáideoirí difriúla bóithre.

1.1.2 Iompraíocht Taistil

- Róspiléachas ar an gcarr príobháideach le haghaidh turais measartha gearr;
- An sciar modha measartha íseal atá ag an rothaíocht, agus méid teoranta bonneagair thiomnaithe rothaíochta (cé go bhfuil sé ag feabhsú);
- An sciar modha íseal atá ag an siúl lasmuigh de lár cathrach; agus
- Leibhéal ard úsáide carranna le haghaidh an turais chun na scoile, rud a chuireann cosc ar iompar poiblí a úsáid agus ar thaisteal de shiúl na gcos agus de rothar agus a rannchuidíonn le plódú carrbhunaithe sna tréimhsí maidine agus tráthnóna idir buaic-amanna.

1.1.3 An Soláthar Iompair Phoiblí

- Líon teoranta bealaí bus ardmhinicíochta (i.e., gach 15 nóiméad nó níos minice) sa mhórghréasán bus;

Cuspóirí na Straitéise

01

Freastal ar an éileamh arna ghiniúint ag fás an Limistéir Cheannchathartha sa todhchaí trí ghréasán iompair inbhuanaithe éifeachtúil a sholáthar



02

Tús áite a thabhairt don iompar inbhuanaithe agus don taisteal gníomhach chun an spleáchas ar an gcarr a laghdú



03

Córas iompair phoiblí tarraingteach ardmhinicíochta ar fud na cathrach a sholáthar a nascfaidh chuig príomhchinn scríbe laistigh de chonairí ardéilimh



04

An acmhainn iompair a mhéadú nuair is gá chun torthaí na Straitéise a bhaint amach



05

Córas iompair a bheidh lán-inrochtana agus lánchuimsitheach a sholáthar



06

Ríocht phoiblí an Limistéir Cheannchathartha a bhreisiú trí bhearta bainistíochta éilimh agus trí idirghabhálacha iompair



07

An tionchar a bhíonn ag an trácht feithiclí i lárionaid uirbeacha a íoslaghdú




08

Príomhbhealaí straitéiseacha le haghaidh ghluaiseacht an trácht lasta a shainnithint agus a chosaint



Doiciméid tacaíochta na Straitéise seo



- Seirbhísí teoranta iarnróid chuig an Limistéar Ceannchathracha, agus gan aon seirbhísí ag teacht isteach sa chathair roimh 9:40am;
- Méid teoranta bonneagair tosaíochta bus ar fud an Limistéir Cheannchathartha, rud is cúis le hagaí fada turais agus le moilleanna ar an ngréasán bus atá ann cheana, agus difear diúltach á dhéanamh do phaisinéirí agus do chostais oibriúcháin;
- Bealaí bus scoilte isteach agus amach, agus faid turais níos faide de bharr córais aontreo;
- Rósholáthar áiteanna páirceála carranna, rud a bhaineann an bonn d'inmharthanacht agus tarraingteacht an iompair phoiblí; agus
- Níl aon láithreáin Pháirceála agus Taistil ailínithe le bealaí iompair phoiblí a fhreastalaíonn ar lár na cathrach.

1.1.4 Plódú agus an Geilleagar

- Ábhair imní go gcuirfidh an plódú bac ar chumas an Limistéir Cheannchathartha chun tuilleadh infheistíochta isteach a mhealladh;
- Fás atá faoi stiúir ag an bhfostaíocht a chothromú le tarraingteacht Phort Láirge mar chathair bheag, agus cáilíocht na beatha ann, a bhreisiú;
- An imní atá ar mhórfhostóirí nach leor an soláthar iompair phoiblí chun freastal ar fhórsa oibre a mbíonn úsáid an chairr ag laghdú ina mheasc;

- Plódú tráchta agus moilleanna tráchta ag príomhláithreacha ar an ngréasán bóithre sa limistéar áitiúil agus i lár na cathrach, amhail Bóthar an Bhaile Nua agus Bóthar Dhún Mór, le linn buaic-amanna; agus
- Gá le gluaiseacht earraí ar an ngréasán iompair straitéisigh a éascú agus le rochtain éifeachtúil a chothabháil ar phríomhláithreacha, lena n-áirítear Calafort Phort Láirge agus an Gréasán Bóithre Náisiúnta.

1.1.5 An tSláinte Phoiblí agus Díothacht

- Ábhair imní faoi na méaduithe sa neamhghníomhaíocht fhisiciúil agus sa mhurtall i measc leanaí;
- Ábhair imní a bhíonn ag méadú faoin tionchar a bhíonn ag an iompar ar an aercháilíocht áitiúil agus, dá bharr sin, ar shláinte an duine;
- Aitheantas don ghá le tuilleadh taistil ghníomhaigh agus tuilleadh aclaíochta teagmhasaí a chur ar áireamh inár gcóras iompair trínár ríocht phoiblí agus ár roghanna iompair a athmhúnlú; agus
- Gá le hinrochtaineacht chothromasach iompair ar sheirbhísí bunriachtanacha, ar an oideachas agus ar an bhfostaíocht a sholáthar chun cabhrú le díothacht a laghdú.

1.2 Fís agus Cuspóirí na Straitéise

Tá an Fhís bheartaithe don Straitéis seo ailínithe leis an bhfís sin atá leagtha amach sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt / sa Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha: An creat a shocrú le haghaidh gréasán iompair a bheidh inrochtana, ar ardchaighdeán agus comhtháite lena gcumasófar fás inbhuanaithe Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge mar phríomhchumasóir réigiúnach fáis i Réigiún an Deiscirt agus mar réigiún cathrach Eorpach atá iomaíoch ar an leibhéal idirnáisiúnta, mar a beartaíodh leis an gCreat Náisiúnta Pleanála 2040.

1.3 Forbairt na Straitéise

Rinneadh anailís theicniúil chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt na Straitéise seo. Ullmhaíodh roinnt doiciméid theicniúla tacaíochta, ar doiciméid iad ina gcuirtear i láthair an obair a rinneadh agus an bonn fianaise le haghaidh a gréasán beartaithe agus a beart beartaithe.

Chomh maith leis sin, tá an straitéis faoi réir fhorálacha na Treorach maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, faoi réir fhorálacha na Treorach maidir le Measúnacht Chuí agus faoi réir fhorálacha na reachtaíochta náisiúnta gaolmhaire. Dá bhrí sin, tá Tuarascáil Timpeallachta maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura ag gabháil léi.

Is leagtha amach sa chaibidil dar teideal 'Forbairt na Straitéise' atá tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas forbartha.

Tá sé beartaithe go gcuirfear an Straitéis seo faoi athbhreithniú tréimhsiúil thart ar gach sé bliana.

1.4 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí

Is é an toradh a bheidh ar an Straitéis seo a ullmhú ná go soláthrófar creat le haghaidh tionscadail sa todhchaí ar dóigh dóibh éifeachtaí suntasacha a bheith acu ar an gcomhshaol agus, dá bhrí sin, is ábhar do Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta. Sonraítear in Airteagal 1 den Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (2001/42/CE) go bhfuil sé “[mar chuspóir leis] an Treoir seo soláthar a dhéanamh d’ardleibhéal cosanta don timpeallacht agus rannchuidiú le tosca timpeallachta a chomhtháthú isteach i bpleananna agus cláir a ullmhú agus a ghlacadh d’fhonn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn trína chinntiú go

ndéanfar, i gcomhréir leis an Treoir seo, measúnacht timpeallachta ar phleananna agus cláir áirithe ar dóigh dóibh éifeachtaí suntasacha a bheith acu ar an timpeallacht”.

Is é atá i Measúnacht Chuí ná ceanglas de chuid Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú arna trasuí i ndlí na hÉireann trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011, lena gcomhdhlúthaítear Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha), 1997 go 2005, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha)

(Gníomhaíochtaí Áineasa a Rialú), 2010. Forbraíodh na tuarascálacha ar an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus ar an Measúnacht Chuí go hatriallach i gcomhar leis an Straitéis seo agus ba cheart iad a léamh agus a bhreithniú i gcomhar leis an Straitéis seo.

1.4.1 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Ceanglaítear Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta a dhéanamh ar an bplean iompair toisc go rannchuidíonn sí leis an gcreat le haghaidh toiliú forbartha sa todhchaí le tionscadail a liostaítear in larscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2011/92/AE, arna leasú le Treoir 2014/52/CE. Rinneadh forálacha

Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe



SPRIOC 3
Saol sláintiúil daoine a chinntiú agus folláine do chách a chur chun cinn ag gach aois;



SPRIOC 8
Fás geilleagrach atá marthanach, cuimsitheach agus inbhuanaithe, fostaíocht iomlán tháirgiúil agus obair fhónta do chách a chur chun cinn;



SPRIOC 9
Bonneagar athléimneach a thógáil, tionsclú cuimsitheach inbhuanaithe a chur chun cinn agus nuálaíocht a chothú;



SPRIOC 11
Cathracha agus lonnaithe daonna a dhéanamh ina n-áiteanna cuimsitheacha, sábháilte, athléimneacha agus inbhuanaithe;



SPRIOC 12
Patrúin inbhuanaithe tomhaltais agus táirgthe a chinntiú;



SPRIOC 13
Dul i mbun gnímh go práinneach chun an t-athrú aeráide agus a thionchair a chomhrac;



SPRIOC 14
Na haigéin, na farraigí agus acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid ar dhóigh inbhuanaithe le haghaidh forbairt inbhuanaithe;



SPRIOC 15
Úsáid inbhuanaithe éiceachóras talún a chosaint, a athchóiriú agus a chur chun cinn, foraoisí a bhainistiú ar dhóigh inbhuanaithe, fairsingiú fásaigh a chomhrac, díghrádú talún a stopadh agus a aisiompú, agus caillteanas bithéagsúlachta a stopadh.

¹. Ach amháin mar a fhoráiltear in Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga, is é sin le rá: a) Níor cheart aon réiteach malartach a bheith ar fáil; b) Ní mór cúiseanna dianriachtanacha leas phoiblí sháraithe a bheith ann chun go bhféadfaidh an plean/clár/straitéis/tionscadal, etc., dul ar aghaidh; agus c) Ní mór bearta cúitimidh leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm.

na Straitéise a mheas i ndáil le héifeachtaí suntasacha féideartha, agus comhtháthaíodh bearta isteach sa Straitéis de bharr moltaí ón Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta chun a chinntiú go maolófar drochéifeachtaí féideartha.

Is mar a leanas atá na topaicí comhshaoil (lena n-áirítear idirghaolmhaireachtaí) a chuirtear san áireamh leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta:

- Tosca Aeir agus Aeráide;
- Sláinte an Phobail agus Sláinte an Duine;
- Bithéagsúlacht, Flóra agus Fána;
- Sócmhainní Ábhartha;
- Ithir;
- Uisce;
- Oidhreacht Chultúrtha; agus
- Tírdhreach.

I ndáil leis an Tuarascáil maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, rud ba cheart a léamh agus a bhreithniú i gcomhar leis an Straitéis, leagtar fionnachtana na measúnachta amach faoi cheannteidil éagsúla, lena n-áirítear na ceannteidil seo a leanas:

- Gnéithe ábhartha de staid reatha an chomhshaoil;
- Meastóireacht ar Roghanna Malartacha;
- Meastóireachtaí ar Fhorálacha na Straitéise;
- Bearta Maolaithe; agus
- Clár Faireacháin.

Is iad seo fionnachtana foriomlána na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta:

- Cuireadh na moltaí uile a d'eascair as próiseas na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta ar áireamh sa Straitéis;
- Leis an Straitéis, éascaítear aistriú modha amach ó thaisteal de charr príobháideach chuig taisteal

d'iompar poiblí, de shiúl na gcos agus de rothar, rud a ngabhann éifeachtaí dearfacha leis, lena n-áirítear iad sin a bhaineann leo seo:

- » Rannhuidiú le laghduithe in astaíochtaí gás ceaptha teasa agus gnóthú gaolmhar spriocanna atá ina gceangal dlí
- » Rannhuidiú le laghduithe in astaíochtaí isteach san aer agus gnóthú gaolmhar cuspóirí aercháilíochta, agus rannhuidiú á dhéanamh le haercháilíocht a fheabhsú agus le sláinte an duine a chosaint
- » Rannhuidiú le laghduithe in úsáid foinsí fuinnimh neamh-inathnuaite agus gnóthú spriocanna fuinnimh in-athnuaite atá ina gceangal dlí
- » Slándáil fuinnimh
- » An ríocht phoiblí a bhreisiú
- Ba dhóigh d'fhorálacha áirithe de chuid na Straitéise a bheith mar chúis le héifeachtaí dearfacha suntasacha ar bhainistíocht comhshaoil agus ar chosaint an chomhshaoil; agus
- D'fhéadfadh forálacha áirithe de chuid na Straitéise a bheith mar chúis le héifeachtaí diúltacha suntasacha ar an gcomhshaoil. Trí mhaolú mionsonraithe a chomhtháthú isteach sa Straitéis, cinntítear go maolaítear na héifeachtaí sin.

Sainaithear sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta go rannchuideoidh cur chun feidhme na Straitéise leis na hiarrachtaí roinnt de na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe ón gClár Oibre 2030 d'Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach, ar spriocanna iad ar ghlac ceannairí domhanda iad sa bhliain 2015 ag Cruinniú Mullaigh de chuid na Náisiún Aontaithe agus a tháinig i bhfeidhm sa bhliain 2016.

1.4.2 Measúnacht Chuí

Thángthas ar an gconclúid sa Mheasúnacht Chuí go meastar nach mbeidh drochéifeacht shuntasach ag an Straitéis ar iomláine líonra láithreán Natura 2000.

Maidir le mionsonraí faoin gcur chuige a glacadh i leith na Measúnachta Cuí agus leis na fionnachtana, tá siad leagtha amach sa Tuarascáil Tionchair Natura a ghabhann leis an Measúnacht Chuí, ar tuarascáil í a ghabhann leis an Straitéis. Faoi mar atá amhlaidh i gcás na Tuarascála Timpeallachta maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, ba cheart an doiciméad ar leith sin a léamh agus a bhreithniú i gcomhar leis an Straitéis.

1.5 Measúnacht Tionchair Comhionannais

Is é feidhm na Measúnachta Tionchair Comhionannais a chinntiú nach ndéanann an Straitéis lompair leithcheal neamhdhleathach ar shaintréithe cosanta atá leagtha amach sna hAchtanna um Stádas Comhionann (2000-2018). Leis an Measúnacht Tionchair Comhionannais, is féidir breithniú a dhéanamh ar an tionchar dóchúil a bheidh ag an Straitéis seo ar ghrúpaí difriúla pobail, lena n-áirítear na tionchair dhíreireacha dhóchúla ar dhaoine ó ghrúpaí saintréithe cosanta agus orthu sin a chónaíonn i bpobail atá thíos le díothacht.

Cuireadh an Mheasúnacht Tionchair Comhionannais san áireamh le linn an Straitéis a thabhairt chun críche, agus cabhróidh sí le gach ceann de na gníomhaireachtaí cur chun feidhme na Dualgais leanúnacha Earnála Poiblí atá orthu i ndáil le Comhionannas agus Cearta an Duine a chomhlíonadh. Is oibleagáid dhlíthiúil í sin a bunaíodh le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Cabhróidh sí freisin leis na gníomhaireachtaí comhlíonadh a dhéanamh ar na hoibleagáidí atá orthu faoi Bhunreacht na hÉireann, faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, faoi Threoracha Comhionannais an Aontais Eorpaigh agus faoi reachtaíocht na hÉireann um chomhionannas, lena n-áirítear na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018, agus na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015.



02 An Comhthéacs Beartais

Sainaithneofar infheistíocht iompair ó na Ranna Rialtais, ón Udarás Náisiúnta Iompair agus ó ghníomhaireachtaí eile agus tabharfar tús áite di tríd an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge.

An Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt



Is leagtha amach sa chaibidil seo atá na beartais Eorpacha, Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla atá i réim agus lena ndéantar eolas don Straitéis seo agus a idirghníomhaíonn léi. Áirítear leo sin na beartais sin atá bainteach go díreach leis an iompar, leis an aeráid agus le planáil úsáide talún. Plean neamhreachtuil i láthair na huaire is ea an Straitéis seo. Luaitear i gCuspóir Beartais Náisiúnta 69 den Chreat Náisiúnta Pleanála, áfach, go leathnófar chuig cathracha eile na socruithe reachtúla idir planáil spáis agus planáil iompair atá i bhfeidhm i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Tugtar le fios leis an gcuspóir sin go gcuirfí an Straitéis seo ar bhonn reachtuil am éigin sa todhchaí, de réir mar a chuirtear an Creat Náisiúnta Pleanála i bhfeidhm. Rinneadh an Straitéis seo a ullmhú i gcomhar leis an athbhreithniú ar Phlean Forbartha Phort Láirge agus ar Phlean Forbartha Chill Chainnigh, agus déanfaidh sí eolas do na hathbhreithnithe a dhéanfar sa todhchaí ar an dá phlean.

2.1 Pleanáil agus Beartas

Plean ar scála an limistéir cheannchathartha is ea an Straitéis seo. Boinn eolais dhíreacha don Phlean is ea beartais ar an Leibhéal Náisiúnta agus ar an Leibhéal Réigiúnach, go háirithe an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt agus Plean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge. Is iad na príomhdhoiciméid bheartais náisiúnta ná an Creat Náisiúnta Pleanála 2040, an Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030, an Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn, agus an Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe a foilsíodh le déanaí.

Leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála treo an bheartais pleanála don 20 bliain romhainn; leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta na tosaíochtaí infheistíochta a bheidh mar bhonn agus thaca ag cur chun feidhme rathuil an Chreata Náisiúnta Pleanála go dtí an bhliain 2030; agus leagtar amach

sa Chreat Náisiúnta um Iompar in Éirinn an straitéis le haghaidh gréasán iompair talún na hÉireann (an siúl, an rothaíocht, an t-iompar poiblí agus na bóithre) a fhorbairt agus a bhainistiú san fhiche bliain romhainn. Is leagtha amach sa doiciméad tacaíochta dar teideal An Tuarascáil ar Dhálaí Bonnlíne agus Athbhreithniú. Beartais don Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge atá mionanailís ar na doiciméid bheartais uile atá ábhartha don Straitéis seo. Áirítear na nithe seo a leanas leo sin, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- An Creat Náisiúnta Pleanála 2040;
- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030;
- An Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn;
- An Plean Gnímh don Aeráid 2021;
- An Creatbheartas Náisiúnta Rothaíochta 2009-2020;
- Taisteal Níos Cliste – Todhchaí Iompair Inbhuanaithe;
- An Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha
- An Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt;
- Plean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge;
- An Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe; agus
- Na Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae agus na Pleananna Áitiúla atá ábhartha.

Chuaigh an Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe in ionad an Chreatbheartais Náisiúnta Rothaíochta agus Thaisteal Níos Cliste. Ós rud é go raibh an Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe á fhorbairt tráth thús an athbhreithnithe beartais ar an Straitéis seo, bhí na doiciméid roimhe mar chuid den athbhreithniú seo.

Tá achoimre ar na príomhdhoiciméid le fáil sna rannáin seo a leanas.

2.2 An Beartas ar an Leibhéal Eorpach

2.2.1 An Gréasán Tras-Eorpach Iompair

Tá an Gréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T) comhdhéanta de ghréasán pleanáilte bóithre, iarnród, aerfort agus bonneagar uisce ar fud an Aontais Eorpaigh.

Is ann do cheithre bhealach ainmnithe de chuid an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair (an Croíghréasán agus an Gréasán Cuimsitheach) laistigh den Limistéar Ceannchathartha, lena n-áirítear Príomhbhóithre Náisiúnta an N25 (Corcaigh go Port Láirge go Ros Láir) agus an N29 (Calafort Belview go dtí an Sliabh Rua).

Tá an beartas Gréasáin Thras-Eorpaigh Iompair ina chuid thábhachtach fós den tsaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus saoránach ar fud an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn. Imríonn sé ról rithábhachtach sa chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críche a threisiú idir na Ballstáit uile agus a gcuid réigiún, agus le háiteanna lasmuigh den Aontas Eorpach.

2.3 An Beartas ar an Leibhéal Náisiúnta

2.3.1 Tionscadal Éireann 2040

Is é is Tionscadal Éireann 2040 ann ná straitéis uileghabhálach fadtéarmach an rialtais chun tír níos fearr do chách a dhéanamh d'Éirinn agus chun todhchaí níos athléimní agus níos inbhuanaithe a thógáil. Cinntítear leis an straitéis go n-ailínítear pleananna infheistíochta leis na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta sonraithe don bhliain 2030. Tá Tionscadal Éireann 2040 comhdhéanta den Chreat Náisiúnta Pleanála agus den Phlean Forbartha Náisiúnta araon.

2.3.2 An Creat Náisiúnta Pleanála 2040

Is é atá sa Chreat Náisiúnta Pleanála ná creat forbartha straitéisí ina leagtar amach an comhthéacs fadtéarmach le haghaidh fhorbairt fhisiciúil na hÉireann agus le haghaidh dhul chun cinn gaolmhar na tíre ón taobh geilleagrach agus sóisialta de agus ó thaobh an chomhshaoil de go dtí an bhliain 2040.

Meastar go méadóidh daonra an Limistéir Cheannchathartha faoi 35,000 duine ar a laghad faoin mbliain 2040, rud a fhágfaidh go mbeidh an daonra cothrom le 85,000 duine ar a laghad.

Áirítear na nithe seo leis na príomhchumasóirí fáis i réimse an iompair:

- Soláthar a dhéanamh ar thionscadal athghiniúna Chrios Forbartha Straitéisí na gCéanna Thuaidh le haghaidh forbairt chomhtháite inbhuanaithe agus ar bhonneagar tacaíochta, lena n-áirítear droichead nua coisithe nó droichead coisithe/iompair phoiblí thar an tSiúir;
- Deiseanna inlíonta agus athghiniúna a shainaithint chun forbairtí tithíochta agus fostaíochta a dhianú ar fud lár na cathrach agus limistéir bhruachbhaile istigh;
- Dul chun cinn a dhéanamh ar limistéir úrnua nua don tithíocht a fhorbairt agus ar an iompar poiblí agus an bonneagar atá mar thaca leo a fhorbairt;
- Gréasán iompair phoiblí ar fud na Cathrach a sholáthar, áit a mbeidh inrochtaineacht bhreisithe le fáil ó Lár na Cathrach ar Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt; agus
- Forbairt a dhéanamh ar ghréasán straitéiseach rotharbhealaí a bhfuil bealaí suaiteanta ardacmhainne ag gabháil leis, lena n-áirítear Glasbhealach Phort Láirge a shíneadh chun Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt a nascadh le Lár na Cathrach.

2.3.3 An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030

Leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 na tosaíochtaí infheistíochta a bheidh mar bhonn agus thaca ag cur chun feidhme rathúil an Chreata Náisiúnta Pleanála go dtí an bhliain 2030, ar ag an am sin a dhéanfar é a athbhreithniú agus a athrú chun dáta.

Rinneadh Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta a sainíodh sa Chreat Náisiúnta Pleanála a chur ar áireamh sa Phlean Forbartha Náisiúnta, agus cuireadh tuilleadh mionsonraí infheistíochta leo. Is achoimrithe mar a leanas atá na tionscadail atá ábhartha don Straitéis:

Toradh Straitéiseach Náisiúnta 1 - Dlúthfhás

- Cur chun feidhme na gCéanna Thuaidh.

Toradh Straitéiseach Náisiúnta 2 - Inrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe

- An N24 ó Phort Láirge go dtí an Chathair go Gabhal Luimnigh; agus
- An N25 ó Phort Láirge go dtí an Gleann Mór.

Toradh Straitéiseach Náisiúnta 4 - Soghluaisteacht Inbhuanaithe

- Gealltanais go gcuirfí BusConnects chun feidhme i ngach ceann de chathracha na hÉireann;
- An flít busanna uirbeacha a aistriú ina fheithiclí astaíochtaí ísle, lena n-áirítear busanna leictreacha;
- Cur i gcrích a dhéanamh ar thógáil an Ionaid Náisiúnta um Rialú Traenach;
- Gréasán cuimsitheach rothaíochta agus siúil a sholáthar i limistéir cheannchathartha;
- Saoraidí Páirceála agus Taistil a sholáthar i gcomhar le BusConnects; agus
- Bonneagar luchtaithe breise a sholáthar le haghaidh fás spriocdhírithe i bhfeithiclí leictreacha.

Toradh Straitéiseach Náisiúnta 6 - Nascacht Idirnáisiúnta ar Ardchaighdeán

- Tá sé beartaithe faoi Chlár na nAerfort Réigiúnach (Aerfort Phort Láirge) go leanfaí le tacaíocht ón Státchiste a thabhairt d'aerfoirt réigiúnacha bheaga; agus
- Bealaí rochtana ar chalafoirt na hÉireann a neartú trí infheistíocht chun an gréasán iompair de bhóthar a uasghrádú agus a bhreisiú ar mhaithe le feabhas a chur ar agaí turais idir Ros Láir agus Calafort Phort Láirge, de bharr an róil atá acu i nascachtaí iompair a choinneáil ar bun le margaí rithabhachtacha Aontais Eorpaigh.

(Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an tAerfort lonnaithe lasmuigh de theorainn an Limistéir Ceannchathartha. Mar gheall ar fhorálacha Thoradh Straitéiseach Náisiúnta 6 agus ar acmhainn meallta turas an Aerfoirt, cuireadh san áireamh é san anailís éilimh, san fhorbairt roghanna agus sa samhaltú).


Toradh Straitéiseach Náisiúnta 8 - Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin atá Athléimneach ó thaobh na hAeráide de

- Bearta taistil inbhuanaithe, lena n-áirítear gréasán cuimsitheach siúil agus rothaíochta a sholáthar do chathracha na hÉireann;
- An flít busanna a aistriú ina fheithiclí astaíochtaí ísle, lena n-áirítear busanna leictreacha, ar ina leith a tugadh gealltanais nach gceannófaí aon bhusanna a úsáideann díosal amháin ó mhí Iúil 2019 ar aghaidh;
- Clár BusConnects; agus
- Pointí Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha a leathnú.

2.3.4 An Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn

Leis an gCreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn a foilsíodh sa bhliain 2021, aistrítear Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta an Chreata Náisiúnta Pleanála ina gcomhthéacs infheistíochta atá sonrach don

iompar. Treorófar infheistíocht iompair sna blianta atá romhainn leis an gCreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn chun an Creat Náisiúnta Pleanála a chumasú, chun tacú leis an bPlean Gnímh don Aeráid agus chun dea-thorthaí sóisialta, comhshaoil agus geilleagracha a chur chun cinn ar fud na hÉireann.



Ordalthas Idirghabhála an Chreata Náisiúnta um Iompar in Éirinn

Is laistigh de chomhthéacs an Chreata Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn a forbraíodh an Straitéis seo agus a athbhreithneofar an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach. De bhreis air sin, is amhlaidh, faoin gCreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn, a d'fhoilsigh Bonneagar Iompair Éireann dréacht de NR2040, an straitéis fhadtéarmach le haghaidh an gréasán Bóithre Náisiúnta a phleanáil, a oibriú agus a chothabháil.

Tá ceithre phríomhthosaíocht infheistíochta ann sa Chreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn, atá mar a leanas:

1. Dícharbónú;
2. Cosaint agus Athnuachan;
3. Soghluaisteacht Daoine agus Earraí i gCeantair Uirbeacha; agus
4. Nascacht Réigiúnach agus Tuaithe Fheabhsaithe.

Forlíontar na tosaíochtaí infheistíochta sin le dhá ordlathas phrionsabalbhunaithe lena gcinnteofar go roghnófar na modhanna is inbhuanaithe le haghaidh tionscadal iompair ar leith a sholáthar. Tá an taisteal gníomhach ag barr an Ordlathais Mhódúil, agus is iad an t-iompar poiblí agus feithiclí príobháideacha na modhanna is tábhachtaí ina dhiaidh sin. Maidir leis an Ordlathas Idirghabhála, tabharfar tosaíocht don ghréasán iompair atá ann cheana a chothabháil. Ina dhiaidh sin, tabharfar tosaíocht do luach an ghréasáin a uasmhéadú trína úsáid a bharrfheabhsú. Ní bhreithneofar infheistíochtaí bonneagair ansin ach amháin má mheastar an dá chatagóir sin a bheith míchuí le haghaidh na faidhbe sainaitheanta, agus breithneofar uasghráduithe ar an mbonneagar atá ann cheana sula mbreithneofar bonneagar nua a sholáthar.

Cuireadh na hordlathais sin ar áireamh go hiomlán sna céimeanna deiridh d'fhorbairt na Straitéise seo.

2.3.5 An Plean Gnímh don Aeráid 2021

D'fhoilsigh an Rialtas an Plean Gnímh don Aeráid 2021 i mí na Samhna 2021 mar threochlár le haghaidh gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh ar mhaithe le hastaíochtaí na hÉireann a laghdú faoina leath faoin mbliain 2030 agus le haeráidneodracht a bhaint amach tráth nach déanaí ná an bhliain 2050. Luaitear sa phlean gurb ann don athrú aeráide agus go bhfuil sé ag déanamh difear don domhan cheana féin, ós rud é go bhfuil Éire ag déileáil le riosca níos airde go dtarlóidh stoirmeacha agus tuile ar bhonn minic. Chun é sin a shárú, is gá dúinn dul i mbun gnímh chun cabhrú le geilleagar agus sochaí atá níos glaine agus níos glaise a thógáil.

Cuid shuntasach den Phlean Gnímh don Aeráid is ea dul i ngleic le hastaíochtaí ón earnáil iompair (a bhí freagrach as 20%, beagnach, de gháis cheaptha teasa na hÉireann sa bhliain 2018).

Chun an laghdú riachtanach astaíochtaí a bhaint amach faoin mbliain 2030, áirítear na nithe seo leis na príomhchuspóirí:

- Soláthar a dhéanamh do 500,000 turas iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh sa bhreis in aghaidh an lae;
- Na tacaí riachtanacha bonneagair, rialála, rannpháirtíochta, pleanála, nuálaíochta agus airgeadais a fhorbairt le haghaidh éifeachtúlachtaí feabhsaithe ó thaobh córas, taistil, feithiclí agus éilimh de;
- Seirbhísí iarnróid agus bonneagar iarnróid a leathnú i mór-lárionaid uirbeacha agus timpeall orthu; agus
- An líon Feithiclí Leictreacha agus Feithiclí Astaíochtaí Ísle ar na bóithre a mhéadú go 945,000 feithicil.

Áirítear na nithe seo leis na príomhghníomhartha atá ábhartha don Straitéis seo:

- Leanúint leis an nGréasán Taistil Ghníomhaigh agus Glasbhealaí a fheabhsú agus a leathnú;
- 1,000 km sa bhreis de bhonneagar rothaíochta agus siúil a thógáil;
- Tús a chur le hAthdhearadh Gréasáin BusConnects a sholáthar i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach agus i bPort Láirge;
- Tús a chur le hOibreacha Bonneagair Croíchonairí Bus BusConnects a sholáthar;
- Scrúdú a dhéanamh ar an ról atá ag bearta bainistíochta éilimh i gcathracha na hÉireann, lena n-áirítear criosanna astaíochtaí ísle agus beartais phraghsála páirceála;
- Ceangal a chur ar gach cathair ar mó a daonra ná 75,000 duine plean iompair inbhuanaithe a tháirgeadh tráth nach déanaí ná mí an Mheithimh 2021 lena athbhreithniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus ag an Roinn;

- Tosaíochtaí um ghluaisteacht níos fearr a chothromú laistigh de limistéir uirbeacha chun an timpeallacht thógtha agus an fearann poiblí a aistriú ó bheith “feithicil-láraithe” go bheith “duineláraithe”;
- Bearta bainistíochta éilimh a chur ar aghaidh;
- Méadú a dhéanamh ar an soláthar saoráidí Páirceála agus Taistil ag cómhálartuithe iompair;
- Bearta inbhuanaithe tosaíochta bus a sholáthar ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta; agus
- Seirbhísí bus Oibleagáid Seirbhíse Poiblí i limistéir cheannchathartha Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge a aistriú ina bhflít busanna astaíochtaí ísle/nialasacha.

Áirítear na nithe seo leis na príomhdhoiciméid bheartais eile a bhaineann le Gníomhú ar son na hAeráide:

- An Plean Náisiúnta Maolaithe;
- Athléimneacht i leith an Athraithe Aeráide a Fhorbairt in Earnáil Iompair na hÉireann;
- An Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019-2024 ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge; agus
- An Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019-2024 ó Chomhairle Contae Chill Chainnigh.

2.3.6 An Creatbheartas Náisiúnta Rothaíochta 2009-2020

Is é misean uileghabhálach Chéad Chreatbheartas Náisiúnta Rothaíochta na hÉireann 2009-2020 ná cultúr láidir náisiúnta rothaíochta a chruthú ina measfar gurb é rothaíocht an gnás. Tá sé mar fhís aige go mbeadh na cathracha, na bailte, na sráidbhailte agus na limistéir thuaithe uile tacúil le rothaithe chun go mbainfí amach an cuspóir gur de rothar a thógfaí 10% de na turais uile faoin mbliain 2020.

Áirítear na nithe seo le príomhchuspóirí an Chreata seo:

- Tacú le bailte agus cathracha a phleanáil, a fhorbairt agus a dhearadh chun go dtacódh siad le rothaithe agus le coisithe;
- A chinntiú go ndéanfar an bonneagar uirbeach bóthair (seachas mótarbhealaí) a dhearadh/a iarfheistiú chun go dtacódh sé le rothaithe;
- Bealaí a thacaíonn le rothaíocht a sholáthar chuig gach scoil, saoráidí leordhóthanacha páirceála rothar a sholáthar laistigh de scoileanna, agus oiliúint i rothaíocht a chur ar gach dalta scoile;
- Comhtháthú cuí na rothaíochta agus an iompair phoiblí a chinntiú;
- Áiteanna sábháilte páirceála do rothair a sholáthar; agus
- Feabhas a chur ar íomhá na rothaíochta agus an rothaíocht a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as “idirghabhálacha boga” amhail feachtais phromóisin agus imeachtaí.

2.3.7 Taisteal Níos Cliste – Todhchaí Iompair Inbhuanaithe 2009-2020

Admhaítear in Taisteal Níos Cliste gurb amhlaidh, mar thoradh ar an tionchar atá aige ar phlódú agus ar aerthruailliú áitiúil agus mar thoradh ar an méid a rannchuidíonn sé leis an athrú aeráide agus le stíleanna maireachtála a bhíonn ag éirí níos neamhghníomhaí a chur chun cinn, nach inbhuanaithe atá an fás leantach san éileamh ar iompar de bhóthar. Tá sé mar phríomhchuspóir aige aistriú mór modha ón iompar príobháideach chuig an iompar poiblí agus modhanna gníomhacha a chur chun cinn thar an tréimhse go dtí an bhliain 2020 agus an sciar den fhás san éileamh taistil atá spleách ar an gcarr a laghdú.

Leagtar spriocanna soiléire amach sa bheartas seo, ar spriocanna iad a cuireadh san áireamh le linn an Straitéis seo a ullmhú. Áirítear leo príomhspríoc chun an chomaitéireacht de charr a bhaineann leis an obair

a laghdú ón sciar modha reatha 65% atá aici go 45%, agus comaitéireacht de mhodhanna inbhuanaithe eile á méadú go 55% ag an am céanna.

2.3.8 An Beartas Náisiúnta maidir le Soghluasteacht Inbhuanaithe

D'fhoilsigh an rialtas an Beartas Náisiúnta maidir le Soghluasteacht Inbhuanaithe i mí Aibreáin 2022 agus téann sé in ionad an Bheartais Náisiúnta Rothaíochta agus Thaisteal Níos Cliste. Leagtar amach sa Bheartas Náisiúnta maidir le Soghluasteacht Inbhuanaithe creat straitéiseach go dtí an bhliain 2030 le haghaidh an tsíúil, na rothaíochta agus an iompair phoiblí chun cabhrú le hÉirinn a hoibleagáidí aeráide a chomhlíonadh. Tá sé mar aidhm ag an mbeartas 500,000 turas taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí sa bhreis ar a laghad in aghaidh an lae a sholáthar faoin mbliain 2030 agus laghdú 10% a sholáthar sa líon ciliméadar a bhítear ag tiomáint i gcarranna faoi thiomáint breoslaí iontaise. Tá sé mar aidhm leis é a dhéanamh níos fusa do dhaoine a roghnú go dtaistealóidh siad de shiúl na gcos, de rothar agus d'iompar poiblí gach lá in ionad é a bheith riachtanach dóibh carr peitрил nó díosail a úsáid.

Áirítear na nithe seo leis na príomhghníomhartha atá ábhartha don Straitéis seo:

- Acmhainn bus agus seirbhísí bus a mhéadú tríd an gClár BusConnects i bPort Láirge;
- Flíit busanna astaíochtaí nialasacha a úsáid i bPort Láirge faoin mbliain 2030;
- Stáisiún Traenach Phluincéid a athlonnú chuig láthair nua ar na Céanna Thuaidh mar chuid de mhórtionscadal athghiniúna uirb; agus
- Tionscnamh “na cathrach 10 nóiméad” a fhorbairt, rud lena gcuirfear chun cinn an cumas atá ag daoine aonair chun gach seirbhís bhunriachtanach a rochtain laistigh de thuras 10 nóiméad de shiúl na gcos, de rothar nó de nasc iompair phoiblí óna dteach.

2.3.9 An Staidéar Bainistíochta Éilimh ar na Cúig Chathair: Tuarascáil ar Mholtaí 2021

Rinneadh an staidéar seo thar ceann na Roinne Iompair i mí na Samhna 2021. Is é forbairt an Staidéir Bainistíochta Éilimh ar na Cúig Chathair ná an toradh atá ar an gceanglas práinneach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an iompar a laghdú agus chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní mhéadaitheacha a bhaineann le haercháilíocht uirbeach. Leis an Staidéar Bainistíochta Éilimh ar na Cúig Chathair, soláthraítear cur chuige dírithe fianaisebhuanaithe i leith aghaidh a thabhairt ar na dúshlán charbóin, phlódaíthe agus aercháilíochta atá os comhair chathracha na hÉireann.

Áirítear na nithe seo le roinnt de na Bearta Tuairisciúla a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo agus a bhaineann le Port Láirge:



Muirearú Plódaithe FM11: Muirearú plódaithe laistigh de limistéir uirbeacha.



Tobhach ar Pháirceáil ag an Áit Oibre PTM01: Tobhach ar Pháirceáil ag an Áit Oibre, rud lena bhforfheidhmítear muirir ar áiteanna páirceála a soláthraíonn fostóirí iad.



Rialuithe agus Praghsáil maidir le Páirceáil ar an tSráid PTM04: Rialuithe Páirceála Poiblí ar chostas na páirceála agus ar an bhfáil uirthi.



An Beartas Pleanála Comhtháite PP01: Coincheap na Measúnuithe Sráideanna Sláintiúla a fhorbairt agus a leabú; agus

PP08: Coincheap na comharsanachta 15 nóiméad a fhorbairt agus a leabú.

2.3.10 An Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha 2013

Sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (an Lámhleabhar Deartha), tá breac-chuntas ar an dóigh ar cheart bóithre agus sráideanna i limistéir uirbeacha agus fho-uirbeacha a bheith deartha chun tosaíocht a thabhairt do na riachtanais a bhíonn ag coisithe, ag rothaithe agus ag úsáideoirí iompair phoiblí agus chun ceannas an chairr phríobháidigh a laghdú. Tá na pleananna agus na tograí atá leagtha amach sa Straitéis seo ag teacht le spriocanna agus cuspóirí uileghabhálacha an Lámhleabhair Deartha.

Áirítear na prionsabail seo a leanas leis na príomhphrionsabail a cuireadh i bhfeidhm i gcomhthéacs na Straitéise seo:

- Tuilleadh béime ar an bhfeidhm áite a bhíonn ag bóithre agus sráideanna i gCathair Phort Láirge, i limistéir fho-uirbeacha agus i Lár Bailte Ceannchathartha;
- Tuilleadh breithnithe ar an timpeallacht coisithe, lena n-áirítear leithid cosán agus trasrianta;
- Béim ar thréscailteacht scagtha agus ar naisc do choisithe agus do rothaithe, go háirithe chuig áiteanna fostaíochta agus oideachais agus chuig stadanna iompair phoiblí; agus
- Leagan amach agus riachtanais na mbóithre dáileacháin.

2.4 An Beartas ar an Leibhéal Réigiúnach

2.4.1 An Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt

Rinne Tionól Réigiúnach an Deiscirt an leagan deiridh den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach a chur i gcrích agus a fhoilsiú i mí Eanáir 2020. Is é atá inti ná creat réigiúnach a bhfuil mar aidhm leis comhordú feabhsaithe sa bheartas pleanála agus forbartha a chinntiú ar fud teorainneacha Údaráis Áitiúil, agus an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Forbartha Náisiúnta mar bhonn agus thaca aige.

Mar chuid de gach Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, ceanglaítear díriú sna Pleananna Straitéiseacha Limistéir Cheannchathartha ar shaincheisteanna atá sonrach don chathair agus don limistéar ceannchathartha. Is é atá sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach agus i bPlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge ná doiciméid reachtúla phleanála a n-éilítear Pleananna Forbartha Údaráis Áitiúil agus pleananna agus straitéisí eile rialtais ina leith chun ailíniú le cuspóirí beartais na Straitéise Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnaí agus Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge a thaispeáint.

Tríd an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge a ullmhú, comhlíontar go páirteach Cuspóir Beartais Réigiúnaigh (CBR) 164 den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, ina sonraítear an méid seo a leanas:

“Is cuspóir é go bhforbródh an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Bonneagar Iompair Éireann, Údaráis Áitiúla agus geallsealbhóirí iomchuí Straitéisí Iompair Limistéir Cheannchathartha do Chorcaigh, do Luimneach-Sionainn agus do Phort Láirge, ar straitéisí iad lena gcomhtháthófar tosaíochtaí do na limistéir cheannchathartha a sainaithníodh i Straitéis Iompair Réigiúnaigh na Straitéise Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnaí, agus go dtacófaí le hinfheistíocht i ngníomhartha faoi na straitéisí sin, faoi réir na bpróiseas riachtanach breithmheasa, pleanála agus measúnachta timpeallachta le haghaidh bonneagar iompair agus seirbhísí iompair a fhorbairt go hinbhuanaithe sna limistéir cheannchathartha thar thréimhse 20 bliain. Rachaidh Straitéisí Iompair Limistéir Cheannchathartha faoi Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus faoi Mheasúnacht Chuí de réir Chuspóir Beartais Náisiúnta 75 den Chreat Náisiúnta Pleanála”. (An Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, CBR 164).

Tá ról ríthábhachtach ag an Straitéis seo maidir le Straitéis Iompair na Straitéise Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnaí a chur chun feidhme agus maidir le raon Cuspóirí Beartais Réigiúnaigh sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach agus cuspóirí beartais an Phlean Straitéisigh Limistéir Cheannchathartha a chomhlíonadh. Ina theannta sin, ní mór an Straitéis seo a bheith comhsheasmhach, a mhéid is indéanta, leis na cuspóirí réigiúnacha atá leagtha amach sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach agus i bPlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge. Is leagtha amach i Rannán 6.3.6.5 den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach atá na príomhthosaíochtaí do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge, atá mar a leanas:

- Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge a ullmhú;
- Feabhas a chur ar an inrochtaineacht ar Lár na Cathrach trí bhainistíocht éifeachtach tráchta, trí phlódú laghdaithe agus trí roghanna níos fearr ó thaobh modhanna iompair de;
- Tacú le soláthar thionscadal athghiniúna Chrios Forbartha Straitéisí na gCéanna Thuaidh le haghaidh forbairt inbhuanaithe chomhtháite trí bhonneagar tacaíochta iompair agus seirbhísí tacaíochta iompair a sholáthar;
- Córas iompair phoiblí ar fud na cathrach a sholáthar, ar córas é a bhfuil na nithe seo i gceist leis:
 - » Inrochtaineacht bhreisithe ar Lár na Cathrach agus ar phríomhchinn scríbe amhail Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt agus Ospidéal Ollscoile Phort Láirge, ó limistéir laistigh den Chathair/de na Purláin, agus bailte in aice láimhe, lena n-áirítear Trá Mhór.
 - » Nascacht fheabhsaithe traschathrach idir an Chathair/na Purláin (ar an taobh theas den tSiúir) agus Crios Forbartha Straitéisí na gCéanna Thuaidh/Limistéar Phort an Chalaigh.

- An gréasán bóithre náisiúnta a chothabháil agus a bhreisiú, agus freastal á dhéanamh ar an éileamh iompair laistigh de Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge, ar nascacht iduirbeach/idir-réigiúnach níos fearr, ar agaí turais níos giorra agus ar rochtain níos fearr ar thairseacha idirnáisiúnta, lena n-áirítear Calafort Phort Láirge, Eoraphort Ros Láir agus Aerfort Phort Láirge;
- Úsáid bharrmhaith a bhaint as an ngréasán iarnróid, agus Port Láirge á nascadh ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta chun freastal ar an ngluaiseacht daoine agus earraí; agus
- Gréasán rothaíochta ar fud an limistéir cheannchathartha a fhorbairt, agus é dírithe ar an gCathair/na Purláin agus ag freastal ar chríocha éagsúla turais, lena n-áirítear rotharbhealaí straitéiseacha a fhorbairt agus Glasbhealach Phort Láirge a shíneadh chun Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt a nascadh le Lár na Cathrach.

Tá breac-chuntas sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach ar roinnt Tosaíochtaí Infheistíochta Iompair (Rannán 6.3.6) agus Cuspóirí Beartais Réigiúnaigh gaolmhara a bhí mar bhonn eolais d’ullmhú na Straitéise. Tagraítear do na cuspóirí sin thíos sna caibidlí ábhartha, agus áirítear na nithe seo a leanas leo:

- **CBR 160:** Soghluaisteacht Chliste Inbhuanaithe;
- **CBR 161:** Soghluaisteacht Chliste;
- **CBR 162:** Comhtháthú Taistil Ilmhódaigh;
- **CBR 163:** Spriocanna Soghluaisteachta Inbhuanaithe;
- **CBR 165:** Dlúis Níos Airde;
- **CBR 166:** Infheistíocht i Nascacht Ilmhódach Idir-réigiúnach Straitéiseach chuig Limistéir Cheannchathartha agus Conairí Geilleagracha;
- **CBR 167:** Tionscadail Bóithre Náisiúnta;
- **CBR 168:** Infheistíocht i mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla;

- **CBR 169:** Tosaíochtaí maidir leis an nGréasán Bóithre Straitéiseacha a Fheabhsú;
- **CBR 170:** Iarnród;
- **CBR 171:** Bus;
- **CBR 172:** Iompar Tuaithe; agus
- **CBR 174:** Siúl agus Rothaíocht.

Is ábhartha freisin atá na cuspóirí beartais seo a leanas de chuid an Phlean Straitéisigh Limistéir Cheannchathartha:

2.4.1.1 Cuspóir Beartais 1 de Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge:

Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge

- **1 A:** Neartú a dhéanamh ar ról an Limistéir Cheannchathartha mar láthair mhórsála idirnáisiúnta, mar áit a chomhlánaíonn Baile Átha Cliath agus mar phríomhái a bhrúnn fás geilleagrach agus daonra chun cinn i Réigiún an Deiscirt; agus
- **1 B:** An Limistéar Ceannchathartha a chur chun cinn mar Limistéar Ceannchathartha comhtháite a bhfuil na nithe seo a leanas i gceist leis: (i) Lár na Cathrach a bheith ar an bpríomhláthair i gcóilár de; (ii) dlúthfhás agus athghiniúint an Limistéir Cheannchathartha ar fud lár na cathrach agus na mbruachbhailte; (iii) tionscnaimh bhainistíochta talún gníomhaí chun láithreacha tithíochta agus fostaíochta a sholáthar ar dhóigh a bheidh inbhuanaithe agus faoi threoir ag an mbonneagar.

2.4.1.2 Cuspóir Beartais 2 de Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge:

Fás Réigiúnach don Oirdheisceart a Bhrú Chun Cinn

- **2:** Treisiú leis an nascacht idir-réigiúnach agus inréigiúnach (an t-iompar poiblí) le Príomhbhailte i limistéar Thionól Réigiúnach an Deiscirt: Ceatharlach, Cluain Meala, Dún Garbhán, Cill Chainnigh agus Loch Garman.

2.4.1.3 Cuspóir Beartais 3 de Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge:

Infheistíocht chun an Fhís a Chomhlíonadh

- **3 B:** An Limistéar Ceannchathartha a fhorbairt mar Chathair Chomhlárnach, áit a mbeidh dlúthfhás cothromaithe ann ar an taobh thuaidh agus an taobh theas den tSiúir, le tacaíocht ó chomhtháthú idir úsáid talún chomhtháite agus iompar; agus
- **3 C:** A chinntiú go dtabharfar tús áite do bhonneagar ardchaighdeán agus do cháilíocht áite mar dhreasacht chun daoine a mhealladh chun cónaí agus obair i bpatrúin lonnaíochta inbhuanaithe sa Limistéar Ceannchathartha.

2.4.1.4 Cuspóir Beartais 5 de Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge:

Infheistíocht i mBonneagar agus i Nascacht Dhigiteach

- **5 A:** Infheistíocht agus comhordú le geallsealbhoirí a iarraidh maidir le forbairt inbhuanaithe na hacmhainne bonneagair (gréasáin iompair ilmhódaigh) chun cur ar chumas an Limistéir Cheannchathartha a ról mar phríomhchumasóir eacnamaíoch sa réigiún a chomhlíonadh.

2.4.1.5 Cuspóir Beartais 6 (a) de Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge:

Úsáid Talún agus Iompar a Chomhtháthú

- **6 (a) A:** Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge a ullmhú le linn thréimhse feidhme an Phlean Straitéisigh Limistéir Cheannchathartha seo agus a chinntiú go ndéanfar infheistíocht sa Straitéis sin agus go gcuirfear chun feidhme í;
- **6 (a) B:** Sainaitheofar i gCroístraitéisí na bPleananna Forbartha ó Údaráis Áitiúla na conairí iompair phoiblí agus na nódphointí ar chonairí sa Limistéar Ceannchathartha a eascróidh as an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge agus a d'fhéadfadh tacú le forbairt ard-dlúis/le hathghiniúint ard-dlúis;

- **6 (a) C:** Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta an Chreata Náisiúnta Pleanála a bhaint amach trí athghiniúint, comhdhlúthú agus fás a bheidh inbhuanaithe agus faoi threoir ag an mbonneagar; agus
- **6 (a) D:** Féachaint le dlúis inbhuanaithe níos airde a sholáthar nuair is indéanta ag nóid iompair phoiblí.

2.4.1.6 Cuspóir Beartais 6 (b) de Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge:

Iompar Inbhuanaithe

- **6 (b):** Tacú leis na tosaíochtaí iompair inbhuanaithe seo a leanas sa Limistéar Ceannchathartha:
 - » An Stáisiún Iarnróid a athlonnú chuig Ceantar Nuálaíochta na gCéanna Thuaidh, a bhfuil rochtain níos díri aige ar Lár na Cathrach.
 - » Nascacht fheabhsaithe idir Lár na Cathrach agus Ceantar Nuálaíochta na gCéanna Thuaidh agus mór-Limistéar Phort an Chalaigh, lena n-áirítear droichead coisithe/iompair phoiblí a sholáthar ón Meal go Port an Chalaigh.
 - » Trasrian breise le sruth a sholáthar chun nasc a sholáthar chuig bruach theas na Siúire i gcomharsanacht Pháirc May nó Ard Caoin.
 - » Córas Iompair Phoiblí Limistéir Cheannchathartha a fhorbairt, lena n-áirítear bealaí ó Lár na Cathrach go hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge [Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt], go hOspidéal Ollscoile Phort Láirge agus go Calafort Phort Láirge ag Belview, agus breithniú a dhéanamh ar bhealaí ó lonnaíochtaí straitéiseacha lasmuigh den limistéar ceannchathartha, lena n-áirítear Trá Mhór, Ros Mhic Thriúin agus Carraig na Siúire.
 - » Beart chun aistriú modha chuig an mbus agus an iarnród a spreagadh do chomaitéirí atá ag teacht isteach sa chathair.
 - » Cathair Níos So-shiúlta a fhorbairt.

- » Tacú le bearta moillithe tráchta amhail sráideanna comhroinnte.
- » Coincheap na cathrach 10 nóiméad a fhorbairt do Phort Láirge.

2.4.1.7 Cuspóir Beartais 7 de Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge:

Nascacht Réigiúnach

Is cuspóir é tacú le Nascacht Réigiúnach fheabhsaithe trí bhonneagar iompair straitéisigh a fhorbairt agus a chothabháil chun tacú le forbairt inbhuanaithe Phort Láirge agus an Oirdheiscirt, faoi réir an toraidh ar an Straitéis seo agus, nuair is infheidhme, faoi réir an toraidh ar bhreithmheas cuí, ar mheasúnachtaí timpeallachta agus ar an bpróiseas pleanála.

Tabharfaidh Údaráis Áitiúla agus comhlachtaí poiblí, gníomhaireachtaí iompair stáit san áireamh, tosaíocht d'infheistíocht sa bhonneagar bóithre agus iarnróid seo a leanas, faoi réir an toraidh ar mheasúnachtaí timpeallachta agus an phróisis pleanála chun nascacht réigiúnach fheabhsaithe a sholáthar:

- a. An gréasán bóithre náisiúnta a chothabháil agus a bhreisiú, agus freastal á dhéanamh ar an éileamh iompair laistigh de Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge, ar nascacht idiruirbeach/idir-réigiúnach níos fearr, ar agaí turais níos giorra agus ar rochtain níos fearr ar thairseacha idirnáisiúnta, lena n-áirítear Calafort Phort Láirge, Eoraphort Ros Láir agus Aerfort Phort Láirge, trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - i. Scéimeanna reatha agus beartaithe an Rialtais maidir le feabhas a chur ar an ngréasán bóithre náisiúnta a sholáthar, ar scéimeanna iad a bhaineann le Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge agus le bóithre ceangailte idiruirbeacha gaolmhara.
 - ii. Acmhainn agus fiontas an ghréasáin bóithre straitéiseacha a chothabháil agus a bharrfheabhsú trí bhearta cuí bainistíochta éilimh a chur chun feidhme.

- b. Feabhas a chur ar an ngréasán Iompair Straitéisigh idir Port Láirge agus Luimneach/Sionainn, lena n-áireofar an N24 agus an líne Iarnróid a uasghrádú le haghaidh agaí turais níos tapa agus minicíochtaí feabhsaithe iompair phoiblí ar sheirbhísí poiblí bus agus iarnróid.
- c. Feabhas a chur ar an ngréasán Iompair Straitéisigh idir Port Láirge agus Corcaigh, lena n-áireofar an N25 a uasghrádú agus roghanna breise a sholáthar le haghaidh Páirceáil agus Taisteal isteach i gCorcaigh agus i bPort Láirge.
- d. Feabhas a chur ar an ngréasán Iompair Straitéisigh idir Port Láirge agus Eoraphort Ros Láir agus Loch Garman, lena n-áireofar nascacht fheabhsaithe de bhóthar agus d'iarnród isteach in Eoraphort Ros Láir ó Phort Láirge, agus aitheantas á thabhairt don ról tábhachtach a chomhlíonann Eoraphort Ros Láir mar chalafort paisinéirí agus lasta do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge agus do mhór-Réigiún an Deiscirt.
- e. Úsáid bharrmhaith a bhaint as an ngréasán iarnróid, agus Port Láirge á nascadh ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta chun freastal ar an ngluaiseacht daoine agus earraí, lena n-áirítear seirbhísí iarnróid comaitéireachta isteach i bPort Láirge a fhorbairt.
- f. An líne Iarnróid idir Port Láirge agus Ros Láir a choinneáil le haghaidh nascacht iarnróid lasta agus paisinéirí amach anseo isteach in Eoraphort Ros Láir agus amach as a éascú.
- g. Bearta a bhfuil mar aidhm leo tacú le hAistriú Modha trí lasta a aistriú ón mbóthar chuig an iarnród trí úsáid mhéadaithe a bhaint as taobhlaigh lasta (nó trí naisc nua iarnróid a chruthú) ag na calafoirt agus ag láithreacha eile ar fud an Oirdheiscirt.

Sainaithnítear freisin sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach roinnt Cumasóirí Náisiúnta atá ábhartha don Straitéis seo. Áirítear leo sin:

- Deiseanna inlíonta agus athghiniúna a shainaithint chun forbairtí tithíochta agus fostaíochta a dhianú ar fud limistéir bhrúachbhaile istigh;
- Dul chun cinn a dhéanamh ar limistéir úrnua nua don tithíocht a fhorbairt ar dhóigh inbhuanaithe agus ar an iompar poiblí agus an bonneagar atá mar thaca leo a fhorbairt;
- An Nascbhóthar ó Bhóthar na Mainistreach go Baile na Gráige a fhorbairt agus feabhsuithe Taistil Níos Cliste a dhéanamh ar Bhóthar na Mainistreach;
- Feabhas a chur ar an N29 chun fás fostaíochta a chumasú ag Calafort Phort Láirge, Belview;
- Tionscadail ríochta poiblí agus taitneamhachta uirbí, atá dírithe ar shráideanna agus ar spásanna poiblí, i lorg coise tógtha reatha an Limistéir Cheannchathartha – Thuaidh agus Theas, chun tacú le diansaothrú uirbeach;
- Gréasáin iompair phoiblí agus rotharbhealaí straitéiseacha ar fud an Limistéir Cheannchathartha a sholáthar;
- Glasbhealach Phort Láirge a shíneadh chun Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt a nascadh le Lár na Cathrach agus leis an nGlasbhealach lena nasctar Port Láirge le Ros Mhic Thriúin; agus
- Feabhas a chur ar an nascacht réigiúnach trí na meán-agaí turais de bhóthar agus d'iarnród go Baile Átha Cliath, go Corcaigh, go Luimneach agus go calafoirt an réigiúin a laghdú.

2.5 An Beartas ar an Leibhéal Áitiúil

Is é pleanáil áitiúil an tríú ciseal den ordlathas beartais. Leis an bpleanáil áitiúil, trasuitear cuspóirí Náisiúnta agus Réigiúnacha ina gcomhthéacs áitiúil. Beidh tograí na Straitéise mar bhonn eolais freisin le linn Pleananna Forbartha agus Pleananna Limistéir Áitiúil sa todhchaí ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus ó Chomhairle Contae Chill Chainnigh a ullmhú.

2.5.1 Plean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge 2022-2028

Glacadh Plean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge 2022-2028 i mí Iúil 2022. Is ionann an Plean agus an chéad Phlean Forbartha riamh do limistéir chomhdhlúite Chathair agus Chontae Phort Láirge. Chuaigh an Plean in ionad Phlean Forbartha Cathrach Phort Láirge 2013-2019 agus Phlean Forbartha Contae Phort Láirge 2011-2017.

Tá sé mar aidhm le Plean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge 2022-2028 an méid seo a leanas a chinntiú: “Beidh Cathair agus Contae Phort Láirge ag leanúint ar aghaidh ag fás agus ag athrú chun go mbeidh sí ina háit níos tarraingtí, níos rachmasaí, níos athléimní agus níos inbhuanaithe, agus í treisithe ag Cathair agus limistéar ceannchathartha Phort Láirge mar Phríomhchathair Réigiúnach, chun go mbeidh sí ina cathair Ollscoile agus foghlama, agus chun go mbrúfaidh sí geilleagar an réigiúin chun cinn.”

Tá na croíbheartais ábhartha pleanála straitéisí seo a leanas mar bhonn agus thaca ag an bhfís sin:

- Forbairt a dhéanamh ar an bpríomhbhonneagar a theastaíonn chun samhail na cathrach comhlárnaí a sholáthar do Phort Láirge, agus an obair sin a bheith comhsheasmhach leis an gCreat Náisiúnta Pleanála, leis an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach agus leis an bPlean Straitéiseach

Limistéir Cheannchathartha agus a bheith bunaithe ar chuspóirí beartais an Staidéir Pleanála, Úsáide Talún agus Iompair agus na Straitéise seo a chomhshamlú;

- Chun an t-ómós áite a bhreisiú i lonnaíochtaí i bPort Láirge agus chun comharsanachtaí 10 nóiméad a sholáthar trí thréscailteacht bhreisithe siúil agus rothaíochta agus trí phleanáil úsáide talún measctha;
- Fás inbhuanaithe a éascú agus tacú le príomhchumasóirí fáis agus príomhthosaíochtaí a sholáthar do Chathair Phort Láirge agus do Chontae Phort Láirge ar dhóigh atá comhsheasmhach le forálacha agus cuspóirí beartais an Chreata Náisiúnta Pleanála, na Straitéise Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnaí agus an Phlean Straitéisigh Limistéir Cheannchathartha;
- Patrún éifeachtúil, cothromasach agus inbhuanaithe forbartha cónaithe agus forbartha eile a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh, rud lena soláthrófar dlúthfhás agus mais chriticiúil do phobail i bPort Láirge tríd an leibhéal fáis i ngach lonnaíocht a bhainistiú;
- Sainaitheint a dhéanamh ar dheiseanna infheistíochta agus ar thosaíochtaí infheistíochta chun go soláthrófaí samhail na cathrach comhlárnaí agus chun go soláthrófaí an chroístraitéis agus an straitéis lonnaíochta atá bunaithe ar phrionsabail na forbartha atá faoi stiúir ag bonneagar;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le soláthraithe seirbhíse iomchuí chun a chinntiú go mbeidh cur chun feidhme an Phlean Forbartha ag teacht leis an gCroístraitéis;
- A chinntiú, de réir mar a thagann deiseanna chun cinn, go bhforbrófar nasc thréscailteachta lena bhfreastalófar ar shoghluaisteacht inbhuanaithe idir na scoileanna/an leabharlann phoiblí agus síneadh thuaidh GFT Éireann;

- Réitigh nuálacha a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar a shábháilte atá sráideanna scoile agus an leagan amach ginearálta sráideanna ar fud na cathrach, go háirithe iad sin atá i gcomharsanacht Pháirc an Phobail/an Bhaile Nua agus Lár na Cathrach;
- Bealaí taistil ghníomhaigh a sholáthar ar fud na cathrach agus naisc le príomhghineadóirí turas amhail saoráidí oideachais, fostaíochta agus sláinte, agus naisc eatarthu sin, a sholáthar;
- Mol comhtháite bus/iompar ar iarnród a fhorbairt ar na Céanna Thuaidh;
- Tacú le córas iompair ísealcharbóin a fhorbairt trí leanúint le haistriú modha iompair a chur chun cinn amach ó úsáid an chairr phríobháidigh agus i dtreo úsáid mhéadaithe a bhaint as cineálacha níos inbhuanaithe iompair, amhail an rothaíocht, an siúl agus an t-iompar poiblí;
- An siúl agus an rothaíocht a chur chun cinn mar mhodhanna iompair atá éifeachtúil, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol; agus
- Tacú agus comhoibriú le hoibritheoirí poiblí iompair agus le hoibritheoirí príobháideacha iompair maidir le seirbhís iompair atá éifeachtach, inrochtana, tarraingteach agus inbhuanaithe a sholáthar agus maidir le riachtanais phríomhbhonneagair amhail leataobhanna bus agus láithreacha tuirlingthe a fhorbairt.

2.5.2 Plean Forbartha Cathrach Phort Láirge 2013-2019

Féachtar i bPlean Forbartha Cathrach Phort Láirge 2013-2019 le “cothromaíocht a bhaint amach idir an soláthar taistil agus an t-éileamh ar thaisteal i bPort Láirge” agus admhaítear ann gur cuid dhílis den aidhm sin a bhaint amach atá i bpleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair a chomhtháthú tuilleadh. Bainfear an fhís sin le haghaidh Chathair Phort Láirge amach trí na gníomhartha seo a leanas a chur i gcrích:

- Forbairt úsáide talún a ailíniú timpeall conairí iompair phoiblí a bhfreastalaítear go mór orthu, lena n-áirítear lánáí bus, línte iarnróid agus bonneagar rothaíochta agus coisithe ar ardchaighdeán;
- Feabhsuithe ar an ngréasán iompair phoiblí, lena n-áirítear an mhinicíocht seirbhíse a mhéadú ar roinnt bealaí, an gréasán a shimpliú, bealaí níos díri chun na cathrach a sholáthar, agus amchláir a chomhordú;
- Seirbhísí bus a leathnú chuig an Stáisiún Iarnróid agus chuig Cill Bharra;
- Soláthar a dhéanamh do láithreán beag páirceála agus taistil in aice an Chuarbhóthair Lasmuigh i limistéar ginearálta Fhearann tSeoinín/Bhóthar Bhaile Liam agus do dhá láithreán páirceála agus taistil sa bhreis ar na bealaí ó thuaidh agus ó dheas isteach sa Chathair;
- Gréasán rothaíochta ar fud na cathrach a sholáthar trí phríomhbhealaí, mar aon le gréasáin rothaíochta agus siúil a sholáthar idir limistéir chomharsanachta; agus
- Soláthar na spásanna páirceála carranna ar an tsráid agus as an tsráid i Lár na Cathrach a rialú.

2.5.3 Plean Forbartha Contae Phort Láirge 2011-2017

Féachtar i bPlean Forbartha Contae Phort Láirge 2011-2017 le 'sócmainní sóisialta, eacnamaíocha, cultúrtha agus comhshaoil an Chontae a fhorbairt agus a fheabhsú ar dhóigh inbhuanaithe'.

Leagtar béim ar úsáid talún laistigh den Chontae.

- An tarraingteacht a bhaineann le hiompar poiblí, rothaíocht, siúl, comhroinnt turais, fleisc-am nó teaghlaim díobh sin a chur chun cinn agus a fheabhsú mar roghanna eile ar thurais duine amháin in aghaidh an chairr chun na hoibre;
- Feabhsú agus tuilleadh forbartha an chórais iompair phoiblí sa Chontae a chur chun cinn agus a éascú;

- Tacú agus comhoibriú le hoibritheoirí poiblí iompair agus le hoibritheoirí príobháideacha iompair maidir le seirbhís iompair atá éifeachtach, tarraingteach agus inbhuanaithe a sholáthar;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le Comhairle Cathrach Phort Láirge agus leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta maidir le saoraidí páirceála agus taistil, conairí bus ar ardchaighdeán agus bearta bainistíochta tráchta cuí eile a sholáthar i bPurláin na Cathrach;
- Measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le seirbhís iarnróid comaitéireachta a sholáthar do Thrá Mhór agus do Chill Mhíodáin; agus
- Forbairt inbhuanaithe saoraidí sábháilte áisiúla coisithe agus rothaíochta a chur chun cinn sna bailte agus sna sráidbhailte chun stíl mhaireachtála ghníomhach shláintiúil a spreagadh.

2.5.4 Plean Forbartha Cathrach agus Contae Chill Chainnigh 2021-2027

Glacadh Plean Forbartha Cathrach agus Contae Chill Chainnigh 2021-2027 sa bhliain 2021. Chuaigh sé in ionad Phlean Forbartha Contae Chill Chainnigh 2014-2020 agus Phlean Forbartha Cathrach Chill Chainnigh agus a Purlán 2014-2020.

Tá sé mar aidhm leis an bPlean "Pobail atá inmharthana, ceangailte agus bródúil agus atá faoi rath agus bláth geilleagrach a fhorbairt, agus an t-athrú aeráide á chur san áireamh".

Cuimsítear ann roinnt tograí agus cuspóirí atá ábhartha don Straitéis. Áirítear na nithe seo leo sin:

- Cuireadh Port an Chalaigh ar áireamh mar chuid d'ordlathas lonnaithe tairsí Phort Láirge;
- Tá acmhainneacht fhéideartha ag Port an Chalaigh go méadófaí a dhaonra faoi thart ar 12,600 duine;

- Tá acmhainn shuntasach le haghaidh leathnú ag limistéar Chalafort Belview; faoi láthair tá 190 heicteár críosaithe le haghaidh forbairt mar láthair straitéiseach fostaíochta;
- Breithniú a dhéanamh ar sceidealú comhtháite na nasc idir na cineálacha iompair uile a sholáthar – mar atá an t-iarnród, an bus agus seirbhísí loingseoireachta;
- Is gá feabhas a chur ar an nascacht iarnróid idir Port Láirge agus Baile Átha Cliath trí Chontae Chill Chainnigh chun soláthar a dhéanamh do sheirbhísí comaitéireachta;
- Scrúdú ar an líne iarnróid ó Ros Láir go Luimneach;
- Dea-naisc fhisiciúla a chruthú laistigh de limistéir mórtimpeall chun siúl, rothaíocht agus iompar poiblí a spreagadh; agus
- Na caighdeáin is airde is féidir a bhaint amach sa dearadh uirbeach agus sa dearadh ailtireachta.

2.5.5 Plean Forbartha Contae Chill Chainnigh 2014-2020

Tá sé mar aidhm le Plean Forbartha Contae Chill Chainnigh 2014-2020 "díriú beartais straitéisigh a sholáthar chun a chinntiú go ndéanfar bearta oiriúnaithe ar fud earnálacha difriúla agus leibhéil dhifriúla rialtais chun leochaileacht na hÉireann i leith thionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a laghdú".

Cuimsítear i bPlean Forbartha Contae Chill Chainnigh roinnt cuspóirí atá ábhartha don Straitéis. Áirítear na nithe seo leo sin:

- Imscrúdú a dhéanamh ar Fhóram Iompair a bhunú chun beartas iompair an chontae a fhorghaoiniú;
- An rothaíocht agus an siúl a sholáthar mar chineálacha iompair atá éifeachtúil, gasta agus measartha neamhchostasach;

- Comhoibriú leis na gníomhaireachtaí éagsúla poiblí agus príobháideacha atá freagrach as seirbhísí iompair laistigh den chontae maidir le seirbhísí nua bus agus bonneagar tacaíochta a sholáthar;
- Minicíocht mhéadaithe seirbhísí agus agaí turais laghdaithe idir Port Láirge, Cill Chainnigh, Ceatharlach agus Baile Átha Cliath; agus
- Comhoibriú maidir le córas iompair phoiblí atá ar ardchaighdeán agus bunaithe ar an mbus a fhorbairt i gCathair Phort Láirge agus a Purláin agus maidir le láithreán barmhaith a shainaithint le haghaidh saoráid Páirceála agus Taistil.

2.5.6 Scéim Athnuachana Uirbí Lár Cathrach Phort Láirge 2015

Tá sé beartaithe ag Scéim Athnuachana Uirbí Lár Cathrach Phort Láirge “[athruithe a dhéanamh ar chúrsaíocht] tráchta, rochtain feithiclí a shrianadh, carrbhealaí a leathnú, sruthanna tráchta a thiontú ina sruthanna tráchta dhá threo nó aontreo, oibreacha sibhialta coimhdeacha a dhéanamh agus athailíniú a dhéanamh” ar roinnt sráideanna.

Áirítear na nithe seo a leanas le roinnt cuspóirí de chuid na scéime sin:

- Stádas Phort Láirge mar Chathair Shláintiúil a choinneáil;
- Beocht agus beogacht Lár Cathrach Phort Láirge a chosaint agus a bhreisiú;
- Forbairt eacnamaíoch chothromaithe agus inbhuanaithe na Cathrach a éascú agus a chur chun cinn;
- Forbairt lár cathrach inrochtana a éascú, agus aird á tabhairt ar dhaoine faoi mhíchumas, ar choisithe agus ar rothaithe;
- Gréasán rothaíochta ar fud na cathrach a sholáthar chun gach limistéar den chathair a nascadh lena chéile trí phríomhbhealaí;

- Gréasáin rothaíochta agus siúil a sholáthar idir limistéir chomharsanachta; agus
- A chinntiú go dtarlóidh fás na cathrach ar dhóigh ordúil atá inbhuanaithe maidir le húsáid talún chomhtháite, leis an iompar agus le soláthar bonneagair.

2.5.7 Scéim Pleanála Chrios Forbartha Straitéisí Chéanna Thuaidh Phort Láirge 2018

Is í an fhís do Chrios Forbartha Straitéisí Chéanna Thuaidh Phort Láirge ná “leathnú Lár na Cathrach chuig an taobh thuaidh den tSiúir a chur chun cinn ar dhóigh lena ndéanfar fás cothromaithe inbhuanaithe i gCathair Phort Láirge a bhreisiú agus a chur ar aghaidh agus lena spreagfar beocht agus beogacht na cathrach”.

Áirítear na nithe seo a leanas le roinnt de na príomhchuspóirí atá ábhartha don Straitéis:

- An taobh thuaidh agus an taobh theas den Chathair a nascadh trí thrasrian nua droichid iompair inbhuanaithe a sholáthar, agus inrochtaineacht agus nascacht a fheabhsú trí thimpeallacht a chruthú lena n-éascófar gluaiseachtaí inmheánacha coisithe agus rothaithe;
- Mol iompair inbhuanaithe a sholáthar ar na Céanna Thuaidh;
- Soláthar a dhéanamh do phatrúin inbhuanaithe ghluaiseachta agus rochtana, agus tosaíocht á tabhairt do choisithe, do rothaithe agus don iompar poiblí; agus
- Bonneagar inbhuanaithe agus seirbhísí inbhuanaithe a sholáthar do phobail amach anseo.

2.5.8 Port Láirge a Bhunathrú chun Feabhais: Togra Iompair Chomhtháite 2017

Féachtar in Port Láirge a Bhunathrú chun Feabhais: Togra Iompair Chomhtháite le ‘lárionad uirbeach a sholáthar ar féidir leis forbairt réigiúnach a bhrú chun cinn dáiríre agus a bheith ina lárionad lena mbaineann tábhacht’.

Cuimsítear ann roinnt tograí agus cuspóirí atá ábhartha don Straitéis. Áirítear na nithe seo leo sin:

- Athfhorbairt na gCéanna Thuaidh agus láithreáin íocónacha Ard Rí agus Shráid Mhichíl;
- Lár Cathrach uathúil a thacaíonn le coisithe;
- Cathair a bhfuil an t-aon mhol iompair lán-chomhtháite amháin atá ann aici; agus
- Bealach tiomnaithe siúil agus rothaíochta a thrasnaíonn an chathair ina hiomláine.

2.5.9 An Staidéar ar Phleanáil, Úsáid Talún agus Iompar 2004

Ghlac Comhairlí Phort Láirge agus Chill Chainnigh an Staidéar ar Phleanáil, Úsáid Talún agus Iompar sa bhliain 2004. Féachtar ann le “fís agus straitéis a sholáthar le haghaidh forbairt Chathair Phort Láirge agus a Purláin suas go dtí an bhliain 2020”. Eochairghné den doiciméad is ea teacht ar an ‘mais chriticiúil chun cur ar chumas na cathrach a ról mar chumasóir fais réigiún Oirdheiscirt na hÉireann a fhorbairt’.

Áirítear na nithe seo a leanas le roinnt de na príomhfhorálacha atá ábhartha don straitéis:

- Méadú ar an daonra atá cothrom le geall le 30,000 duine (nó fás 57% faoin daonra) i gCathair Phort Láirge agus a Purláin;
- Riachtanais infheistíochta do gheall le 12,800 post nua;
- An gá le thart ar 11,500 teaghais nua a sholáthar, a mbeidh an chuid is mó díobh ag teastáil ar an taobh thuaidh den tSiúir;
- Leathnú miondíola lár na cathrach;
- Droichead lár cathrach a chruthú do choisithe agus do rothaithe chun na Céanna Thuaidh athfhorbartha a nascadh le lár na cathrach;
- Ardán paisinéirí iarnróid a sholáthar ar na Céanna Thuaidh mar chuid de chómhálartú nua iompair phoiblí; agus

- Córas iompair phoiblí atá ar ardchaighdeán agus bunaithe ar an mbus a fhorbairt sa chathair, le tacaíocht ó shaoráidí páirceála agus taistil.

2.5.10 An Dréacht-Phlean Gréasáin Rothaíochta do Chathair Phort Láirge agus a Purláin 2014

Leagadh amach sa Dréacht-Phlean Gréasáin Rothaíochta do Chathair Phort Láirge agus a Purláin 2014 an gréasán rothaíochta a bhí beartaithe do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge. Is é a bhí sa staidéar ná comhpháirt thábhachtach d'fhís Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge maidir le cultúr rothaíochta a fhorbairt laistigh de Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge.

Bhí ullmhú an Ghréasáin Rothaíochta bunaithe ar an gCreatbheartas Náisiúnta Rothaíochta 2009-2020, a raibh mar aidhm leis go mbeadh 10% de na turais uile á dtógáil de rothar faoin mbliain 2020.

Sainaithníodh sa Staidéar ar an nGréasán gurb ann do mhórán bac ar rothaíocht tríd an Limistéar Ceannchathartha, lena n-áirítear sruthchúrsaí amhail an tSiúir agus Abhainn Eoin, Portach Chill Bharra, línte iarnróid, mótarbhealach, agus easpa tréscailteachta i limistéir chónaithe.

Áirítear na nithe seo leis na príomhghineadóirí turais ar measadh go mbeadh an leibhéal gníomhaíochta rothaíochta dhá threo ba mhó acu sa bhliain 2023:

- Bóthar Chill Bharra/Bóthar Chorcaí go Bóthar an Ásaigh/Corcaigh (Éileamh amach anseo 161);
- Bóthar Chill Bharra/Bóthar Chorcaí go Bóthar Phádraig de Brún go Bóthar Chorcaí (146);
- Droichead an Rísigh/Sráid an Droichid go dtí an Meal/Sráid Lombaird (144);
- Bóthar na Mainistreach/Bóthar an Fhuaráin go Bóthar Scair na Carraige/Bóthar an Fhuaráin (137);

- Bóthar Scair na Carraige/Bóthar an Fhuaráin go Bóthar na nDuganna/Droichead an Rísigh (133);
- Bóthar na Gráinsí Íochtarach/an Cuarbhóthar Laistigh go Bóthar Bhaile Throcail/an Cuarbhóthar Laistigh (125);
- Bóthar Bhaile Throcail/an Cuarbhóthar Laistigh go Bóthar Thrá Mhór/an Cuarbhóthar Laistigh (117);
- Bóthar na Mainistreach/Bóthar an Fhuaráin go Bóthar na Mainistreach/an Baile Nua (116);
- Bóthar an Phasáiste/Bóthar Dhún Mór go Bóthar Dhún Mór/an Cuarbhóthar Lasmuigh (108); agus
- Bóthar an Ásaigh/Bóthar Chorcaí go Bóthar Chorcaí/an Cuarbhóthar Laistigh (108).

Tugadh le fios san anailís gurb amhlaidh, maidir le rothaithe atá ag taisteal go hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge [Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt] agus go dtí na príomh-lárionaid fostaíochta ar an taobh thiar de Chathair Phort Láirge, a dhéanann siad difear do shruthanna an ghréasáin. B'ann freisin do mhéid shuntasach gníomhaíochta féideartha rothaíochta i bPort an Chalaigh, cé go raibh easpa tionscnamh ann atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar an mbac a chuireann an tSiúir ar an rothaíocht.

2.5.11 Plean Limistéir Áitiúil Phort an Chalaigh-Belview 2017

Tá fíis ag Plean Limistéir Áitiúil Phort an Chalaigh-Belview 2017 a bhfuil i gceist léi “a chinntiú go mbeidh dea-cháilíocht beatha ag muintir Phurláin Chathair Phort Láirge i gContae Chill Chainnigh, agus leas á bhaint acu as ardchaighdeán oideachais, as ionchais shármhaithe fostaíochta agus as rochtain éasca ar raon iomlán seirbhísí sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha”.

Cuimsítear sa Phlean Limistéir Áitiúil cuspóirí atá ábhartha don iompar. Áirítear na nithe seo leo sin:

- Ba cheart tosaíocht a thabhairt do chriosú na dtailte is gaire do phríomhbhealaí iompair phoiblí;
- Ardán paisinéirí iarnróid a sholáthar ar na Céanna Thuaidh mar chuid de chómhálartú nua iompair Phoiblí;
- Córas iompair phoiblí atá ar ardchaighdeán agus bunaithe ar an mbus a fhorbairt sa Chathair, le tacaíocht ó shaoráidí Páirceála agus Taistil a bheidh lonnaithe ar an taobh thuaidh agus an taobh theas den Abhainn a nascfaidh le limistéar Chalafort Belview;
- Tosaíocht a thabhairt do choisithe, do rothaithe agus d'iompar poiblí mar thoradh ar Bhóthar Bhaile na Gráige a íosghrádú ina Bhóthar Réigiúnach; agus
- Tuilleadh solúbthachta a éascú don iompar poiblí trí bhealaí bus sa todhchaí.

2.5.12 Plean Limistéir Áitiúil Thrá Mhór 2014-2020

Cé go bhfuil Trá Mhór lonnaithe lasmuigh den Limistéar Ceannchathartha, tá sí tábhachtach don Limistéar Ceannchathartha de bharr a daonra agus a gaireachta do Chathair Phort Láirge. Tá sé mar aidhm le Plean Limistéir Áitiúil Thrá Mhór 2014-2020 a chinntiú go “[mbeidh] Trá Mhór sorochtana do gach grúpa den tsochaí agus go bhfreastalófar go leordhóthanach uirthi maidir leis an iompar poiblí agus le modhanna malartacha iompair phríobháidigh”.

Is achoimrithe mar a leanas atá na spriocanna straitéiseacha atá ábhartha don Straitéis:

- Cruthú na bpobal a thacaíonn le rothaithe agus le coisithe a spreagadh;
- A chinntiú go soláthrófar lánáirí rothar ar fud an bhaile;
- Seirbhís bus de chineál IMP a sholáthar i mBaile Thrá Mhór ón bpromanáid go Sráid an Teampaill;

- An dóigh a n-éascaítear bonneagar nua stad bus, tacsáí agus scáthláin a bhreisiú;
- An soláthar seirbhíse iompair a chomhlonnú chun cómhálartú idir seirbhísí a chinntiú; agus
- Tacú leis an Tionscnamh Iompair Tuaithe.

2.6 Achoimre

Leagadh amach sa Chaibidil seo achoimre ar na príomhphleananna agus na príomhbheartais ar an leibhéal Náisiúnta, ar an leibhéal Réigiúnach agus ar an leibhéal Áitiúil atá ábhartha d'ullmhú na Straitéise. Cuirtear anailís níos mine ar an mór-raon beartais i láthair sa Tuarascáil tacaíochta ar Imthosca Bonnliúne agus an Comhthéacs Beartais.

Ag teacht sna sála ar an athbhreithniú sin ar na beartais atá ann cheana, is léir gurb ann do chuspóirí atá i réim le fada ar fud a lán earnálacha agus a bhfuil mar aidhm leo an spleáchas ar an gcarr a laghdú, modhanna taistil ghníomhaigh a chur chun cinn, dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus inrochtaineacht, nascacht agus cuimsiú sóisialta a mhéadú. Rinne na beartais sin eolas d'fhorbairt na Straitéise Iompair do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge agus threoraigh siad í.






03 An Limistéar Staidéir agus an Comhthéacs Iompair

Tá sé mar aidhm leis an bPlean an gréasán iompair a leathnú nuair is cuí agus is indéanta agus an leas is mó a bhaint as úsáid éifeachtúil an ghréasáin iompair, rud lena laghdófar an gá a bheidh ag daoine le taisteal agus lena gcinnteofar gur roghanna a bheidh tarraingteach agus ar fáil a bheidh sa siúl, sa rothaíocht agus san iompar poiblí.

Plean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge 2022-2028



Glús Daonra Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge sa bhliain 2016 (in aghaidh an chiliméadair chearnaigh)

Sa chaibidil seo, tá forbhreathnú ar na himthosca iompair atá ann cheana sa Limistéar Ceannchathartha maidir le húsáid talún, le soláthar iompair agus le patrúin ghluaiseachta. Is féidir anailís níos mine a fháil i dtuarascálacha tacaíochta. (Chun amhras a sheachaint, sainítear fairsinge Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, agus tá an Limistéar Ceannchathartha difriúil leis an gCeantar Ceannchathartha, a bhaineann le toghlimistéir áitiúla ar leibhéal an chontae.)

3.1 Forbhreathnú

Áirítear na háiteanna seo a leanas leis an Limistéar Ceannchathartha:

- Cathair Phort Láirge agus a Bruachbhailte;
- Port an Chalaigh;
- An Pasáiste; agus
- An Sliabh Rua.

Tá an Limistéar Ceannchathartha 143 km² ar achar, agus cónaíonn breis agus 59,854 dhuine ann (an Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016). Cónaíonn thart ar



Poist Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge in aghaidh Limistéar Beag na Príomh-Oifig Staidrimh sa bhliain 2016

53,000 duine i limistéar Chathair Phort Láirge agus a Bruachbhailte, atá sainithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (lena n-áirítear an chuid thuaidh den Chathair atá lonnaithe i gContae Chill Chainnigh). De bhreis ar an sprioc daonra do Chathair Phort Láirge atá leagtha amach sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach agus sa Straitéis seo, aithnítear go bhfuil tionchar Chathair Phort Láirge le sonrú i gcúlchríoch leathan a chuimsíonn limistéar suntasach de Chontae Phort Láirge, lena n-áirítear Trá Mhór, Dún Mór, Port Lách, an Chill, Dún Aill agus Coill Mhic Thomáisín; an chuid theas de Chontae Chill Chainnigh, lena n-áirítear Baile an Phoill, Fíodh Dúin, Móin Choinn, Cill Mhic Bhúith agus Muileann an Bhata; cúlchríoch Charraig na Siúire, Chill Síoláin agus Chluain Meala i dTiobraid Árann; agus Ros Mhic Thriúin i gContae Loch Garman. Bhí 290,071 duine ina gcónaí sa dobharcheartar ualaithe sin sa bhliain 2016, agus meastar go dtiocfaidh méadú ar an bhfigiúr sin go 339,531 duine faoin mbliain 2031. Cuireadh an cúlchríoch leathan sin agus a réamhaisnéisí fais daonra agus a réamhaisnéisí fais fostaíochta san áireamh le linn an Straitéis seo a fhorbairt.

Is í Cathair Phort Láirge an lárionad uirbeach is mó i réigiún Oirdheiscirt na hÉireann agus is í an cúigiú cathair is mó sa tír í. Chomh maith leis sin, is í Cathair Phort Láirge agus a Bruachbhailte an cúigiú lárionad fostaíochta is mó sa tír, áit a bhfuil líon mór daoine fostaíthe i Lár Cathrach Phort Láirge, in Ospidéal Ollscoile Phort Láirge, in Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, san earnáil cógaisíochta agus sa mhiondíol. Is lonnaithe i gCathair Phort Láirge atá Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, a bhfuil a príomhchampas ar an taobh thiar theas de Lár na Cathrach. Tá ag Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt breis agus 10,000 mac léinn ar an rolla agus thart ar 1,000 fostaí sna campais dhifriúla sa chathair. Tá ag Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt freisin campas breise darb ainm ‘Campas Thiar Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt’, atá lonnaithe ar an taobh thiar de Chathair Phort Láirge, feadh an Chuarbhóthair Lasmuigh, agus saoráidí eile i lár na cathrach.

Freastalaíonn na seirbhísí seo a leanas ar an Limistéar Ceannchathartha:

- Seirbhísí iarnróid Idirchathrach;
- Seirbhísí bus/cóiste Cathrach, Réigiúnacha agus Expressway agus seirbhísí Naisc Áitiúil; agus
- Aerfort Phort Láirge (atá lonnaithe thart ar 10 km soir ó dheas ó Lár na Cathrach).

3.2 Patrúin Forbartha atá ann cheana

Is comhchruinnithe laistigh de Lár Cathrach Phort Láirge agus a bhuachbhailte atá an chuid is mó den daonra cónaithe laistigh den Limistéar Ceannchathartha. Tá níos lú ná 10% den daonra cónaithe le fáil sa Phasáiste, i bPointe na Síge, sa Sliabh Rua agus sna limistéir thuaithe eile.

Tá an daonra laistigh de Chathair Phort Láirge dailte den chuid is mó ar Lár na Cathrach, ar an

mbruachbhaile istigh theas agus ar an taobh thoir theas agus an taobh thuaidh den chathair. Is láithreacha ard-dlúis fostaíochta i bPort Láirge iad lárionaid fostaíochta amhail West Pharmaceutical Services, Páirc Gnó GFT Éireann, Ospidéal Ollscoile Phort Láirge agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt. Chomh maith leis sin, is ann do roinnt páirceanna tionscail éadroim agus asraonta miondíola as baile amhail Páirc Miondíola Phort Láirge, Páirc Miondíola Mhóinéar an Rí agus Ionad Gnó Thigh an Chnoic.

3.3 An Comhthéacs Gluaiseachta atá ann cheana sa Limistéar Ceannchathartha

Tosaíonn thart ar 197,000 turas sa Limistéar Ceannchathartha ar an meán gach lá le linn na seachtaine (thar thréimhse 24 huaire an chloig). Tá an chatagóir ‘gach cuspóir eile turais’ freagrach as an gcéatadán is airde de thurais le linn bhuaic-amanna na maidine (07:00-10:00), agus iad freagrach as 55% den iomlán. Is iad turais chomaitéireachta (23%) agus turais go háiteanna oideachais (22%) na chatagóirí is mó ina dhiaidh sin.


Is é is ‘gach cuspóir eile turais’ ann ná tagairt don tsiopadóireacht, don fhóillíocht, don ghnó agus do chuairt a thabhairt ar chairde nó ar bhaill teaghlaigh. Bíonn an chatagóir sin freagrach as 67% de na turais uile a dtugtar fúthu i rith an lae iomláin.

Is inmheánach do Chathair Phort Láirge agus a bruachbhailte atá an chuid is mó den éileamh taistil. Is sa limistéar sin a bhíonn na pointí tosaíthe agus na cinn scríbe le haghaidh 70% de thurais le linn bhuaic-amanna na maidine. Is é ceann scríbe i gCathair Phort Láirge agus a bruachbhailte an ceann scríbe le haghaidh geall le 12,000 ceann de na turais a thosaítear i gcodanna eile den Limistéar Ceannchathartha. Is é Cathair Phort Láirge an ceann scríbe le haghaidh 71% de thurais a thosaítear san Oirdheisceart ina iomláine.

Lasmuigh den Limistéar Staidéir, tá ag lonnaíochtaí amhail Trá Mhór, Carraig na Siúire, Cill Chainnigh agus Ros Mhic Thríúin gaol feidhmiúil le lárionaid uirbeacha sa Limistéar Ceannchathartha, arb é an phríomháit a bhrúnn geilleagar réigiún an Oirdheiscirt chun cinn é. Ar áireamh sa Straitéis seo tá tograí a bhfuil mar aidhm leo feabhas a chur ar an nascacht chuig an mór-réigiún lasmuigh den Limistéar Ceannchathartha chun freastal ar na patrúin taistil sin.

3.3.1 An Sciar Modha sa Limistéar Ceannchathartha

Maidir leis na teorainneacha atá ag gabháil leis an soláthar iompair phoiblí sa Limistéar Ceannchathartha, léirítear iad sa sciar modha íseal do mhodhanna taistil inbhuanaithe. Is mar a leanas atá sciar modha foriomlán an Limistéir Cheannchathartha le haghaidh éileamh 24 huaire an chloig.



3.4 An Soláthar Iompair Reatha

3.4.1 Seirbhísí Áitiúla agus Réigiúnacha Bus

Is iad Bus Éireann agus JJ Kavanagh na príomhsholáthraithe seirbhíse bus sa Limistéar Ceannchathartha. Críochnaíonn formhór na seirbhísí sin i Lár na Cathrach, agus is bealaí gathacha traschathrach iad dhá cheann de na seirbhísí.

Tá éagsúlacht ar fud an ghréasáin le feiceáil sa mhinicíocht seirbhísí i gCathair Phort Láirge agus a bruachbhailte agus níl ach trí bhealach ‘ardmhinicíochta’ ann (gach 15 nóiméad go 20 nóiméad). Is iad sin: Bealach W1 ó Ché na gCeannaithe go dtí an Túr Cloig trí Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, Bealach W2 ó Ché Uí Mheachair go dtí an Túr Cloig trí Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, agus Bealach W3 ó Ché Uí Mheachair go dtí an Túr Cloig trí Pháirc Eoin. Tá comhchruinniú níos airde i ndeisceart na cathrach ag na seirbhísí ísealmhínicíochta bus, rud atá ag teacht leis an dáileadh daonra.



Bealaí ‘ardmhinicíochta’ atá ann cheana

Tá ag Lár Cathrach Phort Láirge a lán córas tráchta aontreo a bhfuil tionchar diúltach acu ar oibríochtaí iompair phoiblí toisc gur scartha ar an mbealach

isteach agus ar an mbealach amach atá bealaí bus. Is féidir leis sin mearbhall a chur ar dhaoine nach dtaistealaíonn ar an mbus ach go neamh-mhínic agus ar chuairteoirí ar an gCathair nach bhfuil cleachta leis an ngréasán bus. Chomh maith leis sin, is scartha de bharr leithid theoranta bhóthair atá bealaí áirithe bus.

De bhreis ar na seirbhísí cathrach, is ann do roinnt seirbhísí réigiúnacha de chuid Bhus Éireann lena soláthraítear naisc ó lonnaithe ágsúla i gContae Phort Láirge agus Contae Chill Chainnigh ina n-iomláine chuig an Limistéar Ceannchathartha, mar aon le naisc ó na contaetha seo: Ceatharlach, Corcaigh, Baile Átha Cliath, Tiobraid Árann agus Loch Garman.

Soláthraíonn Dublin Coach, Expressway, Kenneally's agus Wexford Bus, ar oibríteoirí príobháideacha iad, seirbhísí réigiúnacha bus sa bhreis go Luimneach, go Corcaigh agus go Baile Átha Cliath. Oibríonn na seirbhísí réigiúnacha sin ó Stáisiún Bus Phort Láirge ar Ché na gCeannaithe agus ó Ollscoil Teicneolaíochta Phort Láirge.

3.4.2 An Gréasán Iarnróid

Tá ag Cathair Phort Láirge roinnt seirbhísí Idirchathrach lena soláthraítear naisc dhíreacha iarnróid ó Stáisiún Traenach Phluincéid go Cill Chainnigh, go Baile Átha Cliath, go Carraig na Siúire agus go Cluain Meala agus lena soláthraítear naisc trí Ghabhal Luimnigh go Corcaigh, go Trá Lí agus go Luimneach.

I láthair na huaire, níl aon seirbhís iarnróid comaitéireachta ann sa Limistéar Ceannchathartha ná ina phurláin, cé go mbaintear roinnt úsáide as na seirbhísí idirchathrach chun críocha comaitéireachta ar an leibhéal réigiúnach.

Tá togra ann i bPlean Forbartha Phort Láirge go n-athlonnófaí Stáisiún Phluincéid chuig láthair laistigh de Cheantar Nuálaíochta na gCéanna Thuaidh chun

an stáisiún a nascadh le Lár Cathrach Phort Láirge ar dhóigh níos fearr tríd an droichead nua iompair inbhuanaithe.

Seoladh seirbhís nua iarnróid lasta idir Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, agus Port Láirge sa bhliain 2021, agus is as obair ó bhí an bhliain 2006 ann atá seirbhís iarnróid lasta idir Port Láirge agus Eoraphort Ros Láir.



An Gréasán Iarnróid atá ann cheana

3.4.3 An Gréasán Rothaíochta

Tá gréasán rothaíochta an Limistéir Ceannchathartha á fhorbairt de réir a chéile le lear blianta anuas. I láthair na huaire, tá a lán saoráidí tiomnaithe rothaíochta aige, amhail lánáí éigeantacha rothar ar an mbóthar, lánáí comhroinnte rothar/bus agus cosáin phábháilte ilúsáide easbhóthair. D'fhéadfaí a rá, áfach, gurb ilroinnte atá an gréasán rothaíochta sin atá ann cheana agus nach soláthraítear leis turas lánfhónta de rothar ón bpointe tosaithe go dtí an ceann scríbe. Tá ag an Limistéar Ceannchathartha freisin Glasbhealach Phort Láirge, Glasbhealach Abhainn Eoin agus Glasbhealach na Siúire. Soláthraítear Ardlinnte Stop ar fud Lár na Cathrach ag príomhacmhail, atá marcáilte chun an tosaíocht do rothaithe a chur chun cinn ar na bealaí isteach chuig aomhail.

Cuimsítear sa ghréasán atá ann cheana a lán bac ar an rothaíocht, lena n-áirítear baic nádúrtha agus baic mhonaraíthe. Is iad na sruthchúrsaí na baic nádúrtha phríomhúla ar an rothaíocht. Áirítear leo sin an tSiúir agus Abhainn Eoin. Is ann faoi láthair do dhroichead feithiclí amháin thar an tSiúir idir Cathair Phort Láirge agus Port an Chalaídh, mar atá Droichead an Rísigh. Níl saoráidí tiomnaithe rothaíochta ag Droichead an Rísigh faoi láthair. Bac nádúrtha eile is ea Portach Chill Bharra, a fhágann go bhfuil sé doiligh nascacht a chruthú idir Cill Bharra agus Cill Chuacháin trasna Abhainn Eoin.

Is ann sa Limistéar Ceannchathartha freisin do roinnt bac bonneagair monaraíthe ar an ngluaiseacht rothar. Áirítear leo sin baic atá spreagtha ag an bpleanáil, amhail forbairtí leithscartha. Fágann na forbairtí leithscartha sin go bhfuil nascacht in easnamh, rud is cúis le bealaí aontreo agus le bealaí timpeallacha. Bac bonneagair monaraíthe eile atá le fáil sa Limistéar Ceannchathartha is ea bonneagar iompair. De bharr an líne iarnróid ó Phort Láirge go Baile Átha Cliath agus an Cuarbhóthar Lasmuigh a bheith ann, tagann baic chun cinn in amanna nach bhfuil aon soláthar acu, nó nach bhfuil ach beagán soláthair acu, do rothaithe (e.g., timpealláin mhór-thrastomhais agus il-lána, ardmhéideanna tráchta agus ardluasanna tráchta).

Ullmhaíodh Dréacht-Phlean Rothaíochta do Phort Láirge agus a Phurláin sa bhliain 2014 chun an gréasán rothaíochta i limistéir Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Chomhairle Contae Chill Chainnigh a scrúdú. Aidhm eile a bhí leis an Dréacht-Phlean Rothaíochta ba ea na nithe seo a leanas a shainaithint agus a dhéanamh amach:

- An Gréasán Uirbeach Rothaíochta;
- An Gréasán Idiruirbeach Rothaíochta; agus
- An Gréasán Bealaí Glasa.

Leagadh béim sa Phlean ar an modheolaíocht le haghaidh an gréasán rothaíochta amach anseo do Chathair Phort Láirge agus a Purláin a phleanáil, lena n-áirítear uailmhianta chun an Chathair a nascadh le Glasbhealach Phort Láirge agus Trá Mhór ar dhóigh níos fearr.

Mar chuid de bhunathrú limistéar na cé chun feabhais, fuair Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge cistiú le déanaí le haghaidh Droichead Iompair Inbhuanaithe thar an tSiúir. Leis an droichead nua sin, freastalófar ar choisithe, ar rothaithe agus ar sheirbhís bus leictreach tointeála thar an tSiúir, rud lena soláthrófar nasc tarraingteach iompair inbhuanaithe, lena gcuirfear forbairt bhreise Chathair Phort Láirge chun cinn agus lena n-éascófar forbairt thailte Chrios Forbartha Straitéisí na gCéanna Thuaidh.

I mí Mheán Fómhair 2021, thug an tÚdarás Náisiúnta Iompair faoi chomhairliúchán poiblí ar thograí maidir le scéim comhroinnte rothar a thabhairt isteach i gCathair Phort Láirge. Ag teacht sna sála ar an gcomhairliúchán sin, seoladh an scéim i mí Iúil 2022. Tá sí comhdhéanta de 14 stáisiún nasctha agus de 220 rothar lena bhfreastalaítear ar phríomhláithreacha ar fud na cathrach, lena n-áirítear Ospidéal Ollscoile Phort Láirge, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, Iar Éireann Eastát Tionsclaíoch agus Lár Cathrach Phort Láirge.

Sainaithníodh i bPlean Limistéir Áitiúil Phort an Chalaídh-Belview 2017 roinnt bealaí siúil agus rothaíochta lena nasctar limistéar Phort an Chalaídh, Cathair Phort Láirge, lárionaid fostaíochta agus scoileanna, conairí dúlra agus limistéir chónaithe. Leagadh béim sa Phlean Limistéir Áitiúil ar a thábhachtaí atá an Glasbhealach idir Port Láirge agus Ros Mhic Thriúin, mar aon le Siúlán Cois Abhann na Siúire, agus ar a thábhachtaí atá sé go mbeifí in ann nasc ghearra/aicearraí a chruthú chun tréscailteacht a sholáthar do choisithe agus do rothaithe.

3.4.4 An Gréasán Siúil

Tá éagsúlacht mhór ann ar fud an Limistéir Ceannchathartha sna leibhéil siúil agus i gcáilíocht na timpeallachta coisithe. Tá sé sin ag teacht leis na cineálacha úsáide talún, le tosaíochtaí athraitheacha gluaiseachta agus áite agus le scoilteadh pobail arb iad baic fhisiciúla amhail uiscebhealaí agus bealaí feithiclí tromthrachta is cúis leo.

Is é an toradh a bheidh ar an droichead inbhuanaithe beartaithe a luadh thuas ná go gcabhrófar leis an nascacht sin a fheabhsú agus le scoilteadh a laghdú do choisithe i bPort Láirge.

Tá feabhas mór tagtha ar cháilíocht na timpeallachta coisithe i Lár na Cathrach le blianta beaga anuas mar thoradh ar straitéis um ríocht phoiblí a chur chun feidhme go páirteach agus ar roinnt sráideanna a áirithiú do choisithe mar chuid de Scéim Athnuachana Uirbí Lár Cathrach Phort Láirge.

Ina lán cásanna, tá príomhbhóithre, páirceáil ar an tsráid agus páirceáil eas-sráide agus soláthar neamhdhóthanach ar mhianlíní coisithe ina mbac ar an mórghréasán siúil nó ina dteorainn leis. I roinnt cásanna, níl cosáin coisithe ar fáil ach amháin ar thaobh amháin den tsráid. Tá éadanas gníomhach in easnamh freisin, áit a bhfuil a lán foirgneamh ar shiúl ón gcósan. Fágann sé sin in amanna go bhfuil cuma neamhshábháilte agus mhífháiltiúil ar limistéar.

Cé is moite de lár na cathrach, tá patrúin forbartha nach spreagtar an siúl leo mar shaintréith de mhórán codanna den Limistéar Ceannchathartha. Is soiléire é sin san easpa nascachta agus tréscailteachta atá ann idir eastáit chónaithe in aice láimhe i limistéir fho-uirbeacha, rud ar féidir leis malairtí slí suntasacha a chruthú thar achair measartha gearr. Laghdaíonn sé sin a tharraingtí atá an siúl agus an rothaíocht le haghaidh turais áitiúla.

Fadhb athfhillteach ar fud an Limistéir Cheannchathartha is ea carranna a pháirceáiltear go neamhdhleathach ar na cosáin agus ag colbhaí íslithe, rud a laghdaíonn amharclínte agus a chuireann ar choisithe, lena n-áirítear iad sin a bhfuil laguithe soghluaisteachta orthu, siúl ar an gcarrbhealach. Ar na baic eile ar an siúl agus ar an rochtain ar an iompar poiblí do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil naíchóistí acu tá agaí neamhdhóthanacha trasnaithe ag acomhail shoilsithe, tranglam sráide, easpa suíochán poiblí agus easpa leithreas.

Tá gluaiseacht coisithe agus nascacht coisithe ríthábhachtach maidir le riachtanas iompair an Limistéir Cheannchathartha.

Is príomhchuspóir de chuid na Straitéise a bheidh i bhfeabhas a chur ar cháilíocht an ghréasáin coisithe agus na timpeallachta coisithe, rud lena dtacófaí le leibhéil níos airde siúil, lena gcuirfí feabhas ar shábháilteacht coisithe, lena mbreiseofaí an inrochtaineacht ar sheirbhísí agus ar chineálacha eile iompair agus lena gcuirfí feabhas ar cháilíocht na beatha do chónaitheoirí na háite.

3.4.5 An Gréasán Bóithre Straitéiseacha

Freastalaítear ar an Limistéar Ceannchathartha le gréasán dea-fhorbartha bóithre atá ann cheana, cé go bhfuil gnéithe den ghréasán bóithre straitéiseacha lasmuigh de theorainn an Limistéir Cheannchathartha faoi réir athbhreithniú agus uasghrádú féideartha faoi láthair. Éascaítear an ghluaiseacht earraí agus seirbhísí go dtí an Limistéar Ceannchathartha agus amach as leis an ngréasán bóithre straitéiseacha atá comhdhéanta díobh seo a leanas:

- An M9 ó Phort Láirge go Baile Átha Cliath (an Croígréasán Tras-Eorpach Iompair);
- An N24 ó Phort Láirge go Luimneach;

- An N25 ó Chorcaigh go Port Láirge go Ros Láir; agus
- An N29 ó Chalafort Belview go dtí an Sliabh Rua.

Is bóthar dola é an N25 idir Acomhal an N9/an N25 agus Acomhal an R710/an N25 ar imeall Chathair Phort Láirge.

Is féidir a fheiceáil sa trácht feithiclí earraí troma i bPort Láirge go bhfuil éileamh láidir ann idir codanna den M9 ó thuaidh, den N25 siar agus ó thuaidh agus den N24 ar an taobh thiar. Tá srianta ar fheithiclí earraí troma i bhfeidhm sa limistéar láir de Chathair Phort Láirge, rud a chuireann teorainn leis an rochtain ar Lár Cathrach Phort Láirge atá ag feithiclí ina bhfuil méid oiriúnach agus atá ag teacht ó Lár na Cathrach nó ag dul go Lár na Cathrach. Tarlaíonn an chuid is mó de ghníomhaíocht feithiclí earraí troma le linn na tréimhse idir buaic-amanna. Chun geilleagar an Limistéir Cheannchathartha a fhás, tá sé ríthábhachtach go gcothófaí acmhainn na mbóithre straitéiseacha trí leibhéil chuí seirbhíse a sholáthar.

Cé go bhfuil acmhainn shuntasach ann i gcodanna den ghréasán bóithre straitéiseacha, tá ardmhéideanna tráchta ann i limistéir áirithe freisin, rud is cúis le plódú i láithreacha caolas bóthair, lena n-áirítear bealach amach 2 as an N25 lena nasctar chuig an Nascbhóthar Thiar, na timpealláin uile feadh an Chuarbhóthair Lasmuigh, Nascbhóthar na Rátha Nua, Bóthar na nDuganna agus Timpeallán na Fliuchmhuine lena nasctar an N25 le Nascbhóthar an tSléibhe Rua.

Níl conair ghathach straitéiseach ag an Limistéar Ceannchathartha ar an taobh thuaidh den chathair. Fágann sé sin go minic go dtéann an trácht straitéiseach trí Lár na Cathrach, lena n-áirítear Droichead an Rísigh. Gné thábhachtach de chóras iompair an Limistéir Cheannchathartha sa todhchaí a

bheidh sa ghréasán bóithre a bhainistiú agus a bhreisiú ar shlí spriocdhírithe ó thaobh gluaiseacht tráchta straitéisigh de.

3.4.6 An Gréasán Bóithre Áitiúla

Leis an ngréasán bóithre áitiúla, soláthraítear rochtain ar sheirbhísí áitiúla agus ceanglaítear pobail le chéile.

Bíonn plódú ann le linn buaic-amanna laistigh de Lár na Cathrach agus ar bhealaí gathacha. Mura dtugtar aghaidh ar an spleáchas reatha laistigh den Limistéar Ceannchathartha ar an gcarr príobháideach, is cinnte go dtiocfaidh méadú ar phlódú tráchta agus ar mhoilleanna tráchta ar aon dul le fás sa todhchaí. Beidh sé mar chuspóir leis an straitéis seo an plódú a bhainistiú chun córas iompair a bheidh éifeachtach, inbhuanaithe agus éifeachtúil a bhaint amach.

3.5 Feabhsuithe le Déanaí

Rinneadh roinnt feabhsuithe le blianta beaga anuas ar an soláthar iompair laistigh den Limistéar Ceannchathartha. Áirítear leo sin:

- Feabhsuithe a dhéanamh ar an mbonneagar iompair agus na bealaí bus i bPort Láirge, amhail Bóthar Dhún Mór;
- Spásanna comhroinnte a sholáthar chun an siúl agus an rothaíocht a éascú laistigh den Triantán Lochlannach;
- Feabhsuithe a dhéanamh ar an ngréasán rothaíochta;
- Srianta a chur le trácht feithiclí earraí troma i gcodanna áirithe den Limistéar Ceannchathartha; agus
- Feabhas a chur ar Ghlasbhealach Phort Láirge.



An Limistéar Staidéir agus an Gréasán Iompair atá ann cheana





04 Úsáid Talún

Is tosaíocht í forbairt inlíonta a chumasú, áit a soláthrófar suas le 50% de na tithe amach anseo inár gcuid cathracha agus mór-lárionad uirbeach agus a soláthrófar 30% díobh in áiteanna eile laistigh de limistéir faoi fhoirgnimh atá ann cheana a bhfreastalófar na saoráidí atá ann cheana orthu agus feadh conairí iompair phoiblí ardacmhainne.

An Creat Náisiúnta Pleanála 2040



Chun a chinntiú go dtitfidh an fás réamh-mheasta daonra agus fostaíochta amach ar shlí inbhuanaithe, tá sé ríthábhachtach go mbeadh úsáid talún agus pleanáil iompair ailínithe go dlúth lena chéile. Is féidir le pleanáil chomhtháite iompair agus úsáide talún laghdú a dhéanamh ar an ngá atá ann le taisteal de charr agus is féidir léi tacú le feidhmiú córais nasctha iompair inbhuanaithe.

Sa Chreat Náisiúnta Pleanála 2040, leagtar béim mhór nua beartais amach maidir le lonnaitheacht atá ann cheana a athnuachan agus a fhorbairt, in ionad leanúint le leathnú agus sraoilleáil leanúnach cathracha agus bailte isteach sa tuath, ar chostas lár bailte agus sráidbhailte beaga. Socraítear sprioc leis go mbeadh 40% ar a laghad d'fhorbairtí tithíochta sa todhchaí laistigh de 'lorg' na limistéar faoi fhoirgnimh atá ann cheana nó gar dó.

D'fhorbair an tÚdarás Náisiúnta Iompair cás úsáide talún an Limistéir Cheannchathartha don bhliain 2040, ag obair dó i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus le Comhairle Contae Chill Chainnigh.

4.1 Fás Náisiúnta

Meastar sa Chreat Náisiúnta Pleanála go méadóidh daonra na hÉireann faoi thart ar aon mhilliún duine faoin mbliain 2040, rud a fhágfaidh go mbeidh 600,000 post sa bhreis agus 500,000 teach sa bhreis ar a laghad ag teastáil. Aithnítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála an ról atá le himirt ag Port Láirge agus ag na cathracha réigiúnacha eile, mar atá Corcaigh, Luimneach agus Gaillimh, i ngníomhú mar rogha mhalartach ar Bhaile Átha Cliath; agus sannadh leis réamhaisnéis fás daonra íosta idir 50% agus 60% do gach ceann de na cathracha réigiúnacha sin.

4.1.1 Cuspóirí Beartais Náisiúnta an Chreata Náisiúnta Pleanála

Is struchtúrtha faoi Chuspóirí Beartais Náisiúnta atá na beartais éagsúla laistigh den Chreat Náisiúnta

Pleanála. Forbraíodh na Cuspóirí Beartais Náisiúnta mar thoradh ar dhul i mbun anailíse fairsinge agus comhairliúcháin fhairsinge agus socraítear leo bealach nua ar aghaidh le haghaidh beartais pleanála réigiúnaí agus áitiúla agus forbartha inbhuanaithe in Éirinn. Cruthaíodh na Cuspóirí Beartais Náisiúnta mar bhonn le haghaidh spriocanna fáis úsáide talún agus dáileadh fáis a fhorbairt don Straitéis seo, mar aon leis na croistraitéisí laistigh de Phlean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge, de Phlean Forbartha Contae Chill Chainnigh agus de Phleananna Limistéir Áitiúil ábhartha.

Áirítear iad seo a leanas leis na príomh-Chuspóirí Beartais Náisiúnta atá ábhartha d'fhorbairt na Straitéise seo:

- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 1b:** Fás idir 340,000 duine agus 380,000 duine faoi dhaonra Réigiún an Deiscirt faoin mbliain 2040 (spriocdhaonra atá cothrom le dhá mhilliún duine, beagnach);
- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 1c:** 225,000 duine sa bhreis a bheith ag obair i Réigiún an Deiscirt (880,000 duine san iomlán);
- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 2a:** Díreofar leath (50%) an fháis daonra agus fostaíochta amach anseo ar na cúig chathair reatha agus a gcuid bruachbhailte;
- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 3a:** Socraítear sprioc sa Chreat Náisiúnta Pleanála go ndéanfaí 40% ar a laghad de na tithe nua ar fad sa tír atá le soláthar laistigh de na limistéir faoi fhoirgnimh de chuid cathracha, bailte agus sráidbhailte a sholáthar ar láithreáin inlíonta agus/nó ar láithreáin athfhorbraíochta;
- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 3b:** Leath (50%) na dtithe nua ar fad ar a laghad atá dírithe ar na cúig chathair, mar atá Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge, agus ar a gcuid bruachbhailte, a sholáthar laistigh dá lorg láithreach faoi fhoirgnimh;

- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 4:** A chinntiú go gcruthófar áiteanna uirbeacha a bheidh tarraingteach, inchónaithe, dea-dheartha agus ar ardchaighdeán agus ina gcónóidh pobail ilchineálacha chomhtháite a mbeidh ardcháilíocht beatha agus ardleibhéal folláine acu;
- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 5:** Forbairt a dhéanamh ar chathracha agus bailte atá ar scála leordhóthanach agus ar chaighdeán leordhóthanach chun go mbeidh siad in ann dul san iomaíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta agus fás, infheistíocht agus rathúnas a bhrú chun cinn ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach;
- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 7:** Cur chuige saincheaptha a chur i bhfeidhm i leith forbairt uirbeach, rud a bheidh ceangailte leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus Uirbeach, agus díriú ar leith á leagan ar na ceithre chathair, mar atá Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge;
- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 27:** A chinntiú go gcomhtháthófar roghanna sábháilte áisiúla eile ar an gcarr isteach i ndearadh ár bpobal trí thosaíocht a thabhairt d'inrochtaineacht siúil agus rothaíochta ar fhorbairtí atá ann cheana agus ar fhorbairtí beartaithe araon agus trí shaoráidí gníomhaíochta fisiciúla a chomhtháthú do dhaoine ar gach aois;
- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 68:** Le Plean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha, d'fhéadfaí freastal sa mhór-Limistéar Ceannchathartha ar suas le 20% den spriocfhás céimnithe daonra sa phríomhlímistéar Cathrach agus Fo-uirbeach, is é sin, lasmuigh den chathair agus dá bruachbhailte, chomh maith leis an bhfás a sainaithníodh don Limistéar Ceannchathartha. Sonraítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála gur cheart é sin a bheith faoi réir aon fhás athlonnaithe a bheith i riocht dlúthfhorbartha, amhail inlíonadh nó méadú uirbeach inbhuanaithe, agus/nó a bheith á

sheirbhísiú ag iompar poiblí ardacmhainne agus/nó a bheith bainteach le soláthar suntasach fostaíochta; agus

- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 69:** Leathnófar chuig cathracha eile na socruithe reachtúla idir pleanáil spáis agus pleanáil iompair atá i bhfeidhm i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

4.2 Fás Réigiúnach

Aistrítear an Creat Náisiúnta Pleanála ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal ceannchathartha agus ar an leibhéal áitiúil tríd an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, an Plean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha agus na Pleananna Forbartha agus na Pleananna Limistéir Áitiúil ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus ó Chomhairle Contae Chill Chainnigh araon a tháirgeadh.

4.2.1 Cuspóirí Beartais Réigiúnaigh na Straitéise Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnaí

Maidir le cuspóirí na Straitéise Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnaí, tá an Plean Forbartha Náisiúnta mar bhonn agus thaca acu agus tá siad ina gcreat láidir don Straitéis seo le haghaidh múnla a dhéanamh ar an dáileadh spriocanna fáis lena gcomhtháthaítear pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair.

Is é atá i gceist le Sprioc 2 den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach ná Nascacht agus Soghluaisteacht Inbhuanaithe den scoth, rud a bhfuil mar aidhm leis comhtháthú rathúil a bhaint amach idir pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair, agus dlúis inbhuanaithe níos airde agus úsáidí cuí á mbaint amach ag nóid a bhfreastalaíonn gréasáin iompair phoiblí orthu. Aidhm eile atá le Sprioc 2 den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach ná soghluaisteacht éifeachtúil a bhaint amach, áit ina mbeidh ailíniú dlúth idir láithreacha baile agus oibre, taisteal éasca ar mhodhanna iompair inbhuanaithe, gluaiseacht

éifeachtúil inbhuanaithe lasta, lóistíocht éifeachtúil inbhuanaithe agus agaí turais ráthaithe le haghaidh taisteal idirchathrach agus idir-réigiúnach.

Leagtar amach i gCuspóir Beartais 10 den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach na cuspóirí a bhaineann le dlúthfhás laistigh de Limistéir Cheannchathartha:

- Tús áite a thabhairt don tithíocht agus an fhostaíocht i láithreacha laistigh de loirg chathrach atá ann cheana nó teoranta leo, áit ar féidir freastal orthu trí ghréasáin iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán;
- Obair i gcomhpháirt leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun dul chun cinn a dhéanamh ar an soláthar tithíochta agus fostaíochta i lárionaid uirbeacha, agus díriú á leagan ar mhórbhunachair thalún atá lonnaithe go straitéiseach agus faoi úinéireacht phoiblí a chomhordú agus a fhorbairt, ar an líon láithreán folamh a laghdú agus ar athghiniúint láithreán tábhachtach a mhéadú; agus
- Bunachair sonraí a athraítear chun dáta ar bhonn leanúnach a chruthú, ar bunachair sonraí iad lena sainaithnítear láithreáin athfhorbraíochta, láithreáin inlíonta, limistéir athghiniúna agus pacáistí máistirphleanála agus bonneagair chun go mbeifear in ann dul chun cinn a dhéanamh ar spriocanna dlúthfháis a bhaint amach. Láithreacha straitéiseacha le haghaidh fás cónaithe a shainaithint trí thionscnaimh bhainistíochta talún gníomhaí.

Le Cuspóir Beartais 10 de Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge, tacaítear le gníomhartha a bhfuil mar aidhm leo lár na cathrach a leathnú isteach sna Céanna Thuaidh, lena n-áirítear naisc dhroichid nua a sholáthar idir na Céanna Thuaidh agus lár na cathrach ar an taobh theas den tSiúir. Tá an togra sin faoi réir fhorálacha an Achta um Pleanáil agus faoi réir gach toisce comhshaoil. Luaitear sa Straitéis

Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach gur tionscadal é sin lena soláthraítear deis le haghaidh athghiniúint bhunathraitheach Phort Láirge agus an réigiúin.

4.2.2 Port Láirge mar Chathair Ollscoile

Aithnítear sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach an tábhacht a bhaineann le hollscoil ardfheidhmíochta mhórsála a fhorbairt san Oirdheisceart ar mhaithe le todhchaí eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na cathrach agus an réigiúin. Ag teacht sna sála ar Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt a chruthú, is féidir le Port Láirge é féin a chur chun cinn mar Chathair Ollscoile anois. Is é atá sa lipéad sin ná aitheantas don tionchar a bhíonn ar chathair nuair a bhíonn pobal mac léinn aici. Is dóigh go dtiocfaidh méadú suntasach ar an bpobal sin thar thréimhse feidhme na Straitéise Iompair. Tá Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt ag iarraidh a líon mac léinn a mhéadú faoi 6% faoin mbliain 2030, agus méadú gaolmhar ann sa líon foirne freisin. Nuair a bheifear ag forbairt bhonneagar iompair an Limistéir Cheannchathartha, beidh sé riachtanach aird a thabhairt ar an bhfás an-suntasach sin, ar an ngá le campais a nascadh le lár na cathrach agus le limistéir chónaithe ina bhfuil cóiríocht á cur ar fáil do mhic léinn, agus ar an ngá le feidhmeanna áirithe Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt a éascú, de réir mar a bhaineann siad le hidirchaidreamh le comhpháirtithe tionscail agus le páirtithe eile.

4.3 Torthaí Úsáide Talún na Straitéise seo

Is é an aidhm atá leis an Straitéis seo freastal ar riachtanais an daonra atá ann cheana agus tacú leis na spriocanna fáis daonra don Limistéar Ceannchathartha faoin mbliain 2040 a bhaint amach, chomh maith le tacú le fás sa líon post agus san oideachas don Limistéar Ceannchathartha.

Beidh an Limistéar Ceannchathartha ar cheann de na príomhnithe a bhrúfaidh fás daonra agus gníomhaíocht

gheilleagrach chun cinn thar thréimhse feidhme na Straitéise seo, go háirithe do Réigiún an Oirdheiscirt.

Chun tacú leis na hardaidhmeanna dlúthfháis atá ag an gCreat Náisiúnta Pleanála, díreofar ar dheiseanna suntasacha athghiniúna a chruthú i láithreacha athfhorbraíochta i Lár Cathrach Phort Láirge, lena n-áirítear na láithreacha seo a leanas:

- Ceantar Nuálaíochta na gCéanna Thuaidh;
- Carraig na bhFraochán (iarláithreán Waterford Stanley); agus
- Iarláithreán Waterford Crystal.

I dtaca leis an bhfostaíocht agus leis an oideachas, tugtar tacaíocht leis an Straitéis seo d'fhorbairtí feadh a conairí sainaitheanta iompair phoiblí ardacmhainne chun freastal ar Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, Ospidéal Ollscoile Phort Láirge, GFT Éireann, Port Láirge, Aerfort Phort Láirge agus Calafort Belview.

4.4 Tosaíochtaí Úsáide Talún na Straitéise seo

Tá an Straitéis seo ag dul i ngleic le hoidhreacht stairiúil sa Limistéar Ceannchathartha, áit a bhfuil úsáidí talún ísealdlúis le fáil anois i láithreacha fo-uirbeacha an imill pheire-uirbigh agus a bhfuil drochnasc ann idir iad agus seirbhísí iompair phoiblí atá ann cheana agus atá beartaithe.

Chun éifeachtacht na Straitéise seo a chinntiú, ní mór go mbeidh sé mar aidhm leis na creataí beartais phleanála agus leis na bearta cur chun feidhme de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Chomhairle Contae Chill Chainnigh cathair dhlúth a fhorbairt trí dhlúis níos airde agus forbairtí úsáide measctha a bhaint amach, bunaithe ar shamhail na cathrach comhlárnaí, i limistéir ina bhfuil deiseanna ann cheana chun iompar inbhuanaithe a sholáthar agus inar féidir an méid sin a dhéanamh ar mhodh a ailíníonn an soláthar iompair leis an éileamh ar shlí níos fearr. Tá sé

sin ag teacht leis na prionsabail um úsáid talún agus iompar a chomhtháthú lena chéile, mar atá leagtha amach i gCuspóir Beartais Réigiúnaigh 151 den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach.

Déantar soláthar leis an Straitéis seo freisin don chreat pleanála iompair nach mór pleananna úsáide talún na n-údarás áitiúil a bheith ailínithe leo, faoi mar a fhoráiltear dó i gCuspóir Beartais Réigiúnaigh 154, agus cabhróidh sí le sainaitheant a dhéanamh ar láithreacha ard-inrochtaineachta iompair inbhuanaithe lena gcur ar áireamh i gCroístraitéisí pleananna forbartha, de réir Chuspóir Beartais 6(a)B de Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge.

Is é a bheidh i gceist leis an gcur chuige sin prionsabail um Fhorbairt atá Dírithe ar an Iompar a chur chun feidhme. Is é is Forbairt atá Dírithe ar an Iompar ann ná cineál forbartha uirbí a bhfuil mar aidhm leis uasmhéadú a dhéanamh ar an soláthar tithíochta, fostaíochta, seirbhísí poiblí agus spás fóillíochta i ndlúthchongar do nóid iompair (iarnród agus/nó bus) a bhfreastalaíonn seirbhísí ardmhinicíochta ardchaighdeáin orthu. Tá baint ag Forbairt atá Dírithe ar an Iompar le méadú in úsáid an iompair phoiblí, le laghdú i bplódú agus i dtruailliú, le soláthar tithíochta inmhianaithe agus le pobail atá níos sláintiúla agus níos so-shiúlta.

Cuireann Forbairt atá Dírithe ar an Iompar agus an comhdhlúthú gníomhaíochta laistigh de na ceantair atá i gceist na nithe seo a leanas chun cinn:

- Nascacht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta;
- Aistriú modha i dtreo taisteal inbhuanaithe;
- Mais chriticiúil chun tacú le hinmharthanacht conairí iompair phoiblí; agus
- An fheidhm straitéiseach atá ag an nGréasán Bóithre Náisiúnta a chosaint.

Leis an Straitéis seo, tabharfar an deis chun forbairtí nua úsáide measctha a chomhtháthú ag dlúis chuí le bonneagar iompair phoiblí ardacmhainne agus ardmhinicíochta, de réir Chuspóir Beartais Réigiúnaigh 165 den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach. Cruthófar an bonneagar iompair phoiblí sin i gcomhthráth le gréasáin siúil agus rothaíochta níos tarraingtí agus le feabhsuithe ar an ríocht phoiblí.

D'fhéadfadh Forbairt atá Dírithe ar an Iompar ceantar na modhanna inbhuanaithe a leathnú chuig tuilleadh daoine agus áiteanna agus cur le hinmharthanacht na hinfheistíochta amach anseo san iompar poiblí trí éileamh níos airde a mhealladh freisin.

De réir phrionsabail agus cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála, na Straitéise Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnaí agus an Phlean Straitéisigh Limistéir Cheannchathartha, treoróidh na cuspóirí seo a leanas an phleanáil úsáide talún sa Limistéar Ceannchathartha:

- Forbairt chomhdhlúite a sholáthar ar dhóigh idirspiléach lenar féidir leas a bhaint as bonneagar iompair agus seirbhísí iompair atá ann cheana agus as na taitneamhachtaí agus na saoráidí in aice láimhe, ar aon dul le prionsabail na Forbartha atá Dírithe ar an Iompar. Tá sé mar chuspóir leis an gcuspoir sin mais chriticiúil fáis faoin daonra agus faoin bhfostaíocht a sholáthar, rud ar féidir leis tacú leis an aistriú chuig an infheistíocht i mbonneagar iompair phoiblí agus seirbhísí iompair phoiblí a bhfuil acmhainn níos airde acu sa Limistéar Ceannchathartha;
- Dlúis a mhéadú i bhforbairtí cónaithe agus fostaíochta amach anseo. Is féidir leis an mbeart sin rannchuidiú le lorg uirbeach níos dlúithe lena dtabharfar níos mó daoine níos gaire dá gcinn scríbe agus do sheirbhísí iompair phoiblí;

- Tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt úsáide measctha lena laghdaítear an gá atá ann leis an taisteal. Áirítear leis sin a chinntiú go bhforbrófar limistéir ag an am céanna a soláthrófar scoileanna, siopaí agus seirbhísí eile pobail chun cur ar chumas daoine modhanna taistil níos inbhuanaithe amhail siúl agus rothaíocht a roghnú;
- Beidh gach limistéar forbraíochta nua ina limistéir a bheidh lán-tréscailteach do choisithe agus do rothaithe, agus lorgófar deiseanna le tréscailteacht a fheabhsú le haghaidh na modhanna sin i limistéir fhorbartha atá ann cheana. Beidh feidhm ag prionsabal na tréscailteachta scagtha, áit a gcuirfear cosc ar thréthracht carranna príobháideacha agus a ligfear do choisithe agus do rothaithe dul tríd; agus
- Tabharfar tosaíocht don siúl agus don rothaíocht sa leagan amach ar fhorbairtí nua agus beifear in ann seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar go héifeachtúil iontu.





05 Forbairt na Straitéise

Príomhchumasóir Fáis don Limistéar Ceannchathartha: Gréasáin iompair phoiblí agus rotharbhealaí straitéiseacha ar fud an limistéir cheannchathartha a sholáthar.

Regional Spatial and Economic Strategy for the Southern Region

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair an Straitéis seo a ullmhú i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, le Comhairle Contae Chill Chainnigh, le Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus le Bonneagar Iompair Éireann.

5.1 An Straitéis a Fhorbairt

Forbraíodh an Straitéis seo chun gréasán iompair a sholáthar chun buntacú leis an bhfás faoin daonra agus faoin bhfostaíocht atá beartaithe do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge faoi spriocanna fostaíochta an Chreata Náisiúnta Pleanála, na Straitéise Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnaí agus Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge go dtí an bhliain 2040 agus ina diaidh.

Ba mar a leanas a bhí an cur chuige a úsáideadh le linn bearta iompair beartaithe na Straitéise seo don bhliain 2040 a fhorbairt agus a mheasúnú:


- An beartas agus treoir ábhartha a athbhreithniú agus a bhunú;
- Na dálaí bonnlíne iompair a dhéanamh amach;

- Sainaitheint a dhéanamh, i gcomhairle le príomh-gheallsealbhóirí, ar na príomhdhúshláin a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu;
- Roghanna gréasáin a fhorbairt ar bhonn na dtreoirphrionsabal;
- Na roghanna gréasáin iompair a thástáil in aghaidh na gcásanna úsáide talún sa todhchaí ar ullmhaigh an tÚdarás iad le hionchur ó na hÚdaráis Áitiúla;
- An straitéis iompair roghnaithe a shainaitheint; agus
- An dréacht-Straitéis a fhoilsiú le haghaidh comhairliúcháin poiblí. Baineadh úsáid as aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin chun eolas a dhéanamh do thabhairt chun críche na Straitéise seo ina dhiaidh sin.

5.2 An Gréasán Iompair Phoiblí

Príomhthosaíocht de chuid na Straitéise ba ea gréasán iompair phoiblí níos fearr a sholáthar laistigh den Limistéar Ceannchathartha. Chun cabhrú leis an obair luath a rinneadh ar roghanna a fhorbairt agus a mheasúnú, leagadh sé threoirphrionsabal le haghaidh gréasáin rathúla iompair phoiblí amach. Féach an íomhá thíos.

An tIompar Poiblí - Sé Threoirphrionsabal



Is é an toradh a bheidh ar ghlacadh na bprionsabal sin ná go soláthrófar seirbhís tharraingteach iompair phoiblí a bheidh ina rogha réadúil eile ar an gcar príobháideach.


Sainithníodh príomhchonairí straitéiseacha iompair phoiblí agus seirbhísí iompair phoiblí tacaíochta don mhór-Limistéar Ceannchathartha, agus na prionsabail sin mar bhonn agus thaca acu.

A luaithe a sainithníodh gréasán tascach iompair phoiblí ardleibhéil, rinneadh anailís níos mine agus breithniúcháin shonracha don ghréasán iompair phoiblí a bhreithniú ar leibhéal na conaire.

5.3 Roghanna Gréasáin Iompair Phoiblí atá Sonrach don Chonair

Laistigh de gach conair shonrach den Limistéar Ceannchathartha, forbraíodh na tograí iompair phoiblí ar bhonn an éilimh shainaitheanta iompair phoiblí ón anailís ar an ngréasán 'idéalaíthe'. Is féidir tuilleadh mionsonraí faoin modheolaíocht a úsáideadh a aimsiú sa Tuarascáil Anailíse Éilimh tacaíochta agus sa Tuarascáil tacaíochta ar Roghanna Iompair agus ar Fhorbairt an Ghréasáin.

Maidir le sainithint a dhéanamh ar an mbonneagar cuí chun freastal ar na leibhéil éilimh le haghaidh gach conaire, bunaíodh an obair sin ar raon tipiciúil acmhainní iompair phoiblí de réir an lín paisinéirí/ in aghaidh na huaire/ in aghaidh an treo ar féidir leis an mBus, leis an mBus Gasta, leis an larnród Éadrom agus leis an larnród Trom iad a bhaint amach. Is tagairt úsáideach do na riachtanais dhóchúla iompair phoiblí le haghaidh gach conaire iad na luachanna acmhainne san fhíor ar 'roghanna soghluaisteachta'.



An Líon Paisinéirí in aghaidh an Treo/in aghaidh na hUaire

Foinse: Comhdháil UITP, 2009, Na Roghanna Cearta Soghluaisteachta á nDéanamh ag an Iompar Poiblí

Is é an toradh atá ar an gcur chuige sin go dtugtar gréasán iompair phoiblí atá scálaithe go cuí agus a bhfuil an tsolúbthacht aige chun oiriúnú d'athruithe amach anseo sna leibhéil éilimh taistil agus i ndáileadh an éilimh taistil ar fud an Limistéir Cheannchathartha.

Bunaithe ar an éileamh ó na bealaí gathacha agus na cuarbhealaí, forbraíodh na bealaí beartaithe, na cineálacha seirbhíse, na minicíochtaí seirbhíse agus an leibhéal tosaíochta le haghaidh gach conaire.

Beidh ag struchtúr ghréasán iompair phoiblí an Limistéir Cheannchathartha sa todhchaí roinnt comhpháirteanna lena bhfreastalófar ar an dóigh is fearr ar an éileamh sa todhchaí.

- **Croíghréasán Bus:** Gréasán cuimsitheach inrochtana seirbhísí bus ardmhinicíochta chuig croílár na cathrach agus chuig príomhspreagthaigh thurais feadh na mbealaí gathacha agus na gcuarbhealaí;

- **Comhtháthú Iompair Phoiblí:** Soláthar do dheiseanna cómhálartaithe idir éagsúlacht modhanna inbhuanaithe iompair; agus
- **Bearta Tacaíochta:** Bearta tacaíochta a bhfuil mar aidhm leo córas éifeachtach iompair phoiblí a sholáthar, lena n-áirítear bearta bainistíochta éilimh (e.g., méid teoranta páirceála fadfhanachta), saoráidí Páirceála agus Taistil, pleananna bainistíochta soghluaisteachta agus cláir athrú iompraíochta.

5.4 An Gréasán Siúil

Díríodh sa Ghréasán Siúil ar na Pleananna Forbartha agus na Pleananna Limistéir Áitiúil atá ann cheana agus atá beartaithe ón dá Údarás Áitiúla. Athbhreithníodh na pleananna sin chun cur lena gcomhtháthú agus a nascacht leis na bearta le haghaidh an ghréasáin rothaíochta, an ghréasáin iompair phoiblí agus an ghréasáin bóithre.

5.5 An Gréasán Rothaíochta

Bunaíodh forbairt an Ghréasáin Rothaíochta ar dtús ar na tograí atá leagtha amach sa Dréacht-Phlean Gréasáin Rothaíochta do Chathair Phort Láirge agus a Purláin 2014. Athbhreithníodh an Plean Rothaíochta sin chun a chinntiú go mbeadh sé comhtháite leis na tograí le haghaidh an iompair phoiblí, an tsíúil agus na mbóithre laistigh den Straitéis seo, agus leasáíodh é chun an fás ón mbliain 2014 i leith a chur san áireamh.

5.6 An Gréasán Bóithre

Chun a dhéanamh amach cén gá atá ann le feabhsuithe agus idirghabhálacha ar an ngréasán bóithre, rinneadh athbhreithniú ar éileamh an Ghréasáin Bóithre. Breithníodh gréasáin bóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Cathrach.

Torthaí na Straitéise



Tacú le gníomhartha an Phlean Gnímh don Aeráid 2021 maidir le hastaíochtaí a bhaineann leis an iompar a laghdú tríd an laghdú sa taisteal de charr príobháideach agus maidir le haistriú chuig an siúl, an rothaíocht agus modhanna iompair phoiblí a chur chun cinn



Tosaíocht a thabhairt don siúl, don rothaíocht agus don iompar poiblí i limistéir uirbeacha ar fud an Limistéir Cheannchathartha



Cuimsiú sóisialta níos fearr trí chóras iompair níos sorochtana a sholáthar ar fud an Limistéir Cheannchathartha



Gréasán solúbtha iompair chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an éileamh méadaithe ar thaisteal a eascróidh as an bhfás faoin daonra atá réamh-mheasta sa Chreat Náisiúnta Pleanála



Feabhas ar shláinte agus folláine an phobail trí chur chun cinn a dhéanamh ar thuilleadh gníomhaíochta fisiciúla i dturais siúil agus rothaíochta astu féin nó i dturais siúil agus rothaíochta atá mar chuid de thurais atá comhcheangailte le turais iompair phoiblí



Tacaíocht d'fhás an Limistéir Cheannchathartha mar phríomhfhócas le haghaidh forbairt gheilleagrach san oirdheisceart, mar atá beartaithe sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach



Argóint gheilleagrach láidir ar son infheistíocht iompair sa Limistéir Cheannchathartha

Rinneadh athbhreithniú ar na scéimeanna bóithre atá geallta agus atá beartaithe agus ailíníodh é leis an mbeartas laistigh den Limistéir Cheannchathartha. Athbhreithníodh an gréasán bóithre freisin chun tacú leis an soláthar nua iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta.

5.7 Torthaí na Straitéise

Is é an toradh a bheidh ar an gcur chuige gréasáin atá leagtha amach sa rannán seo ná go bhfreastalófar ar na patrúin forbartha atá ann cheana agus atá réamh-mheasta sa Limistéir Cheannchathartha. Beidh sé ina ghréasán comhtháite iompair phoiblí lena dtairgfear do chónaitheoirí an Limistéir Cheannchathartha, agus do na cuairteoirí air, rochtain ó cheann go ceann ar sheirbhísí ar ardchaighdeán, agus feabhas á chur ar an nascacht chuig níos mó ceann scríbe ná a éascaítear leis an ngréasán atá ann cheana sa Limistéir Cheannchathartha.



06 Siúl, Inrochtaineacht agus an Ríocht Phoiblí

Príomhaidhm is ea a chinntiú go mbeidh an siúl agus an rothaíocht ar na modhanna iompair a roghnófar le haghaidh turais áitiúla. Ní hé amháin go dtacaíonn sé sin le tionscnaimh ghníomhacha shláinte agus le pobail shláintiúla, ach spreagann sé an t-aistriú chuig modhanna inbhuanaithe taistil freisin.

Plean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge 2022-2028

Is de shiúl na gcos a thosaítear an chuid is mó de thurais agus bíonn gach duine ina c(h)oisí am éigin sa lá. Chuige sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, maidir leis na tagairtí do choisithe fud fad na Straitéise seo, a chumhdaítear leo gach duine a úsáideann na cosáin, lena n-áirítear úsáideoirí cathaoir rothaí agus na daoine sin a bhfuil laguithe soghluaisteachta orthu, in ionad iad a bheith ina dtagairtí do dhaoine ar féidir leo siúl gan chabhair agus dóibh sin amháin. Tá Port Láirge ina cathair measartha dlúth a bhfuil acmhainneacht mhór aici le haghaidh an t-eispéireas do choisithe a bhreisiú. Chun go mbeidh sé sin amhlaidh, ní mór an timpeallacht coisithe a bheith sábháilte, inrochtana, comhleanúnach, tarraingteach agus cuimsitheach.

Sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, tá breac-chuntas ar roinnt cuspóirí a bhaineann leis an siúl i gCuspóir Beartais Réigiúnaigh 174, agus is ar bhonn an Chuspóra Beartais Réigiúnaigh sin agus na rannán ábhartha de Phlean Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge a forbraíodh na bearta atá leagtha amach thíos.

6.1 An Gréasán agus na Deiseanna atá ann cheana

Tá sé cruthaithe go ngabhann mórthairbhí sóisialta, geilleagracha, comhshaoil, sláinte agus folláine don tsochaí leis an siúl.

Rinneadh a lán feabhsuithe ardchaighdeáin ar an ríocht phoiblí a chur chun feidhme le blianta beaga anuas, go háirithe i limistéar an Triantáin Lochlannaigh. Tá baic éagsúla ar an siúl le feiceáil ar fud an Limistéir Cheannchathartha, áfach. Áirítear na nithe seo a leanas leo sin, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Baic ar ghluaiseacht, amhail tranglam sráide agus feithiclí páirceáilte ar chosáin;
- Soláthar agus cáilíocht neamh-chomhsheasmhach cosán, go háirithe i lár bailte agus sráidbhailte ceannchathartha;

- Deiseanna trasnaithe shábháilte a bheith in easnamh ar mhianlínite;
- Tosaíocht do choisithe a bheith in easnamh ag acomhail;
- Forbairtí ribíneacha; agus
- Limistéir cul-de-sac lena gcoisctear gluaiseacht nó lena soláthraítear droch-thréscailteacht.

Tá deis shuntasach ann le leas a bhaint as an móiminteam agus na tograí a rinneadh le déanaí. Áirítear leo sin:

- Bunathrú ‘an Triantáin Lochlannaigh’ chun feabhais ar Shráid Nua Bailey, ar Shráid Henrietta agus i gCearnóg na hArdeaglaise;
- Forbairt Ghlasbhealach Phort Láirge idir Dún Garbhán agus Port Láirge;
- Tionscadal beartaithe Chrios Forbartha Straitéisí na gCéanna Thuaidh, lena n-áirítear an Droichead Iompair Inbhuanaithe nua lena soláthrófar nascacht ainmnithe do choisithe agus do rothaithe thar an tSiúir; agus
- Cuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha fáis dhlúith a bhfuil mar aidhm leo dlús, soghluaisteacht agus gníomhaíocht a mhéadú laistigh de limistéir faoi fhoirgnimh atá ann cheana.

6.2 Príomhthorthaí don Siúl

Tá na príomhthorthaí don siúl mar a leanas:

- Méadú sa mhéid a thaistealaítear de shiúl na gcos le haghaidh gach turais, go háirithe le haghaidh turais ghearra;
- Timpeallacht coisithe atá lán-inrochtana, cuimsitheach, sábháilte agus tarraingteach agus atá oiriúnach do gach duine, beag beann ar aois agus ar chumas;
- Méadú sa líon turas atá comhcheangailte le turais de rothar agus le turais d’iompar poiblí; agus



- Dearfar na scéimeanna nua agus iarfheistithe uile i gcomhréir leis na prionsabail uileghabhálacha atá leagtha amach sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha.

6.3 Feabhsuithe ar an nGréasán Siúil

Áirítear na nithe seo a leanas leis na feabhsuithe insiúltachta atá beartaithe do Lár na Cathrach thar thréimhse feidhme na Straitéise:

- An bonneagar coisithe a chothabháil de réir ardchaighdeáin ar fud an Limistéir Cheannchathartha;
- Gréasáin phríomhúla siúil a chruthú agus a fheabhsú ar fud an Limistéir Cheannchathartha;
- A chinntiú go mbeidh cosáin leathan go leor, go mbeidh dromchla réidh acu, go mbeidh sraith inléite ábhar iontu agus go mbeidh siad in ann freastal ar raon leathan troscán sráide amhail boscaí bruscair, saoráidí páirceála rothar, binsí, plandaí agus soilse sráide;
- Forfheidhmiú a dhéanamh ar na rialacháin maidir le páirceáil neamhdhleathach, le cláir fógraíochta agus le cúngach ag suíochánra neamhrialáilte amuigh faoin spéir ar chosáin;
- Ath-leithdháileadh an spáis bhóthair chun tosaíocht a thabhairt do ghluaiseacht coisithe agus do naisc coisithe;
- Feabhsuithe a dhéanamh ar phríomhacomhail chun tosaíocht a thabhairt do nascacht agus tréscailteacht do choisithe, lena n-áirítear agaí feithimh níos giorra ag trasrianta;
- Saoráidí trasnaithe a ailíniú le mianlínte coisithe, agus trasrianta breise coisithe a chruthú nuair is gá;
- Tabhairt faoi Iniúchtaí Insiúltachta le príomhghrúpaí geallsealbhóirí ar bhonn rialta; agus

- An Droichead Iompair Inbhuanaithe geallta do choisithe, do rothaithe agus do bhus leictreach tointeála a sholáthar thar an tSiúir.

BEART WALK1

Cothabháil Foistine na gCosán

Leis an Straitéis, tacaítear le cuspóirí chun cosáin a chothabháil ar chaighdeán ard ar fud an Limistéir Cheannchathartha a chur ar áireamh sna pleananna forbartha ó na húdaráis áitiúla.

BEART WALK2

An Gréasán Príomhúil Siúil

Tacaíonn an tÚdarás le gréasán príomhúil siúil a fhorbairt ar fud an Limistéir Cheannchathartha.

BEART WALK3

Cosáin Fheabhsaithe

Ag obair dó i gcomhar le húdaráis áitiúla, cuirfidh an tÚdarás scéimeanna feabhsúcháin cosán chun feidhme ar fud an Limistéir Cheannchathartha nuair is gá ar fud thréimhse na Straitéise Iompair chun a chinntiú go mbeidh siad leathan go leor, go mbeidh soilsiú leordhóthanach acu, go bhfreastalóidh siad ar an dá thaobh den bhóthar i limistéir uirbeacha (i bhformhór na gcásanna), go mbeidh dromchlaí dea-chaighdeáin acu agus go mbeidh siad saor ó thranglam neamhriachtanach, agus troscán sráide cuí agus tírdhreachú cuí á soláthar ag an am céanna.

BEART WALK4

Acomhail Fheabhsaithe

Ag obair dó i gcomhar le húdaráis áitiúla, cuirfidh an tÚdarás feabhsuithe acomhail chun feidhme ar fud an Limistéir Cheannchathartha mar a leanas:

- Chun sábháilteacht a fheabhsú ag acomhail, tabharfar faoi chlár um acomhail 'a chúngú' trí gathanna líne colbha a laghdú ar mhaithe le luasanna feithiclí a laghdú;
- Chun gluaiseacht coisithe agus rothaithe a fheabhsú, tabharfar faoi chlár um shlioslánaí a bhaint i láithreacha cuí. Anuas air sin, déanfar breithniú ar chomharthaí acomhail a athrú chun úsáid an acomhail a chothromú ar shlí níos fearr idir modhanna mótaríompair agus modhanna leochaileacha; agus
- Chun tosaíocht a thabhairt do choisithe (agus do rothaithe), iomprófar cosáin (agus raonta rothar) trasna acomhal taobh-bhóithre tríd an acomhal ag an ngrad.

BEART WALK5

Agáí Trasnaithe

Ag obair dó i gcomhar leis na húdaráis áitiúla, tabharfaidh an tÚdarás aghaidh ar easnaimh shainaitheanta ar agaí trasnaithe coisithe ag acomhail lena ngabhann comharthaí, go háirithe i láithreacha inar dóigh go mbeidh ardéileamh ar ghluaiseachtaí coisithe.

BEART WALK6

Pointí Trasnaithe

Ag obair dó i gcomhar leis na húdaráis áitiúla, suiteálfadh an tÚdarás pointí trasnaithe breise do choisithe in áiteanna ina sainithnítear riachtanais.

BEART WALK7**Droichead Iompair Inbhuanaithe**

Sa Straitéis seo, tacaítear leis an Droichead Iompair Inbhuanaithe a chur chun feidhme

6.4 Bealaí Straitéiseacha Siúil

Leis na bealaí seo a leanas, nasctar limistéir chónaithe chuig príomhlimistéir fostaíochta agus oideachais tríú leibhéal i Lár Cathrach Phort Láirge agus a bruachbhailte. Tá sé beartaithe go n-uasghrádófar iad i bpáirt le BusConnects agus go mbreiseofar leo an gréasán siúil (agus rothaíochta) chun méadú a chumasú sa líon turas comaitéirí de shiúl na gcos nó sa líon turas atá comhcheangailte leis an iompar poiblí.

Áirítear iad seo a leanas leis na bealaí sin, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Bóthar an Ásaigh go Sráid Uí Chanáin go Sráid na Beairice: Iarláithreán Waterford Crystal, Meánscoil na Toirbhirte agus Bunscoil Chnoc Sióin;
- Baile Bhricín go Ceathrú Chultúir Phort Láirge trí Ardán Phádraig, Sráid an Bharcaraigh agus an dá ardán chéimnithe, chun nasc coisithe a chruthú ó shaoráidí páirceála Lár na Cathrach chuig na saoráidí, na hionaid agus na seirbhísí i gCeathrú Chultúir Phort Láirge;
- Bóthar Charraig Phiarais go Bóthar Gracedieu: GFT Éireann, Port Láirge, agus Líonraí BSL;
- Bóthar an Chlaí Bhuí go dtí an Bóthar Buí Uachtarach go Sráid Uí Mhuireagáin go Sráid Phádraig: GFT Éireann, Port Láirge, Arda Lios Mór agus Baile Bhricín an bealach ar fad go Lár na Cathrach;
- Bóthar Chorcaí: Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, GFT Éireann, Port Láirge, Páirc Miondíola Uí Bheoláin agus an Baile Beag;
- Bóthar na nDuganna: Lena nasctar Port an Chalaigh an bealach ar fad go Lár na Cathrach;

- Bóthar Dhún Mór: Ospidéal Ollscoile Phort Láirge agus Cainéal an Rí, lena n-áirítear naisc chuig Rian Pháirc May;
- Seanbhóthar Thrá Mhór go Bóthar Bhaile Throcail: Cill Chuacháin an bealach ar fad go Lár na Cathrach;
- Cuarbhealach Siúil: Bóthar Mhic Mhuiris, an Bóthar Míleata agus Sráid an Droichid an bealach ar fad go Lár na Cathrach;
- Bóthar an Phasáiste go dtí an Bhaois go dtí an Cuarbhóthar Laistigh: An Baile Nua, Páirc Miondíola Mhóinéar an Rí, Ionad Spóirt Réigiúnach Phort Láirge agus Bóthar Chorcaí;
- Bóthar na Gráinsí Uachtarach go Cnoc Eoin go Sráid Eoin: An Cuarbhóthar Lasmuigh an bealach ar fad go Lár na Cathrach;
- An Triantán Lochlannach;
- Lár Cathrach Phort Láirge: Sráid Eoin, Sráid Mhichíl, an tSráid Leathan agus Sráid na mBioránach an bealach ar fad go dtí an Droichead Taistil Ghníomhaigh;
- Ceathrú Chultúir Phort Láirge (Sráid Mhuire/Sráid Uí Chonaill, idir Sráid na Siúire agus Sráid Gladstone, agus ar gach ceann de na taobhsráideanna feadh fhad Cheathrú Chultúir Phort Láirge);
- Limistéar Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt: Bóthar Phádraig de Brún agus Corrán Éirí na Gréine;
- Glasbhealach Phort Láirge;
- Glasbhealach Ros Mhic Thriúin;
- Glasbhealach na Siúire;
- Droichead an Rísigh;
- An Droichead Iarainn Dheirg; agus
- An Droichead Iompair Inbhuanaithe atá geallta láimh leis an Túr Cloig.

6.5 Lár Bailte Ceannchathartha

Mar thoradh ar an ardleibhéal comaitéireachta amach a tharlaíonn sna bailte ceannchathartha, ba cheart an siúl a chur chun cinn mar chuid de thurais atá comhcheangailte leis an iompar poiblí. Ba cheart an timpeallacht coisithe timpeall stadanna bus a fheabhsú i bPort an Chalaigh, sa Phasáiste/sa Chrúc agus i lár bailte agus sráidbhailte ceannchathartha eile ar fud an Limistéir Cheannchathartha. Déanfar na feabhsuithe sin ar an timpeallacht coisithe i gcomhthráth le tograí úsáide talún lena gcomhdhlúthófar lár sráidbhailte, lena neartófar an fheidhm áite atá acu agus lena laghdófar patrúin forbartha ribíní. Tugtar tacaíocht leis an Straitéis seo do chuspóirí an Phlean Limistéir Áitiúil i dtaca leis an timpeallacht coisithe i bPort an Chalaigh.

BEART WALK8**Lár Bailte agus Sráidbhailte Ceannchathartha**

Tá sé mar rún ag an Udarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Na feabhsuithe ar an timpeallacht coisithe atá leagtha amach i bPlean Limistéir Áitiúil Phort an Chalaigh-Belview a chur i gcrích; agus
- Comhdhlúthú na forbartha timpeall lár bailte agus sráidbhailte atá ann cheana sa Limistéar Ceannchathartha a chomhlánú trí fheabhsuithe a dhéanamh ar an ríocht phoiblí, ar feabhsuithe iad lena n-éascófar líon níos airde turas níos sábháilte de shiúl na gcos.

6.6 Bearta Tacaíochta

Is leagtha amach sna rannáin seo a leanas atá bearta tacaíochta a bhfuil mar aidhm leo na timpeallachtaí sin a chruthú.

6.6.1 Inrochtaineacht agus Dearadh Uilíoch

Is bunriachtanas é go mbeadh an ríocht phoiblí inrochtana do gach duine aonair. Cloítear le prionsabail an Deartha Uilíoch le linn an ríocht phoiblí agus an sráid-dreach a fheabhsú.

Is é atá i gceist le Dearadh Uilíoch ná timpeallacht a dhearadh chun gur féidir le gach duine í a rochtain, a thuiscint agus a úsáid a mhéid is féidir, beag beann ar a n-aois, a méid, a gcumas ná a míchumas, lena n-áirítear míchumas fisiciúil, míchumas cognaíoch agus míchumas céadfach.

BEART WALK9

Inrochtaineacht do chách

Déanfaidh údarais áitiúla agus an tÚdarás daoine faoi mhíchumas agus coisithe a bhfuil laguithe soghluaisteachta orthu a chur san áireamh go hiomlán nuair a bheidh siad ag soláthar scéimeanna iompair lena ndéanfar difear don timpeallacht coisithe, cuirfidh siad feabhas ar shaoráidí láithreacha nuair is cuí agus tacóidh siad le forfheidhmiú na nDlíthe um Thrácht ar Bhóithre chuige sin.

6.6.2 Bealaí Taitneamhachta Áitiúla

Is iad bealaí taitneamhachta an nasc idir limistéir a bhfuil spás oscailte poiblí agus taitneamhachtaí áineasa iontu agus cuireann siad feabhas ar na limistéir sin.

Is gnách go bhfreastalaíonn bealaí áitiúla taitneamhachta ar choisithe agus ar rothaithe araon. Beidh sé níos práinní an choinbhleacht idir coisithe agus rothaithe a íoslaghdú de réir mar a mhéadaíonn an tóir ar na limistéir sin, agus beidh sé ina phríomhchuspóir lán-leithscaradh coisithe agus rothaithe a sholáthar ar bhealaí den sórt sin.

I gcás nach féidir lán-leithscaradh a bhaint amach idir gluaiseacht coisithe agus gluaiseacht rothaithe, is féidir go mbeidh sé cuí tabhairt faoi idirghabhálacha atá sonrach don láithreán. Áirítear leo sin moilliú tráchta a thabhairt isteach ar shráideanna cónaithe cóngaracha, mar aon le feachtais siúil thuisceanaigh agus rothaíochta tuisceanaí chun an choinbhleacht a laghdú. Is minic nach freagairt chuí iad cosáin

chomhroinnte do choisithe agus do rothaithe agus is minic a chruthaíonn siad coinbhleacht idir úsáideoirí, go háirithe i dtimpeallacht shrianta.

Mar thoradh ar Phort Láirge a bheith lonnaithe ar imeall uisce, ar a ghlasbhealaí agus ar an lear spásanna glasa atá aige, is ann do dheiseanna suntasacha chun conairí glasa-gorma a chruthú ar fud na cathrach agus na mbruachbhailte, ar conairí iad lena nascfar na limistéir sin. Tá a lán gnéithe i gceist le tairbhí na gconairí glasa-gorma. Áirítear leo sin:

- Sláinte agus folláine dhearfach a chur chun cinn;
- Feabhas a chur ar cháilíocht an aeir;
- Bithéagsúlacht uirbeach a chosaint agus a mhéadú;
- An rochtain ar an dúlra a bhreisiú; agus
- Rannchuidiú le bainistíocht tuile.

Mar sin féin, teastaíonn cúram le linn bealaí den sórt sin a phleanáil agus a dhearadh chun a chinntiú go soláthrófar leo timpeallacht shábháilte go gach úsáideoir fud fad an lae agus fud fad na bliana. Cé gur féidir leo a bheith ina gcomhpháirt thábhachtach de ghréasán cuimsitheach siúil, ní thagann soláthar na mbealaí sin roimh an ngá le timpeallacht coisithe ardchaighdeán atá bainteach leis an ngréasán bóithre agus sráideanna.

BEART WALK10

Bealaí Taitneamhachta Áitiúla

Tacóidh an tÚdarás le húdarais áitiúla maidir leis na nithe seo a leanas a sholáthar:

- Uasghrádú a dhéanamh ar shaoráidí siúil lena nasctar spásanna glasa, an tSiúir agus limistéir áineasa eile chun conairí glasa-gorma a chruthú ar mhaithe le dea-fholláine fhisiciúil agus meabhrach a chur chun cinn; agus
- Cosáin nua nó feabhsaithe ar bhóithre tuaithe mar a sainithnítear éileamh ar ghluaiseacht coisithe.

6.6.3 Sráideanna Scoile

Baintear an-úsáid as carranna le haghaidh turais measartha gearr chuig áiteanna oideachais, go háirithe i measc daltaí bunscoile.

Tá Sráideanna Scoile ag éirí ina réiteach tarraingteach ar ardleibhéil úsáide carranna a laghdú agus ar thaisteal gníomhach chuig scoileanna a sholáthar. Is é is Sráid Scoile ann ná bóthar lasmuigh de scoil ar a gcuirtear srianta sealadacha chun feidhme ar an trácht mótarfheithiclí ag amanna tosaithe agus críochnaithe scoile. Tá feidhm ag na srianta sin maidir leis an trácht scoile agus leis an tréthracht chun spás níos sábháilte agus níos socra a chruthú do leanaí, tuismitheoirí, múinteoirí, baill foirne agus cónaitheoirí inar féidir leo dul chuig an scoil de shiúl na gcos nó de rothar. Éireoidh an siúl ina rogha níos sábháilte agus níos tarraingtí trí bhealaí siúil a bheidh sábháilte, inléite agus lách a chruthú i ngarchomharsanacht scoileanna. Toradh eile atá ar Shráideanna Scoile is ea go laghdaítear aerthruailliú, drochshláinte agus contúirtí bóithre. Bheadh rochtain ag cónaitheoirí ar a dteach le linn na n-amanna sin fós.

BEART WALK11

Sráideanna Scoile

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdarais áitiúla leanúint le cur chun feidhme a dhéanamh ar thionscnaimh athrú iompraíochta lena gcuirtear an siúl chun cinn trí thionscnaimh amhail Bealaí Sábháilte chuig an Scoil agus Sráideanna Scoile a chur chun feidhme.

6.6.4 Bailte Aoisbhácha

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Comhairle Contae Chill Chainnigh araon ina mbail d'Aoisbhá Éireann agus ghlac siad a Straitéis Aoisbhách féin.

Áirítear leo sin an timpeallacht thógtha agus an gréasán iompair a oiriúnú chun freagairt do riachtanais ár ndaonra atá ag dul in aois. De bharr na n-athruithe réamh-mheasta ar na próifílí aoise ar fud an Limistéir Cheannchathartha, beidh sé riachtanach an ríocht phoiblí agus gréasán iompair a oiriúnú chun riachtanais ilchineálacha na ndaoine scothaosta a chur san áireamh, lena n-áirítear daoine a bhfuil soghluaisteachta laghdaithe acu agus/nó ar lú a gcumais chognaíocha, amhairc nó éisteachta. Ar na bearta tá suíochánra poiblí, bonneagar aimsiú bealaigh agus pábháil thadhlaigh a sholáthar go leordhóthanach.

6.6.5 Aimsiú Bealaigh

Is féidir le heaspa eolais ar bhealaí agus achair chuig cinn scríbe a bheith ina bac ar shiúl do thurasóirí agus do chuairoteoirí, agus do gach coisí áitiúil freisin.

D'fhéadfaí Léarscáil Comharsanachtaí Insiúlta ar Chathair Phort Láirge a chruthú chun Aimsiú Bealaigh a éascú. Is féidir príomhláithreacha agus pointí spéise laistigh de Lár na Cathrach a chur i láthair ar Léarscáil Comharsanachtaí Insiúlta. Is féidir na hagaí siúil idir gach stad a léiriú ar an léarscáil freisin.

BEART WALK12 Aimsiú Bealaigh

Ag obair dó i gcomhar leis na húdaráis áitiúla, tacóidh an tÚdarás le córais aimsithe bealaigh leathnaithe nua a sholáthar i Lár Cathrach Phort Láirge agus i lonnaíochtaí sa Limistéar Ceannchathartha, agus tacóidh sé le hiad a chomhtháthú isteach in aipeanna pleanála turais.

6.6.6 Áirithiú do Choisithe

Le linn breithniú a dhéanamh ar athrú úsáide sráide ó úsáid ina bhfuil rochtain ag gach modh ina húsáid ina bhfuil rochtain níos teoranta ann, ní mór breithniú a dhéanamh ar an bhfeidhm nua atá á beartú don tsráid. Is ann do roinnt leibhéal srianta módúla is féidir a chur i bhfeidhm maidir le sráid. Tá siad mar a leanas:

- **Trácht Carranna Príobháideacha a bhaint** – feidhmíonn an tsráid mar bhealach iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta;
- **An trácht mótarfheithiclí ar fad a bhaint** – feidhmíonn an tsráid mar bhealach siúil agus rothaíochta; agus
- **Na modhanna uile, seachas coisithe, a bhaint** – sráid atá áirithithe do choisithe amháin.

Ba cheart na roghanna sin a bhreithniú san ord thuas. Beidh sé riachtanach socruithe le haghaidh seachadadh earraí a bhreithniú i ngach cás.

BEART WALK13 Áirithiú do Choisithe

Tacóidh an tÚdarás le húdaráis áitiúla maidir le sráideanna atá áirithithe do choisithe/atá saor ó thrácht a sholáthar i lár bailte i gcás go rachaidh sé sin chun tairbhe don iompar agus/nó don timpeallacht áitiúil agus/nó don gheilleagar áitiúil. D'fhéadfaí trialacha agus treoirscéimeanna um áirithiú do choisithe a bheith ina gcuid den chur chuige a ghlacfaí chun scéimeanna den sórt sin a chur chun feidhme.

6.6.7 Tréscailteacht

Comhpháirt thábhachtach de thacú le timpeallachtaí níos insiúlta is ea gréasán tréscailteach sráideanna. Le roinnt mhaith blianta anuas, tá an-chuid de na forbairtí cónaithe sa Limistéar Ceannchathartha comhdhéanta

de leaganacha amach atá neamhscagach agus de chineál cul-de-sac, rud ba chúis le bealaí timpeallacha chuig seirbhísí áitiúla, chuig scoileanna agus chuig stadanna iompair phoiblí.

Áirítear na nithe seo a leanas le bearta a bhfuil mar aidhm leo feabhas a chur ar thréscailteacht do choisithe:

- Teorainneacha múrtha/limistéir cul-de-sac a oscailt;
- Scagairí tráchta chun cóngar sciurde ag feithiclí a theorannú, agus súgradh sráide á éascú agus rochtain á coinneáil ar bun do chónaitheoirí agus gnólachtaí na háite ag an am céanna;
- Sráideanna 'Déan féin é', rud lena dtugtar spreagadh do phobail chun smaointe a ghiniúint le haghaidh a gcuid sráideanna a fheabhsú, ceannas an chairr a laghdú sna sráideanna agus iad a dhéanamh níos dírithe ar an bpobal;
- Iniúchtaí ar dhearadh cáilíochta agus ar inrochtaineacht coisithe a cheangal in iarratais phleanála ar limistéir chónaithe nua;
- Trasrianta coisithe agus rothaíochta a sholáthar chun limistéir atá leithscartha ag bóithre nó ag baic fhisiciúla eile a nascadh; agus
- Pleanáil agus dearadh lena gcinntítear inrochtaineacht do dhaoine a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta acu.

Tá an Treoir Dea-Chleachtais maidir le Tréscailteacht ón Údarás ar fáil chun cabhrú le húdaráis Áitiúla agus le heagraíochtaí eile agus iad ag iarraidh dul i ngleic leis na saincheisteanna a dhéanann difear do thréscailteacht, agus an bonn le dul i ngleic le hoidhreacht an scoilte á sholáthar.

BEART WALK14

Tréscailteacht

Pleananna Forbartha, Scéimeanna Pleanála Criosanna Forbartha Straitéisí agus Pleananna Limistéir Áitiúil, ba cheart a chinntiú leo go gcuirfear tréscailteacht scagtha ar áireamh sna gréasáin bóithre agus sráideanna i limistéir forbraíochta nua, agus ba cheart bearta a chur ar áireamh iontu lena soláthrófar tréscailteacht scagtha i gcomharsanachtaí láithreacha.



Príomh-chomhpháirt de choincheap na Comharsanachta 10 Nóiméad is ea tréscailteacht, mar atá tuairiscithe i gCuspóir Beartais Réigiúnaigh 176 den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach agus sa Bheartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe, agus tacaíonn an Straitéis go hiomlán leis an guspóir sin.

BEART WALK15

Comharsanacht 10 Nóiméad

Leis an Straitéis seo, tacaítear le creat comharsanachta 10 nóiméad a fhorbairt le haghaidh na limistéar uirbeach uile i bPort Láirge, bíodh siad nua nó bíodh siad ann cheana, rud lena gcumasófar freastal ar ghnáthriachtanais laethúla daoine óga agus daoine scothaosta laistigh d'fhad sábháilte de shiúl na gcos óna dteach, mar shampla scoileanna, cúram leanaí, seirbhísí sláinte, siopaí, iompar poiblí, saoráidí spóirt agus páirceanna. Oibreoidh gníomhaireachtaí soláthair i gcomhar le pobail áitiúla chun srianta a shainaitheint agus chun bearta a chur chun feidhme ar mhaithe le comharsanachtaí inbhuanaithe 10 nóiméad a sholáthar.

06 Siúl, Inrochtaineacht agus an Ríocht Phoiblí



Lár Bailte

Aoisbhácha



Feabhsuithe do Choisithe

i ngach Lárionad Ceannchathartha

Córas


aimsithe bealaigh

níos fearr

Inrochtaineacht

fheabhsaithe ar an iompar poiblí





07 Rothaíocht

Má dhéantar moltaí an Phlean Gréasáin Rothaíochta a chur chun feidhme i gcomhthráth le tionscnaimh ‘bhoga’ fhorlíontacha, beidh deis réadúil inmharthana ann le cultúr láidir rothaíochta a athbhunú i gCathair Phort Láirge agus a Purláin chun dul chun tairbhe do na cónaitheoirí uile agus don gheilleagar áitiúil.

An Dréacht-Phlean Gréasáin Rothaíochta do Chathair Phort Láirge agus a Purláin 2014

Modh iompair a ngabhann costais ísle leis, atá inbhuanaithe agus a bhíonn ag fás is ea an rothaíocht. Tá an-acmhainneacht neamhshaothraithe ag Cathair Phort Láirge chun a tairiscint rothaíochta agus a cultúr rothaíochta a bhreisiú go mór de bharr an chineáil uirbigh dhlúith atá aici agus de bharr na fírice gur féidir taisteal de rothar ó Lár na Cathrach go dtí an t-imeall uirbeach laistigh de 20 nóiméad.

Gealltar sa Phlean Forbartha Náisiúnta gréasáin rothaíochta a sholáthar do gach ceann de chathracha na hÉireann. Ar an leibhéal réigiúnach, is iad an Dréacht-Phlean Gréasáin Rothaíochta do Chathair Phort Láirge agus a Purláin an bonn le gréasán rothaíochta an Limistéir Cheannchathartha. Beidh tograí breise ag teacht le scéimeanna BusConnects, le Glasbhealach Phort Láirge agus leis na príomhnithe a ghineann turais, amhail saoráidí Páirceála agus Taistil.

Sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, tá breac-chuntas ar roinnt cuspóirí a bhaineann leis an rothaíocht i gCuspóir Beartais Réigiúnaigh 174, agus is ar bhonn an Chuspóra Beartais Réigiúnaigh sin agus na rannán ábhartha de Phlean Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge a forbraíodh na bearta atá leagtha amach thíos.

Teastaíonn bonneagar ar ardchaighdeán agus bearta tacaíochta chun cultúr rothaíochta a chothú sa Limistéar Ceannchathartha agus chun an rogha chun rothaíocht a dhéanamh a thabhairt do gach duine. Áirítear leo sin:

- Bealaí Príomhúla, Tánaisteacha, Idiruirbeacha, Fríothálacha agus Glasbhealaigh a shainiú;
- Saoráidí atá deartha de réir chaighdeán an Lámhleabhair Náisiúnta Rothaíochta, lena n-áirítear saoráidí páirceála rothar;
- Leithscaradh iomlán nó éadrom ó mhodhanna eile chun sábháilteacht agus compord a chinntiú do gach úsáideoir bóithre;

- Moilliú tráchta áitiúil, luasteorainneacha níos ísle agus cóireálacha acomhail, go háirithe ag acomhail chasta i limistéir uirbeacha; agus
- Soláthar cúramach laistigh de thimpeallachtaí coisithe i limistéir lárnacha.

7.1 Gréasán Rothaíochta an Limistéir Cheannchathartha

7.1.1 An Dréacht-Phlean Gréasáin Rothaíochta do Chathair Phort Láirge agus a Purláin 2014

Is leagtha amach sa Dréacht-Phlean Gréasáin Rothaíochta do Chathair Phort Láirge agus a Purláin 2014 an gréasán rothaíochta beartaithe don Limistéar Ceannchathartha. Tá an Plean sin mar bhonn leis an nGréasán Rothaíochta a sholáthar freisin. Is é atá sa Staidéar ná comhpháirt thábhachtach d'fhís Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge maidir le cultúr rothaíochta a fhorbairt laistigh de Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge.

Forbraíodh an Staidéar ar aon dul le cuspóirí Taistil Níos Cliste gur de rothar a thógfar 10% de na turais uile, lena n-áirítear turais atá comhcheangailte leis an iompar poiblí.


BEART CYCLING1

Gréasán Rothaíochta an Limistéir Cheannchathartha

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla gréasán rothaíochta a bheidh sábháilte, cuimsitheach, tarraingteach agus inléite a sholáthar i gcomhréir le Gréasán Rothaíochta an Limistéir Cheannchathartha.

7.1.2 Príomhaidhmeanna an Staidéir

- Feabhas a chur ar an tosaíocht rothar ar fud an Limistéir Cheannchathartha;
- Príomhchriosanna pointí tosaithe agus ceann scríbe laistigh de limistéar uirbeach a nascadh agus soláthar a dhéanamh do thréghluaiseacht éifeachtach do rothaithe; agus



- Ardcháilíocht Seirbhíse a choinneáil ar bun ar fud an ghréasáin, agus an tinnéacs Reachta Pábhála á úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar iomláine fhisiciúil an dromchla rothaíochta, mar a luadh sa Dréacht-Phlean Gréasáin Rothaíochta do Chathair Phort Láirge agus a Purláin
- » Cáilíocht Seirbhíse atá de Leibhéal B nó níos airde a bhaint amach i ngach conair phríomhúil;
- » Cáilíocht Seirbhíse atá de Leibhéal B nó nach ísle ná leibhéal C a bhaint amach ar bhealaí tánaisteacha; agus
- » Cáilíocht Seirbhíse atá de Leibhéal B nó nach ísle ná leibhéal C a sholáthar ar bhealaí friothálacha.

BEART CYCLING2

Dearadh Bonneagair Rothaíochta

Soláthrófar cáilíocht chuí seirbhíse do gach úsáideoir leis an mbonneagar rothaíochta sa Limistéar Ceannchathartha tríd an treoir deartha a thugtar sa leagan is déanaí den Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta a chur chun feidhme.

7.1.3 Naisc Chonaire

Sainnadh níos mó sa Dréacht-Phlean Gréasáin Rothaíochta do Chathair Phort Láirge agus a Purláin 2014 na cúig chonair is mó a meastar go mbeidh an leibhéal is mó de ghníomhaíocht rothaíochta dhá threo iontu faoin mbliain 2023:

1. Bóthar Chill Bharra/Bóthar Chorcaí go Bóthar an Ásaigh/Bóthar Chorcaí;
2. Bóthar Chill Bharra/Bóthar Chorcaí go Bóthar Phádraig de Brún go Bóthar Chorcaí;
3. Droichead an Rísigh/Sráid an Droichid go dtí an Meal/Sráid Lombaird;
4. Bóthar na Mainistreach/Bóthar an Fhuaráin go Bóthar Scair na Carraige/Bóthar an Fhuaráin; agus
5. Bóthar Scair na Carraige/Bóthar an Fhuaráin go Bóthar na nDuganna/Droichead an Rísigh.

7.1.4 An Gréasán Bealaí Príomhúla Rothaíochta

Ainmníodh Bealaí Príomhúla sa cháil sin toisc go bhfuil sé beartaithe go bhfreastalófar leo ar an leibhéal éilimh is airde. Is bealaí díreacha iad Bealaí Príomhúla i bhformhór na gcásanna agus soláthraíonn siad naisc ghathacha mheánfhada chuig príomhchinn scríbe. Forlíontar na bealaí sin le bealaí tánaisteacha agus friothálacha lena soláthraítear rochtain ar cheantair chónaithe agus ar shaoráidí/sheirbhísí áitiúla.

7.1.5 Bealaí Gathacha Príomhúla

- Bóthar na Mainistreach;
- Bóthar an Ásaigh go dtí an tSráid Nua trí Shráid na Beirice agus Sráid an Gheata Nua;
- Bóthar Charraig Phiarais go Sráid Uí Mhuireagáin trí Bhóthar Thigh an Chnoic agus Bóthar Gracedieu;
- Bóthar an Chlaí Bhuí go dtí an Bóthar Buí Íochtarach tríd an mBóthar Buí Uachtarach;
- Bóthar Chorcaí go dtí an Meal trí Shráid an Mhainéir agus Sráid Parnell;
- Bóthar Dhún Mór go Sráid Lombaird feadh Bhóthar an Bhaile Nua;
- Bóthar Chill Bharra;
- Cé na gCeannaithe go dtí an Meal feadh Ché Uí Mheachair agus Ché na Paráide;
- Seanbhóthar Thrá Mhór go Bóthar Bhaile Throcail trí Fhaiche Bhaile Throcail;
- Bóthar Phádraig de Brún go Bóthar Shlí Chaol feadh Shráid an Tí Chorr;
- Droichead an Rísigh;
- Bóthar Ros Mhic Thriúin go Bóthar na nDuganna trí Bhóthar an Fhuaráin;
- Droichead Iompair Inbhuanaithe; agus
- Bóthar Bhaile Liam go Cnoc Eoin feadh Bhóthar na Gráinsí Uachtarach.

7.1.6 Cuarbhealaí Príomhúla

- Bóthar Mhic Mhuiris go Sráid an Droichid tríd an mBóthar Míleata agus Cnoc an tSamhraidh;
- Bóthar an Phasáiste go dtí an Cuarbhóthar Laistigh feadh Shlí Phádraig agus Bhaois Mhic Risteaird; agus
- An Cuarbhóthar Lasmuigh.

In áiteanna ina leanann rotharbhealaí Príomhúla na príomhbhealaí tráchta, teastaíonn saoráidí leithscartha rothar i bhformhór na gcásanna.

7.1.7 An Gréasán Bealaí Tánaisteacha Rothaíochta

Nascann Bealaí Tánaisteacha limistéir chónaithe, thráchtála agus fostaíochta chuig an nGréasán Bealaí Príomhúla. Ina lán chásanna, tá siad comhthreomhar le Bealaí Príomhúla, agus nasc malartach á sholáthar acu. Cé gur comhpháirteanna tábhachtacha iad den ghréasán uirbeach rothaíochta, is gnách gur lú an líon rothaithe a iompraítear orthu ná an líon a iompraítear ar na bealaí Príomhúla.

7.1.8 Bealaí Gathacha Tánaisteacha

- Baile an Bhulbhaigh;
- Bóthar Chorcaí;
- Bóthar Chill Bharra;
- Cill Iúir go dtí an Ghráinseach Íochtarach feadh Bhóthar Chill Iúir;
- Bóthar Thigh an Chnoic;
- Bóthar na Leacan;
- Bóthar na Rátha Nua;
- Droichead an Rísigh;
- Bóthar Scair na Carraige;
- Bóthar Ros Mhic Thriúin;
- Scoil Náisiúnta Mhuire, Baile Gunnair, go Bóthar Dhún Mór trí Phlás Mhuire;
- Bóthar Thrá Mhór; agus
- Bóthar Bhaile Liam.

7.1.9 Cuarbhealaí Tánaisteacha

- Faiche Bhaile Bhricín;
- Sráid Phádraig go dtí an Gleann;
- Poleberry go Cearnóg Newport feadh Bhóthar an Choláiste agus Chnoc an Mhainéir;
- Bóthar an Choiréil;
- Bóthar an Sciobairín go Bóthar Thigh an Chnoic trí Pháirc Lios Mór agus Síneadh ó Thuaidh, Eastát Tionsclaíoch;
- Timpeallán an tSléibhe Rua go Calafort Belview;
- Corrán Éirí na Gréine go GFT Éireann, Port Láirge;
- Bóthar Uinseann de Faoite go Bóthar Charraig Phiarais feadh Bhóthar Uí Chatháin agus Chéide an Chorráin;
- Páirc Dúlra Phort Láirge go Bóthar an Chlaí Bhuí trí Ghleann Cara, Páirc Chluain Ioraird agus Bóthar Chorcaí; agus
- Bóthar Bhaile Liam go Bóthar Thigh an Chnoic feadh Chéide na Sionainne, Chill Bharra, GFT Éireann, Port Láirge, agus Bhóthar Charraig Phiarais.

Is féidir le Bealaí Tánaisteacha a bheith comhdhéanta de bhealaí rothaíochta easbhóthair, de lánáí rothar, de lánáí comhroinnte bus agus rothar agus de bhóithre ar a bhfuil bearta moillithe tráchta i bhfeidhm.

7.1.10 An Gréasán Bealaí Friothálacha Rothaíochta

Nascann Bealaí Friothálacha criosanna áitiúla go Bealaí Príomhúla agus Tánaisteacha agus go Glasbhealaí. In áiteanna ina bhfuil méideanna beaga tráchta nó ina bhfuil bearta leordhóthanacha um moilliú tráchta agus um bainistíocht tráchta i bhfeidhm, is féidir Bealaí Friothálacha a úsáid chun cur ar chumas rothaithe agus gluaisteanaithe meascadh go sábháilte.

7.1.11 Bealaí Friothálacha

- Bóthar Chorcaí go Sráid Phádraig feadh Bhóthar Uí Aonasa, Lána an Bhrúnaigh agus Shráid Stiabhna;
- An Cuarbhóthar Seachtrach go Bóthar an Phasáiste feadh Chéide na hEascrach, Ascaill Chnoc an tSamhraidh agus Chorrán Pháirc na Gráinsí;
- Bóthar an Phasáiste go Cnoc Eoin;
- Sráid Uí Chonaill, Sráid Sheoirse Mhór agus Sráid Phádraig Bheag;
- Sráid na mBráithre Liatha agus Cearnóg na hArdeaglaise;
- Bóthar an Bhaile Nua Íochtarach; agus
- Corrán Éirí na Gréine go Bóthar Uinseann de Faoite feadh Bhóthar an Teampaill agus Mhainéar Eoin.

7.1.12 An Gréasán Rothaíochta Glasbhealaí

Ina lán cásanna, tá Gréasáin Glasbhealaí lonnaithe ar bhealaí atá saor ó thrácht nó atá ar bheagán tráchta. Sa chuid is mó de chásanna, leanann siad línte iarnróid thréigthe ar athraíodh a gcuspóir, bealaí trí pháirceanna, nó aibhneacha. Ós rud é nach bhfuil baint ag an-chuid de na bealaí sin le bóithre feithiclí agus go bhfuil siad lonnaithe i spásanna glasa ina lán cásanna, is féidir leo feidhm taitneamhachta agus feidhm comaitéireachta araon a chomhlíonadh. Forbraíodh an Gréasán Glasbhealaí don Limistéar Ceannchathartha ar bhonn gréasán Glasbhealaí atá ann cheana agus uasghrádú na gconairí atá ann cheana chun gréasán cuimsitheach rothaíochta a sholáthar.

Teastaíonn cúram le linn Glasbhealaí a phleanáil agus a dhearadh chun a chinntiú go soláthrófar leo timpeallacht shábháilte go gach úsáideoir fud fad an lae agus fud fad na bliana. Cé gur féidir leo freastal ar chomaitéirí i gcomhthráth lena bhfeidhm fóillíochta a chomhlíonadh, ní thagann soláthar na mbealaí sin roimh an ngá le timpeallacht rothaíochta ardchaighdeán atá bainteach leis an ngréasán bóithre agus sráideanna.

7.1.13 Bealaí Glasbhealaigh

- Glasbhealach Bhaile na Gráige lena nasctar ABP, Port Láirge, chuig Glasbhealach Phort Láirge feadh Theach Bhaile na Gráige, Bhóthar na Rátha Nua agus an Droichid Iarainn Shin Dheirg nach bhfuil in úsáid a thuilleadh;
- An Glasbhealach Traschathrach lena nasctar Bóthar Bhaile Liam chuig Glasbhealach Phort Láirge feadh Chéide na Sionainne, Chill Bharra, GFT Éireann, Port Láirge, agus Bhóthar Charraig Phiarais;
- Glasbhealach Abhainn Eoin lena nasctar an Cuarbhóthar Seachtrach chuig Lár Cathrach Phort Láirge feadh Abhainn Eoin nó cóngarach di;
- Glasbhealach Thigh an Chnoic lena nasctar Campas Thiar Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt chuig Glasbhealach Phort Láirge feadh Bhóthar Thigh an Chnoic nó cóngarach dó;
- Glasbhealach Ros Mhic Thriúin lena nasctar Ros Mhic Thriúin chuig Lár Cathrach Phort Láirge feadh an Iarnróid ó Ros Mhic Thriúin go Port Láirge nach bhfuil in úsáid a thuilleadh nó cóngarach dó;
- Glasbhealach Ros Láir lena nasctar Ros Láir chuig Lár Cathrach Phort Láirge feadh an taoibh thuaidh den tSiúir nó cóngarach dó; agus
- Glasbhealach na Siúire lena nasctar Bóthar an Phasáiste chuig Lár Cathrach Phort Láirge feadh an taoibh theas den tSiúir nó cóngarach dó.

7.1.14 An Gréasán Idiruirbeach

Nascann an Gréasán Idiruirbeach Rothaíochta na bailte ceannchathartha go Cathair Phort Láirge.

7.1.15 An Gréasán Idiruirbeach

- Lár Cathrach Phort Láirge go Pointe na Síge;
- Lár Cathrach Phort Láirge go Dún Mór;
- Lár Cathrach Phort Láirge go Cill Mhic Bhúith;
- Lár Cathrach Phort Láirge go Móin Choinn; agus

- Lár Cathrach Phort Láirge go dtí an Pasáiste Thoir/ Loch Garman.

Is féidir go ndéanfar Bealaí Friothálacha, Glasbhealaigh agus Idiruirbeacha atá de bhreis orthu sin atá leagtha amach thuas a imscrúdú, faoi réir athruithe sa dáileadh beartaithe daonra agus fostaíochta mar chuid den athbhreithniú tréimhsiúil ar an Straitéis seo atá beartaithe a dhéanamh gach sé bliana.

7.1.16 Bealaí Ciúine

Tríd is tríd, is rotharbhealaí leanúnacha caoithiúla ar bhealaí ar bheagán tráchta amhail cúlsráideanna iad bealaí ciúine, agus ní bhíonn siad ag brath sa chuid is mó de chásanna ar bhonneagar tiomnaithe rothaíochta a bheith á sholáthar. Sna cásanna is fearr, tá siad díreach agus furasta le leanúint do na daoine sin ar fearr leo rothaíocht a dhéanamh ar bhealaí atá níos ciúine agus níos socra. Ba cheart gréasán Bealaí Ciúine a shainaithint idir gearrthéarma an Phlean agus meántéarma an Phlean.

Má sholáthraítear comharthaí bóthair le haghaidh na mbealaí sin, cabhrófar le hiad a chomhtháthú isteach sa mhórghréasán rothaíochta le haghaidh úsáid ghinearálta.

7.2 Bearta Tacaíochta

Moltar sa Straitéis seo roinnt beart tacaíochta chun an Gréasán Rothaíochta atá beartaithe a chomhlánú.

7.2.1 Cothabháil Bonneagair

Is gá bonneagar rothaíochta a chothabháil ar leibhéal inghlactha seirbhíse ar a laghad. Is féidir le méid suntasach caithimh agus cuimilte agus méid suntasach damáiste teacht chun cinn le himeacht ama de bharr éifeachtaí na haimsire agus de bharr feithiclí. Is é an aidhm go ndéanfaí riocht an bhonneagair rothaíochta a chothabháil ar chaighdeán ard.

BEART CYCLING3

Cothabháil Foistine an Bhonneagair Rothaíochta
Áireofar le Pleananna Forbartha cuspóirí chun an bonneagar rothaíochta a chothabháil de réir ardchaighdeán ar fud an Limistéir Cheannchathartha.

7.2.2 Scéimeanna Comhroinnte Rothar

Is féidir le Scéimeanna Comhroinnte Rothar poiblí rannchuidiú go dearfach leis an gceantar iompair phoiblí a leathnú agus le dul i ngleic leis an 'míle deiridh' de thuras, agus raon leathan turas á n-éascú laistigh den chathair. Seoladh an Scéim Comhroinnte Rothar i bPort Láirge sa bhliain 2022 agus tá sí comhdhéanta de 14 stáisiún nasctha agus 220 rothar ar fud Lár na Cathrach. Cuspóir de chuid na Straitéise seo is ea a chinntiú go bhfuil an scéim á hoibriú go maith, agus an scéim a leathnú nuair is indéanta.

I limistéir lasmuigh de Lár na Cathrach agus i limistéir fho-uirbeacha istigh inar dóigh nach mbeidh Scéim Comhroinnte Rothar Phort Láirge indéanta idir an gearrthéarma agus an meántéarma, ba cheart samhlacha eile, amhail rothair gan nasc, a bhreithniú. Ba cheart tacú leis na scéimeanna sin trí mhéadú suntasach sa soláthar saoráidí páirceála rothar i lár ceantar, in ionaid oideachais agus in ionaid chomharsanachta.



Waterford City Public Bikes Docking Stations

BEART CYCLING4

Leathnú Scéimeanna Comhroinnte Rothar
Ag obair dó i gcomhar leis na húdaráis áitiúla, déanfaidh an tÚdarás faireachán ar oibriú na scéime comhroinnte rothar i gCathair Phort Láirge agus déanfaidh sé breithniú ar an scéim a leathnú agus/nó ar scéimeanna eile a chur léi chun gréasán struchtúrtha comhroinnte rothar a sholáthar lena bhfreastalófar go cuí ar phríomhphointí tosaithe agus ar phríomhchinn scríbe.

Trí rothair leictreacha a sholáthar, is féidir úsáideoirí nua a mhealladh chuig scéimeanna comhroinnte rothar agus clúdach foriomlán aon scéime a leathnú. Ar na buntáistí a ghabhann leo tá an dua níos ísle a theastaíonn agus na hachair níos faide a d'fhéadfaí a chlúdach. Mar atá luaite cheana féin, áfach, oibríonn scéimeanna comhroinnte rothar ar an tslí is fearr nuair a fhreastalaíonn siad ar thurais ghearra i limistéir uirbeacha. Chuige sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le leictirí a thabhairt isteach i gcomhthéacs na dteorainneacha oibríochtúla a ghabhann le scéim comhroinnte rothar. Mar sin féin, bíonn ag méadú ar an líon scéimeanna ar fud an domhain a thairgeann roghanna rothar leictreach mar chuid dá dtairiscint agus tá custaiméirí ag glacadh leis an acmhainneacht nua a ghabhann le rothair leictreacha. Dá réir sin, tacóidh an tÚdarás le scéimeanna comhroinnte rothar leictreach a sholáthar, ar scéimeanna iad a bheidh comhtháite go cuí sa struchtúr foriomlán scéimeanna comhroinnte rothar don réigiún.

BEART CYCLING5

Leictirí Scéimeanna Comhroinnte Rothar
Tacóidh an tÚdarás le scéimeanna comhroinnte rothar leictreach a sholáthar, ar scéimeanna iad a bheidh comhtháite go cuí sa struchtúr foriomlán scéimeanna comhroinnte rothar don Limistéar Ceannchathartha.

7.2.3 Saoráidí Páirceála Rothar Gearrghanachta

Chun tacú leis an éileamh atá ann cheana agus a bheidh ann sa todhchaí ar an rothaíocht, is gá cur go mór leis an soláthar saoráidí páirceála rothar gearrghanachta atá sábháilte agus ar ardchaighdeán i Lár na Cathrach, i lár bailte Ceannchathartha, i scoileanna, i stáisiúin iarnróid agus bus, i bhfoirgnimh phoiblí, i limistéir shiopadóireachta agus in áiteanna oibre.

BEART CYCLING6

Saoráidí Páirceála Rothar Gearrghanachta

Mar chuid de Phleananna Forbartha agus de Phleananna Limistéir Áitiúil, ullmhóidh údarais áitiúla straitéisí maidir le saoráidí poiblí páirceála rothar chun a chinntiú go mbeidh go leor áiteanna páirceála rothar gearrghanachta ar fáil ar an tsráid i lár cathracha, i lár bailte agus i lár sráidbhailte.

7.2.4 Saoráidí Páirceála Rothar Fadghanachta

Is féidir le heaspa saoráidí sábháilte páirceála rothar an bonn a bhaint dá tharraingtí atá an rothaíocht mar rogha thaistil laethúil. Má sholáthraítear locair rothar aonair, moil rothar agus haingir chomhroinnte ar an tsráid, tairgtear slándáil do rothaithe agus soláthraítear réitigh nuálacha ar riachtanais pháirceála rothar ar feadh tréimhsí fada ama, go háirithe i gcás nach bhfuil mórán spáis stórála istigh ar fáil.

Ba cheart saoráidí daingne páirceála rothar fadghanachta a sholáthar ag na stáisiúin traenach agus bus agus ag nód thábhachtacha eile iompair ar fud an Limistéir Cheannchathartha. Leasófar suas freisin na ceanglais bhainistíochta forbartha le haghaidh níos mó saoráidí páirceála rothar a sholáthar i limistéir chónaithe agus ag áiteanna oibre. Comhpháirt thábhachtach de chultúr rothaíochta a chur chun cinn agus de thurais chomhcheangailte a éascú ar fud an Limistéir Cheannchathartha is ea moil pháirceála rothar a sholáthar sna láithreacha straitéiseacha sin.

BEART CYCLING7

Saoráidí Páirceála Rothar Fadghanachta

Tá sé mar rún ag an Údarás tacú le saoráidí páirceála rothar ar ardchaighdeán a sholáthar ag pointí tosaithe agus ag cinn scríbe tríd an bpróiseas reachtúil pleanála agus trí idirchaidreamh le geallsealbhóirí ábhartha, ar saoráidí iad lena bhfreastalófar ar an speictream iomlán rothaithe, lena n-áireofar úsáideoirí rothar neamhchaighdeánach (rothair lasta, rothair oiriúnaithe, rothair láimhe agus rothair theaghlaigh).

7.2.5 Saoráidí Deireadh Turais

Má sholáthraítear saoráidí deireadh turais amhail cithfholcadáin, seomraí feistis agus taisceadáin ag áiteanna oibre, is féidir go méadófar go mór a tharraingtí atá an rothaíocht, go háirithe i gcás turas fadachair nó i ndálaí drochaimsire.

Is é atá i méadú suntasach i gcáilíocht agus cainníocht na saoráidí deireadh turais sin ná sprioc nach mór d'Údarais Áitiúla a chur san áireamh le linn dóibh Pleananna Forbartha reachtúla a athbhreithniú. Ba cheart áiteanna oibre a spreagadh freisin leas a bhaint as deontais rialtais a bhfuil mar aidhm leo áitribh a iarfheistiú nó ba cheart iad a spreagadh ranníocaíocht a dhéanamh le saoráidí comhroinnte. Tá feidhm aige sin maidir le forbairtí cónaithe freisin.

BEART CYCLING8

Saoráidí Deireadh Turais

Leis an Straitéis, tacaítear le saoráidí deireadh turais a chur chun feidhme ag na nithe a ghineann ardlión turas, lena n-áirítear cinn scríbe fostaíochta agus oideachais, i gcomhthráth le Pleananna Bainistíochta Soghluaisteachta a ullmhú.

7.2.6 Athrú Iompraíochta agus Cur Chun Cinn

Is féidir imeachtaí cur chun cinn agus feachtais mhargaíochta a úsáid mar uirlis éifeachtach athrú iompraíochta. Áirítear leo sin:

- Áiteanna Oibre Taistil Níos Cliste agus Campais Taistil Níos Cliste;
- Bus Rothaíochta Scoile;
- Modúl Taistil na Scoileanna Glasa;
- Cothabháil rialta 'an Dr Rothar';
- Imeachtaí aonuaire amhail Lá Saor ó Charranna, Seachtain Soghluaisteachta an Aontais Eorpaigh, Cyclovía agus comhdhálacha eile amhail POLIS agus Velo-city; agus
- Oiliúint rothaíochta a sholáthar i scoileanna, in áiteanna oibre agus in ionaid phobail.

BEART CYCLING9

Athrú Iompraíochta agus Cur Chun Cinn


Ag obair dó i gcomhar leis na húdarais áitiúla, leanfaidh an tÚdarás le cultúr rothaíochta a chothú sa Limistéar Ceannchathartha trí imeachtaí cur chun cinn agus tionscnaimh athrú iompraíochta mar chuid de Chlár na nÁiteanna Oibre Taistil Níos Cliste agus na gCampas Taistil Níos Cliste atá á reáchtáil ag an Údarás agus trí Chlár Taistil na Scoileanna Glasa atá á reáchtáil ag An Taisce i gcomhar leis an Údarás.



07 Rothaíocht

22,603

An Líon Turas de Rothar in aghaidh an Lae sa bhliain 2040



8,082

An líon turas de rothar a thógfar le linn bhuaiç-amanna na maidine, rud lena maolófar an plódú



49 km
An Gréasán Bealaí

41 km
An Gréasán Bealaí
Tánaisteacha

27 km
An Gréasán
Glasbhealaí

54 km
Saoráidí
breisithe Deireadh
Turais

Cruthú
na gCóras
Comhroinnte Rothar


Saoráidí
Enhanced End-of-Trip



Tionchar dearfach
ar an meabhairshláinte



Gréasán Rothaíochta Phort Láirge atá Beartaithe





08 BusConnects

Leis an gClár BusConnects, ollchóireofar an córas bus reatha sna cúig chathair uile trí chonairí bus 'na chéad ghlúine eile' (lena n-áirítear saoráidí leithscartha rothaíochta) a chur chun feidhme ar na bealaí is gnóthaí chun turais a dhéanamh níos gasta, níos sothuairne agus níos iontaofa.

An Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027



8.1 Réamhrá

Tá busanna ina modh iompair thar a bheith éifeachtúil agus beidh siad mar bhonn don chóras iompair phoiblí a fheastalóidh ar an Limistéar Ceannchathartha. Ní féidir leis an Limistéar Ceannchathartha fás ar shlí inbhuanaithe ach amháin i gcás go neartófar an ról atá ag an iompar poiblí. A bhuí le solúbthacht busanna, is féidir bealaí agus minicíochtaí a oiriúnú go tapa chun tacú le céimeanna forbartha nua. Is féidir iad a oiriúnú aon uair is gá déanamh amhlaidh freisin. Imreoidh busanna ról níos tábhachtaí fós de réir mar a fhorbraítear saoráidí Páirceála agus Taistil.

Ceann de na príomhchumasóirí do Phort Láirge, de réir an Chreata Náisiúnta Pleanála, is ea gréasán iompair phoiblí a sholáthar ar fud na cathrach, agus inrochtaineacht fheabhsaithe ann ó Lár na Cathrach go hOspidéal Ollscoile Phort Láirge agus go hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt. Tá sé sin ag teacht freisin le haidhmeanna agus cuspóirí an Phlean Gnímh don Aeráid agus an Phlean Forbartha Náisiúnta agus go háirithe le haidhmeanna agus cuspóirí na Straitéise Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnaí, ina leagtar amach cuspóirí éagsúla a bhaineann le seirbhísí bus agus le bonneagar bus i gCuspóir Beartais Réigiúnaigh 171. Ina theannta sin, sonraítear sa Bheartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe go mbeidh an chéad fhlít bus astaíochtaí nialasacha ag Port Láirge faoin mbliain 2030. Beidh sé sin ina chuid rithabhachtach den aistriú mór chuig foinsí breoslaí agus teicneolaíochtaí atá saor ó charbón san earnáil iompair.

Ar mhaithe leis an Straitéis a mheas, rinneadh gréasán táscach bus amach anseo don bhliain 2040 a fhorbairt agus a bheachtú ar shlí atriallach, agus aird á tabhairt ar anailís ar an éileamh taistil feadh na gconairí. Beidh gá ann le pleanáil seirbhísí níos mionsonraithe a dhéanamh don ghréasán bus deiridh a chuirfear chun feidhme idir an gearrthéarma agus an meántéarma agus beachtófar ann an gréasán táscach a chuirfear i láthair

sa Straitéis seo mar gheall ar riachtanais oibríochtúla mhionsonraithe agus ar thosca athraitheacha tráchta áitiúil, i measc nithe eile.

8.2 BusConnects Phort Láirge

Le clár BusConnects Phort Láirge, soláthrófar seirbhís ardmhinicíochta iompair phoiblí atá níos iontaofa do Chathair Phort Láirge agus a bruachbhailte. Beidh an tseirbhís fheabhsaithe sin i bhfad níos fearr ná an córas atá ann cheana agus cuimseoidh sí gréasán níos cuimsithí, tosaíocht bus agus flít nua. Freastalóidh sí ar gach príomhcheann scríbe, soláthróidh sí cómhgartú le stáisiúin traenach agus bus agus tacóidh sí le seirbhísí Páirceála agus Taistil.

Tá dhá phríomhghné i gceist le BusConnects, is iad sin:

1. Tosaíocht bus a sholáthar trí lánáil bus, trí gheataí bus, trí naisc do bhusanna amháin agus trí bhearta eile; agus
2. Athruithe a dhéanamh ar an ngréasán seirbhíse bus chun minicíocht mhéadaithe agus oibriúchán níos éifeachtúla a sholáthar.

Ó thaobh tosaíochta bus de, tá na hailínithe táscacha le haghaidh conairí a bhfuil sé beartaithe go mbeidh busanna in ann taisteal gan mhoill orthu leagtha amach sa léarscáil dar teideal Bearta Tosaíochta Bus atá Beartaithe faoin mbliain 2040, agus tá gréasán seirbhíse iomlán an Limistéir Cheannchathartha le feiceáil sa léarscáil dar teideal An Gréasán Bus atá Beartaithe faoin mbliain 2040. Tá na hailínithe conaire faoi réir tuilleadh forbartha de réir mar a dhéantar dul chun cinn ar na próisis deartha agus phleanála le haghaidh na dtionscadal aonair.

8.2.1 Príomhbhealaí Dromlaigh

Nascann Príomhbhealaí Dromlaigh comharsanachtaí agus limistéir fho-uirbeacha amuigh le Lár na Cathrach agus forbrófar iad chun an t-éileamh taistil Traschathrach a phéireáil ar mhaithe le húsáid seirbhísí

bus a uasmhéadú. Moltar go soláthrófaí na bealaí sin idir gach 10 nóiméad agus gach 15 nóiméad an lá ar fad, agus minicíochtaí níos airde á soláthar ag buaicuaireanta. Beidh acmhainneacht ann minicíochtaí níos airde a sholáthar an lá ar fad de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh thar thréimhse na Straitéise.

8.2.2 Bealaí Gathacha Tacaíochta

Soláthróidh Bealaí Gathacha Tacaíochta cumhdach breise do na Bealaí Dromlaigh ag minicíocht níos ísle in áiteanna nach dtugann an t-éileamh taistil údar le seirbhísí ardmhinicíochta.

8.2.3 Cuarbhealaí

Tá an Gréasán táscach Cuarbhealaí Bus comhdhéanta de chuarsheirbhís ardmhinicíochta aonair tosaigh ar an taobh theas de Chathair Phort Láirge. Tá sé beartaithe go bhfreastalóidh an Cuarbhealach táscach ar roinnt príomhcheann scríbe lasmuigh de Lár na Cathrach, lena n-áirítear Ospidéal Ollscoile Phort Láirge, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, GFT Éireann, Port Láirge, agus Carraig Phiarais. A bhuí leis an nGréasán táscach Cuarsheirbhísí, soláthrófar nascacht bhreise agus cómhálartú breise le seirbhísí gathacha bus.

BEART BUS1

Gréasán Seirbhíse BusConnects

Tá sé mar rún ag an Údarás an Gréasán Seirbhíse BusConnects atá beartaithe sa Straitéis a sholáthar i gcomhar leis na húdaráis áitiúla, agus faireachán a dhéanamh ar an ngréasán chun feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh sa mheántéarma agus san fhadtéarma a shainaithint.

8.3 Tosaíocht Bus: Croíchonairí Bus Phort Láirge

Tá sé rithábhachtach tosaíocht a thabhairt do sheirbhísí bus in ionad trácht ginearálta ar mhaithe le córas bus atá éifeachtúil, minic agus iontaofa a sholáthar. Beidh an méid sin ina chuid dhílis de chlár foriomlán BusConnects.

Rachaidh an méadú beartaithe in acmhainn agus seirbhísí bus chun tairbhe do sciar suntasach de dhaonra Phort Láirge. Ní bhainfear amach an tairbhe uasta a bhaineann leis an infheistíocht in acmhainn mhéadaithe bus agus i seirbhísí méadaithe bus ach amháin i gcás go gcuirfear an leibhéal riachtanach tosaíochta bus chun feidhme, áfach. Is é an toradh a bheidh ar mhainneachtain déanamh amhlaidh ná seirbhís nach bhfuil barrmhaith do chustaiméirí ó thaobh luais agus iontaofachta de agus gá le níos mó busanna chun leibhéal seirbhíse ar leith a sholáthar toisc go moilleofar iad sa trácht ginearálta. Toradh eile a bheidh air sin is ea drochluach ar airgead, agus d'fhéadfadh sé an bonn a bhaint den argóint gheilleagrach ar son infheistíocht leantach a dhéanamh sa tseirbhís bus i Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge.

Tá méid na mbeart beartaithe tosaíochta bus ag teacht leis na patrúin éilimh iompair atá ag teacht chun cinn, á chinntiú gur féidir freastal ar sheirbhísí éifeachtúla, iontaofa agus minice. Is é an cuspóir atá le Príomhbhealaí Dromlaigh, i bprionsabal, ná tosaíocht bus ó cheann go ceann a sholáthar sa dá threo. Ar chodanna áirithe den ghréasán bóithre Náisiúnta, beidh sé riachtanach tuilleadh imscrúdaithe agus anailíse a dhéanamh le Bonneagar Iompair Éireann chun na torthaí tosaíochta bus is fearr a chinneadh agus beidh sé riachtanach na torthaí sin a chomhaontú leis. I limistéir áirithe den ghréasán, tá an carrbhealach atá ann cheana faoi shrian ag caolais bhóthair agus ag an bpáirceáil ar an tsráid.

Ar mhaithe le tosaíocht bus a sholáthar, beidh gá ann le bearta a dhéanamh. Áirítear leo sin:

- Deireadh a chur le páirceáil carranna ar an tsráid, le lánáil tráchta ginearálta agus le córais tráchta aontreo;
- Lánaí bus a sholáthar ar na bealaí isteach chuig aomhail, agus an trácht atá ag ciúail á sheachaint;

- Córas Cliste Iompair a chur i bhfeidhm, amhail geataí bus agus Ardchomharthaíocht Bus; agus
- Talamh a fháil.

BEART BUS2

Croíchonairí Bus

Tá sé mar rún ag an Údarás Croíchonairí Bus a shainaithint agus a sholáthar ar phríomhbhealaí gathacha a fhreastalaíonn ar an Limistéar Ceannchathartha.

BEART BUS3

Tosaíocht Bus

Cuirfidh an tÚdarás agus údaráis áitiúla bearta tosaíochta bus chun feidhme i lár na cathrach agus i lonnaíochtaí sa Limistéar Ceannchathartha ar mhaithe le moilleanna ar sheirbhísí bus a laghdú. D'fhéadfadh go n-áireofaí leo sin bearta amhail feabhsuithe aomhail, lánáil bus agus athruithe soilse tráchta.

8.4 An Gréasán Réigiúnach Bus / Éire a Nascadh

Comhlíonann seirbhísí réigiúnacha bus gné thábhachtach den Straitéis seo maidir le nascacht réigiúnach a chur chun cinn, rud atá ar cheann de na príomhchuspóirí straitéiseacha atá leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus leis an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach.

Tá sé beartaithe ag an Údarás feabhas leanúnach a chur ar an ngréasán seirbhísí réigiúnacha atá ann cheana d'fhonn minicíocht seirbhísí a mhéadú chun freastal ar an éileamh méadaitheach, de réir mar is gá. Is tríd an gclár 'Éire a Nascadh' a bheartaítear feabhas a chur ar an ngréasán réigiúnach bus. Is é is 'Éire a Nascadh' ann ná plean a bhfuil sé mar aidhm leis feabhas a chur ar shoghluaisteacht i limistéir thuaithe trí naisc níos fearr a sholáthar idir sráidbhailte, bailte agus cathracha trí na limistéir sin a cheangal le gréasán réigiúnach feabhsaithe bus.

Sna pleananna bainistíochta tráchta do na bailte, beidh sé riachtanach go bhfreastalófaí ar thréghluaiseacht busanna réigiúnacha agus go dtacófaí leis an thréghluaiseacht sin, cé nach dtagann bearta den sórt sin faoi raon feidhme aon Straitéise Iompair don Limistéar Ceannchathartha.

BEART BUS4 Éire a Nascadh

Tá sé mar rún ag an Údarás an clár ‘Éire a Nascadh’ a chur i gcrích agus a chur chun feidhme sa ghearrthearma chun a chinntiú go bhfreastalaíonn an t-iompar poiblí go maith ar bhailte agus sráidbhailte an Limistéir Cheannchathartha.

8.5 An Gréasán Ceannchathartha Bus

Ba cheart tosaíocht bus a sholáthar ag caolais bhóthair shainaitheanta i mBailte Ceannchathartha chun oibriú éifeachtúil seirbhísí bus agus agat iontaofa turais a chinntiú.

8.6 Nasc Áitiúil

Chun an gréasán bus atá beartaithe agus na seirbhísí áitiúla atá beartaithe i mBailte Ceannchathartha a chomhlánú, oibríonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair seirbhís ar a dtugtar Nasc Áitiúil. Tá sé mar aidhm le Nasc Áitiúil dul i ngleic le heisiáimh sóisialta faoin tuath agus seirbhísí bus a chomhtháthú le bealaí atá ann cheana, nuair is féidir. Gné de sheirbhísí Nasc Áitiúil is ea bealaí ó dhoras go doras, a thairgeann seirbhís thábhachtach do dhaoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu agus/nó nach bhfuil aon rochtain acu ar an iompar poiblí i limistéir thuaithe. Oibríonn seirbhísí Nasc Áitiúil ar fud Chontae Phort Láirge agus Chontae Chill Chainnigh.

BEART BUS5 Nasc Áitiúil

Tá sé mar rún ag an Údarás an clár ‘Éire a Nascadh’ a chur i gcrích agus a chur chun feidhme sa ghearrthearma chun a chinntiú go bhfreastalaíonn an t-iompar poiblí go maith ar bhailte agus sráidbhailte an Limistéir Cheannchathartha.

8.7 Cóistí

Tugann cóistí a lán cuairteoirí go Cathair Phort Láirge agus go dtí na limistéir cheannchathartha mórtimpeall, lena n-áirítear Trá Mhór, Dún Mór agus áiteanna feadh an chósta. Chun a chinntiú go mbeidh an Limistéar Ceannchathartha in ann freastal ar líon méadaitheach cuairteoirí, moltar go ndéanfaí an méid seo a leanas:

- Measúnacht a dhéanamh ar oibriú socruithe tuirlingthe agus bordála na seirbhísí cóiste atá ann cheana ar mhaithe le feabhas a chur ar na dálaí atá ann cheana; agus
- Straitéis chomhtháite Bainistíochta Cóistí a cheapadh chun tacú le bearta bainistíochta tráchta, leis an bpáirceáil agus le limistéir thuirlingthe ag príomhchinn scríbe.

BEART BUS6 Straitéis Bainistíochta Cóistí

Tá sé beartaithe ag an Straitéis forbairt a dhéanamh ar Straitéis Bainistíochta Cóistí chomhtháite chun a chinntiú go mbeidh gníomhaíocht an fhlíit cóistí príobháideacha ag teacht leis na mórtograí le haghaidh feabhsuithe bainistíochta tráchta agus feabhsuithe ríochta poiblí sa Limistéar Ceannchathartha.

8.8 Cothabháil Flít

Teánn gach píosa bonneagair iompair phoiblí i léig le himeacht ama agus is gá iad a athsholáthar. Teastaíonn infheistíocht shuntasach ar bhonn leanúnach chun feithiclí, scáthláin, comharthaí faisnéise agus saoráidí stáisiúin, i measc nithe eile, a athsholáthar. Ag obair dó i gcomhar le gach ceann de na hoibritheoirí iompair, ní mór don Údarás a chinntiú go gcoinneofar an bonneagar agus an flít cothrom le dáta agus gur ar fáil gach bliain a bheidh an leibhéal infheistíochta a theastaíonn chun an fhoistine a chothabháil, mar aon leis an leibhéal infheistíochta i mbonneagar nua.

BEART BUS7 Cothabháil Foistine an Iompair Phoiblí

Cinntoidh an tÚdarás agus oibritheoirí iompair go ndéanfar an bonneagar láithreach iompair phoiblí agus an flít láithreach iompair phoiblí a chothabháil de réir ardchaighdeán agus go n-athnuafar iad ag an am cuí.

8.9 Bearta Tacaíochta

Uasghrádófar an Gréasán nua Bus i bPort Láirge go suntasach de réir chaighdeán BusConnects. Uasghrádófar an gréasán réigiúnach bus ar an tslí chéanna, chun go n-áireofar leis bearta amhail iad seo a leanas:

- Tuilleadh Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí a sholáthar;
- Uathaimsiú Feithiclí ar bord a chomhtháthú i bhfíor-am le Córais Chliste Iompair chun tosaíocht a thabhairt do ghluaiseachtaí iompair phoiblí ag aomhail shoilsithe;
- Uasghráduithe a dhéanamh ar an ngréasán siúil chuig stadanna bus agus timpeall orthu chun compord, sábháilteacht agus inrochtaineacht a chinntiú do choisithe;
- Breithniú a dhéanamh ar sheirbhísí 24 huaire an chloig a chruthú;

- Ticéadú cliste a chur i bhfeidhm chun comhtháthú a chumasú le modhanna eile iompair agus chun moilleanna a laghdú;
- Aistriú chuig flít busanna atá lán-inrochtana;
- Flít busanna an Limistéir Cheannchathartha a aistriú go foinsí breosla atá saor ó charbón agus ina dteicneolaíochtaí eile astaíochtaí ísle, lena n-áirítear busanna leictreacha; agus
- Stíl chaighdeánaithe a ghlacadh i leith comharthaí stad bus, cuailí stad bus agus painéil faisnéise ag stadanna bus, agus brandáil chomhsheasmhach agus libhré comhsheasmhach á n-úsáid.

BEART BUS8**Flít Astaíochtaí Nialasacha**

Tá sé mar rún ag an Údarás flít bus atá comhdhéanta go hiomlán de bhusanna Astaíochtaí Nialasacha a sholáthar faoin mbliain 2030, i gcomhréir leis an mBeartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe.

BEART BUS9**Flít Lán-inrochtana**

Tá sé mar rún ag an Údarás a chinntiú gur lán-inrochtana a bheidh na busanna nua uile lena bhfreastalófar ar an Limistéar Ceannchathartha, d'fhonn aistriú go hiomlán chuig flít inrochtana thar thréimhse feidhme na Straitéise.

BEART BUS10**Stadanna agus Scáthlái Nua**

Tá sé mar rún ag an Údarás leanúint le clár um sholáthar stadanna agus scáthlái bus a chur chun feidhme chun freastal ar ghréasán bus an Limistéir Cheannchathartha, agus le faireachán a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann an soláthar sin a leathnú agus a uasghrádú tuilleadh le linn thréimhse feidhme na Straitéise.

BEART BUS11**Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí**

Tacóidh an tÚdarás le gréasán agus Croíchonairí Bus BusConnects a chur i bhfeidhm, agus Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí á soláthar ag stadanna bus, ag Moil Soghluaisteachta agus ag Cómhalartuithe.

BEART BUS12**Brandáil agus Libhré**

Féachfaidh an tÚdarás le brandáil agus libhré atá comhsheasmhach a sholáthar ar gach bus agus ar an mbonneagar tacaíochta ar fad, lena n-áirítear scáthlái agus stadanna.

BEART BUS13**Seirbhísí 24 hUaire an Chloig**

Déanfaidh an tÚdarás faireachán ar an éileamh ar sheirbhísí go mall san oíche agus seirbhísí 24 huaire an chloig ar an ngréasán bus agus scrúdóidh sé an acmhainneacht le haghaidh seirbhísí a sholáthar chun freastal ar aon riachtanas sainaitheanta.

08 BusConnects

31,632

An Líon Paisinéirí in
aghaidh an Lae sa bhliain
2040



**Paisinéirí
Bus**

Ag iompar
7,116

phaisinéir le linn bhuaiç-uair na
maidine



**Feidhmíocht na
gConairí Bu**

Conair Ché na
gCeannaithe –
Minicíocht Bus ag
Buaic-amanna na Maidine

1 nóiméad



Conair Shráid an
Mhainéir – Minicíocht
Bus ag Buaic-amanna na
Maidine

3 nóiméad



An Gréasán Bus agus

84 km
de bhealaí
traschathrach



9 km
de chuarbhealaí



7 km
de bhealaí gathacha



63 km
de lánaí bus agus de
bhearta tosaíochta bus



75
An líon busanna
nua a theastaíonn



1
An líon láithreán
straitéiseach Páirceála
agus Taistil



**Ag Nascadh na
Cathrach agus na
mBruachbhailte**



Ag Nascadh

Nascadh chuig Stáisiún Phluincéid,
Stáisiún Bus Phort Láirge, Institiúid
Teicneolaíochta Phort Láirge,
Ospidéal Ollscoile Phort Láirge agus
an Gréasán Páirceála agus Taistil
atá beartaithe agus cómhálartú a
sholáthar idir seirbhísí gathacha
bus agus cuarsheirbhísí bus



Os cionn


1,500




An líon paisinéirí a bheidh ag
cómhálartú idir seirbhísí bus
traschathrach, seirbhísí gathacha
bus agus cuarsheirbhísí bus le linn
bhuaiç-uair na maidine



An Gréasán Bus atá Beartaithe faoin mBliain 2040



Bearta Tosaíochta Bus atá Beartaithe faoin mBliain 2040





09 Iarnród

Tá na línte iarnróid ó Bhaile Átha Cliath go Port Láirge agus ó Ghabhal Luimnigh go Port Láirge faoi réir scrúdaithe chun luas na línte a ardú agus/nó chun iad a leictriú, rud a chuirfeadh feabhas ar nascacht ar an leibhéal réigiúnach agus náisiúnta.

Regional Spatial and Economic Strategy for the Southern Region



Tá an líne iarnróid atá ann cheana sa Limistéar Ceannchathartha comhdhéanta den líne iarnróid idir Port Láirge agus Baile Átha Cliath agus den líne iarnróid idir Port Láirge agus Ghabhal Luimnigh, a bhfreastalaíonn an dá cheann díobh ar raon leathan stáisiún idirmheánach, amhail stáisiúin i gCeatharlach, i gCill Chainnigh, i gCluain Meala agus i gCarraig na Siúire. Tá Ghabhal Luimnigh ina shócmhainn thábhachtach réigiúnach a idirnascair conairí iarnróid Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge. Is ann freisin do líne iarnróid idir Port Láirge agus Ros Láir, a dúnadh sa bhliain 2010. Leis an líne sin, soláthraítear nasc chuig Calafort Belview lena bhfreastalaítear ar thrácht lasta iarnróid.

Sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, tá breac-chuntas ar roinnt cuspóirí a bhaineann leis an Iarnród i gCuspóir Beartais Réigiúnaigh 170 agus i gCuspóir Beartais 7 de Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge. I gcomhthéacs náisiúnta an Athbhreithnithe Straitéisigh Iarnróid Uile-Oileáin, bhí na cuspóirí sin mar bhonn eolais d'fhorbairt na mbeart atá leagtha amach thíos.

9.1 Seirbhís Idirchathrach

Tá ag Cathair Phort Láirge roinnt seirbhísí Idirchathrach a sholáthraíonn naisc dhíreacha iarnróid ó Stáisiún Phluincéid go Baile Átha Cliath, go Cill Chainnigh agus go Cluain Meala agus naisc, trí Ghabhal Luimnigh, go Corcaigh, go Luimneach, go Trá Lí agus go hInis.

Mar atá sainaitheanta sa Chreat Náisiúnta Pleanála, sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, sa Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar an Iarnród, 2016, ó Iarnród Éireann, agus san Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin, tá an líne iarnróid ó Bhaile Átha Cliath go Port Láirge faoi réir scrúdaithe chun luas na líne a ardú, rud a chuirfeadh feabhas ar nascacht go cathracha réigiúnacha a bhuí leis an bhfeabhas ar agáit turais iarnróid. Mar an gcéanna, sainaithnítear

i Straitéis Iarnród Éireann 2027 an gá le feabhas suntasach a chur ar an líne idir Ghabhal Luimnigh agus Port Láirge agus ar stáisiún Ghabhal Luimnigh. Áirítear leis an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach ó Thionól Réigiúnach an Deiscirt freisin an cuspóir go méadófaí an mhinicíocht seirbhísí feadh na línte ó Bhaile Átha Cliath go Port Láirge agus ó Phort Láirge go Ghabhal Luimnigh.

Baineann Cuspóir Beartais 7 de Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge le Nascacht Réigiúnach. Sonraítear an méid seo a leanas ann: 'Is cuspóir é tacú le Nascacht Réigiúnach fheabhsaithe trí bhonneagar iompair straitéisigh a fhorbairt agus a chothabháil chun tacú le forbairt inbhuanaithe Phort Láirge agus an Oirdheiscirt, faoi réir an toraidh ar an Straitéis seo agus, nuair is infheidhme, faoi réir an toraidh ar bhreithmheas cuí, ar mheasúnachtaí timpeallachta agus ar an bpróiseas pleanála.' Cuimsítear sa Chuspóir Beartais sin roinnt tograí maidir le nascacht iarnróidbhunaithe, lena n-áirítear feabhsuithe ar na línte iarnróid idir Port Láirge agus Luimneach agus idir Port Láirge agus Ros Láir le haghaidh úsáid paisinéirí agus le haghaidh úsáid lasta araon, agus 'úsáid bharrmhaith a bhaint as an ngréasán iarnróid, agus Port Láirge á nascadh ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta chun freastal ar an ngluaiseacht daoine agus earraí, lena n-áirítear seirbhísí iarnróid comaitéireachta isteach i bPort Láirge a fhorbairt'.

Ós rud é go dtagann na tograí atá leagtha amach i gCuspóir Beartais 7 faoi na téarmaí tagartha don Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin (a bhfuil plé air le fáil thíos), agus ós rud é go mbaineann formhór na nithe sin le limistéir atá lasmuigh de theorainn an Limistéir Cheannchathartha, ní mholtar sa Straitéis seo aon bhearta sonracha maidir le nascacht iarnróid Idirchathrach ná réigiúnaigh.

9.2 Lonnaíochtaí lasmuigh den Limistéar Ceannchathartha

Ceann amháin de na cuspóirí a bhí le Plean Forbartha Contae Phort Láirge 2011-2017 ba ea measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann seirbhís iarnróid comaitéireachta a thabhairt isteach do Thrá Mhór. Cé nach bhfuil sé sin mar chuspóir le Plean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge 2022-2028 a thuilleadh, agus cé go bhfuil Trá Mhór suite lasmuigh de theorainn an Limistéir Cheannchathartha, rinneadh measúnú ar an acmhainneacht atá ann iompar iarnródbhunaithe a thabhairt isteach ar an mbealach sin le linn an Dréacht-Straitéis a ullmhú. Tugadh le fios sna torthaí ar an measúnú sin go mbeadh an t-éileamh ar an gconair sin i mbliain dheireanach na Straitéise faoi bhun na tairsí le haghaidh seirbhísí iarnróid éadroim nó seirbhísí iarnróid comaitéireachta agus gur leor seirbhís bus réigiúnach bhreisithe chun freastal ar éileamh paisinéirí i mbliain dheireanach na Straitéise. Dá bhrí sin, níl togra iarnródbhunaithe ar an gconair sin ina chuid den Straitéis.

Rinneadh measúnacht den chineál céanna le haghaidh lonnaíochtaí eile atá ar línte iarnróid atá ann cheana agus atá lasmuigh de theorainn Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge ach a thagann faoi raon feidhme limistéar Shamhail Réigiúnach an Oirdheiscirt. Ar na lonnaíochtaí sin tá Cluain Meala, Carraig na Siúire, Loch Garman agus Cill Chainnigh. Agus aird á tabhairt ar na réamhaisnéisí fáis daonra sna lonnaíochtaí sin go dtí an bhliain 2040, sainithníodh sa mheasúnacht go ndéanfaí soláthar leordhóthanach don éileamh paisinéirí dá dtairgfí iompar poiblí busbhunaithe.

9.3 An tAthbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin

Tá Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin á dhéanamh ag an Roinn Iompair agus ag Roinn Bonneagair Thuaisceart Éireann faoi láthair. Tá sé Sprioc leis an Athbhreithniú, mar atá:

- Rannchuidiú le Dícharbónú;
- Nascacht Uile-Oileáin a Fheabhsú idir na Mórchathracha;
- Inrochtaineacht Réigiúnach agus Tuaithe a Fheabhsú;
- Soghluaisteacht inbhuanaithe a spreagadh;
- Gníomhaíocht gheilleagrach a chothú; agus
- Indéantacht eacnamaíoch agus airgeadais a bhaint amach.

Maidir leis na roghanna atá á mbreithniú san Athbhreithniú Straitéiseach Uile-Oileáin, meastar na cinn seo a leanas a bheith ábhartha don Limistéar Ceannchathartha.

9.3.1 Débhóthar Iarainn ó Stáisiún Phluincéid, Port Láirge, go Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath

Féachfar san Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin ar na tairbhí a bhaineann leis an mbóthar iarainn singil idir Port Láirge agus Baile Átha Cliath a uasghrádú ina dhébhóthar iarainn. D'áireofaí leis na tairbhí féideartha a ghabhann leis an togra sin nascacht náisiúnta agus réigiúnach fheabhsaithe, rud a chomhlíonfadh go páirteach Cuspóir Beartais 7 de Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge, a bhaineann le nascacht réigiúnach fheabhsaithe.

9.3.2 Leictriú agus/nó Breoslú Malartach an Ghréasáin Iarnróid

Is é atá i gceist le Gníomh 279 den Phlean Gnímh don Aeráid 2021 a foilsíodh le déanaí ná an tAthbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin a chur i gcrích chun teacht ar shlite cuí inar féidir seirbhísí iarnróid idiruirbeacha a dhícharbónú. Tá an Straitéis seo i bhfách leis an ngníomh sin, rud as a dtiocfadh aistriú chuig breoslaí in-athnuaite a úsáid i réimse an iompair. Is é an toradh a bheadh ar an aistriú sin ná méadú ar fheidhmíocht agus laghdú ar chostais chothabhála, ar chostais fuinnimh agus ar astaíochtaí. Tá sé ríthábhachtach go n-ísleofaí astaíochtaí aeir agus torainn chun tacú le taitneamhacht chónaithe forbartha nua atá comhdhlúite timpeall na conaire iarnróid.

De mhalairt ar an ngréasán iarnróid a leictriú go hiomlán, d'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé an flít traenacha a uasghrádú ina dtraenacha ceallra-oibrithe agus/nó hibrideacha. Cé go soláthródh sé tairbhí atá cosúil leo sin a ghabhann le gréasán leictirithe caighdeánach, is amhlaidh, i gcomparáid leis an ngnáthobair iarfheistithe a theastaíonn, nach dteastaíonn ón gcineál traenach leictirí sin go ndéanfaí iarfheistiú mór ar an mbonneagar leictirithe ar fud an ghréasáin, amhail athruithe ar an soláthar cumhachta agus ar dhroichid. A bhuí leis an easpa athruithe sin ar an ngréasán, choigleofaí costais shuntasacha agus an gréasán iarnróid á leictriú.

9.3.3 An Líne ó Phort Láirge go Ros Láir

Mar chuid de phróiseas an Athbhreithnithe Straitéisigh Iarnróid Uile-Oileáin, tuigtear go measúnófar an acmhainneacht atá ann úsáid a bhaint as an líne iarnróid ó Phort Láirge go Ros Láir, rud a dúndadh sa bhliain 2010. Beartaítear i bPlean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge 2022-2028 freisin staidéar a ullmhú ar an líne sin le haghaidh nascacht iarnróid lasta agus paisinéirí a sholáthar sa todhchaí. Ba cheart moltaí an Athbhreithnithe Straitéisigh Iarnróid Uile-Oileáin a bhreithniú lena gcomhtháthú isteach sa Straitéis seo, faoi réir aon phróiseas measúnachta timpeallachta, de réir mar is cuí, agus beartaítear leis an Straitéis an líne iarnróid a chur i leataobh lena húsáid mar líne iarnróid sa todhchaí, ar feitheamh an tAthbhreithniú a chur i gcrích.

9.3.4 Lasta Iarnróid

Luaitear sa Tuarascáil maidir leis an Iompar Lasta d'Oileán na hÉireann go bhféadfadh Port Láirge bheith ar thús cadhnaíochta na hoibre chun tuilleadh coimeádán a ghluaiseacht d'iarnród. Seoladh seirbhís nua lasta idir Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, agus Port Láirge sa bhliain 2021. Moltar sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach ó Thionól Réigiúnach an Deiscirt go ndéanfaí nascacht iarnróid feadh na línte ó Phort Láirge go Baile Átha Cliath agus ó Phort Láirge go Gabhal Luimnigh a fheabhsú mar thosaíocht infheistíochta. Tá seirbhís iarnróid idir Port Láirge agus Eoraphort Ros Láir neamhghníomhach ón mbliain 2010 i leith. Beartaítear sa Straitéis ghlactha Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach ó Thionól Réigiúnach an Deiscirt imscrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann an líne sin a thabhairt ar ais chun nascacht iarnróid lasta agus paisinéirí amach anseo a éascú idir Eoraphort Ros Láir agus Port Láirge.

Chomh maith leis sin, déantar soláthar leis an Tuarascáil maidir leis an Iompar Lasta do 'Chríochfort Lasta Straitéiseach' a fhorbairt ag Gabhal Luimnigh chun freastal ar thrácht idirmhódach, ar mhol le haghaidh gníomhaíocht dáileacháin agus ar thacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí ar fud an mhór-réigiúin.

I bhfianaise na hoibre atá ar bun ar an Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin, níl sé beartaithe bearta sonracha a bhaineann le lasta iarnróid a chur ar áireamh sa Straitéis reatha seo. Ba cheart na moltaí ón bpróiseas sin a bhaineann le lasta iompair a mheas a bheith ina gcuid den Straitéis seo, faoi réir na bpróiseas measúnachta timpeallachta iomchuí.

Tá tuilleadh mionsonraí faoi lasta tugtha i gCaibidil 12: Lasta, Seachadadh agus Seirbhísí.

BEART RAIL1

An tAthbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin

Maidir leis na moltaí ón Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin, de réir mar a bhaineann siad leis an Limistéar Ceannchathartha, breithneofar iad lena gcomhtháthú isteach sa Straitéis seo, lena n-áirítear na moltaí a bhaineann le débhothar iarainn a chruthú ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Port Láirge agus leis an líne sin a leictriú, agus na moltaí a bhaineann le lasta iarnróid. Coinneofar an líne iarnróid ó Phort Láirge go Ros Láir i leataobh go dtí go bhfoilseofar an tAthbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin.

9.4 Stáisiún Phluincéid

Is é Stáisiún Phluincéid an críochfort le haghaidh seirbhísí iarnróid i gCathair Phort Láirge, agus é lonnaithe píosa beag ó thuaidh ón tSiúir, thart ar 15 nóiméad de shiúl na gcos ó Lár na Cathrach. Freastalaíonn seirbhísí iarnróid Idirchathrach agus roinnt seirbhísí bus cathrach ar an stáisiún, a fhágann go bhfuil deiseanna ann le haghaidh cómhálartú. Tá sé beartaithe foirgneamh an stáisiúin a athlonnú go Ceantar Nuálaíochta na gCéanna Thuaidh ar mhaithe le rochtain níos díri a thabhairt ar lár cathrach Phort Láirge trí Dhroichead Iompair Inbhuanaithe a chruthú ón Meal go Port an Chalaigh. Tacaíonn an Straitéis seo leis an stáisiún traenach a athlonnú chuig Crios Forbartha Straitéisí na gCéanna Thuaidh, rud lena soláthrófar deiseanna le haghaidh cómhálartú le seirbhísí bus cathrach tríd an Droichead Iompair Inbhuanaithe nua.

BEART RAIL2

Athlonnú Stáisiún Phluincéid

Leis an Straitéis, tacaítear le Stáisiún Phluincéid a athlonnú go láithreán nua i gCrios Forbartha Straitéisí na gCéanna Thuaidh.



10 Bóithre

Ba cheart gréasáin sráideanna a dhearadh chun nascacht a uasmhéadú idir cinn scríbe ar mhaithe le leibhéil níos airde tréscailteachta agus inléiteachta a chur chun cinn do gach úsáideoir, go háirithe cineálacha níos inbhuanaithe iompair.

An Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha, 2019



Tá sa Limistéar Ceannchathartha gréasán bóithre agus sráideanna Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla atá ann cheana. Áirítear leis an ngréasán bóithre an carrbhealach agus bonneagar eile mórbhealaigh, lena n-áirítear droichid, cosáin, rotharbhealaí, comharthaí, marcanna agus soilse tráchta.

Is é a bheidh sa phríomhthosaíocht le haghaidh na hinfheistíochta i mbóithre sa Straitéis seo ná an bonneagar bóithre atá ann cheana a chothabháil, a athnuachan, a bhainistiú agus a oibriú ar shlí níos éifeachtúla, mar atá leagtha amach in Ordalthas Idirghabhála an Chreata Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn. Áirítear leis na tosaíochtaí eile an taisteal ilmhódach a sholáthar, go háirithe ar bhóithre nua laistigh de limistéir uirbeacha, cur lena inchónaithe atá an gréasán sráideanna uirbeacha agus leis na feidhmeanna comhfhorbairt áite atá aige, agus an gréasán a bhainistiú chun tréthracht a dhíspreagadh i limistéir faoi fhoirgnimh.

10.1 Cur Chuige Malartach ar an Taisteal Carrbhunaithe

Beidh gréasán bóithre an Limistéir Cheannchathartha ag teastáil chun soláthar a dhéanamh do na turais a thógann daoine agus earraí. Mar gheall ar chineál na bpatrún taistil atá ann cheana sa Limistéar Ceannchathartha, is amhlaidh, nuair a bheidh aon acmhainn bóithre nua á soláthar, a bheidh sé riachtanach cothromaíocht a bhaint amach idir cur ar chumas an Limistéir Cheannchathartha an acmhainneacht fáis atá aige a bhaint amach agus a chinntiú ag an am céanna nach meallfaidh aon acmhainn bóithre bhreise tuilleadh turas de charr príobháideach agus nach gcruthóidh sí aon phatrúin forbartha atá spleách ar an gcarr. Beidh sé riachtanach go bhfreastalódh an t-iompar poiblí, an siúl agus an rothaíocht go príomha ar aon limistéir a dtiocfaidh fás suntasach orthu amach anseo. Beidh gá ann le haistriú

chuig modhanna níos inbhuanaithe freisin, agus an spleáchas ar an gcarr príobháideach á laghdú dá bharr sin.

Ar aon dul leis an gcuispóir atá ag an gCreat Náisiúnta Pleanála DLúthfhás a bhaint amach, tá sé mar aidhm leis an Straitéis seo tosaíochtaí forbartha straitéisí a chomhlíonadh le haghaidh patrúin lonnaithe níos dlúithe a dháileadh, rud a bheidh bunaithe ar chomhtháthú éifeachtach na pleanála úsáide talún agus na pleanála iompair.

Soláthróidh sé sin argóint fhadtéarmach inbhuanaithe gheilleagrach, chomhshaoil agus shóisialta ar son iompar poiblí atá iontaofa agus bealaí siúil agus rothaíochta atá ar ardchaighdeán a sholáthar agus ar son ríocht phoiblí atá cuimsitheach, tréscailteach agus duineláraithe a chruthú.

Ceann de phríomhphrionsabail na Straitése seo, mar sin, is ea tosaíocht a thabhairt d'iompar poiblí atá iontaofa agus éifeachtúil agus bealaí tarraingteacha breisithe siúil agus rothaíochta a sholáthar chun íoslaghdú a dhéanamh ar an ngá atá ann le taisteal de charr.

Cuirfidh cinntí cuí úsáide talún ón dá Údarás Áitiúla taca faoin méid sin, ar cinntí iad lena n-uasmhéadófar na deiseanna atá ann le haghaidh taisteal inbhuanaithe.

10.1.1 Tacú le Soghluaisteacht Inbhuanaithe

Mar thoradh ar chineál scaipthe na forbartha agus ar láthair na bpríomhcheann scríbe i gcoibhneas le láthair na tithíochta laistigh den Limistéar Ceannchathartha, beidh sé dúshlánach laghdú a dhéanamh ar an ngá atá ann le taisteal de charr príobháideach.

Tacóidh gréasán bóithre an Limistéir Cheannchathartha leis an taisteal inbhuanaithe chun na dúshlán sin a sháru ar an tslí seo a leanas:

- Mar thoradh ar chur chun feidhme ghréasán beartaithe BusConnects, lena n-áirítear saoráid bheartaithe Páirceála agus Taistil, laghdófar an t-éileamh ar bhóithre Náisiúnta agus cuirfear feabhas ar nascacht réigiúnach, go háirithe do dhaoine a bhíonn ag taisteal ó limistéir nach bhfreastalaíonn an t-iompar poiblí go maith orthu;
- Déanfar rochtain áitiúil ar an ngréasán bóithre straitéiseacha a bhainistiú agus a theorannú chun an fheidhm atá ag bóithre Náisiúnta a chosaint agus chun daoine a dhíspreagadh an carr a úsáid ar bhóithre Náisiúnta le haghaidh turais ghearra;
- Bearta bainistíochta éilimh a chur chun feidhme;
- Dearfar bóithre agus sráideanna uirbeacha chun tuilleadh siúil agus rothaíochta a éascú; agus
- Cuirfidh gréasáin sráideanna atá suite laistigh de limistéir agus comharsanachtaí uirbeacha istigh béim ar an bhfeidhm 'áite' atá acu agus cuirfidh siad lena inchónaithe atá na limistéir sin.

Tiocfaidh athrú ar chineál na mbóithre agus na sráideanna, ar aon dul le héilimh athraitheacha, de réir mar a ghluaistear trí na limistéir dhifriúla den Limistéar Ceannchathartha. De réir mar a ghluaistear i dtreo na cathrach, mar shampla, beidh tuilleadh bonneagair siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí ar ardchaighdeán le feiceáil ar na bealaí agus ar an sráid-dreach agus ní bheidh an carr chomh ceannasach céanna.

10.2 Prionsabail le haghaidh bóithre nua a sholáthar laistigh den Limistéar Ceannchathartha

Moltar sa Straitéis seo líon teoranta tionscadal bótharbhunaithe nua, ar tionscadail iad a theastaíonn chun gluaiseacht inbhuanaithe daoine, earraí agus

seirbhísí a éascú agus chun cuspóirí taistil inbhuanaithe agus bainistíochta tráchta a chomhlánú. Ar aon dul leis na hathruithe a rinneadh le déanaí ar bheartais náisiúnta iompair, aeráide agus talún, cuirfear na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm maidir le haon bhóithre nua a sholáthrófar sa Limistéar Ceannchathartha:

- Forbrófar gach scéim bóithre de réir chuspóir Dlúthfháis an Chreata Náisiúnta Pleanála agus de réir Thosaíochtaí Infheistíochta an Rialtais, mar atá ar áireamh sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta;
- I gcás bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, ní mór a chinntiú go ndéanfar an acmhainn agus an fheidhm atá ag bóithre Náisiúnta ó thaobh tráchta straitéisigh de a chothabháil de réir chuspóir an Chreata Náisiúnta Pleanála chun Inrochtaineacht Réigiúnach a Fheabhsú agus de réir an doiciméid dar teideal 'Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta' ó Bhonneagar Iompair Éireann, a bhfuil mar aidhm leis an fheidhm straitéiseach atá ag an ngréasán bóithre Náisiúnta, mótarbhealaí san áireamh, a chosaint. Atreorófar trácht áitiúil chuig bealaí cuí agus bainisteofar deiseanna chun an gréasán Bóithre Náisiúnta a úsáid chun tús áite a thabhairt do ghluaiseachtaí straitéiseacha;
- Seachas Mótarbhealaí nó bóithre straitéiseacha eile rochtana teoranta, dearfar gach scéim bóithre nua chun socruithe sábháilte cuí a sholáthar chun soláthar siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí a éascú; agus
- Ní mór cloí le hOrdLathas Idirghabhála an Chreata Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn in aon scéimeanna bóithre nua, á léiriú nach féidir le réitigh mhalartacha, amhail iompar poiblí a sholáthar, bearta bainistíochta tráchta a dhéanamh nó bearta bainistíochta éilimh a dhéanamh, aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na himthosca atá taobh thiar den scéim bheartaithe bóithre nó nach bhfuil na réitigh mhalartacha sin infheidhmithe nó cuí sna himthosca ar leith. Go ndéanfar scéimeanna bóithre, seachas mótarbhealach nó bóthar cosanta, a dheardh chun socruithe sábháilte cuí a sholáthar chun siúil, rothaíocht agus iompar poiblí a éascú, lena n-áirítear, de réir mar is infheidhmithe, saoráidí

Sainaithnítear sna rannáin seo a leanas na feabhsuithe bonneagair beartaithe ar na gréasáin bóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla laistigh den Limistéar Ceannchathartha. Déanfar ailíniú agus cineál gach togra bóithre Náisiúnta a chinneadh ar aon dul leis na Treoirilínte Breithmheasa Tionscadail ó Bhonneagar Iompair Éireann agus leis an treoir ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le breithmheas scéime, lena n-áirítear Measúnacht ar Roghanna Bealaigh agus Cás Gnó. Tá na tograí seo a leanas faoi réir an reachtaíocht ábhartha comhshaoil agus na Treoracha ábhartha ón Aontas Eorpach a chomhlíonadh.

BEART ROAD1

Prionsabail um Fhorbairt Bóithre

- Nach mbeidh aon mhéadú suntasach ann san acmhainn do thurais de charr príobháideach ar bhóithre gathacha laistigh den Limistéar Ceannchathartha, ach amháin i gcás go mbeidh athailínithe nó athruithe aomhail ag teastáil ar chúiseanna sábháilteachta;
- Go ndéanfar soláthar d'infheistíocht foistine i ngréasán bóithre Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge;
- Nach rachaidh scéim bheartaithe bóithre ar aghaidh ach amháin i gcás go léireofar go sásúil nach féidir le réitigh mhalartacha, amhail iompar poiblí a sholáthar, bearta bainistíochta tráchta a dhéanamh agus/nó bearta bainistíochta éilimh a dhéanamh, aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na himthosca atá taobh thiar den scéim bheartaithe bóithre nó nach bhfuil na réitigh mhalartacha sin infheidhmithe nó cuí sna himthosca ar leith. Go ndéanfar scéimeanna bóithre, seachas mótarbhealach nó bóthar cosanta, a dheardh chun socruithe sábháilte cuí a sholáthar chun siúil, rothaíocht agus iompar poiblí a éascú, lena n-áirítear, de réir mar is infheidhmithe, saoráidí

siúil agus rothaíochta a sholáthar as líne i gcás go measfar é sin a bheith ina réiteach níos tarraingtí do na modhanna sin;

- Gurb amhlaidh, i gcás go mbeidh seachbhóthar uirbeach i gceist le scéim bóithre, nach mór bearta a mholadh agus a chur chun feidhme chun an spás bóithre laistigh den limistéar seachanta a ath-leithdháileadh ar an iompar inbhuanaithe agus/nó ar fheabhsuithe ar an ríocht phoiblí;
- Go mbeidh an t-éileamh taistil nó na riachtanais forbartha atá taobh thiar den togra i gcomhréir leis na beartais réigiúnacha agus náisiúnta a bhaineann le pleanáil iompair, pleanáil úsáide talún agus pleanáil forbartha; agus
- Nach mbainfidh forbairt na scéime bóithre de thorthaí tairbheacha ionchasacha na Straitéise ar aon slí shuntasach.

10.3 An Gréasán Bóithre Náisiúnta

Imríonn bóithre Náisiúnta na hÉireann ról ríthábhachtach laistigh dá córas iompair foriomlán agus maidir lena forbairt gheilleagrach, shóisialta agus fhisiciúil. Soláthraíonn bóithre Náisiúnta nascacht straitéiseach idir príomh-lárionaid daonra agus fostaíochta na tíre agus tairseacha tábhachtacha idirnáisiúnta amhail poirt agus aerfoirt.

Leagfar an díriú ar an infheistíocht a rinneadh cheana féin a chothabháil chun sócmhainní bóithre Náisiúnta atá ann cheana a chosaint agus chun iad a choinneáil sábháilte agus oiriúnach don fheidhm trí chleachtais chuí bhainistíochta conairí a chur i bhfeidhm. Ar aon dul leis sin, beidh laghdú sa spleáchas ar an gcarr do chuarthuais ag teastáil má táthar chun na leibhéil phlódaithe a laghdú ar an N25, ar bóthar é a bhfuil tábhacht straitéiseach leis, agus ar bhóithre Náisiúnta eile sa mhór-réigiún.

Tá na ceanglais le haghaidh bóithre Náisiúnta a phleanáil agus a fhorbairt laistigh den Limistéar Ceannchathartha leagtha amach thíos, a mhéid a bhaineann siad le tacú le cuspóirí iompair inbhuanaithe na Straitéise seo, agus iad ailínithe go hiomlán leis na sainmhínte agus na prionsabail atá leagtha amach sna treoirínte ó Bhonneagar Iompair Éireann maidir le Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta:

- Is é an phríomhfheidhm atá ag bóthar Náisiúnta ná freastal ar thrácht straitéiseach;
- I gcomhthéacs bóithre Náisiúnta, bíonn trácht straitéiseach comhdhéanta go príomha de thrácht idiruirbeach agus de thrácht idir-réigiúnach – bíodh feithiclí earraí troma, carranna, seirbhísí bus iompair phoiblí nó feithiclí eile seirbhíse poiblí i gceist leo – a rannchuidíonn le forbairt shocheacnamaíoch, lena n-áirítear iompar earraí agus táirgí, go háirithe trácht chuig na príomhphoirt agus na príomhaerfoirt agus uathu araon, idir thrácht a ghabhann don iompar lasta agus thrácht a ghabhann don iompar paisinéirí;
- Féadfar glacadh le trácht feidhme tánaistí áitiúla ar bhóithre Náisiúnta a mhéid nach mbeidh aon tionchar ag an trácht sin ar an bpríomhfheidhm atá acu, is é sin, freastal ar thrácht straitéiseach; agus
- I gcás go mbeidh tionchar ag feidhmeanna tánaisteacha atá ann cheana ar an bpríomhfheidhm atá ag bóithre Náisiúnta, cuirfear bearta bainistíochta éilimh i bhfeidhm chun an tionchar sin a mhaolú.

Is é an toradh a bheidh ar na bearta sin ná carrthrácht áitiúil a chur ó úsáid mhíchuí a bhaint as an ngréasán bóithre Náisiúnta, cur lena tharraingtí atá roghanna eile iompair phoiblí, agus infheistíocht i bhfeabhsuithe iompair phoiblí den sórt sin a dhéanamh níos inmharthana ón taobh eacnamaíoch de. Gan na hidirghabhálacha sin, leanfaidh plódú agus úsáid an chairr phríobháidigh le méadú sa Limistéar

Ceannchathartha, rud a chuirfidh i mbaol aon infheistíocht shubstaintiúil a rinneadh cheana féin i mbóithre náisiúnta a bhfuil tábhacht straitéiseach leo.

10.3.1 An N24

Mar chuid de mhórstaidéar atá ar bun ag Bonneagar Iompair Éireann, tá breithniú á dhéanamh ar fheabhas a chur ar an N24 atá ann cheana idir Port Láirge agus an Chathair, rud a théann trí bhailte agus sráidbhailte amhail Cluain Meala, Cill Sioláin, Carraig na Siúire agus Móin Choinn. Áirítear iad seo a leanas leis na feabhsuithe sin:

- Seachbhóthar Charraig na Siúire ar an N24;
- Seachbhóthar Lasmuigh Chluain Meala ar an N24;
- Feabhas ar an N24 ó Chluain Meala go dtí an Chathair; agus
- Seachbhóthar Mhóin Choinn ar an N24.

Tá an togra seo ag teacht le Toradh Straitéiseach Náisiúnta 2 an Chreata Náisiúnta Pleanála, is é sin: Inrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe a sholáthar. Sa Phlean Forbartha Náisiúnta, sainithnítear an N24 ón gCathair go Port Láirge mar thionscadal bóithre náisiúnta a bhí ina chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta roimhe agus atá faoi réir tuilleadh ceadaithe a fháil.

Cuireadh Céim 1 den tionscadal sin don N24 (Coincheap agus Indéantacht) i gcrích i mí Feabhra 2021. Cuireadh comhairliúchán poiblí Chéim 2 ar siúl idir an 3 Bealtaine 2022 agus an 20 Bealtaine 2022, agus tá sé beartaithe an réiteach iompair roghnaithe a fhógairt ag deireadh an dara ráithe den bhliain 2023.

10.3.2 An N25 ó Phort Láirge go dtí an Gleann Mór

Ag gníomhú di i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann, tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Chill Chainnigh feabhas a chur ar an N25 atá ann cheana idir Port Láirge agus an Gleann Mór trí phríomhbhealach náisiúnta a chruthú i riocht carrbhealaigh dhúbailte,

rud a nascfadh le Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin ar an N25 agus le Seachbhóthar Chathair Phort Láirge ar an N25. Tá an togra seo ag teacht le Toradh Straitéiseach Náisiúnta 2 an Chreata Náisiúnta Pleanála, is é sin: Inrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe a sholáthar. Tá scéim an N25 ó Phort Láirge go dtí an Gleann Mór mar chuid den Ghréasán Cuimsitheach tras-Eorpach Iompair.

BEART ROAD2

Ceanglais Bóithre Náisiúnta

- Is é an príomhfheidhm atá ag bóithre náisiúnta ná freastal ar thrácht straitéiseach, agus ní mór an fheidhm sin a chosaint;
- I gcomhthéacs bóithre náisiúnta, bíonn trácht straitéiseach comhdhéanta go príomha de thrácht idiruirbeach agus de thrácht idir-réigiúnach. Áirítear leis an trácht sin feithiclí a ghabhann don iompar earraí agus táirgí, go háirithe iad sin a thaistealaíonn chuig na príomhphoirt agus na príomhaerfoirt agus uathu araon, idir fheithiclí a ghabhann don iompar lasta agus fheithiclí a ghabhann don iompar paisinéirí. Áirítear leis freisin carranna, busanna agus feithiclí eile seirbhíse poiblí a rannchuidíonn le forbairt gheilleagrach náisiúnta agus réigiúnach;
- Déanfar luach sócmhainne, iontaofacht agus feidhmiúlacht an ghréasáin bóithre náisiúnta a chosaint agus a chothabháil laistigh den Limistéar Ceannchathartha;
- Níor cheart feidhmeanna tánaisteacha áitiúla a spreagadh, ná pleanáil a dhéanamh dóibh, ar bhóithre náisiúnta laistigh den Limistéar Ceannchathartha;
- Ní dhéanfar bóithre náisiúnta a fhorbairt ná a phleanáil chun tacú le fairsingiú uirbeach leanúnach trí chriosú a dhéanamh ar úsáidí talún cónaithe atá suite cóngarach do chonairí bóithre náisiúnta nó laistigh díobh;

- Féadfar freastal ar thrácht feidhme tánaistí áitiúla ar bhóithre náisiúnta a mhéid nach mbeidh aon tionchar ag an trácht sin ar an bpríomhfheidhm atá acu, is é sin, freastal ar thrácht straitéiseach; I gcás go mbeidh tionchar ag feidhmeanna tánaisteacha ar an bpríomhfheidhm atá ag bóithre náisiúnta, ba cheart bearta bainistíochta éilimh a bhreithniú chun an tionchar sin a mhaolú.

BEART ROAD3

Tionscadail Bóithre Náisiúnta

- Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag Bonneagar Iompair Éireann na scéimeanna bóithre náisiúnta atá liostaithe sa Straitéis Iompair a sholáthar, faoi réir iad a bhreithmheas in aghaidh beartais agus cuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha.

10.4 Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

10.4.1 Ceanglais

Ceanglaítear ar an ngréasán bóithre Réigiúnacha na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Naisc shiúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán a sholáthar;
- Rochtain agus tosaíocht a sholáthar do bhealaí iompair phoiblí, idir chuarbhealaí agus bhealaí gathacha;
- Gluaiseacht tréthrachta ar fud Lár Cathrach Phort Láirge a theorannú; agus
- Cabhrú le trácht áitiúil a bhaint den ghréasán bóithre straitéiseacha.

Chun na ceanglais sin a bhaint amach, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an éileamh ar an spás bóthair ar charrbhealaí agus ar ath-leithdháileadh an spáis sin chun a shainaithint cén dóigh a bhféadfaí gach spás conaire a úsáid ar shlí níos fearr don siúl, don rothaíocht, don iompar poiblí agus do charthrácht. Is gá go mbeadh na ceanglais sin ag teacht le hOrdLathas

Idirghabhála an Chreata Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn.

De bhreis air sin, breithneofar le linn gach scéim a fhorbairt an fhéidearthacht a bhaineann le réitigh deartha dhúlra bhunaithe a úsáid le haghaidh maolú i scéimeanna bóithre réigiúnacha agus áitiúla, agus aird á tabhairt ar an treoir dea-chleachtais amhail an Framework for Blue-Green Infrastructure and Nature-based Solutions ó Thionól Réigiúnach an Deiscirt. Tá sé sin ag teacht le cuspóir atá ar áireamh i gCuspóir Beartais Réigiúnaigh 168 den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach.

Leagtar amach sna rannáin seo a leanas an bonneagar breise bóithre réigiúnacha agus áitiúla a chruthófar sa Limistéar Ceannchathartha agus na feabhsuithe a dhéanfar ina leith sin.

10.4.2 Bóthar Faoisimh Phort an Chalaigh

Bheadh Bóthar Faoisimh beartaithe Phort an Chalaigh thart ar 2 km ar fad agus nascfadh sé Timpeallán Bhaile na Gráige leis an Ráth Nua, áit a dtiocfadh sé le chéile le Bóthar na Rátha Nua atá ann cheana. Mar chuid den scéim, chruthófaí seachbhóthar Phort an Chalaigh chun cabhrú le “Sráidbhaile Uirbeach” a chruthú laistigh de Phort an Chalaigh.

Tá breithniú á dhéanamh ar fheabhas a chur ar an nascacht bóithre idir an Ráth Nua agus Timpeallán Bhaile na Gráige chun a chinntiú nach mbeadh ar an trácht a thaistealaíonn soir siar dul tríd an limistéar láir faoi fhoirgnimh de Phort an Chalaigh a thuilleadh. Is é an toradh a bheadh ar an trácht sin a bhaint den limistéar faoi fhoirgnimh ná go gcruthófaí spás poiblí atá níos sábháilte agus níos tarraingtí laistigh de Phort an Chalaigh. Tá sé mar aidhm leis an nascacht bóithre sin freisin cur le nascacht agus tréscailteacht na limistéar cónaithe atá ann cheana.

10.4.3 Bóthar na Mainistreach go Bóthar Bhaile na Gráige

Bheadh an nasc beartaithe ó thuaidh ó dheas idir Bóthar na Mainistreach agus Bóthar Bhaile na Gráige thart ar 1.4 km ar fad agus thabharfadh sé deis chun nasc ó thuaidh ó dheas a chruthú sa limistéar. Tá bac ann ar nascacht ó thuaidh ó dheas faoi láthair mar gheall ar líne iarnróid as úsáid a bheith ann idir Ros Mhic Thriúin agus Port Láirge. Sholáthródh an togra seo nasc nua ó thuaidh ó dheas i gcomharsanacht scéimeanna tithíochta Ross Abbey agus Clover Meadows.

10.4.4 Feabhsuithe Acomhail

Moltar feabhsuithe acomhail a dhéanamh chun feabhas a chur ar an sruth tráchta, chun soláthar a dhéanamh don iompar poiblí agus chun feabhas a chur ar an timpeallacht coisithe. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin ná seanacomhail atá dírithe ar acmhainn carranna a sholáthar a iarfheistiú chun go n-áireofar leo Córais Chliste Tráchta agus comharthaíocht chliste tráchta.

10.4.5 Bainistíocht Tráchta Lár na Cathrach

Tá cuid mhór de Lár Cathrach Phort Láirge faoi cheannas ag carranna príobháideacha. Tá sé mar phríomhchuspóir, mar sin, laghdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as carranna príobháideacha chun taisteal chuig Lár na Cathrach agus laistigh de Lár na Cathrach thar thréimhse feidhme na Straitéise. Tá an t-athrú dírithe sin ar aon dul leis an aitheantas a bhíonn á thabhairt do na tionchair a imríonn trácht feithiclí agus astaíochtaí carbóin ar an gcomhshaol agus ar cháilíocht beatha daoine.

Déanfar athbhreithniú ar ghréasán sráideanna na Cathrach d'fhonn spás a chur i leataobh don iompar poiblí, don siúl agus don rothaíocht ar mhaithe le heispéireas níos tarraingtí agus níos beoga a chruthú do chónaitheoirí agus do chuairoteoirí agus ar mhaithe

le haercháilíocht agus cáilíocht torainn a fheabhsú ag an am céanna. Éascófar rochtain áitiúil go fóill trí leas a bhaint as bealaí tiomána ainmnithe chuig an gCathair. Tabharfar tosaíocht don iompar poiblí ar roinnt bealaí i riocht buslánaí, geataí bus atá teoranta ó thaobh ama de nó Ardchomharthaíocht Bus ag acomhail.

Tá líon mór spásanna páirceála carranna ar an tsráid ann laistigh de Lár na Cathrach faoi láthair. Is féidir é sin a fheiceáil feadh na gCéanna go háirithe, áit a bhfuil 1,000 spás páirceála carranna, beagnach, ar fáil i gcarrchlóis ainmnithe agus ar an tsráid. Dá ainneoin sin, laghdaíodh an líon áiteanna páirceála sin go pointe éigin le déanaí mar gheall ar fhorbairtí ríochta poiblí. Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an líon spásanna páirceála fadhfhanachta laethúla atá ar fáil sa chathair agus ar an struchtúr muirearaithe agus na leibhéil muirearaithe a chuirtear i bhfeidhm ina leith.

BEART ROAD4

Bainistíocht Tráchta Lár na Cathrach

Forbrófar Plean Bainistíochta Tráchta do Chathair Phort Láirge i gcomhar leis na húdaráis Áitiúla.

10.4.6 Na Bailte Mórthimpeall

Samhlaítear gurb iad feabhsuithe ar an sráid-dreach agus ar an riocht poiblí, a pléadh roimhe seo sa chaibidil dar teideal 'Siúl', a bheidh i gceist go príomha leis na feabhsuithe a dhéanfar ar an ngréasán bóithre laistigh de na bailte mórthimpeall thar thréimhse feidhme na Straitéise.

Den chuid is mó, díreofar sna limistéir sin ar shárú a dhéanamh ar na dúshláin a thagann as oidhreacht na forbartha scaipthe agus na lár drochshainithe. Ba cheart cuspóirí do na limistéir sin a fhorbairt trí Phleananna Áitiúla Iompair aonair, agus modheolaíocht na Measúnachta Iompair Limistéarbhunaithe á húsáid.

Áirítear Port an Chalaigh agus an Pasáiste/an Crúc leis na bailte ceannchathartha atá lonnaithe sa Limistéar Staidéir.

BEART ROAD5

An Beartas maidir le Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

- Uasghráduithe riachtanacha a dhéanamh ar an ngréasán bóithre réigiúnacha agus áitiúla ar aon dul leis na Prionsabail um Fhorbairt Bóithre atá leagtha amach thuas;
- Cuarbhoithre timpeall lár bailte a fhorbairt, i gcás go ndéanfar é sin mar chuid de phlean soghluaisteachta inbhuanaithe, mar aon le saoráidí iompair phoiblí, rothaíochta agus coisithe níos fearr a éascú sa lár lena mbaineann;
- Naisc bhóthair chuig a fhorbairt chun freastal ar limistéir forbartha, lena n-áirítear saoráidí iompair phoiblí a sholáthar (nuair is gá) agus saoráidí taistil ghníomhaigh a sholáthar;
- Sábháilteacht a fheabhsú do choisithe agus do rothaithe trí acomhail bhóthair níos sábháilte a sholáthar, trí fheabhas a chur ar shaoráidí trasnaithe do choisithe agus trí bhearta cuí rothaíochta a chur san áireamh, lena n-áirítear trasrianta lena ngabhann comharthaí, nuair is gá;
- Breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le réitigh dheartha dhúlra bhunaithe a úsáid le haghaidh maolú le linn scéimeanna a phleanáil agus a dheardh; agus
- Feabhsuithe acomhail, athailínithe agus athchumruithe áitiúla a chur chun feidhme ar an ngréasán bóithre réigiúnacha agus áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh shábháilteachta agus/nó chun tacú le tograí iompair chomhtháite a fhreastalaíonn ar gach úsáideoir bóithre.

10.4.7 Bóithre agus Sráideanna Uirbeacha

Laistigh de limistéir uirbeacha, tá níos mó i gceist le bóithre ná éascú a dhéanamh ar an iompar agus ar an ngluaiseacht a theastaíonn chun freastal ar riachtanais eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil. Tríd an leagan amach a dhéanamh dlúth agus níos idirnasctha, go háirithe in áiteanna ina bhfuil seirbhísí bus nó iarnróid ar dhea-chaighdeán ar fáil, cabhrófar le cathracha, bailte agus sráidbhailte a chomhdhlúthú chun iad a dhéanamh inmharthana don iompar poiblí iontaofa agus chun rátaí níos airde siúil agus rothaíochta a éascú iontu.

Díríonn comhfhorbairt áite ar an idirghníomhaíocht idir daoine agus an timpeallacht uirbeach agus ar ardcháilíocht na beatha, ómós áite agus muintearas a bhaint amach. Imríonn pleanáil agus dearadh uirbeach ról lárnach maidir le háiteanna ar ardchaighdeán a sholáthar. Is féidir le sráideanna atá dea-dheartha agus atá ina ngné thábhachtach den ríocht phoiblí gréasáin nasctha fhisiciúla, shóisialta agus iompair a chruthú ina gcuirtear fíor-roghanna eile ar an gcarr chun cinn, lena n-áirítear siúl, rothaíocht agus iompar poiblí. Is féidir le dearadh comhtháite sráideanna ar ardchaighdeán bheith éifeachtach ó thaobh costais agus éifeachtúlachta de trí luasanna trácht a bhainistiú agus trí thuiscint níos fearr a chothú idir úsáideoirí gach modha iompair.

BEART ROAD6

Bóithre agus Sráideanna Uirbeacha

Cothófar agus éascófar cur chuige áitbhunaithe i leith bóithre agus sráideanna uirbeacha le linn an Straitéis Iompair a chur chun feidhme.

10.5 Luasteorainneacha

D'fhéadfaí úsáid na sráideanna de shiúl na gcós agus de rothar a dhéanamh níos sábháilte trí thacú le luasteorainneacha a laghdú i limistéir uirbeacha. Spreagtar úsáid modhanna inbhuanaithe ar na

sráideanna is ísle luasteorainn, go háirithe úsáid na modhanna sin ag na húsáideoirí is soghonta bóithre, agus rannchuidíonn na sráideanna sin le comhfhorbairt áite. Tá sé sin ábhartha go háirithe do lár bailte agus do lár cathracha, lena n-áirítear laistigh de chuarbhóthar lasmuigh Phort Láirge.

BEART ROAD7

Laghdú ar Luasteorainneacha

I gcomhréir leis na beartais maidir le luasteorainneacha atá le cinneadh ag an údarás áitiúil tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás, tacófar le luasteorainneacha a laghdú go 30 km in aghaidh na huaire ar bhóithre agus sráideanna uirbeacha agus forbrófar amlíne le haghaidh cur chun feidhme.

10.6 Nascacht Trasabhann

Leagtar amach sa rannán seo an bonneagar droichead a bhreithneofar agus na tairbhí féideartha gaolmhara a mheasúnófar mar chuid den Straitéis seo. Cuirtear san áireamh ann an Beartas Eorpach agus Náisiúnta i gcomhthéacs an Phlean Forbartha Náisiúnta. Cuirtear san áireamh ann freisin an Beartas Áitiúil mar atá i bPlean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge, i bPlean Forbartha Contae Chill Chainnigh, sa Phlean Straitéiseach do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge agus i Staidéar Pleanála, Úsáide Talún agus Iompair Phort Láirge.

Maidir le trasrianta breise féideartha trasna na Siúire, tugadh aird le linn an Straitéis seo a ullmhú ar na hiarmhairtí a bheidh ag ceanglais speisialta na scéime um dholaí a mhuirearú (an Scéim Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí do Sheachbhóthar Phort Láirge/ an N25). Go háirithe, ba phríomhbhreithniúcháin iad na drochimpleachtaí tromchúiseacha airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann don Státchiste dá soláthrófaí trasrianta breise síos an abhainn i gcomharsanacht Dhroichead Thomáis Proinsias Uí Mheachair, mar thoradh ar ghealltanais chonarthaacha a rinne an Stát.

10.6.1 Droichead Iompair Inbhuanaithe na Siúire

Fuair Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge cistiú le haghaidh Droichead Iompair Inbhuanaithe na Siúire a thógáil, rud ar cheadaigh an Bord Pleanála é i mí Mheán Fómhair 2019. Tá sé beartaithe go ngníomhódh an Droichead Iompair Inbhuanaithe mar spreagthach le haghaidh cé Chathair Phort Láirge a bhunathrú chun feabhais. Freastalóidh sé ar choisithe, ar rothaithe agus ar sheirbhís bus leictreach tainteála thar an tSiúir, idir an Túr Cloig atá ann cheana ar na céanna theas agus iarláithreán athfhorbraíochta tionsclaíoch, rud a fhorbrófar ina Chrios Forbartha Straitéisí ar na céanna thuaidh. Áirítear leis an bhforbairt freisin plás a bheidh lonnaithe ag pointe tuirlingthe na gcéanna theas. Déanfar an plás sin a phábháil agus a thírdhreachú, lena n-áireofar soilsiú, troscán sráide, plandú agus oibreacha coimhdeacha gaolmhara.

Meastar go gcabhróidh an Droichead Iompair Inbhuanaithe le Cathair Phort Láirge a fhorbairt tuilleadh agus go n-éascóidh sé forbairt thailte Chrios Forbartha Straitéisí na gCéanna Thuaidh. San am i láthair, is é Droichead an Rísigh an t-aon trasrian amháin eile thar an tSiúir atá suite laistigh de Lár Cathrach Phort Láirge. Mar gheall ar an líon beag trasrianta thar an tSiúir, tá easpa nascachta le Cathair Phort Láirge ar limistéir chónaithe Phort an Chalaigh agus Bellfield ar an mbruach thuaidh.

10.6.2 Trasrian Síos an Abhainn

Áirítear leis an bPlean Straitéiseach do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge faisnéis faoi Thrasrian breise Síos an Abhainn a sholáthar i gcomharsanacht Pháirc May nó Ard Caoin.

Is é an toradh atá beartaithe ar an Trasrian Síos an Abhainn ná an Cuarbhóthar Lasmuigh a shíneadh ó thuaidh, agus an dá thaobh de Chathair Phort Láirge á nascadh dá bharr sin. Toradh eile a bheadh

ar an droichead sin ba ea go soláthrófaí rogha bhealaigh mhalartaigh trasna na Siúire agus go bhféadfaí láithreáin forbraíochta amach anseo ar an gCuarbhóthar Lasmuigh a nascadh le Calafort Phort Láirge agus leis na Céanna Thuaidh, anuas ar fheabhas a chur ar an rochtain ar an Ospidéal Ollscoile. Is iad seo a leanas na haidhmeanna atá leis an Trasrian Síos an Abhainn:

- An gréasán cuarbhóithre a chur i gcrích agus bealach dáileacháin a sholáthar timpeall na cathrach;
- Limistéir forbraíochta atá suite ar an taobh thuaidh den tSiúir a nascadh le forbairtí tithíochta agus forbairtí eile ar an taobh theas;
- Faoiseamh tráchta a sholáthar do Lár na Cathrach; agus
- Pointe trasnaithe malartach eile a sholáthar thar an Abhainn.

10.6.3 An Meal go Port an Chalaigh

Luaitear sa Phlean Straitéiseach do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge freisin an cuspóir atá ann droichead bóthair a chruthú ón Meal go Port an Chalaigh. Tá sé beartaithe go nascfaidh an droichead sin Port an Chalaigh le Lár na Cathrach, trí Bhóthar na Mainistreach ar an taobh thuaidh den tSiúir agus tríd an Meal ar an taobh theas den tSiúir. Cosúil leis an Trasrian Síos an Abhainn, tá sé mar aidhm leis an droichead seo an trácht a bhaint de Chéanna Lár na Cathrach agus bealach malartach a sholáthar trasna na Siúire.

10.6.4 Cuairbhóthar Lasmuigh agus Droichead

Áirítear le Plean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge 2022-2028 togra le haghaidh Cuairbhóthar Lasmuigh nua, rud a nascadh timpeallán an Chuairbhóthair Lasmuigh/Bhóthar Thrá Mhór leis an N29 atá ann cheana trí Calafort Belview. Theastódh ón togra seo go dtógfaí droichead nua trasna na Siúire/

Chainéal an Rí chuig an gcuid thoir den Oileán. Ar bhonn na measúnuithe a rinneadh le linn an Dréacht-Straitéis a ullmhú, agus i bhfianaise na dtograí atá luaite thuas le haghaidh trasrianta breise síos an abhainn ag Páirc May/Ard Caoin go Cill Choilchín nó ag an Meal go Port an Chalaigh, níl sé beartaithe an Cuairbhóthar Lasmuigh agus an Droichead a chur ar áireamh sa Straitéis seo.

10.7 Conclúid

Ar bhonn an mheasúnaithe a rinneadh le linn an Dréacht-Straitéis a ullmhú, níl sé beartaithe an trasrian ón Meal go Port an Chalaigh, an Cuairbhóthar Lasmuigh agus an Droichead a chur ar áireamh sa straitéis seo. Ceanglaítear leis na hordlathais Mhodhúla agus Idirghabhálacha atá leagtha amach sa Chreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn go mbreithneofaí bearta iompair inbhuanaithe roimh bhonneagar bóithre nua a sholáthar. De bhreis air sin, áirítear leis an gconradh Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí don N25 ceanglais speisialta a bhaineann le dolaí a mhuirearú. D'fhéadfadh sé sin impleachtaí tromchúiseacha airgeadais a bheith aige don Státchiste dá gcuirfí bóithre nua áirithe chun feidhme.

Ina theannta sin, is amhlaidh, bunaithe ar na measúnachtaí ardleibhéil a rinneadh le linn an Straitéis a fhorbairt, a mheastar gurb é an toradh a bheidh ar an togra ag an Meal/Port an Chalaigh ná go ndéanfaí turais áitiúla de charr a éascú agus a spreagadh, in ionad é a bheith ag feidhmiú mar sheachbhóthar cathrach, rud a bhainfeadh an bonn ón infheistíocht san iompar poiblí. De bhreis air sin, ní bheadh an Cuairbhóthar Lasmuigh agus an Droichead atá beartaithe ag teacht leis an mbeartas náisiúnta iompair ná leis na cuspóirí náisiúnta iompair toisc gur dhóigh nach gceadófaí é tar éis Anailís Costais is Tairbhe a dhéanamh.

Breithneofar an Trasrian Síos an Abhainn atá beartaithe ag Páirc May/Ard Caoin sna céimeanna deireanacha de thréimhse na Straitéise i bhfianaise fhorálacha an chonartha comhpháirtíochta príobháidí poiblí atá ann cheana don N25, rud a rachaidh as feidhm sa bhliain 2036. Cé go gcoinneofar an Trasrian Síos an Abhainn faoi athbhreithniú leanúnach mar chuid den nuashonrú tréimhsiúil ar an Straitéis seo, ní mheastar go soláthrófar an trasrian nua sula gcuirfear na gnéithe substainteacha iompair phoiblí den Straitéis i gcrích. Thacódh sé sin leis an aistriú chuig modhanna iompair níos inbhuanaithe agus bheadh sé ag teacht le forálacha an Chreata Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn agus an Bheartais Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe.

BEART ROAD8

Trasrian Breise Abhainn

Tar éis na gnéithe substainteacha iompair phoiblí den Straitéis a chur i gcrích, tarlóidh sé, sna céimeanna deireanacha de thréimhse na Straitéise, go dtacódh an tÚdarás le staidéar a ullmhú chun scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá ann le trasrian breise a sholáthar síos an abhainn ó Dhroichead an Rísigh.



10 Bóithre

Bóithre Réigiúnacha agus


chun feidhm Ilmhódach a sholáthar



Scéimeanna ar feadh thréimhse feidhme na Straitéise



An Gréasán Bóithre atá Beartaithe faoin mBliain 2040






11 Páirceáil

Tríd is tríd, níor cheart aon cheanglas páirceála carranna a bheith ann le haghaidh forbairt nua atá lonnaithe i lár na gcúig chathair nó i ngar dóibh agus ba cheart ceanglas i bhfad níos boige a bheith ann sna bruachbhailte istigh.

An Creat Náisiúnta Pleanála 2040



A bhuí leis an bhfáil agus an praghas ar pháirceáil carranna laistigh de Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge, is tarraingteach atá úsáid an chairr phríobháidigh i gcomparáid le roghanna iompair inbhuanaithe – an siúl, an rothaíocht agus an t-iompar poiblí. Is féidir, agus ba cheart, bainistíocht páirceála a úsáid mar uirlis éifeachtach bainistíochta éilimh chun turais de charr príobháideach a dhíspreagadh, go háirithe do thurais ghearra ar fud an Limistéir Cheannchathartha. I gcás turas fada, cuirfear an bhéim ar thréthurais a dhíspreagadh i limistéir uirbeacha. Is é an aidhm atá le saoráidí Páirceála agus Taistil agus Páirceála agus Siúil a sholáthar agus le cómhálartú comhleanúnach nua-aimseartha a éascú idir an siúl, an rothaíocht agus an t-iompar poiblí ná roghanna iompair inbhuanaithe a dhéanamh níos tarraingte ná an carr príobháideach.

11.1 Saoráidí Straitéiseacha Páirceála agus Taistil agus Páirceála agus Siúil

Is é atá i gceist le Páirceáil agus Taisteal ná saoráidí ardacmhainne páirceála carranna a sholáthar ag noid ainmnithe iompair phoiblí ar na bóithre isteach go limistéir uirbeacha. Is é is saoráidí Páirceála agus Siúil ann ná saoráidí páirceála carranna atá lonnaithe ar imeall limistéir uirbeach agus laistigh de shiúl na gcos ó lár bailte agus cathracha. Tá saoráidí Páirceála agus Taistil agus Páirceála agus Siúil ina gcomhpháirt thábhachtach den Straitéis seo agus is modh iad trínar féidir ceantar an ghréasáin iompair a leathnú chuig daoine nach mbeadh rochtain acu ar an ngréasán sin ar shlí eile tríd an siúl, tríd an rothaíocht nó tríd an iompar poiblí. Cabhraíonn siad freisin leis an líon spásanna páirceála carranna a laghdú i lár bailte agus cathracha agus leis an spás bóthair a athdháileadh chun modhanna inbhuanaithe a éascú agus chun an ríocht phoiblí a fheabhsú.

Is féidir le saoráidí Páirceála agus Taistil agus Páirceála agus Siúil na tairbhí seo a leanas a sholáthar don Limistéar Ceannchathartha:

- Turais chomaitéireachta a aistriú ón gcarr príobháideach chuig an taisteal inbhuanaithe agus gníomhach;
- Tacú le beogacht gheilleagrach trí fheabhas a chur ar an inrochtaineacht fhoriomlán ar Lár Cathrach Phort Láirge agus ar phríomhchinn scríbe eile;
- Plódú tráchta a laghdú ar bhealaí gathacha;
- Cur lena tharraingtí atá Lár na Cathrach do chuairteoirí agus do shiopaóirí;
- Freastal ar na heasnamh san acmhainn páirceála i lárionaid uirbeacha agus laghdú a éascú i bpáirceáil ar an tsráid;
- An soláthar páirceála áitiúil agus straitéiseach a bhainistiú chun laghdú a dhéanamh ar an tionchar ar ghréasáin eile ó thaobh rochtana de agus ó thaobh láithreach de araon;
- Pátrúnacht iompair phoiblí a uasmhéadú trí cheantar éifeachtach an ghréasáin iompair phoiblí a mhéadú; agus
- Feabhas a chur ar rochtain do dhaoine a chónaíonn i mbailte agus sráidbhailte réigiúnacha agus i limistéir thuaithe.

San am i láthair, níl aon bhuansaoráidí tiomnaithe Páirceála agus Taistil ná Páirceála agus Siúil ann laistigh den Limistéar Ceannchathartha. Leis an Straitéis seo, tabharfar aghaidh ar an easnamh sin.

Thug Oifig an Údaráis Náisiúnta Iompair um Shaoráidí Páirceála agus Taistil a Fhorbairt faoi staidéar neamhspleách Páirceála agus Taistil. Sainithníodh sa staidéar sin go mbeadh éileamh dóthanach ann ar láithreán Páirceála agus Taistil (ina bhfuil thart ar 110 spás páirceála carranna) a sholáthar ar Bhóthar na Rátha Nua.

Tá láithreán Páirceála agus Taistil Bhóthar na Rátha Nua curtha ar áireamh mar bheart sa Straitéis seo. Tá láthair an láithreáin sin léirithe ar an Léarscáil den Ghréasán Bus atá Beartaithe faoin mBliain 2040 atá tugtha i Rannán 8 den Straitéis.

Sainaitníodh láthair fhéideartha Páirceála agus Taistil ar Bhóthar Thrá Mhór freisin mar chuid den staidéar éilimh a rinne an Oifig um Shaoraidí Páirceála agus Taistil a Fhorbairt. Mar sin féin, mar gheall ar an bhfáil atá ann cheana ar spásanna páirceála i ndlúthghaireacht do Stáisiún Bus Thrá Mhór (thart ar 100 spás páirceála carranna), thángthas ar an gconclúid sa staidéar gur cheart na spásanna sin a úsáid ar dtús. Mar sin, in ionad láthair nua Páirceála agus Taistil a mholadh ar Bhóthar Thrá Mhór, tá sé beartaithe an t-aga turais de bhus ó Thrá Mhór go Port Láirge a fheabhsú agus praghas an taistil a laghdú ar mhaithe leis an iompar poiblí a dhéanamh níos tarraingtí.

Déanfar láithreacha breise Páirceála agus Taistil a bhreithniú agus a athbhreithniú ar fud shaolré na Straitéise seo. Beidh na láithreáin sin ag brath ar na láithreacha fáis amach anseo laistigh den Limistéar Ceannchathartha.

Beidh sé riachtanach go mbeadh saoraidí Páirceála agus Taistil ar oscailt ag amanna seachbhuaice chun tacú le páirceáil ócáide le haghaidh staideanna spóirt agus féilte. Tacófar leis na saoraidí sin ag amanna seachbhuaice freisin trí sheirbhísí áitiúla níos solúbtha bus agus cóiste a sholáthar a thairgeann bealaí díreacha chuig na hócáidí lena mbaineann. Is trí Phleananna Taistil don Áit Oibre, trí Phleananna Taistil don Scoil agus trí Phleananna Rochtana agus Soghluaisteachta a shainithneofar deiseanna chun acmhainneacht na saoraidí a uasmhéadú tuilleadh.

Beifear ag súil leis go soláthrófar seirbhísí coimhdeacha ag gach saoraid Páirceála agus Taistil, lena n-áirítear na seirbhísí seo a leanas:

- Láithreacha feithimh faoi dhíon;
- Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí;
- Saoraidí tiomnaithe mol rothaíochta le haghaidh spásanna páirceála fadfhanachta rothar; agus
- Pointí Luchtaithe Feithiclí Leictreacha.

Agus gach ceann de na saoraidí á ndearadh agus á bhforbairt, déanfar breithniú ar phointí luchtaithe feithiclí leictreacha a sholáthar chun oiriúnú do raon éagsúil luasanna luchtaithe chun tacú leis an aistriú i dtreo feithiclí astaíochtaí ísle agus rothair leictreacha.

Tá sé beartaithe go mbeidh gach saoraid Páirceála agus Rothar inrochtana tríd an siúl, tríd an rothaíocht agus tríd an iompar poiblí ar ardchaighdeán chun a chinntiú go mbeifear in ann turais ar aghaidh a thógáil ar shlí inbhuanaithe. Ba cheart pointí luchtaithe feithiclí leictreacha, saoraidí páirceála rothar agus saoraidí leasa paisinéirí a bheith ag gach saoraid Páirceála agus Taistil.

11.1.1 Cómhálartú

Ag an láithreán Páirceála agus Taistil ar Bhóthar na Rátha Nua agus ag na spásanna páirceála carranna i dTrá Mhór, soláthrófar deiseanna le haghaidh cómhálartú idir modhanna difriúla agus leathnófar an ceantar do sheirbhísí iompair phoiblí, agus rochtain á méadú ar na príomhchinn scríbe ag an am céanna. A bhuí leis an nascacht inbhuanaithe níos fearr agus leis na deiseanna cómhálartaithe níos fearr ón Limistéar Ceannchathartha chuig an mór-réigiún, neartófar an gaol feidhmiúil idir na limistéir sin.

11.1.2 Páirceáil agus Taisteal a Chur Chun Feidhme

Nuair a bheidh an láithreán Páirceála agus Taistil ar Bhóthar na Rátha Nua á chur chun feidhme agus nuair

a bheidh na spásanna páirceála carranna atá ar fáil cheana i dTrá Mhór á n-úsáid, beidh sé riachtanach an fháil ar spásanna páirceála ar an tsráid a laghdú de réir a chéile agus BusConnects Phort Láirge agus bearta tosaíochta bus a sholáthar.

Ar mhaithe le hinmharthanacht fhadtéarmach an láithreáin Páirceála agus Taistil ar Bhóthar na Rátha Nua a chinntiú agus ar mhaithe lena chinntiú go n-úsáidfear na spásanna i dTrá Mhór, moltar go bhféachfadh an dá Údarás Áitiúla leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Struchtúr cuimsitheach bainistíochta páirceála ar an tsráid a chur chun feidhme agus forfheidhmiú láidir a dhéanamh i limistéir chónaithe lasmuigh de chriosanna páirceála rialaithe atá ann cheana chun nach mbeidh aon sceitheadh isteach i limistéir chomharsanacha ann.
- Teorainn a chur leis an acmhainn páirceála atá ar fáil d'fhorbairtí Lár na Cathrach, mar shampla óstáin, bloic oifige agus saoraidí oideachais atá suite i lár cathracha agus i lár bailte ceannchathartha. Ba cheart an acmhainn páirceála atá ar fáil a chur in iúl d'fhorbróirí sna luathchéimeanna den phróiseas iarratais pleanála, rud a fhágfaidh nach mbeidh aon ghá ann le soláthar páirceála ar an láithreán.

BEART PARK1

Saoraidí Straitéiseacha Páirceála agus Taistil

Tá sé mar rún ag an Údarás saoraid straitéiseach Páirceála agus Taistil a sholáthar i gcomharsanacht aomhal an N25-an N9 ar Bhóthar na Rátha Nua agus an acmhainneacht atá ann láithreáin straitéiseacha bhreise Pháirceála agus Taistil a sholáthar ar phríomhchonairí gathacha a fhreastalaíonn ar an Limistéar Ceannchathartha a choinneáil faoi athbhreithniú. Ba cheart pointí luchtaithe feithiclí leictreacha, saoraidí páirceála rothar agus saoraidí leasa paisinéirí a bheith ag gach saoraid Páirceála agus Taistil.

BEART PARK2**Páirceáil agus Siúl / Páirceáil agus Rothaíocht**

I gcomhar leis na húdaráis áitiúla, tá sé mar rún ag an Údarás sainaithint a dhéanamh ar láithreáin fhéideartha le haghaidh saoráidí Páirceála agus Siúil agus/nó Páirceála agus Rothaíochta ar imeall Chathair Phort Láirge agus i lonnaithe eile sa Limistéar Ceannchathartha.

11.2 Moil Soghluaisteachta

Coincheap measartha nua i gcathracha Eorpacha is ea coincheap na Mol Soghluaisteachta. Bíonn an tóir ar Mhoil Soghluaisteachta ag méadú, áfach, go háirithe i limistéir athghiniúna nua atá pleanáilte timpeall ollchórais iompair phoiblí (Forbairt atá Dírithe ar an Iompar Poiblí). Is é is Moil Soghluaisteachta ann ná áiteanna nascachta ina dtagann roghanna difriúla taistil, amhail siúl, rothaíocht agus iompar poiblí, le chéile. Soláthraítear iontu sraith chomhtháite seirbhísí soghluaisteachta, taitneamhachtaí agus teicneolaíochtaí tacaíochta chun daoine a nascadh ar shlí níos fearr lena bpointí tosaithe agus lena gcinn scríbe tríd an iompar ardmhnicíochta agus trí ghréasáin siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán. Tá Moil Soghluaisteachta ina modh trínar féidir tacú leis an tsamhail thraidisiúnta páirceála 'um thuair agus um sholáthar' a aistriú ina samhail lena n-éascaítear laghdú i gcaighdeáin pháirceála carranna i láithreáin athghiniúna trí chórais Soghluaisteachta ar Éileamh agus tríd an taisteal gníomhach.

I gcomhthéacs an Limistéir Cheannchathartha, spreagfar moil soghluaisteachta i limistéir athghiniúna nó i limistéir láir ina bhfuil tithíocht ard-dlúis pleanáilte, amhail Crios Forbartha Straitéisí na Cé Thuaidh, chun rannchuidiú le spriocanna do sciar modha an iompair inbhuanaithe agus chun laghdú a dhéanamh ar an spleáchas ar an gcarr príobháideach, go háirithe do thurais ghearra.

Áirítear iad seo a leanas le Saintréithe na Mol Soghluaisteachta:

- Ionaid chomhdhlúite pháirceála carranna ina bhfreastalaítear go príomha ar úsáid chónaithe fadthartha;
- Pointe fócasach a sholáthar sa ghréasán iompair, áit a gcomhtháthaítear modhanna difriúla iompair go réidh chun uasmhéadú a dhéanamh ar an nascacht idir an chéad mhíle agus an mhíle deiridh le gréasán ardmhnicíochta iompair phoiblí agus le gréasáin siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán;
- Tacú le córais Soghluaisteachta ar Éileamh, lena n-áirítear comhroinnt carranna, clubanna comhroinnte carranna, córais chomhroinnte rothar, rothair lasta agus Pointí Luchtaithe Feithiclí Leictreacha;
- Áiteanna diansaothraithe a rannchuidíonn go deirfach le beogacht a dtimpeallachta trí árasáin, saoráidí dín, amhail clóis súgartha, agus úsáidí gníomhacha bunurláir, amhail saoráidí siopadóireachta agus bialanna áitiúla, a sholáthar timpeall an ionaid pháirceála;
- Ionaid fágála/bhailithe agus seirbhísí concierge a sholáthar chun gluaiseacht feithiclí seachadta a íosláhdú.

Tá cur i bhfeidhm na mol soghluaisteachta ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Pleanála, le Cuspóir Beartais Réigiúnaigh 162 den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach maidir le Comhtháthú Iompair Ilmhódaigh, agus le Rannán 28 de na treoirlínte maidir le Forbairtí Cónaithe Inbhuanaithe i Limistéir Uirbeacha, ina bhféachtar le páirceáil carranna a íosláhdú nó a laghdú i limistéir láir nó i limistéir a bhfreastalaíonn an t-iompar poiblí go maith orthu.

BEART PARK3**Moil Soghluaisteachta**

I gcomhar leis na húdaráis áitiúla, tá sé mar rún ag an Údarás sainaithint a dhéanamh ar láithreáin fhéideartha le haghaidh Moil Soghluaisteachta i limistéir athghiniúna nó i limistéir ina bhfuil tithíocht ard-dlúis pleanáilte.

11.3 Bainistíocht Páirceála

Mar atá tugtha faoi deara thuas, tá an fháil agus an praghas ar pháirceáil ar fud an Limistéir Cheannchathartha i measc na bpríomhthosca a chuirtear san áireamh nuair a bhíonn tarraingteacht an chairr phríobháidigh i gcoibhneas le roghanna iompair inbhuanaithe á meas. Is é an aidhm atá le bainistíocht éifeachtach ná an fháil agus an praghas ar pháirceáil a rialú sa Limistéar Ceannchathartha.

Tá an-tábhacht ag baint le forfheidhmiú páirceála freisin maidir lena chinntiú nach mbacfaidh carranna páirceáilte cosáin, lánaí bus agus lánaí rothar. Is gá an forfheidhmiú sin a dhéanamh toisc gur féidir le carranna páirceáilte sna láithreacha sin gluaiseacht coisithe agus rothaithe a chosc, go háirithe coisithe agus rothaithe atá faoi mhíchumas.

11.3.1 Páirceáil le haghaidh Forbairt Nua

Sa Chreat Náisiúnta Pleanála, leagtar cuspóirí síos nár cheart aon cheanglais pháirceála carranna a bheith ann le haghaidh forbairtí nua atá lonnaithe i lár na gcúig chathair nó i ngar dóibh agus gur cheart ceanglais i bhfad níos boige a bheith ann sna bruachbhailte istigh. Luaitear sa Chreat Náisiúnta Pleanála freisin gur cheart critéir fheidhmíocht bhunaithe atá sonrach don láithreán a chur in ionad caighdeáin uilíocha le haghaidh páirceáil carranna.

Úsáidtear forbairt atá ar bheagán carranna nó atá saor ó charranna mar uirlis le haghaidh forbairt ard-dlúis a éascú agus le haghaidh tosaíocht a thabhairt don iompar inbhuanaithe. I bhformhór na gcásanna, cuirtear srianta ar áitritheoirí na forbartha nua iarratas a dhéanamh ar cheadanna páirceála ar an tsráid chun an strus páirceála áitiúil a mhaolú. Cuirfear roghanna eile ar úinéireacht cairr phríobháidigh ar fáil, lena n-áirítear bána a sholáthar do chlubanna comhroinnte carranna, cártaí iompair phoiblí a sholáthar agus scéimeanna fruilithe rothar, agus ballraíocht na scéimeanna sin, a leathnú.

Áirítear iad seo a leanas leis na treoiphriionsabail le haghaidh páirceáil i bhforbairtí nua sa Limistéar Ceannchathartha:

- Caighdeán atá saor ó charranna nó atá ar bheagán carranna a leagan amach i limistéir forbraíochta atá lonnaithe laistigh de cheantar siúil 800 m ó Lár Cathrach Phort Láirge agus/nó ar iompar poiblí ar ardchaighdeán;
- Úsáid talún cónaithe ard-dlúis agus úsáidí lena ngintear líon ard turas, lena n-áirítear fostaíocht, oideachas agus miondíol, a dhíriú ar limistéir a bhfreastalaíonn seirbhísí ardmhínicíochta iompair agus seirbhísí áitiúla orthu faoi láthair nó a bhfreastalóidh siad orthu sa todhchaí;
- Teorannófar an rósholáthar sealadach spásanna páirceála carranna le linn na luathchéimeanna forbartha. D'fhéadfaí moil soghluaisteachta áitiúla a úsáid chun cur chun feidhme céimnithe spásanna páirceála a éascú le haghaidh forbairtí nua in imthosca áirithe;
- Ní mór don dá Údarás Áitiúla uaschaighdeán pháirceála a chur i bhfeidhm agus ní mór iad a nuashonrú sna Pleananna Forbartha, de réir mar is gá;

- Ba cheart fostóirí a spreagadh an fháil atá ar spásanna páirceála saor in aisce a theorannú nó deireadh a chur leo; agus
- A chinntiú go soláthrófar saoráidí leordhóthanacha páirceála d'úsáideoirí carranna atá faoi mhíchumas.

11.3.2 Páirceáil ar an tsráid

Tá éilimh shuntasacha, ar éilimh iad a bhíonn san iomaíocht lena chéile go minic, ar spásanna cois cosáin i Lár Cathrach Phort Láirge agus i lár bailte ceannchathartha. Áirítear iad seo a leanas leis na héilimh sin, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Páirceáil fhadtéarmach agus ghearrthéarmach;
- Saoráidí lódála agus dílódála;
- Bearta le haghaidh tosaíocht bus agus éascaíocht bordála;
- Stadanna tacsaithe;
- An mhian atá ann leithead cosán a mhéadú agus bonneagar tiomnaithe rothaíochta a sholáthar;
- Bearta bainistíochta tuile; agus
- Páircíní, crainn sráide agus troscán.

Ar mhaithe le tosaíocht a thabhairt d'úsáidí eile cois cosáin, beidh gá ann le leibhéal pháirceála ar an tsráid a laghdú de réir a chéile i lárionaid uirbeacha thar thréimhse feidhme na Straitéise seo.

Oibríonn Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge déchóras íocaíochta páirceála ar an tsráid faoi láthair, rud a chuimsíonn díoscaí páirceála indiúscartha agus córas leictreonach íocaíochta páirceála. Déanfar athbhreithniú ar an bhfáil ar pháirceáil ar an tsráid laistigh den Limistéar Ceannchathartha, agus ar an struchtúr praghsála don pháirceáil sin, i gcomhthráth le cur chun feidhme na Straitéise seo d'fhonn bogadh i dtreo córas níos cliste lena n-éascaítear iomlaoid níos tapa spásanna. Chabhródh sé sin leis na feidhmeanna

geilleagracha atá ag lár bailte a chomhlíonadh. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar Pointí Luchtaithe Feithiclí Leictreacha.

Is iad na cuspóirí a bheidh ann i limistéir chónaithe ná cur in aghaidh páirceáil comaitéirí a rannchuidíonn le strus páirceála agus cleachtais neamhshábháilte pháirceála go díreach lasmuigh de chriosanna páirceála íoctha, mar aon leis an spás cois cosáin a fhuascailt trí roghanna eile a sholáthar ar úinéireacht cairr phríobháidigh.

Is mar a leanas atá an cur chuige beartaithe i leith páirceáil ar an tsráid:

- Athbhreithnithe cuimsitheacha rollacha a dhéanamh ar an spás cois cosáin atá ar fáil i lár bailte chun a thuiscint conas a bhíonn an spás á úsáid faoi láthair agus chun an úsáid sin a mheas in aghaidh riachtanais atá ann cheana agus riachtanais amach anseo, lena n-áirítear cur chun feidhme BusConnects;
- Córais chliste fheidhmíochtbhunaithe phraghsála páirceála a chur i bhfeidhm i lár bailte chun a chinntiú go n-úsáidfear spásanna go héifeachtúil agus go mbeidh siad ar fáil go réidh chun críocha neamhchomaitéireachta, lena n-áirítear siopadóireacht. Ba cheart an phraghsáil a shocrú chun áitíocht 85% ar a mhéad a bhaint amach ar mhaithe le trácht cuardaigh, plódú agus astaíochtaí a laghdú;
- Cumhdach rialuithe na gcriosanna páirceála a leathnú ar fud an Limistéir Ceannchathartha chun spásanna a chosaint do chónaitheoirí, chun dul i ngleic le páirceáil neamhdhleathach agus chun páirceáil comaitéirí agus cineálacha eile páirceála fadfhanachta a dhíspreagadh;

- Breithniú a dhéanamh ar an bpraghas ar cheadanna a mhéadú de réir a chéile, go háirithe i limistéir ina bhfuil roghanna páirceála eas-sráide ar fáil go héasca;
- Roghanna eile a sholáthar ar úinéireacht cairr phríobháidigh, lena n-áirítear tuilleadh spáis ar an tsráid a athoiriúnú do chlubanna comhroinnte carranna, do chórais chomhroinnte rothar agus do bhearta den chineál céanna; agus
- A chinntiú go soláthrófar saoráidí leordhóthanacha páirceála d'úsáideoirí carranna atá faoi mhíchumas.

11.3.3 Páirceáil Eas-sráide

Is é an príomhchuspóir atá le bearta páirceála eas-sráide ná spás cois cosáin a fhuascailt laistigh de lárionaid uirbeacha agus tacú leis an siúl, leis an rothaíocht agus leis an iompar poiblí.

Fágann an cur chuige atá beartaithe go mbeidh comhordú ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta ag teastáil. Áirítear leis an gcur chuige sin na nithe seo a leanas:

- Saoráidí straitéiseacha ardacmhainne fadfhanachta Páirceála agus Taistil a chur chun feidhme de réir an staidéir ón Oifig um Shaoráidí Páirceála agus Taistil a Fhorbairt, agus seirbhísí cuí ardmhnicíochta bus agus gréasáin chuí siúil agus rothaíochta ag freastal orthu;
- Scrúdú a dhéanamh ar an argóint ar son Moil Soghluaisteachta i limistéir athghiniúna a bhfuil sé beartaithe go bhfreastalóidh gréasáin iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta orthu;

- Táillí páirceála a thabhairt isteach ag ionaid mhiondíola ar imeall an bhaile mhóir chun laghdú a dhéanamh ar an bplódú áitiúil a bhaineann leis na forbairtí sin;
- Scrúdú a dhéanamh ar an argóint ar son Tobhach Páirceála ag an Áit Oibre a thabhairt isteach chun plódú a laghdú agus chun cistiú a imfhálú le haghaidh soláthar iompair inbhuanaithe;
- Tacú le laghdú céimnithe fadtéarmach a dhéanamh ar an líon spásanna páirceála carranna trí úsáid a bhaint as Pleananna Bainistíochta Soghluaisteachta atá éigeantach agus spriocbhunaithe le haghaidh forbairt nua agus as pleanáil taistil limistéarbhunaithe le haghaidh braislí áiteanna oideachais agus fostaíochta atá ann cheana;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar pháirceáil i Lár Cathrach Phort Láirge d'fhonn Straitéis Bainistíochta Páirceála a fhorbairt; agus
- A chinntiú go soláthrófar saoráidí leordhóthanacha páirceála d'úsáideoirí carranna atá faoi mhíchumas.

BEART PARK4 Straitéis Páirceála

Oibreoidh an tÚdarás i gcomhar leis na húdaráis áitiúla chun straitéis páirceála agus plean cur chun feidhme a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar pháirceáil ar an tsráid agus ar pháirceáil eas-sráide araon.



12 Lasta, Seachadadh agus Seirbhísiú

Agus an t-iompar á dhícharbónú, díreofar freisin ar bhreoslaí malartacha agus ar bhreoslaí astaíochtaí ísle a úsáid le haghaidh feithiclí lasta, ar aistriú modha a dhéanamh chuig an iompar d'iarannród agus ar an iompar lasta a leictriú tuilleadh.

Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt

Chun réamh-mheastacháin fáis an Chreata Náisiúnta Pleanála a chomhlíonadh, tiocfaidh méadú ar ghluaiseacht lasta mar thoradh ar thithe, oifigí agus scoileanna nua a thógáil. Tiocfaidh méadú ar ghníomhaíocht seachadta agus seirbhísithe agus ar ghníomhaíocht bainistíochta dramaíola freisin. Cé go gcruthóidh siad dúshlán ó thaobh sábháilteachta, plódaithe agus truaillithe aeir agus torainn de, fágfaidh an braisliú gníomhaíochtaí agus an feabhas ar an mbonneagar iompair straitéisigh go mbeifear in ann cineálacha nuálacha cur chuige a ghlacadh chun tionchar na gníomhaíochta lasta a mhaolú.

12.1 Feithiclí Earraí Troma

Imríonn feithiclí earraí troma ról ríthábhachtach maidir le hearraí a ghluaiseacht ar fud an Limistéir Cheannchathartha agus ar fud na tíre. Is féidir le gluaiseacht feithiclí earraí troma tionchair shuntasacha a bheith acu ar oibríochtaí tráchta, ar thorann, ar thruailliú aeir agus ar shábháilteacht úsáideoirí eile bóithre, go háirithe laistigh de thimpeallachtaí uirbeacha.

Níl limistéar láir Chathair Phort Láirge oiriúnach do thrácht earraí troma agus tá srianta ar fheithiclí earraí troma á gcur chun feidhme cheana féin i bPort Láirge, a theorannaíonn rochtain do na feithiclí sin ina bhfuil méid oiriúnach agus a bhíonn ag teacht ón lár nó ag dul chuig an lár agus do na feithiclí sin amháin. Tá srian meáchain 3.5 Tona i bhfeidhm sa chathair faoi láthair.

Tá Cosc ann ar Fheithiclí 5 Acastóir laistigh de Lár Cathrach Phort Láirge freisin, rud a chumhdaíonn na Céanna agus an Triantán Lochlannach.

Is é an toradh a bheadh ar 'bhealaí leoraithe' ainmnithe a chur chun feidhme ar bhóithre Náisiúnta ag amanna ainmnithe den lá ná go gcabhrófaí le tréthrácht a laghdú agus le maolú a dhéanamh ar mhoilleanna agus ar choinbhleacht le modhanna eile. De bheis air sin,

rannchuideofaí le plódú tráchta áitiúil a fhritháireamh trí amanna seachadta a rialáil trí iad a theorannú do thréimhsí seachbhuaice. D'fhéadfadh sé sin tairbhí breise a sholáthar d'oibrítheoirí lasta freisin maidir le laghduithe ar agaí taistil agus ar chostais oibriúcháin.

BEART FREIGHT1

Bainistíocht Feithiclí Earraí Troma

Déanfar breithniú ar bhealaí agus/nó srianta ama atá sonrach d'fheithiclí earraí troma a shainithint le haghaidh seachadtaí chun éifeachtúlacht na ngluaiseachtaí feithiclí earraí troma a laghdú, agus tionchar na ngluaiseachtaí sin á íoslaghdú ag an am céanna.

Meastar go dtiocfaidh athrú orthu sin le himeacht ama agus go sainithneofar le linn straitéis Seachadta agus Seirbhísithe a sholáthar na modhanna is cuí le haghaidh na láithreáin sin a sheirbhísiú. (BEART FREIGHT4). Déanfar breithniú ar thionchair eacnamaíocha, chomhshaoil agus iompair le linn straitéisí bainistíochta a fhorbairt.

12.2 Ionaid Tógála agus Lóistíochta

Tháinig ionaid chomhroinnte tógála agus lóistíochta chun cinn le déanaí i gcathracha Eorpacha ina meastar go mbeidh méaduithe suntasacha ann ar an daonra agus ar ghníomhaíocht tógála sna blianta atá le teacht.

I bhformhór na gcásanna, bunaítear na hionaid in aice le limistéir forbartha straitéisí ar láithreáin atá cóngarach don ghréasán bóithre straitéiseacha ar mhaithe le hachair thaistil a íoslaghdú le haghaidh ábhair thógála. Ina lán cásanna, ceanglaítear ar fhorbróirí clárú le hionaid chomhroinnte tógála agus lóistíochta mar chuid den phróiseas bainistíochta forbartha.



Íoslaghdaítear turais chuig láithreáin tógála agus uathu araon trí fheithiclí earraí troma a bhfuil níos lú ná 80% dá spás ar fad in úsáid acu a choinneáil san ionad go dtí go mbeidh siad lán agus trí thurais chuig láithreáin tógála a rialú le córas áirithinte. Thabharfadh scála na forbartha a bheartaítear sa Limistéar Ceannchathartha i ndáil leis na spriocanna fáis daonra agus fostaíochta le tuiscint go bhfuil ionaid tógála agus lóistíochta ag teastáil.

12.3 Lasta Iarnródbhunaithe

Seoladh seirbhís nua lasta idir Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, agus Port Láirge sa bhliain 2021. Tairgeann an líne nua lasta sin modh níos glaise agus níos éifeachtúla le haghaidh lasta a iompar idir iarthar na tíre agus oirdheisceart na tíre. Tá seirbhís iarnróid idir Port Láirge agus Eoraphort Ros Láir neamhghníomhach ón mbliain 2006 i leith. Beartaítear sa Straitéis ghlactha Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach imscrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann an tseirbhís sin a thabhairt ar ais chun nascacht iarnróid lasta agus paisinéirí amach anseo a éascú idir Eoraphort Ros Láir agus Port Láirge. Tá an Straitéis seo i bhfách le tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh ar a indéanta atá sé lasta iarnróid a éascú.

BEART FREIGHT2 Lasta Iarnróid

Cabhróidh an tÚdarás le hIarnród Éireann torthaí na Straitéise 'Lasta Iarnróid 2040' a chur chun feidhme.

12.4 Straitéis Lasta

Sa Phlean Gnímh don Aeráid agus sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach (Cuspóir Beartais Réigiúnaigh 141) araon, moltar go bhforbrófaí Straitéis Lasta Réigiúnach chun dlús a chur le dícharbónú na hearnála lasta, chun teicneolaíochtaí cliste a chomhtháthú isteach i mbainistíocht lóistíochta agus chun treisiú a dhéanamh ar an ról tábhachtach a imríonn an gréasán bóithre straitéiseacha agus iarnróid

(lena n-áirítear an gréasán tras-Eorpach iompair) maidir le lasta a ghluaiseacht go héifeachtúil. Tá an Straitéis seo i bhfách leis an straitéis sin a fhorbairt mar gheall ar chineál idir-réigiúnach na ngluaiseachtaí lasta agus feithiclí earraí troma, ar féidir go dtiocfaidh méadú orthu mar thoradh ar an méadú i ngníomhaíocht ag Calafort Belview agus mar thoradh ar an méadú foriomlán i ngníomhaíocht atá dian ar earraí sa Limistéar Ceannchathartha.

BEART FREIGHT3

Straitéis le haghaidh Dáileadh Inbhuanaithe Lasta

Ag gníomhú dó i gcomhar le geallsealbhoirí ábhartha, tá sé mar rún ag an Údarás Straitéis le haghaidh Dáileadh Inbhuanaithe Lasta a ullmhú chun tacú le dícharbónú na hearnála lasta, chun féachaint le teicneolaíochtaí cliste a chomhtháthú isteach tuilleadh i mbainistíocht lóistíochta agus chun treisiú a dhéanamh ar an ról tábhachtach a imríonn an gréasán bóithre straitéiseacha agus iarnróid maidir le lasta a ghluaiseacht go héifeachtúil, i measc nithe eile. Breithneofar sa Straitéis sin freisin an acmhainneacht a bhaineann le hIonaid Tógála agus Lóistíochta.

12.5 Straitéis Seachadta agus Seirbhísithe

Tá i bPort Láirge roinnt mórlimistéar athghiniúna agus fostaíochta as a dtiocfaidh méadú ar riachtanais seachadta agus seirbhísithe. Is dóigh go dtiocfaidh méadú suntasach ar sheachadtaí pearsanta agus ar sheirbhísí bainistíochta dramhaíola de réir mar a mhéadaíonn daonra an Limistéir Cheannchathartha.

Áirítear iad seo a leanas leis na cuspóirí atá i gceist le bainistíocht a dhéanamh ar an méadú sin i seachadadh agus i seirbhísíú:

- Scrúdú a dhéanamh ar an argóint ar son an líon turas míle deiridh a thógtar le feithiclí inneallghluaiste a laghdú i lárionaid uirbeacha nó i lárionaid mhicrea-chomhdhlúthaithe laistigh de Chathair Phort Láirge;


- Scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé seachadadh agus seirbhísíú a dhéanamh lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre trí úsáid a bhaint as feithiclí ísealtorainn amhail Feithiclí Leictreacha agus ar a indéanta atá sé coinníollacha pleanála a athrú nuair is cuí;
- Scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé beagfheithiclí nach feithiclí inneallghluaiste iad a úsáid chun seachadadh agus seirbhísíú a dhéanamh chun truailliú torainn agus aeir a laghdú agus chun gur féidir tuilleadh spáis sráide a chur i leataobh do choisithe agus do rothaithe;
- An líon turas fillte folamh a íoslaghdú, bunaithe ar chleachtais nuálacha amhail Cargohopper in Utrecht agus córas seachadta cathrach Stadleveransen in Gothenburg; agus
- Tacú le saoráidí áitiúla 'Clíceáil agus Bailigh' a shuí ag stáisiúin iarnróid, ag forbairtí cónaithe nua agus ag Moil Soghluaisteachta chun laghdú a dhéanamh ar an líon seachadtaí pearsanta aonair a dhéantar chuig áiteanna oibre agus chuig tithe as a mbíonn an faighteoir as láthair go minic.

BEART FREIGHT4

Straitéis Seachadta agus Seirbhísithe

I gcomhar le húdarais áitiúla, tá sé mar rún ag an Údarás Straitéis Seachadta agus Seirbhísithe a ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar an bhfás réamh-mheasta i seachadtaí baile, i mbainistíocht agus bailiú dramhaíola, san úsáid a bhaintear as feithiclí beaga agus as leictrea-shoghluaisteacht chun seachadtaí 'míle deiridh' a dhéanamh, agus in oibriú lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre, i measc nithe eile.

Srianta Lasta atá ann cheana





13 Bearta Tacaíochta agus Comhtháthú

Beidh an cur chuige a bheidh ag teastáil bunaithe ar shamhail níos comhtháite um dhearadh sráideanna a chur i bhfeidhm, áit a gcuirfear deireadh le haon bhacainní atá ann i ndáiríre, nó a bhraitear a bheith ann, ar an ngluaiseacht ar mhaithe le hidirghníomhaíocht níos cothromasaí a chur chun cinn idir úsáideoirí i dtimpeallacht atá sábháilte agus tráchtmhoillithe.

An Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha, 2019

Leagfar síos sa Straitéis seo an creat le haghaidh córas iompair i bhfad níos fearr, rud a thacóidh le fás amach anseo Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge trí chur lena tharraingtí atá an taisteal inbhuanaithe agus trí laghdú a dhéanamh ar an spleáchas ar an gcarr príobháideach. Rannchuideoidh sé sin le maolú a dhéanamh ar na tionchair a imríonn an t-iompar ar an athrú aeráide laistigh den Limistéar Ceannchathartha.

Is é an ról atá ag bearta tacaíochta ná aon infheistíocht bonneagair a chomhlánú. Ní féidir lántairbhí na hinfheistíochta suntasaí a sholáthrófar de bhun na Straitéise seo a bhaint amach trí bhonneagar a sholáthar amháin agus ní mór bearta a thacóidh leis an mbonneagar sin a úsáid ar an tslí is fearr a chur chun feidhme freisin.

Beidh na bearta tacaíochta a bheartaítear sa Straitéis seo rithábhachtach maidir le timpeallachtaí fisiciúla, sóisialta agus cultúrtha a chruthú ina mbeidh an siúl, an rothaíocht agus an t-iompar poiblí ina roghanna tarraingteacha, praiticiúla agus loighciúla le haghaidh riachtanais taistil laethúil fhormhór na saoránach.

13.1 Pleananna Áitiúla Iompair

Ba cheart don dá Údarás Áitiúla féachaint le torthaí agus cuspóirí uileghabhálacha na Straitéise seo a aistriú trí Pleananna Áitiúla Iompair atá sonrach don limistéar a úsáid ar leibhéal lár na cathrach nó ar leibhéal an láir baile cheannchathartha, agus úsáid á baint as modheolaíocht na Measúnachta Iompair Limistéarbhunaithe ar fhorbair an tÚdarás agus Bonneagar Iompair Éireann í.

Ba cheart spriocanna sciar modha atá uailmhianach agus indéanta a leagan amach sna Pleananna sin chun tacú le haistriú suntasach chuig modhanna taistil ghníomhaigh agus inbhuanaithe agus le laghdú sa líon turas de charr príobháideach idir an gearrthearma agus an meántearma.

Ba cheart Pleananna Taistil Ócáide a bhreithniú le haghaidh ócáidí lena ngintear líon ard turas, amhail laethanta cluiche agus ceolchoirmeacha, chun maolú a dhéanamh ar aon tionchair dhiúltacha ar an limistéar agus ar an ngréasán bóithre mórthimpeall.

BEART SM1

Pleananna Áitiúla Iompair

Cuirfidh an tÚdarás Pleananna Áitiúla Iompair atá bunaithe ar mhodheolaíocht na Measúnachta Iompair Limistéarbhunaithe chun cinn agus cabhróidh sé le hÚdarás Áitiúla iad a fhorbairt, mar chuid den phróiseas reachtúil um pleananna a dhéanamh.

13.2 Oifigeach Siúil agus Rothaíochta

Ba cheart don dá Údarás Áitiúla breithniú a dhéanamh ar Oifigeach tiomnaithe Siúil agus Rothaíochta (cosúil leis sin atá ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath) a cheapadh. Maidir leis an duine a cheapfar chuig an ról sin, b'fhearr go mbeadh sé/sí oile san athrú iompraíochta agus go mbeadh eolas oibre aige/aici ar an dearadh. D'fhéadfaí freagracht as na nithe seo a leanas a leagan ar an Oifigeach Siúil agus Rothaíochta:

- Fóram geallsealbhóirí ábhartha a chomhordú chun saincheistanna áitiúla a bhaineann leis an taisteal gníomhach a tharraingt anuas;
- Raon éagsúil ócáidí cur chun cinn a reáchtáil chun próifíl an taistil ghníomhaigh a ardú i ngach lárionad ceannchathartha uirbeach; agus
- Ról gníomhach a imirt sna luathchéimeanna de scéimeanna ríochta poiblí, de thionscadail bóithre agus de thograí eile a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an timpeallacht coisithe agus rothaithe.



BEART SM2**Oifigigh Thaistil Ghníomhaigh**

Tacóidh an tÚdarás le hOifigigh thiomnaithe Thaistil Ghníomhaigh a chur chun feidhme in údaráis áitiúla chun cultúr taistil ghníomhaigh a chothú agus chun rannchuidiú le scéimeanna siúil agus rothaíochta a fhorbairt.

13.3 Bearta Timpeallachta Tógtha

Imríonn dearadh na timpeallachta tógtha ról ríthábhachtach maidir leis an líon daoine a shiúlann, a dhéanann rothaíocht agus a úsáideann iompar poiblí ar fud an Limistéir Cheannchathartha a chinneadh.

13.3.1 Dearadh Uirbeach agus Comhfhorbairt Áite

Bhí athrú cur chuige ann le blianta beaga anuas chun athscrúdú a dhéanamh ar an ról a imríonn ár sráideanna mar áiteanna a dtacaíonn le raon níos leithne feidhmeanna, agus níos mó i gceist leo anois ná tréghluaiseacht tráchta a éascú amháin. Tá ríthábhacht ag baint le dearadh uirbeach ar ardchaighdeán a thugann tosaíocht don siúl agus don rothaíocht do dhaoine de gach aois agus cumas maidir le hómós áite a bhreisiú.

Mar atá tugtha faoi deara sa Chaibidil maidir leis an Siúl, beidh ar an dearadh agus an leagan amach ar fhorbairt nua tacú leis na feabhsuithe bonneagair fhisiciúil atá leagtha amach sa Straitéis seo. Áirítear leo sin leagan amach sráideanna agus limistéar cónaithe atá sábháilte, inrochtana agus tréscailteach agus a uasmhéadaíonn a tharraingtí atá an siúl agus an rothaíocht agus a inrochtana atá an t-iompar poiblí.

Ardtosaíocht don Straitéis seo is ea aghaidh a thabhairt ar bhraistint na sábháilteachta agus na slándála ar mhaithe le spriocanna sciar modha ghníomhaigh agus inbhuanaithe na Straitése a bhaint amach. Ní mór do shráideanna, d'fhoirgnimh agus d'áiteanna spéise bheith sábháilte, tarraingteach, cuimsitheach agus

inrochtana do chách. Tá tírdhreachú ar ardchaighdeán, pábháil thadhlach, saoráidí súgartha, agus bearta slándála neamh-ionsáiteacha – lena n-áirítear soilsiú, gníomhaíocht bunurláir agus faireachas éighníomhach – ina dtosca áite tábhachtacha.

Is bunriachtanas é freisin go mbeadh an ríocht phoiblí inrochtana do gach duine aonair. Cloífeadh le prionsabail an Deartha Uilíoch agus an deartha Aoisbhách le linn idirghabhálacha ríochta poiblí agus sráid-dreacha a chur chun feidhme, lena n-áirítear rochtain ar an iompar poiblí.

BEART SM3**Dearadh Uirbeach i Scéimeanna Iompair**

Cuirfidh an tÚdarás dearadh uirbeach agus comhfhorbairt áite ar ardchaighdeán san áireamh le linn gach mórscéim bonneagair iompair phoiblí agus gach mórscéim taistil ghníomhaigh a phleanáil agus a dhearadh, agus breithneoidh sé conas a d'fhéadfaí tuilleadh bithéagsúlachta a chothú.

BEART SM4**Dearadh Uilíoch/Ríocht Phoiblí Aoisbhách**

Le linn thréimhse feidhme na Straitése Iompair, cinnteoidh an tÚdarás go mbeidh an bonneagar iompair phoiblí agus na saoráidí iompair phoiblí inrochtana do gach úsáideoir agus go gcloífeadh le prionsabail an Deartha Uilíoch agus an deartha Aoisbhách i ngach tionscadal iompair phoiblí agus i ngach scéim taistil ghníomhaigh.

13.3.2 Aimsiú Bealaigh

Baineann aimsiú bealaigh lena éasca atá sé do dhaoine iad féin a threosúomh i spás agus dul ó áit go háit agus a dtimpeallachtaí a léirmhíniú.

Tugtar treoir maidir le haimsiú bealaigh sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha. Tá roinnt teicnící aimsiú bealaigh ann, lena

n-áirítear leideanna amhairc amhail sainchomharthaí tíre, cóireáil dromchla, soilsiú, amharclínte, agus, nuair is cuí, comharthaíocht. Tá sé tábhachtach nach gcuirfeadh teicnící aimsiú bealaigh le tranglam sráide. Tá roinnt tíopeolaíochtaí comharthaíochta éagsúla ann ar fud Chathair Phort Láirge. Ba cheart córas comhsheasmhach aimsiú bealaigh atá ag teacht le córas Legible London a chur i bhfeidhm, i dteannta an Straitéis seo a sholáthar. Rachadh sé sin chun tairbhe don mhuintir áitiúla agus do chuirteoirí ar an Limistéar Ceannchathartha araon.

13.3.3 Comharsanacht Ísealtráchta

Tá Comharsanachtaí Ísealtráchta comhdhéanta de ghrúpaí sráideanna cónaithe, a bhfuil bhóithre dáileacháin mar theorainn leo, áit a gcuirtear in aghaidh “tréthracht” mótarfheithiclí nó a mbaintear é go hiomlán. Is ann do roinnt beart is féidir a chur chun feidhme chun comharsanacht den sórt sin a chruthú. Áirítear leo sin scagairí módúla (atá cosúil le tréscailteach scagtha); comharthaí ‘cosc ar iontráil’; nó coisc ar thiontú. Sna cásanna uile, is féidir le cónaitheoirí tiomáint chuig a dteach fós agus is féidir seachadtaí a dhéanamh fós, ach is rud rí-mhíchaoithiúil nó rud nach gceadaítear go bunúsach í gluaiseacht tréthrachta.

BEART SM5**Comharsanachtaí Ísealtráchta**

Tacóidh an tÚdarás le húdaráis áitiúla atá ag iarraidh Comharsanachtaí Ísealtráchta a chur chun feidhme i lonnaíochtaí ar fud an Limistéir Cheannchathartha.

13.3.4 An tOrdLathas Úsáideoirí Bóithre

Chun daoine a spreagadh úsáid a bhaint as modhanna inbhuanaithe iompair, ní mór ordlathas úsáideoirí a bhreithniú, agus ní mór soláthar a dhéanamh dóibh ina dhiaidh sin, le linn gréasáin a dhearadh. Is de shiúl na gcos a thosaítear agus a chríochnaítear gach turas, beagnach. De bhreis ar na daoine sin a thaistealaíonn de shiúl na gcos le haghaidh a dturas ina n-íomláine, is de shiúl na gcos a thosaíonn agus a chríochnaíonn

úsáideoirí iompair phoiblí agus úsáideoirí cairr a dturais freisin. Dá bhrí sin, tá an coisí ag barr an ordlathais úsáideoirí bóithre. Ní mór ardtosaíocht a thabhairt do rothaithe freisin, toisc go bhfuil acmhainneacht ollmhór ag turais a thógtar den mhodh sin maidir le turais de charr príobháideach a ionadú. De bharr an lín daoine is féidir a iompar den iompar poiblí (busanna/tramanna/traenacha), ba cheart breithniú a dhéanamh ar an soláthar do na modhanna sin ansin. Ba cheart soláthar a dhéanamh ina dhiaidh sin don rochtain do sheachadadh earraí agus do sheirbhísí agus, sa deireadh, ba cheart soláthar a dhéanamh don charr príobháideach.

BEART SM6

An tOrdlathas Úsáideoirí Bóithre

Le linn an phróisis cinnteoireachta maidir le scéimeanna iompair a dhearadh, a phleanáil agus a chistiú, treorófar an tÚdarás agus na húdaráis áitiúla leis an tosaíocht a thugtar do gach modh san Ordlathas Úsáideoirí Bóithre.

13.3.5 Criosanna atá Saor ó Charranna

D'fhéadfaí buntáiste a thabhairt do mhodhanna iompair inbhuanaithe agus an spás poiblí a fheabhsú agus úsáid an spáis phoiblí a athchur in ord tosaíochta trí chriosanna atá saor ó charranna a thabhairt isteach. Is féidir criosanna atá saor ó charranna a chur chun feidhme ar scála mór nó ar scála beag, mar shampla ar leibhéal bloc cathrach nó ar leibhéal mórchomharsanachta, agus is féidir rochtain a choinneáil ar bun do dhaoine a chónaíonn sa limistéar nó do sheirbhísí bunriachtanacha agus iompar poiblí a éascú ag an am céanna. Is féidir iad a chur chun feidhme ag amanna éagsúla den lá nó ar laethanta éagsúla den tseachtain freisin, go háirithe i gcéim trialacha trínar féidir tuiscint a ghnóthú ar láidreachtaí agus laigí na dtograí.

BEART SM7

Criosanna atá Saor ó Charranna

Tacóidh an tÚdarás le húdaráis áitiúla atá ag iarraidh criosanna atá saor ó charranna a sholáthar i limistéir uirbeacha, i gcás go rachaidh sé sin chun tairbhe don iompar, do thrácht, don chomhshaoil agus/nó don gheilleagar áitiúil.

13.3.6 Sráideanna Cónaithe

Is é is Sráid Chónaithe ann ná sráid nó grúpa sráideanna atá deartha chun na riachtanais atá ag coisithe, ag rothaithe agus ag leanaí a chothromú leis na riachtanais sin atá ag gluaisteánaithe, d'fhonn spleáchas na ngluaisfheithiclí a laghdú. Is é an coincheap atá taobh thiar di ná go gcomhroinntear an spás idir gach úsáideoir, seachas tús áite a bheith ag modh úsáideora ar leith, agus go mbaintear tréthracht feithiclí den tsráid. Laghdaítear luasanna trí dhearadh, áit a bhfuil na sráideanna cúng agus ina gcuirtear cora/lúba sa bhóthar ar áireamh sa phlean. Fágann sé sin, mar shampla, nach mbeidh aon ghá ann le rampaí a iarfheistiú tráth níos déanaí. Ba cheart riachtanais na n-úsáideoirí uile, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil lagú amhairc orthu, a chur san áireamh agus Sráideanna Cónaithe á ndearadh.

BEART SM8

Sráideanna Cónaithe

Tacóidh an tÚdarás le húdaráis áitiúla atá ag iarraidh sráideanna cónaithe a sholáthar i limistéir chónaithe, de réir mar is cuí.

13.4 Athrú Iompraíochta

Beidh sé riachtanach tacú le haistriú i dtreo modhanna níos inbhuanaithe taistil ar an leibhéal áitiúil trí thionscnaimh athrú iompraíochta. Is féidir le cláir shaincheaptha agus le feachtais múscailt feasachta tionchar a imirt ar na roghanna soghluaisteachta a dhéanann duine aonair, go háirithe in áiteanna a bhfuil bonneagar ar ardchaighdeán ar fáil freisin.

Is é a bhíonn i gceist le clár éifeachtach athrú iompraíochta de ghnáth ná cur chuige an-phearsantaithe a ghlacadh chun daoine a spreagadh a machnamh a dhéanamh ar a n-iompraíocht reatha taistil, chun iad a chur ar an eolas faoi na roghanna uile atá ar fáil dóibh agus chun oideachas a chur orthu maidir leis na tairbhí sóisialta, sláinte, geilleagracha agus comhshaoil a bhaineann leis an taisteal inbhuanaithe agus gníomhach a roghnú.

13.4.1 An Clár Taistil Níos Cliste

Oibríonn an clár Taistil Níos Cliste i gcomhpháirt le raon leathan geallsealbhóirí chun pleananna taistil a fhorbairt agus chun cur chun cinn a dhéanamh ar ócáidí amhail Seachtain na Rothar, Féile Rothaíochta BeSPOKE agus Seachtain Soghluaisteachta na hEorpa.

Leanann an tÚdarás le clár Thaisteal Níos Cliste TFI, ar clár athrú iompraíochta é, a oibriú. Leis an gclár sin, tugtar tacaíocht agus acmhainní d'áiteanna oibre agus oideachais ar mhaithe le haistriú a chothú i dtreo patrúin taistil níos inbhuanaithe.

Moltar go leathnófaí an ról atá ag an gclár Taistil Níos Cliste de chuid Iompar d'Éirinn sa Limistéar Ceannchathartha chun go mbeidh ról tábhachtach aige maidir leis an athrú iompraíochta a sholáthar a theastaíonn chun lántairbhí na Straitéise seo a bhaint amach. Soláthraítear leis an gclár freisin ardán trínar féidir cur chun feidhme na Straitéise seo a chur in iúl agus tairbhí na Straitéise seo a léiriú go díreach do líon mór daoine.

BEART SM9

An Clár Taistil Níos Cliste

Leanfaidh an tÚdarás leis an gClár Taistil Níos Cliste in áiteanna oibre agus i gcampaí a leathnú chun tionchar díreach a imirt ar iompraíocht taistil agus chun go

mbainfear an úsáid is mó as an mbonneagar iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta agus na seirbhísí iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta atá á bhforbairt faoin Straitéis Iompair.

13.4.2 Pleanáil Taistil don Áit Oibre

Is é atá i gceist le Pleananna Taistil don Áit Oibre ná pacáiste beart a bhfuil mar aidhm leo patrúin taistil inbhuanaithe chuig áiteanna oibre agus uathu araon a chur chun cinn agus a chothú agus an líon turas aontaistealaí de charr a laghdú.

Mar gheall ar an bhfás fostaíochta ar fud an Limistéir Cheannchathartha, mar atá réamh-mheasta sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, moltar sa Straitéis seo go n-ullmhófaí Pleananna Bainistíochta Soghluasteachta/ Pleananna Taistil don Áit Oibre le haghaidh áiteanna oibre/criosanna fostaíochta ar mhórsála agus go gceanglófaí na pleananna sin mar chuid de na coinníollacha pleanála le haghaidh gach ceada pleanála nua ar mhórsála. Ar mhaithe le Pleananna Taistil don Áit Oibre a chur chun feidhme go láidir, moltar go mbeadh dlúth-chomhoibriú ann idir na húdaráis Áitiúla agus na braislí áiteanna oibre ag GFT Éireann, Port Láirge, ag Coimpléasc Tionsclaíoch Chill Chuacháin agus sna mórlimistéir fostaíochta i Lár Cathrach Phort Láirge.

BEART SM10 Pleananna Taistil

Tacóidh an tÚdarás le Pleananna Taistil a fhorbairt le haghaidh láithreacha fostaíochta, forbairtí cónaithe agus institiúidí oideachais ar mhórsála.

13.4.3 Pleanáil Taistil Scoile

Tá ríthábhacht ag baint le feabhas a chur ar cháilíocht agus méid na pleanála taistil scoile ar fud an Limistéir Cheannchathartha maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar sóisialta, sláinte agus comhshaoil a imríonn

turais charrbhunaithe chuig an scoil ar an tsláinte phoiblí, ar an gcomhshaoil agus ar phlódú.

I mbeagán focal, is ró-ard atá an líon leanaí a thiomáintear achair réasúnta gearr chuig an scoil. Tá cuid mhór scoileanna lonnaithe ar láithreáin úrnua ar imeall limistéar forbraíochta nua anois, agus iad ar shiúl ó cheantair chónaithe atá ann cheana. Cruthaíonn sé sin ardleibhéal spleáchais ar inrochtaineacht charrbhunaithe. Ina lán cásanna, baintear an bonn de na hiarrachtaí a dhéantar taisteal gníomhach a chur san áireamh mar gheall ar an easpa soláthair deartha don siúl agus don rothaíocht agus ar an bhfáil éasca ar spásanna páirceála carranna. Chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na saincheistanna sin, tá an tÚdarás ag déanamh formhaoirseacht ar an Modúl Taistil de Chlár Scoileanna Glasa An Taisce ó tugadh isteach sa bhliain 2008 é. Áirítear iad seo a leanas le bearta a chuirfeadh feabhas ar an taisteal chuig an scoil:

- Scoileanna nua a chomhtháthú isteach i limistéir forbraíochta atá ann cheana nó atá beartaithe ar shlí níos fearr ar mhaithe le ceantair shiúil agus rothaíochta a bharrfheabhsú;
- A cheangal go n-ullmhófaí Pleananna Taistil Scoile;
- Tabhairt faoi Iniúchtaí Insiúltachta Deartha Uilíoch an Údaráis chun sainaithint a dhéanamh ar limistéir lena bhfeabhsú timpeall na ngeataí scoile agus ar na príomhbhealaí coisithe chuig an scoil;
- Cláir um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil a sheoladh, ina ndéantar feabhsuithe spriocdhírthe bonneagair atá ceaptha chun freastal ar thionscnaimh amhail Rotharbhusanna Scoile, Busanna Siúil agus limistéir fágála Pháirceála agus Shiúil atá suite laistigh de thuras de shiúl na gcos ón scoil;
- Criosanna ina bhfuil 'Cosc ar Réchasadh' agus cláir 'Sráideanna Scoile' a éascú chun feabhas a chur ar aercháilíocht, ar shláinte agus sábháilteacht

an phobail sa limistéar áitiúil agus chun súgradh neamhfhoirmiúil a chur san áireamh;

- Leanúint le Modúl Taistil na Scoileanna Glasa a chur i bhfeidhm agus a leathnú;
- Oiliúint rothaíochta a sholáthar i scoileanna chun go ngnóthódh leanaí na scoileanna agus an mhuinín a theastaíonn chun rothaíocht a dhéanamh chuig an scoil; agus
- An soláthar páirceála rothar a mhéadú.

BEART SM11

Bealaí Sábháilte chuig an Scoil

Déanfaidh an Taisce, an tÚdarás agus na húdaráis áitiúla, le tacaíocht ón Roinn Iompair agus ón Roinn Oideachais, an clár um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil a chur i bhfeidhm agus a leathnú ar shlí chomhoibríoch thar thréimhse feidhme na Straitéise Iompair.

BEART SM12

Clár na Scoileanna Glasa

Leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag tacú leis an Taisce chun Modúl Taistil na Scoileanna Glasa a oibriú agus a leathnú mar phríomhbheart in úsáid an chairr sa taisteal chun na scoile a laghdú agus i gcultúr iompair inbhuanaithe a chothú i leanaí ó aois óg aníos.

BEART SM13

Pleanáil agus Dearadh Scoile

Ba cheart a chinntiú i bPleananna Forbartha, i Scéimeanna Pleanála Criosanna Forbartha Straitéisí agus i bPleananna Limistéir Áitiúil gur príomhthois taobh thiar de scoileanna nua a lonnú í rochtain ar an scoil de shiúl na gcos, de rothar agus d'iompar poiblí. Ba cheart a chinntiú leis an bpleanáil le haghaidh scoileanna nua agus le méadú scoileanna láithreacha go ndéanfar an dearadh mionsonraithe ar shlí a n-uasmhéadóidh an tosaíocht do choisithe agus do rothaithe.

BEART SM14**Oiliúint Rothaíochta**

Tacóidh an tÚdarás le húdaráis áitiúla cláir oiliúna rothaíochta a fhorbairt le haghaidh áiteanna oideachais agus fostaíochta.

BEART SM14**Oiliúint Rothaíochta**

Tacóidh an tÚdarás le húdaráis áitiúla cláir oiliúna rothaíochta a fhorbairt le haghaidh áiteanna oideachais agus fostaíochta.

Osclaíodh raon 'Foghlaím le Rothaíocht' i nDún Garbhán le déanaí sa bhliain 2022. Ar aon raon sin, beidh leanaí in ann foghlaim le rothaíocht ar struchtúr bóithre 'fíorshaoil' a bhfuil línte, comharthaí agus trasrianta coisithe air agus atá saor ó thrácht. A bhfuil le saoráidí cosúil leis an raon 'Foghlaím le Rothaíocht' i nDún Garbhán, beidh leanaí in ann na scileanna a theastaíonn don rothaíocht a fhoghlaim agus rothaíocht a dhéanamh go muiníneach go luath ina saol.

Moltar sa Straitéis seo go ndéanfaí tuilleadh imscrúdaithe ar an topaic sin trí Straitéis chuimsitheach Taistil Scoile a ullmhú don Limistéar Ceannchathartha.

BEART SM15**Straitéis Taistil Scoile**

Tacóidh an tÚdarás le Straitéis Taistil Scoile a ullmhú don Limistéar Ceannchathartha chun aghaidh a thabhairt ar Phleananna Taistil Scoile, ar Iniúchtaí Insiúltachta, ar Rotharbhusanna Scoile agus ar pháirceáil rothar, i measc nithe eile.



'Learn to Cycle' track located in Dungarvan

13.4.4 Feachtais Mhargaíochta

Tá feachtais mhargaíochta ina n-uirlis éifeachtach le haghaidh feachtas a mhúscailt agus daoine a spreagadh taisteal de mhodhanna inbhuanaithe. Is faoin mbranda 'Iompar d'Éirinn' a thugann an tÚdarás faoi fheachtais den sórt sin.

Ar mhaithe le feabhsuithe iompair inbhuanaithe a dhéanamh, ba cheart breithniú a dhéanamh, chun críocha brandála, margaíochta agus fógraíochta, ar leas a bhaint as feachtais atá cliste, cruthaitheach agus cost-éifeachtúil agus a bhfuil mar aidhm leo an t-éileamh ar an iompar inbhuanaithe a mhéadú agus a chothabháil. Beidh feachtais faisnéise ina gcuid dhílis den Straitéis seo a sholáthar.

BEART SM16**Feachtais Faisnéise Poiblí agus Mhargaíochta**

Ar mhaithe le feabhsuithe iompair inbhuanaithe a dhéanamh, déanfaidh an tÚdarás forbairt agus cur chun feidhme ar fheachtais mhargaíochta atá cliste, cruthaitheach agus cost-éifeachtúil agus a bhfuil mar aidhm leo an t-éileamh ar an iompar inbhuanaithe a mhéadú agus a chothabháil.

13.4.5 Forfheidhmiú na nDlíthe um Thrácht ar Bhóithre

Infheisteadh an tÚdarás agus údaráis áitiúla suimeanna suntasacha airgid phoiblí i scéimeanna iompair amhail lánaí rothar, lánaí bus agus línte iarnróid a sholáthar. Maidir leis an leibhéal seirbhíse a sholáthraítear leis an infheistíocht sin, bíonn sé ag brath ar na dlíthe um thrácht ar bhóithre a bheith á gcomhlíonadh sa chuid is mó de chásanna, agus ní i gcónaí a bhaintear an comhlíonadh sin amach.

BEART SM17**Forfheidhmiú na nDlíthe um Thrácht ar Bhóithre**

Ag obair dó i gcomhar leis na húdaráis áitiúla, leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, le Bonneagar Iompair Éireann, le hoibritheoirí iompair agus leis an nGarda Síochána, cinnteoidh an tÚdarás go gcosnófar infheistíocht i mbonneagar iompair agus i seirbhísí iompair trí fhorfheidhmiú cuimsitheach a dhéanamh ar na dlíthe um thrácht ar bhóithre, lena n-áireofar modhanna nua nuálacha a iniúchadh, agus tacóidh sé le feachtais faisnéise agus oideachais don phobal ar an tsaincheist sin.

13.5 Teicneolaíocht ar son Iompar Inbhuanaithe

A bhfuil leis an dul chun cinn teicneolaíochta, tá acmhainneacht bhunathraitheach ann freagairt do roinnt de na saincheisteanna atá leagtha amach sa Straitéis seo. Dá réir sin, bainfear leas méadaitheach as an teicneolaíocht thar thréimhse feidhme na Straitéise. I bhfianaise an chuspóra arb é atá ann Port Láirge a fhorbairt mar Chathair Chliste, tacaíonn an Straitéis le cur chuige comhoibríoch a ghlacadh leis an earnáil phríobháideach chun go mbeifear in ann trialacha a dhéanamh ar theicneolaíochtaí seanbhunaithe agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn sa tionscal iompair agus atá ábhartha don Straitéis seo agus chun na teicneolaíochtaí sin a ghlacadh go luath. Tá na teicneolaíochtaí sin leagtha amach thíos.

13.5.1 Soghluaisteacht ar Éileamh

Is é is Soghluaisteacht ar Éileamh ann ná coincheap trína n-úsáidtear an teicneolaíocht chun tacú le comhtháthú agus leis an taisteal ilmhódach. Is ionann í agus aistriú ar shiúl ón spleáchas ar iompar atá faoi úinéireacht phearsanta agus i dtreo samhail trína soláthraítear soghluaisteacht ar éileamh. Is é a bhíonn i gceist le soghluaisteacht ar éileamh de ghnáth ná cuntas aontaithe tairsí/ar líne, rud lena dtugtar rochtain don úsáideoir ar an iompar poiblí, ar fhrúiliú rothar, ar chlubanna comhroinnte carranna agus ar thacsaithe gan ach cnaipe a bhrú. Beidh soghluaisteacht ar éileamh ina huirlis úsáideach freisin maidir le húsáid talún a phleanáil chun tacú le forbairtí atá saor ó charranna nó atá ar bheagán carranna i ngar do mhoil iompair phoiblí agus soláthrófar léi rochtain ar charr nuair is gá, gan aon ghá le ceann a cheannach.

BEART SM18

Soghluaisteacht ar Éileamh

Tá sé mar rún ag an Údarás imscrúdú a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh Soghluaisteacht ar Éileamh a imirt i gcóras iompair an Limistéir Cheannchathartha agus ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as cur i bhfeidhm Thicéadú na Chéad Ghlúine Eile mar bhonn le haghaidh a chuir chun feidhme, de réir mar is cuí.

13.5.2 Córais Chliste Iompair

Cuirfear le héifeachtúlacht an chórais iompair trí Chórais Chliste Iompair a chur i bhfeidhm ann. Is é atá i gceist le Córais Chliste Iompair ná bainistíocht tráchta a aistriú ó ghníomhaíocht statach neamhfhreagrúil ina gníomhaíocht dhinimiciúil fhreagrúil atá in ann oiriúnú do dhálaí tráchta síorathraitheacha i bhfíor-am. Fágann siad gur féidir freagairt go tapa do dhálaí fíor-ama. Áirítear iad seo a leanas leis na feidhmeanna is féidir a bhaint as Córais Chliste Iompair:

- Ardchomharthaíocht Bus; agus
- Córais chliste seachadta agus seirbhísithe, amhail bána seachadta a chur in áirithe roimh ré.

BEART SM19

Córais Chliste Iompair

Tacóidh an tÚdarás le Córais Chliste Iompair a chur i bhfeidhm sa ghréasán iompair chun cur lena éifeachtúlacht atá an gréasán.

13.5.3 Clubanna Comhroinnte Carranna

Bíonn ag méadú ar an líon clubanna comhroinnte carranna in Éirinn, agus club comhroinnte carranna YUKO i mBaile Átha Cliath ag dul i bpáirt le déanaí le club seanbhunaithe GoCar atá ar bun ar fud na tíre. Is féidir le clubanna comhroinnte carranna a bheith ina n-uirlis thábhachtach le haghaidh forbairt atá saor ó charranna nó atá ar bheagán carranna a éascú i limistéir uirbeacha, agus rochtain á tabhairt do chónaitheoirí ar charr gan an costas leanúnach a bhaineann le carr a choinneáil.

Tá fianaise inchreidte ann lena dtugtar le tuiscint go dtagann laghdú ar úinéireacht cairr phríobháidigh as an bhfáil mhéadaithe ar chlubanna comhroinnte carranna. I suirbhé a sheol Steer Davies Gleave i Londain le déanaí (Carplus, 2016), tugtar le tuiscint gurb é an toradh a bhíonn ar gach feithicil de chuid clubanna comhroinnte carranna ná go mbaintear 10.5 carr príobháideach de bhóithre London, de réir mar a fhaigheann úsáideoirí réidh lena gcar féin. Ina theannta sin, thuairiscigh aon trian de na baill de chlubanna comhroinnte carranna turais fillte go gceannódh siad carr príobháideach mura rachadh siad isteach sa chlub. Fágann sé sin gur iarchuireadh ceannach 22 charr eile a bhuí le gach feithicil de chuid clubanna comhroinnte carranna.

Tá láthair GoCar amháin ann i Lár Cathrach Phort Láirge faoi láthair, agus í suite ag Tesco Poleberry. Samhlaítear sa Straitéis seo go mbeidh méadú ann sa soláthar clubanna comhroinnte carranna, go háirithe mar chuid de mhoil soghluaisteachta i bhforbairtí cónaithe ard-dlúis nó i limistéir ina bhfuil ard-chomhchruinniú úsáidí fostaíochta nó tráchtála. Ba cheart tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar chlubanna comhroinnte carranna aontreo nó 'aistreacha' amhail DriveNow nó Zipcar Flex a thabhairt isteach.

BEART SM20

Clubanna Comhroinnte Carranna

Tacóidh an tÚdarás leis na húdaráis áitiúla, le háiteanna oibre agus le gníomhaireachtaí agus cuideachtaí ábhartha eile tionscnaimh charr-roinnte a chur chun feidhme, go háirithe mar chuid d'fhorbairtí tithíochta nua.

13.5.4 Córais Dhinimiciúla Pháirceála/Córais Fhíorúla Bána Lódála

Chun tacú le húsáid níos éifeachtúla a bhaint as an spás cois cosáin, tosaíodh ar theicneolaíocht chliste a thriail i limistéir uirbeacha san Eoraip, lena n-áirítear samhlacha dinimiciúla páirceála ar an tsráid agus córais fhíorúla bána lódála, agus costais á bhforchúiteamh trí mhuirir a ghearradh ar fheithicilí i leith na seirbhísí sin a úsáid. Is féidir an teicneolaíocht sin a imscrúdú tuilleadh in Éirinn chun coinbhleacht a íoslaghdú idir na héilimh éagsúla ar an spás bóthair teoranta atá ar fáil agus chun trácht cuardaigh agus plódú áitiúil a laghdú.

Trí chórais fhíorúla pháirceála a úsáid agus trí bhánna lódála a chur in áirithe roimh ré, is féidir cabhrú le cuideachtaí seachadtaí a dhéanamh in am, agus plódú agus coinbhleacht á laghdú dá bharr sin.

- Luasteorainneacha Athraitheacha a chur i bhfeidhm;
- Córais dhinimiciúla pháirceála a úsáid;

BEART SM21**Córais Dhinimiciúla Pháirceála/Bánna Lódála**

I gcomhar leis na húdaráis áitiúla, déanfaidh an tÚdarás scrúdú ar an acmhainneacht atá ann saoráidí ilúsáide cois cosáin agus eas-sráide a chruthú chun freastal ar raon difriúil riachtanas, lena n-áirítear lódáil, stadanna tacsaithe agus páirceáil carranna.

13.5.5 Feithiclí Leictreacha

Táthar ag súil leis go dtiocfaidh méadú suntasach ar úsáid feithiclí leictreacha sna blianta atá romhainn. Samhlaítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála, ar aon dul leis an bPlean Gnímh don Aeráid agus leis an bPlean Maolaithe Aeráide, go mbeidh aistriú de réir a chéile ann i dtreo úsáid a bhaint as feithiclí leictreacha agus as córais hibrídeacha tarraingthe le haghaidh feithiclí príobháideacha agus flíteanna iompair phoiblí. Samhlaítear sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach freisin go dtiocfaidh méadú ar úsáid feithiclí leictreacha ar na bóithre mar gheall ar a cuid straitéisí taistil níos cliste.

Ní mór bonneagar luchtaithe poiblí a fhorbairt chun tacú leis an méadú ionchasach sin in úsáid feithiclí leictreacha. Soláthraíonn Bord Soláthair an Leictreachais níos mó ná 1,350 ceann de phointí luchtaithe poiblí in Éirinn faoi láthair, agus 11 cheann díobh lonnaithe sa Limistéar Ceannchathartha. Samhlaítear sa Straitéis seo go mbeidh méadú ann sa líon pointí luchtaithe feithiclí leictreacha ar fud an Limistéir Cheannchathartha. Áireofar leo sin saoráidí mall-luchtaithe, meánluchtaithe agus mearluchtaithe, a chuirfear go príomha in áit spásanna páirceála atá ann cheana.

Níl feithiclí leictreacha ina réiteach uileghabhálach, áfach, le haghaidh plódú a mhaolú nó le haghaidh spás stórála carranna príobháideacha a ath-leithdháileadh don iompar inbhuanaithe agus don bhithéagsúlacht. Ba cheart an díriú a leagan ar dtús ar fheithiclí

astaíochtaí ísle a úsáid do thurais 'riachtanacha' amhail iompar poiblí, flíteanna údaráis phoiblí, fruilfheithiclí príobháideacha, seachadadh agus seirbhísiú, agus bailiú dramhaíola.

BEART SM22**Pointí Luchtaithe Feithiclí Leictreacha**

I gcomhar leis na húdaráis áitiúla, déanfaidh an tÚdarás staidéar ar phointí luchtaithe poiblí feithiclí leictreacha a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar an bhfás in úsáid feithiclí leictreacha.

13.5.6 Feithiclí Uathrialaitheacha

D'fhéadfaí feithiclí uathrialaitheacha, nó carranna gan tiománaí, a úsáid chun feabhas a chur ar shábháilteacht, áit a mbeadh carranna ríomhchláraithe chun cloí le rialacháin tráchta agus le luasteorainneacha agus a mbeadh geofhálú suiteáilte iontu chun cosc a chur orthu dul isteach i spásanna áirithe. D'fhéadfadh úsáid carranna gan tiománaí spás cois cosáin a fhuascailt toisc go laghdódh sí an t-éileamh ar pháirceáil cónaithe agus fadfhanachta ar an tsráid. Ní fhéachtar ar fheithiclí uathrialaitheacha mar rogha eile ar an siúl, ar an rothaíocht ná ar an iompar poiblí, áfach. Tá roinnt saincheisteanna reachtacha, dlíthiúla agus teicniúla fós le réiteach i ndáil le feithiclí uathrialaitheacha agus i ndáil leis an tionchar atá acu ar an taisteal gníomhach agus ar an iompar poiblí.

Cé nach dtagann siad faoi raon feidhme na Straitéise seo, beidh ar an Údarás agus ar an dá Údarás Áitiúla measúnacht agus faireachán a dhéanamh ar na buntáistí (agus na míbhuntáistí) ar dóigh dóibh teacht as úsáid chomhroinnte feithiclí uathrialaitheacha thar thréimhse feidhme na Straitéise agus reachtaíocht a rith ina leith. Sa mheasúnacht sin, beidh gá ann lena mheas cé chomh hábhartha agus atá úsáid feithiclí uathrialaitheacha do na cuspóirí uileghabhálacha atá ann taisteal níos gníomhaí agus iompar cothromasach

a chur chun cinn agus plódú, truailliú agus tranglam sráide a laghdú.

BEART SM23**Faireachán a Dhéanamh ar Éabhlóid Feithiclí Uathrialaitheacha**

Oibreoidh an tÚdarás leis an Roinn Iompair agus le húdaráis áitiúla chun teicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn, amhail feithiclí ceangailte agus uathrialaitheacha agus na tairbhí a bhaineann leo, a chur san áireamh le linn dóibh an gréasán iompair sa Limistéar Ceannchathartha a phleanáil agus a dhearadh.

13.5.7 Ticéadú Cliste

San am i láthair, níl ach dhá rogha ann chun fóc ar bhord busanna cathrach i bPort Láirge: airgead tirim nó Cárta Leap Iompar d'Éirinn. Is féidir airgead tirim agus Cárta Cliste JJ Kavanagh a úsáid ar dhá bhealach a oibríonn JJ Kavanagh, áfach. Ní féidir na haipeanna fóin chliste atá ar fáil in Éirinn, amhail Breisiú Creidmheasa Leap Iompar d'Éirinn (TfI), Aga Turais TfI agus Pleanálaí Rothaíochta TfI, a úsáid chun fócaíochtaí gan tadhall a dhéanamh. Mar sin féin, d'infheistigh an tÚdarás €3.6 milliún le déanaí in aip ticéadaithe mhóibíleach nua a fhorbairt le haghaidh bhealaí Bhus Éireann. Beidh daoine in ann an aip sin a úsáid chun roghanna ticéid a chuardach, chun ticéid a cheannach agus chun ticéid a chur i láthair lena mbailíochtú agus iad ag taisteal.

Ceann de na spriocanna atá ag an Straitéis seo is ea córas comhtháite iompair a sholáthar, áit ar féidir le daoine agus le hearraí gluaiseacht go héifeachtúil agus go réidh ar fud an Limistéir Cheannchathartha ar fud gach modha iompair. Beidh ról lárnach ag an ticéadú comhtháite agus ag an teicneolaíocht cárta chliste maidir leis an sprioc sin a bhaint amach.

Baineann a lán tairbhí leis an ticéadú comhtháite, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Leis an ticéadú comhtháite, tugtar slí áisiúil chun táillí a íoc;
- Leis an ticéadú comhtháite, rannchuidítear leis an taisteal réidh ar fud modhanna difriúla iompair phoiblí, idir bhusanna, iarnród, scéimeanna comhroinnte rothar agus scéimeanna comhroinnte carranna, rud a fheabhsaíonn agaí fosaídh agus taistil;
- Leis an ticéadú cliste agus leis an módúlacht ‘íoc mar a úsáidtear’, cabhraítear le struchtúir fhreagrúla táillí a chur chun feidhme ar mhaithe le luach níos fearr ar airgead a thairiscint; agus
- Le híocaíochtaí gan tadhall, cumasaítear d’oibritheoirí iompair laghdú a dhéanamh ar na costais oibriúcháin a bhaineann le ticéid pháipéir a phriontáil agus a eisiúint agus le hairgead tirim a láimhseáil.

Áirítear na nithe seo a leanas le samplaí den Ticéadú Cliste:

- Íocaíochtaí gan tadhall a dhéanamh trí chártaí dochair, cártaí creidmheasa, Google Pay, Apple Pay, agus aipeanna fóin chliste atá bunaithe ar chumarsáid neasréimse (NFC); agus
- Cártaí cliste, ar cártaí iad ina bhfuil slis lena bhféadtar faisnéis amhail na cearta creidmheasa agus síntiúis atá ar fáil agus atá úsáidte a stóráil go sábháilte. Is féidir cártaí cliste a úsáid freisin chun cineálacha difriúla lascaí a thabhairt d’úsáideoirí rialta (e.g., Cárta Oyster i Londain, Carte Navigo i bPáras).

Samhlaítear go mbainfear leas méadaitheach as táillí gan airgead tirim, as ticéadú níos cliste agus as Soghluaisteacht shíntiúsbhunaithe ar Éileamh thar thréimhse feidhme na Straitéise.

BEART SM24
Ticéadú Cliste

Tá sé mar rún ag an Údarás Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile a sholáthar sa ghearrthearma, rud lena n-éascófar taisteal ilmhódach réidh agus lena laghdófar agaí fanachta ag stadanna bus.

13.5.8 Táillí Iompair Phoiblí

Is é an mórfhrionsabal le haghaidh táillí iompair phoiblí ná gur cheart don chóras:

- Bheith éasca le húsáid agus le tuiscint;
- Bheith deartha chun dreasachtaí praghaís a sholáthar le haghaidh úsáid mhinic;
- Bheith comhtháite go réigiúnach leis an oiread modhanna iompair agus is féidir; agus
- Bheith ar fáil ar phraghas réasúnach chun an t-iompar poiblí a dhéanamh ina rogha eile tharraingteach ar an gcarr príobháideach.

Tá struchtúr táillí criosbhunaithe ar fáil ar na seirbhísí iompair phoiblí a sholáthraíonn Bus Éireann i gCathair Phort Láirge agus a bruachbhailte faoi láthair.

Leanfaidh an tÚdarás le hathruithe a chur chun feidhme ar tháillí iompair phoiblí thar thréimhse feidhme na Straitéise seo. Déanfar athbhreithniú ar an struchtúr táillí chun a chinntiú go dtacófar le gréasáin na Straitéise seo ar shlí a spreagfaidh úsáid mhéadaithe an iompair phoiblí agus a ndéanfaidh soláthar d’aisghabháil chuí costais. Tá sé beartaithe struchtúr táillí níos simplithe a chur i bhfeidhm sa Limistéar Ceannchathartha, amhail córas táillí comhréidhe nó táillí criosbhunaithe, rud lena n-éascófar roinnt turas a thógáil ar mhodhanna difriúla gan ach táille aonair a íoc.

Áirítear iad seo a leanas leis na struchtúir eile a d’fhéadfaí a bhreithniú le linn thréimhse feidhme na Straitéise seo:

- Struchtúr Táillí Síntiúsbhunaithe, rud lena dtugtar luach saothair d’úsáideoirí minice trí phas a thabhairt dóibh le haghaidh líon neamhtheoranta turas, criosanna agus modhanna ar feadh thréimhse an tsíntiúis.
- Mar shampla, soláthraítear le Citymapper Pass, i gcomhar le haip soghluaisteachta ilmhódaí, seirbhís shíntiúsbhunaithe do gach cónaitheoir i Londain. Agus é á reáchtáil ag an earnáil phríobháideach, is féidir an cárta gan tadhall a úsáid ar fud na seirbhísí difriúla iompair de chuid TfL agus de chuid oibritheoirí áitiúla eile laistigh de chrios Oyster nó den chrios íocaíochtaí gan tadhall i Londain; agus
- Struchtúr Táillí Ilmhódacha, rud a chuirtear i bhfeidhm i mBaile Átha Cliath faoi láthair trí lascaine Leap 90 Nóiméad. Maidir le húsáideoirí iompair a úsáideann níos mó ná modh amháin laistigh de 90 nóiméad ón gcéad uair a thadhlaíonn siad ar aon mhodh, faigheann siad lascaine uathoibríoch ar na céimeanna turais ina dhiaidh sin. Mar shampla, más rud é go dtaistealaíonn aosach de bhus suas go Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath agus go dtéann sé/sí ar bhord sheirbhís Luas laistigh den chéad 90 nóiméad eile ansin, gheobhaidh sé/sí lascaine €1.00 ar an táille ar sheirbhís Luas. Is féidir Cárta Leap a úsáid i mBaile Átha Cliath freisin chun GoCars agus an Scéim Comhroinnte Rothar a rochtain.

BEART SM25

Athbhreithniú ar Tháillí

Tá sé mar rún ag an Údarás an struchtúr táillí le haghaidh iompar sa Limistéar Ceannchathartha a athbhreithniú sa ghearrthearma agus breithniú a dhéanamh ar athruithe a dhéanamh ar an struchtúr sin chun tacú le húsáid mhéadaithe an iompair phoiblí. Déanfar faireachán air sin ar fud thréimhse na straitéise agus cuirfear athruithe breise chun feidhme nuair is cuí.

13.6 Modhanna Soghluaisteachta Pearsanta Eile atá ag Teacht Chun Cinn

Tá raidhse modhanna éiritheacha soghluaisteachta pearsanta á gcur ar an margadh. Áirítear leo sin modhanna micrea-shoghluaisteachta amhail rothair Segway, Scútair Infillte, Cláir Scátála Leictreacha agus Cuadrothair. De réir mar a leanann daoine ar aghaidh ag aimsiú modhanna nua soghluaisteachta pearsanta agus de réir mar a shoiléirítear stádas dlíthiúil na modhanna sin, is féidir go mbeidh sé riachtanach an bonneagar atá ar fáil a fhorbairt freisin chun tacú leis na modhanna soghluaisteachta nua sin agus leis an tsli a mbaintear úsáid astu.

BEART SM26

Modhanna Soghluaisteachta Pearsanta Eile atá ag Teacht Chun Cinn

Déanfaidh an tÚdarás, údaráis áitiúla agus an Rialtas faireachán ar threochtaí éiritheacha sa tsoghluaisteacht phearsanta agus freagróidh siad dá réir ó thaobh na reachtaíochta, na rialála agus an dearaidh bonneagair de.

13.7 Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí

Soláthraíonn tacsaithe seirbhís thábhachtach iompair lena dtairgtear turais ó dhoras go doras, agus is féidir leo córas iompair phoiblí a fhorlíonadh. Tairgeann tacsaithe an cumas chun turais aonuaire a chur i gcrích a bhféadfadh sé doiligh soláthar a dhéanamh go héifeachtúil dóibh trí mhodhanna eile. Sa Straitéis seo, moltar go ndéanfaí an méid seo a leanas i leith beagfheithiclí seirbhíse poiblí:

- Dea-chleachtas a chur chun feidhme i mbainistíocht éifeachtúil limistéar cois cosáin, amhail dé-úsáid bána seachadta agus stadanna tacsaithe, trí shrianta ama a chur i bhfeidhm chun tacú leis an ngeilleagar lae agus leis an ngeilleagar oíche araon. Tá ábharthacht ar leith ag baint leis sin mar gheall ar an úsáid mhéadaithe a bhíonn á baint as aipeanna fóin chliste;

- Tosaíocht a thabhairt do thacsaithe a thiontú ina bhfeithiclí astaíochtaí ísle;
- A chinntiú go mbeidh gach tacsáí lánoiriúnach do chathaoir rothaí;
- Feabhas a chur ar chomhtháthú beagfheithiclí seirbhíse poiblí isteach sa mhórghréasán iompair phoiblí trí dheiseanna cómhálartaithe agus faisnéis níos fearr a sholáthar; agus
- Soláthar seirbhíse áitiúla fruilchairr a spreagadh i limistéir nach mbíonn fáil ar ghnáthsheirbhíse tacsáí iontu de ghnáth.

BEART SM27

Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí

Ag obair dó i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus leis an tionscal tacsáí, tacadh an tÚdarás le seirbhís éifeachtúil éifeachtach tacsáí a oibriú don Limistéar Ceannchathartha trí na gníomhartha seo a leanas:

- Spás breise cuí a sholáthar do stadanna tacsaithe, agus riachtanais gach úsáideora iompair á gcur san áireamh;
- Leanúint leis an uastáille náisiúnta as úsáid tacsáí a athbhreithniú thart ar gach dhá bhliain;
- Imscrúdú a dhéanamh ar an ngá le saoráidí leasa tiománaithe a sholáthar ag cómhálartuithe iompair phoiblí agus i lár bailte;
- Úsáid feithiclí astaíochtaí ísle agus nialasacha a dhreasú; agus
- A chinntiú go n-aistreoidh an flít ina fhlít lán-inrochtana le linn thréimhse na Straitéise.

13.8 Comhionannas san Iompar

Ní earra poiblí is féidir le gach duine den tsochaí a rochtain ar shlí chothrom é an t-iompar. Is ann do roinnt foras ar ar féidir le daoine idirdhealú agus neamhionannas a eispéiriú san iompar, go háirithe ar fhoras míchumas, ar fhoras inscne agus ar fhoras aoise. Ceanglaítear ar ghníomhaireachtaí iompair agus

ar oibritheoirí iompair leis an reachtaíocht bonneagar iompair agus seirbhíse iompair a dhearadh agus a oibriú ar shlí nach mbeidh mar chúis le hidirdhealú den sórt sin.

I gcás inscne, mar shampla, is ann d'ábhair imní shonracha faoin rochtain ar iompar poiblí do mhná agus do chailíní, go mall san oíche go háirithe, agus is saincheist ollmhór freisin atá i sábháilteacht agus slándáil an tsiúil agus na rothaíochta do mhná agus do chailíní. Tugann an tÚdarás aghaidh ar roinnt de na nithe sin trínár gcláir um athrú iompraíochta agus trí chlár eile ach tabhairt faoi dhearadh mionsonraithe scéimeanna siúil agus rothaíochta.

De bhreis ar na gnéithe sin, cuspóir eile is ea a chinntiú go bhfáilteoidh an córas iompair roimh gach úsáideoir féideartha gan aon idirdhealú.

Cé go bhfuil gné atá sonrach don iompar i gceist le gach ceann de na saincheisteanna sin, ní féidir leis an iompar iad uile a réiteach ina aonar. Is é atá san idirdhealú agus an choireacht in aghaidh daoine ná mórfhadhbanna sóisialta nach féidir tabhairt fúthu ach amháin ar an leibhéal sin. Mar sin féin, bíonn ról mór le himirt acu sin atá freagrach as bonneagar iompair agus seirbhíse iompair a sholáthar.

BEART SM28

Comhionannas san Iompar

Ag obair dó i gcomhar leis na hoibritheoirí iompair, le húdaráis áitiúla, le Bonneagar Iompair Éireann, leis an nGarda Síochána agus le geallsealbhóirí eile, déanfaidh an tÚdarás dianiarracht a chinntiú go ndéanfar an córas iompair sa Limistéar Ceannchathartha a dhearadh, a oibriú agus a bhainistiú ar shlí a bhféachann le deireadh a chur le hidirdhealú.

13.8.1 Feachtais Ionchuimsitheachta

Tá sé mar aidhm leis an gcóras iompair phoiblí a bheith ina chóras iontaofa inrochtana agus ina chóras a bhfuil muinín ag daoine as taisteal air agus a measann siad go bhfuil siad sábháilte taisteal air. Leanfar le feachtais a sheoladh ar gach modh iompair phoiblí chun a chur i gcuimhne do dhaoine gur cheart dóibh múinteacht agus béasaíocht a thaispeáint do dhaoine eile de réir mar a thaistealaímid le chéile. Maidir le feachtais frithchiníochais; leis an gCárta JAM (cárta lena gcumasaítear do dhaoine a bhfuil deacracht foghlama acu, a bhfuil uathachas orthu nó a bhfuil bac cumarsáide orthu a chur in iúl do dhaoine eile ar shlí dhiscreideach éasca nach dteastaíonn ach pas beag ama bhreise uathu); le feachtais LADTI+; agus le feachtais um Meas ar bhaill foirne, leanfar le béim a leagan orthu ar an gcóras iompair phoiblí.

BEART SM29

Feachtais Ionchuimsitheachta

Ag obair dó i gcomhar leis na hoibritheoirí iompair, leanfaidh an tÚdarás le feachtais ionchuimsitheachta a chur chun feidhme ar fud ghréasán iompair phoiblí an Limistéir Cheannchathartha.

13.8.2 Measúnachtaí Tionchair Comhionannais

Tá gá ann lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an Straitéis Iompair caighdeáin an chomhionannais ar fud na naoi bhforas faoina bhféadfadh daoine neamhionannas a eispéiriú, atá mar a leanas:

- Cine; agus
- Bheith mar dhuine den Lucht Siúil.

Cé go bhféachann a lán beart iompair laistigh den Straitéis Iompair le haghaidh a thabhairt ar an neamhionannas trí fheabhas a chur ar an rochtain ar an gcóras iompair do gach duine, beag beann ar aois agus ar chumas, agus cé go bhféadfaí an córas é féin a mheas a bheith neodrach, tríd is tríd, faoi roinnt de na ceannteidil sin, rinneadh Measúnacht Tionchair Comhionannais ar an Straitéis Iompair ina hiomláine. De bhreis air sin, déanfar measúnachtaí ar leibhéal an tionscadail ar mhórtionscadail le linn an straitéis a chur chun feidhme, de réir mar is cuí.

BEART SM30

Measúnachtaí Tionchair Comhionannais

Ag obair dó i gcomhar le gníomhaireachtaí iompair agus le húdaráis áitiúla, cinnteoidh an tÚdarás go ndéanfar measúnacht tionchair comhionannais ar thionscadail agus scéimeanna a eascraíonn as an Straitéis Iompair, de réir mar is cuí.

- Inscne;
- Stádas pósta;
- Stádas teaghlaigh;
- Aois;
- Míchumas;
- Gnéaschlaonadh;
- Reiligiún;





14 Bainistíocht a Dhéanamh ar Ghníomhaíocht ar son na hAeráide

Beidh bearta éifeachtacha Bainistíochta Éilimh Iompair ag teastáil chun freagairt do na riachtanais mhéadaitheacha soghluaisteacha a bheidh ag daonra agus geilleagar na gcúig chathair, ar daonraí agus geilleagair iad a bhíonn ag fás, agus chun leanúint le plódú a bhainistiú, le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, le haercháilíocht a fheabhsú agus le feabhas a chur ar an timpeallacht uirbeach.

Cé go mbeidh sé rídhúshlánach mearghníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, is ollmhór atá na tairbhí a bhainfidh cónaitheoirí ár gcathracha agus cuairteoirí ar ár gcathracha as an ngníomhaíocht sin – aer níos glaine, úsáid inbhuanaithe thearcacmhainní an domhain, pobail níos nasctha agus níos sláintiúla, agus cathracha inchónaithe beoga.

An Staidéar Bainistíochta Éilimh ar na Cúig Chathair, Tuarascáil Moltaí, Rialtas na hÉireann, 2021

14.1 Réamhrá

Is é an aidhm atá leis an Straitéis seo córas iompair atá éifeachtach agus inbhuanaithe a sholáthar ar fud an réigiúin agus an fás taistil amach anseo a éascú ar shlí bhainistithe chothromaithe. A bhuí leis an soláthar méadaithe iompair phoiblí agus leis na saoráidí breisithe rothaíochta agus siúil sna limistéir uirbeacha, cumasófar do roinnt mhaith daoine aistriú chuig modhanna taistil níos inbhuanaithe agus beifear in ann freastal ar chuid mhór den éileamh taistil méadaithe.

Tá ceanglas reachtach ann anois, áfach, a fhágann nach mór do chomhlachtaí poiblí an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, a chur san áireamh le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. Rud sonrach, ceanglaítear leis an Acht go mbainfí laghdú iomlán 51% amach in astaíochtaí gás ceaptha teasa thar an tréimhse go dtí an bhliain 2030, i gcoibhneas le figiúr bonnlíne na bliana 2018. Cé nár imdhealaíodh an sprioc fhoriomlán sin ina spriocanna eárnála go fóill, toimhdítear, chun críocha na Straitéise seo, go mbeidh sé riachtanach astaíochtaí iompair a laghdú faoi 51%.

Is sprioc ríshuntasach rídhúshlánach í sin agus, chun í a bhaint amach, beidh sé riachtanach athruithe bunúsacha a dhéanamh i réimse an iompair thar an gcéad deich mbliana eile. Gné lárnach de na hathruithe sin a bheidh sa ghá atá ann le méadú a dhéanamh ar an gcéatadán den taisteal a dhéantar de mhodhanna inbhuanaithe agus le laghdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as feithiclí faoi chumhacht Inneall Dócháin Inmheánaigh.

Cé go spreagfar gluaiseacht mhéadaithe de mhodhanna inbhuanaithe agus go mbainfear an ghluaiseacht mhéadaithe sin amach mar thoradh ar bhonneagar agus seirbhísí iompair nua agus breise a

sholáthar, ní bheidh an soláthar sin dóthanach leis féin chun an laghdú astaíochtaí a bheidh ag teastáil faoin mbliain 2030 a bhaint amach. Dá réir sin, beidh gá ann le bearta breise bainistíochta éilimh a chur i bhfeidhm chun an soláthar breise iompair a chomhlánú agus chun an sprioclaghdú foriomlán 51% a bhaint amach. Leagtar amach sna rannáin seo a leanas na bearta breise ar gá iad a ghlacadh.

14.2 Leictriú agus Bithbhreoslaí

Ceann de na príomhbheartais a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú san earnáil iompair is ea an t-aistriú ar shiúl ó fheithiclí faoi chumhacht breoslaí iontaise chuig feithiclí leictreacha. Ar an leibhéal náisiúnta, leagtar amach sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021 ón Rialtas an rún atá ann an líon feithiclí leictreacha sa Stát a mhéadú go 936,000 ceann faoin mbliain 2030, agus é comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

- 845,000 carr paisinéara;
- 95,000 Veain Astaíochtaí Ísle;
- 3,500 Feithicil Earraí Troma Astaíochtaí Ísle; agus
- 1,500 bus leictreach agus seirbhísí leathnaithe iarnróid leictirithe.

Tá sé sin ina leibhéal uailmhianach aistrithe chuig feithiclí leictreacha agus rannchuideoidh sé go mór le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

Leagtar amach sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021 freisin an beartas atá ann an méid bithbhreosla a úsáidtear san earnáil iompair de bhóthar a mhéadú mar bhreosla cumaiscthe le haghaidh feithiclí faoi chumhacht peitрил agus díosail. Moltar ann ráta treáite cumaisc 10% i bpeitreal agus ráta treáite cumaisc 20% i ndíosal a bhaint amach faoin mbliain 2030.

14.3 Measúnuithe Tosaigh ar Astaíochtaí

Úsáideadh an Córas um Shamhaltú Réigiúnach atá i bhfeidhm ag an Údarás chun an laghdú in astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh faoi chásanna éagsúla.

Mar a sainaithníodh níos luaithe, is é atá sa sprioc fhoriomlán is gá a bhaint amach sa bhliain 2030 ná laghdú 51% ar an leibhéal foriomlán astaíochtaí ar fud Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge. Bhí astaíochtaí sa Limistéar Ceannchathartha cothrom le 0.09 MtCO₂eq sa bhliain 2018, figiúr is gá a laghdú go 0.05 MtCO₂eq faoin mbliain 2030.

Rinneadh measúnú ar an leibhéal tuartha astaíochtaí a bheidh ann sa bhliain 2030, agus aird á tabhairt ar an mbonneagar agus na seirbhísí iompair breise atá leagtha amach i dtograí na Straitéise Iompair, ar leictriú feithiclí agus ar na tograí le haghaidh úsáid bithbhreoslaí a mhéadú. Agus na gnéithe uile sin i bhfeidhm, tuartar sa mheasúnú gur dóigh go laghdófar astaíochtaí go 0.07 MtCO₂eq, i.e., beidh laghdú breise 0.02 MtCO₂eq fós ag teastáil chun an sprioc a bhaint amach. Chun an laghdú breise a dhéanamh a theastaíonn chun an sprioc 0.05 MtCO₂eq faoin mbliain 2030 a bhaint amach, tá tuilleadh beart ag teastáil chun úsáid feithiclí faoi chumhacht peitрил/díosail a laghdú.

14.4 Aghaidh a Thabhairt ar an Easnamh

Chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh maidir leis an sprioc fhoriomlán a bhaint amach, sainaithníodh sraith croíbheart bainistíochta éilimh (na “Croíbhearta”) lena measúnú i gcomhcheangal le trí chur chuige mhalartacha fhoriomlána i leith bainistíocht éilimh, is iad sin:

- **Cur Chuige 1** – Méaduithe ar phraghsanna breosla;
- **Cur Chuige 2** – Leictriú breise (lena n-áirítear feithiclí hidrigine) agus athruithe lasta, agus

- **Cur Chuige 3** – Táillí plódaithe/criosanna astaíochtaí ísle, mar aon le dolaí bóthair.

Breithníodh gach ceann de na trí chur chuige ansin chun a shuí cén dóigh a dtabharfaí leis an gcur chuige aghaidh ar an easnamh chun an sprioclaghdú 51% a bhaint amach ina iomláine.

14.4.1 Cur Chuige 1 – Méaduithe ar Phraghsanna Breosla

Tá cur chuige 1 dírithe ar athrú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le feithiclí peitрил/díosail a oibriú. Rinneadh measúnú chun a fháil amach cén leibhéal athraithe i bpraghsanna breosla a bheadh ag teastáil chun na laghduithe riachtanacha breise astaíochtaí a bhaint amach faoin gcur chuige seo. Sainaithníodh sa mheasúnú sin go mbeadh méadú suntasach ag teastáil chun an laghdú riachtanach in úsáid feithiclí faoi chumhacht peitрил/díosail a bhaint amach. Sainaithníodh ann freisin, áfach, go bhféadfaí méadú den sórt sin a chur chun feidhme de réir a chéile thar roinnt blianta.

Mar sin féin, tá praghsáil breoslaí ina saincheist náisiúnta, seachas ina ní réigiúnach, agus is é an Rialtas amháin a fhéadfaidh na méaduithe sin a chur chun feidhme. Ina theannta sin, is dóigh go mbreithneofar an tsaincheist sin ar leithligh faoi na hathbhreithnithe ar an bPlean Gnímh don Aeráid agus faoi na buiséid charbóin atá beartaithe faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021.

14.4.2 Cur Chuige 2 – Leictriú Breise

Cur chuige eile i leith an sprioc astaíochtaí a bhaint amach ina hiomláine is ea leictriú breise a chur i bhfeidhm. Dhreasófaí leibhéal méadaithe aistrithe chuig feithiclí faoi chumhacht leictreachais faoin gcur chuige seo, agus na laghduithe riachtanacha breise astaíochtaí á mbaint amach mar thoradh ar an nglacadh méadaithe le feithiclí den sórt sin.

Mar a tugadh faoi deara sa rannán maidir le Leictriú agus Bithbhreoslaí, tá an sprioclaghdú leictriúcháin an-uailmhianach cheana féin, go háirithe i gcás carranna.

Dá réir sin, is dóigh gur ghá cineálacha eile feithiclí a leictriú tuilleadh mar chuid den chur chuige seo. Beidh feithiclí earraí troma freagrach as comhpháirt ard de na hastaíochtaí iarmharacha sa bhliain 2030, ag teacht sna sála ar chur chun feidhme na ngnéithe den straitéis atá le cur i gcrích faoin dáta sin agus ar chur chun feidhme na socruithe leictriúcháin agus bithbhreoslaí atá leagtha amach sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021. Tá feithiclí den sórt sin freagrach as thart ar 50% de na hastaíochtaí iarmharacha.

Cé nach bhfuil sé inmharthana faoi láthair feithiclí ceallra-oibrithe earraí troma a úsáid thar achair fhada mar gheall ar na laigí éagsúla a bhaineann leo, tá sé indéanta ón taobh teicniúil de feithiclí earraí troma faoi chumhacht hidrigine a úsáid. Le feithiclí faoi chumhacht hidrigine, úsáidtear breosla-chill a chumhachtaítear le hidrigin chun an fheithicil a oibriú go leictreach. Ceann de na príomh-mhíbhuntáistí atá i gceist le feithiclí den sórt sin a oibriú, áfach, is ea na hardchostais a bhaineann le breosla hidrigine faoi láthair.

Sainaithníodh in obair measúnaithe go mbainfí an laghdú riachtanach breise astaíochtaí amach trí thart ar aon trian den fhlít feithiclí earraí troma a leictriú, áit ar dóigh go n-úsáidfí breosla-chealla hidrigine chun déanamh amhlaidh. Níl úsáid na cumhachta hidrigine i bhfeithiclí earraí troma ach ina tús faoi láthair. Fágann sé sin go bhfuil sé róluath brath ar an teicneolaíocht tiomána sin a fhorbairt go rathúil lena húsáid fhorleathan chun an sprioc astaíochtaí a bhaint amach. Is léir, áfach, gur féidir leis an earnáil lasta rannchuidiú go mór le comhlíonadh ár spriocanna náisiúnta athrú aeráide agus le comhlíonadh na gcuspóirí réigiúnacha don Limistéar Ceannchathartha. Mar aon leis an

acmhainneacht atá ann sciard'fheithiclí earraí troma a oibriú trí chumhacht hidriginghinte (nó teicneolaíocht eile atá ag teacht chun cinn) a úsáid, áirítear iad seo a leanas le tionscnaimh eile lasta a bhfuil mar aidhm leo astaíochtaí carbóin a laghdú:

- Úsáid mhéadaithe a bhaint as lasta iarnróid le haghaidh seachadtaí fad-achair;
- Gluaiseachtaí earraí a aistriú tuilleadh i dtreo feithiclí beaga amhail veaineanna agus feithiclí beaga righne ar féidir iad a aistriú ar shlí níos réidhe ina bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha;
- Dlús a chur leis an bhflít mórfheithiclí earraí a aistriú ina bhfeithiclí leictreacha astaíochtaí nialasacha; agus
- Ionaid chomhdhlúthaithe a úsáid chun seachadtaí a dhéanamh ar shlí níos éifeachtúla.

14.4.3 Cur Chuige 3 – Táillí plódaithe/criosanna astaíochtaí ísle, mar aon le dolaí bóthair

D'fhéadfaí roinnt socruithe difriúla fíoscacha a chur i bhfeidhm faoin gcur chuige seo chun an leibhéal taistil de charr a laghdú agus chun aistriú méadaithe chuig modhanna inbhuanaithe a chur chun cinn. Áirítear leo sin táillí plódaithe, crios (nó criosanna) astaíochtaí ísle, agus dolaí bóthair.

Is féidir cumraíochtaí agus meascáin éagsúla de na roghanna sin a chur i bhfeidhm chun an sprioclaghdú riachtanach breise astaíochtaí a bhaint amach.

Cás féideartha amháin ba ea pointí breise dola a thabhairt isteach ar na bealaí gathacha isteach sa chathair, go háirithe ar Bhóthar na Rátha Nua (R448) ar an taobh cathrach den tsaoráid bheartaithe Páirceála agus Taistil. Maidir le costas na páirceála ag an tsaoráid móide an táille iompair phoiblí, chumrófaí iad chun go mbeadh siad níos ísle ná costas an dola móide costas na páirceála i lár na cathrach. Níl ansin ach iomaltartú amháin as measc na gcumraíochtaí éagsúla atá ar

fáil. Dá réir sin, beidh sé riachtanach meastóireacht mhionsonraithe a dhéanamh ar na socruithe beachta atá i gceist le cur chuige den sórt seo ag an gcéim cur chun feidhme, ar lena linn a bheidh gá ann leis na roghanna malartacha atá ar fáil a mheasúnú chun an chumraíocht deiridh a roghnú agus a chalabrú go cuí.

14.5 Tosca Eile

Cé go ndírítear sna rannáin roimhe den chaibidil seo ar an ngá atá ann leis an sprioc astaíochtaí ó fheithiclí a bhaint amach, tá cúiseanna breise ann le bearta áirithe bainistíochta éilimh a chur chun feidhme. Mar shampla, dá dtiontófaí na feithiclí uile ina bhfeithiclí leictreacha, bheifí in ann na cuspóirí athrú aeráide a bhaint amach ina n-iomláine san earnáil iompair ach ní bheadh aon laghdú ann ar an bplódú. Dá mba rud é nach mbeadh aon athrú ann in úsáid an chairr, bheadh plódú tráchta ann go fóill agus d'éireodh sé níos measa, rud a laghdódh cáilíocht na beatha do chuid mhór comaitéirí a bhíonn ag streachailt le turais fhada i ndálaí plódaithe tráchta.

Ina theannta sin, tá gá ann lena chinntiú gur féidir leis an ngréasán bóithre náisiúnta an príomhról atá aige a chomhlíonadh go cuí – is é sin, freastal ar thrácht straitéiseach, go háirithe feithiclí a ghabhann don iompar earraí agus táirgí, feithiclí iompair phoiblí, agus cineálacha eile úsáide a rannchuidíonn le forbairt gheilleagrach náisiúnta agus réigiúnach. Fágann sé sin gur gá trácht neamhstraitéiseach a rialú ar na codanna sin den ghréasán foriomlán bóithre ar mhaithe lena chroífhaidhmiúlacht a chaomhnú.

Ceann de na cuspóirí atá le beartais phleanála náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla is ea a chinntiú go bhfuil lárionaid uirbeacha dírithe ar dhaoine, agus ní ar fheithiclí. Fágann sé sin go bhfuil sé rithabhachtach an líon feithiclí, go háirithe an líon carranna, a bhainistiú sna limistéir sin chun tacú leis na huaillmhianta comhfhorbairt áite atá leagtha amach i mbeartais agus

pleananna éagsúla. Ar aon dul leis sin, tá gá ann le feabhas a chur ar aercháilíocht i lárionaid uirbeacha sula mbainfear lánleictiú feithiclí amach. Is féidir go mbeidh bearta, amhail criosanna astaíochtaí ísle a chur chun feidhme, ag teastáil chun an feabhas sin a bhaint amach.

Mar sin, i dteannta na sprioclaghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa, tá roinnt tosca éagsúla ann a thacaíonn le húsáid an chairr a bhainistiú, agus a éilíonn go ndéanfaí amhlaidh, ar mhaithe le cuspóirí eile a chomhlíonadh.

14.6 Measúnú ar Astaíochtaí faoin mBliain 2030 chun Comhsheasmhacht leis an bPlean Gnímh don Aeráid a Shuí

Mar thoradh ar chur chun feidhme na ngnéithe den Straitéis seo atá le cur i gcrích faoin mbliain 2030 – a chuimsíonn an clár uailmhianach soláthair le haghaidh BusConnects Phort Láirge agus Ghréasán Rothaíochta an Limistéir Cheannchathartha – agus mar thoradh ar an leictiú feithiclí atá beartaithe agus ar an úsáid mhéadaithe bithbhreoslaí atá leagtha amach sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021, tarlóidh sé (agus aird á tabhairt ar an bhfás suas go dtí an bhliain 2030) go mbainfear laghdú 26% amach i gcomparáid le figiúr na bliana 2018.

Tá bearta breise ag teastáil chun astaíochtaí a laghdú arís eile chun an sprioclaghdú 51% a bhaint amach. Tá roinnt cineálacha malartacha cur chuige ar fáil chun an laghdú forlíontach sin a bhaint amach, mar atá leagtha amach thuas, agus tá sé soiléir go bhfuil conairí inmharthana ar fáil chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar a laghdú faoina leath ar fud an réigiúin faoin mbliain 2030.

Tar éis an leagan deiridh den Straitéis seo a ghlacadh, tá sé beartaithe staidéar eile a dhéanamh ar bhainistíocht éilimh, i gcomhar le scrúdú eile ar oibriú feithiclí earraí, chun tograí deiridh a fhorbairt ar mhaithe leis an leibhéal beartaithe laghduithe astaíochtaí a bhaint amach.

Aithnítear go bhfuil iomalartuithe éagsúla ar fáil chun an sprioc riachtanach a bhaint amach. Dá réir sin, beidh tuilleadh measúnaithe mhionsonraithe ag teastáil chun an creat is fearr is féidir a bhunú agus a chalabrú. Is ag luathchéim de thréimhse feidhme na Straitéise a dhéanfar an obair measúnaithe chun an creat sin a fhorbairt. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú sin na beartais a leagfar amach sna nuashonruithe ar an bPlean Gnímh don Aeráid 2021 agus a dhíorthófar ó na buiséid charbóin a bhunófar faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021.

14.7 Leibhéil Astaíochtaí sa bhliain 2040

Tá spriocanna astaíochtaí bunaithe go soiléir don bhliain 2030 faoi fhorálacha an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021. Leagtar amach san Acht sin freisin an cuspóir atá ann 'geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050'. Dá réir sin, cé nach bhfuil aon spriocanna sonracha leagtha síos don bhliain 2040, arb í bliain deiridh na straitéise seo í, tá sé beartaithe go leanfaidh astaíochtaí de bheith ag titim idir na blianta 2030 agus 2050.

Laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh de Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge arís eile mar thoradh ar leictirí leanúnach an fhlít iompair agus ar chur chun feidhme na ngnéithe eile den straitéis seo.







15 Faireachán agus Cur Chun Feidhme

Braitheann rath an Chreata Náisiúnta Pleanála ar a mhachnamh beartais agus ar sheachadadh clár ar an Leibhéal Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil.

An Creat Náisiúnta Pleanála 2040

Tá an Straitéis seo ceaptha chun bheith inscálaithe agus solúbtha agus chun freastal ar athruithe i bhfás daonra agus fostaíochta sa todhchaí. Is doiciméad beo í, a bheidh faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil gach sé bliana.

Chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint as an Straitéis seo, oibreoidh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Comhairle Contae Chill Chainnigh i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, le Bonneagar Iompair Éireann, le Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus le príomh-gheallsealbhóirí eile chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An comhdhlúthú riachtanach úsáide talún a sholáthar chun dlúthfhás agus mais chriticiúil a bhaint amach;
- Infheistíocht chaipitil a áirithiú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, mar aon le cineálacha eile infheistíochta;
- Gréasán iompair, bearta tacaíochta agus bearta bainistíochta éilimh na Straitéise seo a chur chun feidhme; agus
- Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn.

Tá sé beartaithe go mbeidh cur chun feidhme na mbeart atá beartaithe sa Straitéis seo ailínithe go dlúth leis an struchtúr foriomlán atá le bunú le haghaidh Plean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge a chur chun feidhme, agus oibreoidh an tÚdarás agus gníomhaireachtaí eile i ndlúthchomhar le Tionól Réigiúnach an Deiscirt ina leith sin.

15.1 Faireachán

Tacóidh an tÚdarás leis na húdaráis áitiúla faireachán tréimhsiúil a dhéanamh ar threochtaí agus patrúin iompair. I dteannta na léargas rialta sin a fháil, leanfaidh an tÚdarás le faireachán a dhéanamh ar shonraí paisinéirí iompair phoiblí mar chuid den ról atá aige an t-iompar poiblí a rialáil. Cuirfear na sonraí a bhaileofar le linn na bpróiseas sin san áireamh nuair a bheidh cinntí infheistíochta iompair á ndéanamh faoin Straitéis seo. Soláthrófar le Daonáireamh 2022 an tacar sonraí is cuimsithí faoi threochtaí iompair agus taistil sa Limistéar Ceannchathartha. Bainfear leas díreach as na sonraí sin sa chéad athbhreithniú eile ar an Straitéis seo.

Chun na cuspóirí atá leagtha amach i gCuspóir Beartais Réigiúnaigh 163 den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach a chomhlíonadh, aithnítear sa Straitéis a thábhachtaí atá sé go dtomhaisfí an dul chun cinn i gcomórtas le spriocanna módúla sainithe agus le spriocanna eile, agus déanfar faireachán agus leasú ar na spriocanna sin de réir mar is cuí mar chuid den athbhreithniú tréimhsiúil ar an Straitéis.

15.1.1 Faireachán de bhun na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta

Mar chuid den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta atá á déanamh i gcomhthráth le hullmhú na Straitéise, sainithníodh bearta a bheartaítear a dhéanamh chun faireachán a dhéanamh ar na héifeachtaí suntasacha timpeallachta ar dóigh dóibh teacht as cur chun feidhme na Straitéise. Tá na bearta sin ar áireamh sa Tuarascáil Timpeallachta maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta a ghabhann leis an Straitéis.



Tar éis an Plean a ghlacadh, ullmhófar Ráiteas maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, lena n-áireofar na bearta a dhéanfar chun faireachán a dhéanamh ar na héifeachtaí suntasacha timpeallachta ar dóigh dóibh teacht as cur chun feidhme na Straitéise.

15.2 Sásraí le haghaidh Soláthair

Úsáidfear roinnt sásraí chun an Straitéis seo a sholáthar, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

15.2.1 Iarratais Mheasúnachta Tionchair Timpeallachta agus Mheasúnachta Cuí ar Thionscadail Iompair chuig an mBord Pleanála

Tá tionscadail iompair atá os cionn tairseach áirithe faoi réir Measúnacht Tionchair Timpeallachta. Cuirtear tionscadail den sórt sin faoi bhráid an Bhoird Pleanála lena meas agus lena gceadú, de réir mar is cuí. Thiocfadh scéimeanna bóithre áirithe agus scéimeanna bus áirithe faoin gcatagóir sin.

15.2.2 Ordú Iarnróid agus Ordú Mótarbhealaigh

Cuirtear iarratais ar línte iarnróid nua agus/nó ar bhonneagar tacaíochta nua agus iarratais ar mhótarbhealaí nua nó ar athruithe ar mhótarbhealaí atá ann cheana faoi bhráid an Bhoird Phleanála lena meas mar Orduithe Iarnróid agus mar Orduithe Mótarbhealaigh faoi seach.

15.2.3 Forbairtí Chuid 8

Tá a lán scéimeanna siúil, rothaíochta agus bóithre faoi réir phróiseas Chuid 8, áit a ndéanann na Comhaltáí Tofa den Chomhairle measúnacht agus cinneadh ar thionscadail atá os cionn tairseach áirithe agus nach gceanglaítear Measúnacht Tionchair Timpeallachta ná Measúnacht Chuí a dhéanamh orthu.

15.2.4 Forbairt faoi Alt 38 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994 (arna leasú)

Féadfaidh an tÚdarás Áitiúil ábhartha cur chun feidhme a dhéanamh ar bhearta áirithe a fheabhsóidh an soláthar seirbhísí bus poiblí agus ar bhearta áirithe a chabhróidh le haicmí difriúla tráchta (coisithe agus rothaithe san áireamh) úsáid shábháilte a bhaint as bóithre poiblí.

15.2.5 Athruithe Oibríochtúla Bus

Is faoin Údarás atá sé cinneadh a dhéanamh ar athruithe ar amchláir agus ródú bealaí bus agus ar amchláir seirbhísí iarnróid.

15.3 Comhairliúchán

Tá an ceanglas chun comhairliúchán poiblí a sheoladh ar na próisis thuasluaite leagtha amach i reachtaíocht. I gcásanna nach ceanglas reachtúil é comhairliúchán a sheoladh, amhail i gcás athruithe ar róduithe bus, féachfaidh an tÚdarás le hidirchaidreamh a dhéanamh le pobail áitiúla mar chuid den phróiseas cinnteoireachta.

Maidir lena bhfuil thuas, déanfaidh an tÚdarás agus údaráis áitiúla idirchaidreamh le príomh-gheallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne ar mhaithe leis na bearta atá leagtha amach sa Straitéis a fhorbairt agus a chur chun feidhme, de réir mar a mheastar é a bheith cuí.

15.4 Cur Chun Feidhme Céimnithe

Beidh comhlíonadh na Straitéise seo faoi réir cistiú a bheith ar fáil. Glactar leis go ndéanfar gach ceann de na mórghnéithe den Straitéis seo a bhreithmheas ar bhonn aonair agus ar a fhiúntas féin ó thaobh indéantachta, deartha, pleanála, ceadaithe agus cistiúcháin de. Beidh Cásanna Gnó ag teastáil do gach ceann de na mórthograí bonneagair atá ar áireamh sa Straitéis, ar aon dul le ceanglais an Chóid Caiteachais Phoiblí agus an Chomhchreata Breithmheasa.

Cinneadh sa Phlean Forbartha Náisiúnta go ndéanfaí cur chun feidhme ar na mórthionscadail iompair phoiblí agus bhonneagair bóithre de chuid na Straitéise seo. Beidh cur chun feidhme na dtionscadal faoi réir athbhreithnithe ina dhiaidh sin. Mar sin féin, tá plean tascach cur chun feidhme ag gabháil leis seo, rud ina roinntear soláthar na dtionscadal ina thrí chéim mholta – an gearrthearma, an meántearma agus an fadtearma.

Chun plean céimnithe a leagan amach don bhonneagar iompair phoiblí, ullmhóidh an tÚdarás clár infheistíochta níos mionsonraithe a luaithé a bheidh an Straitéis seo tugtha chun críche agus a bheidh an t-athbhreithniú reatha ar chaiteachas caipitil críochnaithe. I gcás an bhonneagair bus, tosóidh an tÚdarás ar chlár BusConnects Phort Láirge a ullmhú láithreach agus foilseoidh sé mionsonraí coincheapa faoi chonairí bus féideartha agus faoi bhealaí nua chun gur féidir comhairliúchán poiblí a sheoladh orthu agus iad a fhorbairt laistigh de dhá bhliain ón Straitéis seo a thabhairt chun críche.

Maidir leis an siúl agus leis an rothaíocht, leanfar leis an Straitéis seo a chur chun feidhme go príomha mar chuid de na cláir seo a leanas:

- Clár Deontas Cathracha Réigiúnacha an Údaráis Náisiúnta Iompair;
- Clár na mBailte Taistil Ghníomhaigh; agus
- Bealaí Sábháilte chuig an Scoil.

I gcás na gclár sin, déanfaidh an tÚdarás formhaoirseacht ar chur i bhfeidhm an chistiúcháin a sholáthróidh an Roinn Iompair. Is iad Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Comhairle Contae Chill Chainnigh a bheidh sna gníomhaireachtaí cur chun feidhme do na cláir sin, den chuid is mó.

D'ainneoin na nithe thuas, tá an tÚdarás agus an dá údarás áitiúla den tuairim go bhfuil an clár cur chun feidhme ardleibhéil atá leagtha amach thíos praiticiúil agus réadúil ag an gcéim seo de phróiseas na Straitéise seo. Féadfar an clár sin a athrú de bharr athruithe ar chistiú agus ar indéantacht agus ar cé chomh héifeachtúil agus a bheifear in ann scéimeanna a sholáthar trí na céimeanna um dhearadh agus pleanáil a cheadú.

15.5 An Gréasán Siúil

15.5.1 Idir an Gearrthearma agus an Meántearma

- Feabhsuithe a chur ar an nGréasán Siúil, agus iad ailínithe le cur chun feidhme BusConnects Phort Láirge;
- Naisc thréscailteachta a fhorbairt chun an siúl a bhreisiú ar leibhéal na comharsanachta agus chun inrochtaineacht an iompair phoiblí a fheabhsú;
- Droichead Iompair Inbhuanaithe na Siúire a sholáthar;
- Iniúchtaí insiúltachta a dhéanamh ar fud an Limistéir Cheannchathartha i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha uile chun bonn eolais a chur faoi fheabhsuithe atá sonrach don láithreán; agus
- Cosáin, an ríocht phoiblí agus bonneagar eile coisithe a chothabháil, a uasghrádú agus a athnuachan go leanúnach.

15.5.2 An Fadtearma

- Cosáin agus an ríocht phoiblí a chothabháil agus a athnuachan go leanúnach agus na tograí don Ghréasán Siúil a bhaint amach ina n-iomláine.

15.6 An Gréasán Rothaíochta

15.6.1 Idir an Gearrthearma agus an Meántearma

- Iniúchadh a dhéanamh ar an mbonneagar rothaíochta ar fud Chathair Phort Láirge i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha uile;
- An Gréasán Rothaíochta Príomhúil agus an Gréasán Rothaíochta Tánaisteach a fhorbairt agus a chur i gcrích;
- An Gréasán Friothálach agus Bealaí Ciúine a fhorbairt;
- An Scéim Comhroinnte Rothar cathrach a chur chun feidhme;
- An Gréasán Rothaíochta a chur chun feidhme i gcomhthráth le bearta tosaíochta bus BusConnects Phort Láirge a sholáthar; agus
- An gréasán a chur chun feidhme tuilleadh ar aon dul le deiseanna nua forbartha agus le moilliú tráchta.

15.6.2 An Fadtearma

- An Gréasán Rothaíochta Idiruirbeach agus an Gréasán Rothaíochta Glasbhealaí a chur i gcrích; agus
- An bonneagar rothaíochta a chothabháil go leanúnach.

15.7 An Gréasán Bus

15.7.1 An Gearrthearma

- Tuilleadh forbartha, deartha agus cur chun feidhme a dhéanamh ar ghréasán seirbhíse agus bearta tosaíochta bus BusConnects do Phort Láirge, bunaithe ar na tograí de chuid na Straitéise seo; agus
- Feabhas a chur ar sheirbhísí réigiúnacha ó Phort Láirge go Baile Átha Cliath, go Corcaigh, go Luimneach, go Cill Chainnigh agus go Loch Garman.

15.7.2 An Meántearma

- Bearta tosaíochta bus BusConnects Phort Láirge agus bearta tacaíochta a chur i gcrích.

15.7.3 An Fadtearma

- Gréasán agus bearta tosaíochta BusConnects a oibriú agus a bharrfheabhsú go leanúnach.

15.8 An Gréasán Iarnróid (faoi réir an Athbhreithnithe Straitéisigh Iarnróid Uile-Oileáin)

15.8.1 An Gearrthearma

- Tacú le Stáisiún Phluincéid a athlonnú.

15.8.2 Idir an Meántearma agus an Fadtearma

- Tacú le moltaí an Athbhreithnithe Straitéisigh Iarnróid Uile-Oileáin maidir le débhothar iarainn a chruthú ar an líne idir Port Láirge agus Ros Láir agus maidir leis an líne sin a athoscailt agus a leictriú, agus na moltaí sin a chur chun feidhme.

15.9 An Gréasán Bóithre

15.9.1 An Gearrthearma

- Sainnithint a dhéanamh ar na feabhsuithe aomhail a theastaíonn chun feabhas a chur ar shaoráidí don iompar poiblí, don siúl agus don rothaíocht;
- Straitéis Bainistíochta Tráchta Lár na Cathrach a fhorbairt faoi stiúir an Údaráis agus Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge;
- Bearta tosaíochta iompair phoiblí a sholáthar i gcomhthráth le cur chun feidhme BusConnects Phort Láirge;
- An gréasán bóithre réigiúnacha a fhorbairt go leanúnach chun rochtain inbhuanaithe a sholáthar ar thailte forbraíochta;

- Scéimeanna Bóithre Náisiúnta an Limistéir Cheannchathartha a dhearadh agus a phleanáil (an N24 ón gCathair go Port Láirge agus an N25 ó Phort Láirge go dtí an Gleann Mór); agus
- Tús a chur le hathbhreithniú, faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bhearta bainistíochta éilimh ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta.

15.9.2 An Meántearma

- Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh, de réir mar is cuí, ar Straitéis Bainistíochta Tráchtála Lár na Cathrach;
- Athbhreithniú, faireachán agus cur chun feidhme leanúnach a dhéanamh ar bhearta bainistíochta éilimh ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta; agus
- Scéimeanna Bóithre Náisiúnta an Limistéir Cheannchathartha a chur ar aghaidh agus a sholáthar (an N24 ón gCathair go Port Láirge agus an N25 ó Phort Láirge go dtí an Gleann Mór).

15.9.3 An Fadtearma

- Athbhreithniú, faireachán agus cur chun feidhme leanúnach a dhéanamh ar bhearta bainistíochta éilimh ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta;
- An gréasán bóithre réigiúnacha a fhorbairt go leanúnach chun rochtain inbhuanaithe a sholáthar ar thailte forbraíochta;
- Scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé Trasrian Síos an Abhainn a sholáthar i gcomharsanacht Pháirc May nó Ard Caoin; agus
- Scéimeanna Bóithre Náisiúnta an Limistéir Cheannchathartha a chur ar aghaidh agus a sholáthar.

15.10 Páirceáil

15.10.1 Idir an Gearrthearma agus an Meántearma

- Láithreáin fhéideartha Pháirceála agus Siúil a shainaithint agus iad a phleanáil, a dhearadh agus a chur chun feidhme ansin;
- Tabhairt faoi dhearadh, planáil agus fáil talún don tsaoráid straitéiseach Páirceála agus Taistil ar Bhóthar na Rátha Nua;
- Páirceáil ar an tsráid a laghdú;
- Criosanna páirceála a chur chun feidhme ar fud an Limistéir Cheannchathartha;
- Moil Soghluaisteachta a fhorbairt i limistéir athghiniúna;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann saoráidí breise Páirceála agus Taistil a sholáthar i gcomhthráth le cur chun feidhme BusConnects Phort Láirge; agus
- Leanúint le páirceáil ar an tsráid a laghdú.

15.10.2 An Fadtearma

- Aon saoráidí breise Páirceála agus Taistil a sholáthar.

15.11 Lasta

15.11.1 An Gearrthearma

- Straitéis Lasta Réigiúnach a ullmhú, rud a chuimseoidh Calafort Belview agus Port Ros Láir, ar poirt Leibhéal 2 iad; agus
- Straitéis Lasta Áitiúil a fhorbairt/a nuashonrú chun gluaiseacht feithiclí earraí troma i gCathair Phort Láirge a bhainistiú ar shlí níos fearr.

15.12 Cistiú agus Costais Oibriúcháin

I dteannta infheistíocht chaipitil, tabhófar costais oibriúcháin leanúnacha le linn an Straitéis a chur chun feidhme. Beidh cistiú Státchiste ón Rialtas Láir ag teastáil chun freastal ar an gcuid is mó den infheistíocht chaipitil. Beidh foinsí eile cistiúcháin fhorlíontaigh ag teastáil freisin, áfach.

Is dóigh go n-áireofar iad seo a leanas leis na foinsí sin, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta, chun costais indéantachta agus tionscnaimh a chistiú don iompar poiblí;
- Ranníocaíochtaí forbartha le haghaidh bonneagar straitéiseach iompair phoiblí;
- Ranníocaíochtaí forbartha atá sonrach don láithreán le haghaidh idirghabhálacha spriocdhírthe áitiúla; agus
- Tobhaigh a fhorchuirfear amach anseo ar chúiseanna plódaithe, sábháilteachta nó aercháilíochta (e.g., tobhaigh pháirceála ag an áit oibre, muirir ar úsáideoirí bóithre, criosanna páirceála, nó tobhaigh pháirceála ag ionaid siopadóireachta ar imeall an bhaile mhóir).

Tréimhse ama		Gearrthéarma (go dtí an bhliain 2028)	Meántéarma (go dtí an bhliain 2034)	Fadtéarma (go dtí an bhliain 2040)
Siúl	Uasghráduithe agus Feabhsuithe ar an mBonneagar Coisithe			
	An Droichead Iompair Inbhuanaithe a Sholáthar			
Rothaíocht	An Gréasán Bealai Priomhúla			
	An Gréasán Bealai Tánaisteacha			
	An Gréasán Bealai Friothálacha			
	An Gréasán Idiruirbeach			
	Leathnú agus Leictriú Scéimeanna Comhroinnte Rothar			
	An Gréasán Glasbhealaí			
Bus	BusConnects a Chur Chun Feidhme			
	Mórfheabhsuithe ar an nGréasán Bus			
Iarnród	Idirghabhálacha Iarnróid, faoi réir an Athbhreithnithe Straitéisigh Iarnróid Uile-Oileáin			
Páirceáil	Saoráid Páirceála agus Taistil Bhóthar na Rátha Nua a Sholáthar			
	Beara Bainistíochta Páirceála a Chur Chun Feidhme			
	Láithreáin fhéideartha bhreise Pháirceála agus Taistil a Athbhreithniú agus a Sholáthar			
Bóithre	Straitéis Bainistíochta Tráchtála na Cathrach a Fhorbairt			
	Feabhsuithe ar Acomhail			
	Scrúdú a Dhéanamh ar a Indéanta atá sé Trasrian Síos an Abhainn a Sholáthar			
	Scéimeanna Bóithre Náisiúnta agus Réigiúnacha an Limistéir Cheannchathartha a Chur ar Aghaidh agus a Sholáthar			
Lasta	Straitéis Lasta Réigiúnach a Ullmhú			
	Straitéis Lasta Áitiúil a Ullmhú/a Nuashonrú			
Bearta Tacaíochta Eile	Beara Comhtháthaithe			
	Córais Chliste Iompair			
	Pleanáil Taistil - Taisteal Níos Cliste agus Taisteal Obairbhunaithe			



16 Torthaí na Straitéise

Soláthrófar leis an Straitéis seo gréasán iompair inrochtana comhtháite lena gcumasófar fás inbhuanaithe Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge mar réigiún cathrach Eorpach atá dinimiciúil, nasctha agus iomaíoch ón taobh idirnáisiúnta de, mar a beartaíodh leis an gCreat Náisiúnta Pleanála 2040..

Tionscadal Éireann 2040 - an Creat Náisiúnta Pleanála

Is as cur chun feidhme rathúil thograí na Straitéise a thiocfaidh torthaí rídhearfacha do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge, agus tairbhí geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil fadtéarmacha á soláthar don réigiún. Leis an Straitéis seo, tugtar aghaidh ar na dúshláin iompair atá ann cheana, mar atá leagtha amach sna caibidlí réamhléiritheacha.

16.1 Príomhtháscairí

16.1.1 Laghdú in Astaíochtaí CO2 ón Iompar sa Limistéar Ceannchathartha

I gcomhcheangal le roinnt tionscnamh ón Rialtas, a bhaineann go príomha leis an bhflít náisiúnta a thiontú ina fheithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha, tá sé tuartha go dtiocfaidh as an Straitéis seo laghdú de thart ar 56% in Astaíochtaí CO2 thar thréimhse feidhme na Straitéise suas go dtí an bhliain 2040.

Is ag brath ar roinnt tosca, lena n-áirítear na tosca seo a leanas, a bheidh an ráta ag a mbainfear an méid sin amach:

1. An luas ag ar féidir an flít feithiclí a thiontú ina fheithiclí leictreacha;
2. A mhéid a sholáthróidh na húdarais áitiúla agus an tÚdarás roghanna eile ar an gcarr príobháideach, amhail an Gréasán Rothaíochta agus Conairí Bus;
3. A mhéid a chuirfidh an rialtas áitiúil agus an rialtas náisiúnta bearta bainistíochta éilimh chun feidhme chun úsáid carranna a laghdú; agus
4. An dul chun cinn teicneolaíochta a dhéanfar maidir le breoslaí malartacha a úsáid le haghaidh feithiclí earraí.

Agus cur chun feidhme na Straitéise seo á chéimniú, tús-ualaíodh isteach sa chéad chéim cuid mhór de na príomhbhearta le haghaidh Bainistíocht a Dhéanamh ar Ghníomhaíocht ar son na hAeráide. Áirítear leo sin BusConnects Phort Láirge, an gréasán

rothaíochta, tosaíocht do mhodhanna inbhuanaithe ag soilse tráchtá, laghdú i bpáirceáil, agus leictriú feithiclí. Cabhróidh na bearta sin, i gcomhar leis na bearta breise atá leagtha amach i gCaibidil 14, leis an spriocleibhéal laghdaithe in astaíochtaí iompair sa Limistéar Ceannchathartha a bhaint amach faoin mbliain 2030.

Mar atá leagtha amach sa chaibidil sin, beidh sé riachtanach obair bhreise measúnaithe a dhéanamh ar na cineálacha eile cur chuige a ghlacfar i leith astaíochtaí a laghdú ar mhaithe leis an gcreat is fearr is féidir a bhunú agus a chalabhrú, go háirithe i ndáil le bainistíocht éilimh. Is ag luathchéim de thréimhse feidhme na Straitéise seo agus i gcomhar leis an Rialtas agus leis na húdarais áitiúla a thabharfar faoin obair measúnaithe chun an creat sin a fhorbairt.

16.1.2 Aercháilíocht

I gcomhcheangal le beartais agus cláir eile ón Rialtas, tá sé tuartha go dtiocfaidh as an Straitéis iompair laghdú suntasach in astaíochtaí aerthruaillitheacha i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2016.

Astaíochtaí Aerthruaillitheacha, 2016 agus 2040 (kg)

	NOx	NO2	PM10	PM2.5
2016	232.72	70.38	16.97	11.16
An cás dá gcuirfí an straitéis chun feidhme, 2040	41.22	10.13	15.36	8.45
Laghdú	-82%	-86%	-10%	-24%

16.2 Sciar Modha

16.2.1 Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge


Tá sé tuartha go dtiocfaidh as an Straitéis seo laghdú suntasach, ó 72% sa bhliain 2016 go 56% sa bhliain 2040, ar sciar modha an chairr sa limistéar staidéir ina iomláine.




Is iad na figiúirí comhfhreagracha do Bhuaic-amanna na Maidine ná 69% agus 50%.

Tiocfaidh méadú ar sciar gach modha eile. Tiocfaidh an méadú comhréireach is airde ar an rothaíocht, ó 2% go 11%.

Sciar Modha ag Buaic-amanna na Maidine, 2016 – 2040



Sciar Modha, 2016 – 2040



16.2.2 Spriocanna don Siúl agus don Rothaíocht

D’ainneoin na n-aschur thuas, a tháinig as cleachtadh samhaltaithe agus as sin amháin, féachfaidh an tÚdarás, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla, leis na spriocanna roinnte modha atá leagtha amach thíos don siúl agus don rothaíocht a bhaint amach faoin mbliain 2040.

	Siúl	Rothaíocht
Bonnline don Limistéar Ceannchathartha	23%	2%
Toradh Samhaltaithe don Limistéar Ceannchathartha	26%	9%
Sprioc don Limistéar Ceannchathartha	30-35%	10-15%

Is é an toradh a bheidh ar an mbonneagar rothaíochta atá beartaithe faoin Straitéis seo ná go soláthrófar gréasán cuimsitheach sábháilte rotharbhealaí lena bhfreastalófar ar gach ceann de na príomhlímistéir agus na príomhchinn scríbe agus ag a mbeidh acmhainn chun freastal ar líon mór rothaithe.

A luaithe a bheidh an bonneagar sin i bhfeidhm, beidh an leibhéal úsáide ag brath ar an toilteanas le húsáid a bhaint as an rothaíocht in ionad modhanna eile, go háirithe modh an chairr. Dá réir sin, is sprioc uailmhianach í an sprioc don rothaíocht agus, chun í a chomhlíonadh, beidh ardleibhéal chomhoibrithe ag teastáil as measc gach geallsealbhóra sa réigiún. Tá spriocanna níos airde leagtha síos do Chathair Phort Láirge agus a Bruachbhailte mar gheall ar an acmhainneacht mhéadaithe atá ag na modhanna sin mar thoradh ar an líon turas gearr a bhíonn á dtógáil.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach dtugtar san aschur samhaltaithe i ndáil le sciar modha na rothaíochta aon aird ar aon mhéaduithe a thiocfaidh as cláir athrú iompraíochta agus as feachtais faisnéise spriocdhírith, ar nithe iad a bhfuil sé deacair aird a thabhairt orthu i samhail straitéiseach iompair. A bhuí leis na bearta sin a dhéanamh, méadófar an sciar

modha don rothaíocht arís eile. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go mbeidh sé riachtanach tabhairt faoi bhearta bainistíochta éilimh a mbeidh mar aidhm leo úsáid roghanna eile ar an gcarr príobháideach a spreagadh tuilleadh chun tacú leis na leibhéil níos airde ghlactha sin.

16.2.3 Na Cuspóirí Straitéiseacha a Chomhlíonadh
Achoimrítear sa rannán seo feidhmíocht na Straitéise faoi gach ceann de na cuspóirí atá leagtha amach i dtús an doiciméid.

Cuspóir 01

Freastal ar an éileamh arna ghiniúint ag fás an Limistéir Cheannchathartha sa todhchaí trí ghréasán iompair éifeachtúil a sholáthar

Ullmhaíodh an Straitéis seo bunaithe ar na réamhaisnéisí úsáide talún a d'ullmhaigh an tÚdarás i gcomhairle leis an dá Údarás Áitiúla, agus aird á tabhairt ar phleananna náisiúnta agus réigiúnacha ardleibhéil. Mar sin, cuirtear san áireamh san éileamh arna ghiniúint le haghaidh an straitéis a fhorbairt agus a mheas gach forbairt atá ann cheana agus atá beartaithe de bhun na ndoiciméad beartais sin.

Cuspóir 02

Tús áite a thabhairt don iompar inbhuanaithe agus don taisteal gníomhach chun an spleáchas ar an gcarr a laghdú

Is é an toradh a bheidh ar an Straitéis seo a chur chun feidhme ná go ndéanfar bunathrú ar an soláthar iompair phoiblí agus go gcuirfear leis na straitéisí siúil agus rothaíochta atá ann cheana, mar a ghlac an dá Údarás Áitiúla iad.

Tá an tosaíocht sin a thugtar do mhodhanna inbhuanaithe agus dícharbónú an fhlít iompair phoiblí ag teacht leis an aitheantas méadaitheach a bhíonn á thabhairt ar na tionchair dhiúltacha a imríonn feithiclí inneallghluaiste agus astaíochtaí carbóin ar an gcomhshaol agus ar shláinte agus folláine daoine.

Laghdófar go mór an gá atá ann le húinéireacht cairr phríobháidigh (agus spleáchas ar an gcarr príobháideach) trí bhearta bainistíochta éilimh a ghlacadh agus trí thabhairt faoi bhearta tacaíochta, lena n-áirítear clubanna comhroinnte carranna agus Soghluaisteacht ar Éileamh.

Cuspóir 03

Córas iompair phoiblí ardleibhéil ar fud na cathrach a sholáthar a nascfaidh chuig príomhchinn scríbe laistigh de chonairí ardéilimh

A bhuí le BusConnects Phort Láirge, soláthrófar nascacht bealaí gathacha agus cuarbhealaí ó cheann go ceann idir Lár Cathrach Phort Láirge agus na bruachbhailte. Cuimseoidh príomhchonairí an ghréasáin ceantair ina bhfuil nithe a mheallann agus a ghineann líon ard turas i ngach príomh-mhol oideachais agus fostaíochta, lena n-áirítear Lár na Cathrach, GFT Éireann, Port Láirge, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, Calafort Belview, Ospidéal Ollscoile Phort Láirge agus Aerfort Phort Láirge.

Cuspóir 04

An acmhainn iompair a mhéadú nuair is gá chun torthaí na Straitéise a bhaint amach

Is é an toradh a bheidh ar an Straitéis seo a chur chun feidhme ná go soláthrófar gréasán agus acmhainn iompair atá uasghrádaithe go suntasach chun réamh-mheastachán fáis daonra agus fostaíochta amach anseo a bhaint amach. Leis an Straitéis seo, díritear an bonneagar iompair inbhuanaithe ar na háiteanna a bhfuil an gá is mó leis chun comhlánú a dhéanamh ar na tionscadail úsáide talún atá leagtha amach sa Chreat

Náisiúnta Pleanála, sa Phlean Forbartha Náisiúnta, sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach agus sna cásanna fáis amach anseo a sholáthair Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Comhairle Contae Chill Chainnigh don Údarás.

Cuspóir 05

Córas iompair a bheidh lán-inrochtana agus lánchuimsitheach a sholáthar.

Cumhdóidh gréasán BusConnects Phort Láirge 70% de na poist agus na daoine uile laistigh den Limistéar Ceannchathartha. Soláthróidh sé sin seirbhís iontaofa ardmhinicíochta lán-inrochtana iompair phoiblí chun feabhas a chur ar nascacht, go háirithe laistigh den chathair agus de na bruachbhailte. Ó thaobh cuimsithe shóisialta de, éascaítear leis an Straitéis seo méadú suntasach sa líon seirbhísí bus a sholáthraítear do limistéir faoi mhíbhuntáiste sóisialta.

Is é an toradh a bheidh ar leas a bhaint as prionsabail an Dearthá Uilíoch ná a chinntiú go gcuirfear inrochtaineacht do chách san áireamh, agus go soláthrófar inrochtaineacht do chách, agus uasghráduithe á ndéanamh ar an ngréasán siúil, go háirithe chuig stadanna agus stáisiúin iompair phoiblí, chuig foirgnimh iompair phoiblí, chuig saoraidí do phaisinéirí iompair phoiblí agus chuig feithiclí iompair phoiblí agus timpeall orthu. Soláthraítear leis an Straitéis seo an creat le haghaidh infheistíochta, rud a mhéadóidh slándáil phearsanta timpeall ar stadanna agus stáisiúin iompair phoiblí agus feadh bealaí siúil agus rothaíochta, go háirithe trí shoilsiú poiblí agus bearta slándála níos fearr.

Cuspóir **06**

Ríocht phoiblí an Limistéir Cheannchathartha a bhreisiú trí bhearta bainistíochta éilimh agus trí idirghabhálacha iompair
Déanfar an spás cois cosáin agus limistéir eile atá faoi cheannas ag carranna faoi láthair a aistriú de réir a chéile lena n-úsáid ag coisithe agus ag rothaithe. Éascóidh sé sin feabhsuithe ar an ríocht phoiblí, ar aon dul leis an treoir atá sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha agus sa Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta. Beidh an ríocht phoiblí inrochtana, tarraingteach, sábháilte agus spéisiúil do dhaoine de gach aois agus cumas.

Cuspóir **07**

An tionchar a bhíonn ag an trácht feithiclí i lárionaid uirbeacha a íoslaghdú.
Leagtar amach sa Straitéis raon beart atá ceaptha chun tacú le haistriú chuig iompar poiblí agus chuig taisteal gníomhach. Is é an toradh a bheidh ar sciar modha an chairr phríobháidigh a laghdú, ar an spás bóthair a ath-leithdháileadh amach ó áiteanna páirceála ar an tsráid agus ar fheabhsuithe ar an ríocht phoiblí, agus ar bhonneagar taistil ghníomhaigh a fhorbairt ná go laghdófar an tionchar a bhíonn ag an trácht feithiclí sna lonnaithe uile sa Limistéar Ceannchathartha, go háirithe i lár na cathrach. Fágfaidh sé sin go mbeidh an Limistéar Ceannchathartha ina áit níos tarraingtí le cónaí ann, le hobair ann agus le cuairt a thabhairt air agus éascóidh sé leibhéil ghníomhaíochta sóisialta, cultúrtha agus geilleagraí i bhfad níos airde.

Cuspóir **08**

Príomhbhealaí straitéiseacha le haghaidh ghluaiseacht an tráchta lasta a shainaithint agus a chosaint
Tá bearta i bhfeidhm ag an Limistéar Staidéir faoi láthair chun an tionchar a bhíonn ag feithiclí earraí troma ar shráideanna lár na cathrach a íoslaghdú trí shrianta meáchain agus trí chosc acastóirí. Tá sé beartaithe ag an Straitéis an cur chuige sin a fhorbairt tuilleadh trí ghréasán lasta straitéiseach a shainaithint. De bhreis air sin, tá an Straitéis i bhfách le Straitéis Lasta Réigiúnach a fhorbairt agus leis an Straitéis Lasta Áitiúil a nuashonrú, ar dá bharr a laghdófar tuilleadh an tionchar a bhíonn ag gluaiseachtaí lasta sa Limistéar Ceannchathartha.

16 Torthaí na Straitéise

Fás sa Todhchaí

59^k

Daonra
2016



93^k

Daonra
2040



An Comhshaol

An laghdú idir an bhliain 2016 agus an bhliain 2040

83%

in astaíochtaí CO₂ ó charranna

14%

in ábhar cáithníneach

95%

i dtruailliú NO_x ó charranna

An tÉileamh Laethúil ar Thaisteal

192^k
2016

264^k
2040

Sábháilteacht

Thar an tréimhse breithmheasa 30 bliain

Laghdú ó

294

sa líon Timpistí Marfacha,
Tromchúiseacha nó
Neamh-thromchúiseacha



Inrochtaineacht

An % de dhaoine Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge atá laistigh de Thuras Iompair Phoiblí 30 nóiméad

Do Lár na Cathrach

90%



Do Pháirc Gnó GFT

92%



Don Ospidéal Ollscoile

89%



Cuimsiú Sóisialta

Suas

4.2%

An méadú i sciar mhodh an iompair phoiblí do limistéir faoi mhíbhuntáiste agus do limistéir faoi mhíbhuntáiste mór



17 Cosaint agus Bainistíocht an Chomhshaoil

Rinneadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí araon i gcomhthráth le hullmhú na Straitéise. Comhtháthaíodh isteach sa Straitéis na moltaí uile a d'eascair as próisis na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta agus na Measúnachta Cuí. Cé go bhfuil cuid mhór de na moltaí sin leagtha amach sa Tuarascáil Timpeallachta maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, tá roinnt de na moltaí is straitéisí mionsonraithe thíos. Éascófar cosaint agus bainistíocht an chomhshaoil má chomhlíontar na bearta sin.

17.1 An Creat Rialála le haghaidh Chosaint agus Bhainistíocht an Chomhshaoil

Agus an Straitéis seo á cur chun feidhme aige, déanfaidh an tÚdarás rannchuidiú carnach – i gcomhar le húsáideoirí agus comhlachtaí eile – le cuspóirí an chreata rialála le haghaidh chosaint agus bhainistíocht an chomhshaoil a bhaint amach agus cinnteoidh sé go gcomhlíonfaidh pleananna, cláir agus tionscadail na Treoracha ón Aontas Eorpach, lena n-áirítear an Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE), an Treoir maidir le hÉin (2009/147/CE), an Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (2011/92/AE, arna leasú le 2014/52/CE) agus an Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (2001/42/CE) agus na Rialacháin ábhartha lena dtrasuitear na Treoracha sin.


17.2 Cinnteoireacht Íseal-leibhéil

Le linn íseal-leibhéil chinnteoireachta agus mheasúnachta timpeallachta, ba cheart breithniú a dhéanamh ar na hógairachtaí timpeallachta atá sainaitheanta i Rannán 4 den Tuarascáil Timpeallachta maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta;

- Gnéithe den tírdhreach a sholáthraíonn nasc/nascacht le láithreáin ainmnithe (e.g. sruthchúrsaí agus limistéir ghnáthóige leathnádúrtha, amhail coillearnacha líneacha);
- Uiscí Salmainide;
- Uiscí Sliogéisc;
- Dobharcheantair Dhiúilicín Péarla Fhionnuisce;
- Limistéir Oidhreacht Nádúrtha agus Limistéir bheartaithe Oidhreacht Nádúrtha;
- Limistéir ar dóigh gnáthóg atá liostaithe in larscríbhinn 1 a ghabhann leis an Treoir maidir le Gnáthóga a bheith suite iontu;
- Iontrálacha sa Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna agus Criosanna a bhfuil Acmhainneacht Seandálaíochta acu;
- Iontrálacha sa Taifead ar Dhéanamhais Chosanta;
- Láithreáin neamhainmnithe lena mbaineann tábhacht do speicis éin gheimhridh agus éin ghoir ar údar imní caomhantais iad;
- Limistéir Chaomhantais Ailtireachta; agus
- Ainmniúcháin tírdhreacha ábhartha.

I gcás nach gá Measúnacht Tionchair Timpeallachta a dhéanamh i leith aon fhorbairtí a eascróidh as an straitéis seo, déanfaidh an ghníomhaireacht cur chun feidhme/na gníomhaireachtaí cur chun feidhme breithniú ar Mheasúnacht neamhreachtúil Tionchair Éiceolaíoch a ullmhú chun na tionchair fhéideartha ar an mbithéagsúlacht a mheasúnú.



17.3 An Próiseas um Roghnú Conairí agus Bealaí

Tabharfar faoin bPróiseas seo a leanas um Roghnú Conairí agus Bealaí le haghaidh bonneagar ábhartha:

17.3.1 Céim 1: Conairí Bealaigh a Shainaithint, a Mheas agus a Roghnú

- Scrúdófar srianta timpeallachta (lena n-áirítear iad sin atá sainaitheanta i Rannán 4 den Tuarascáil Timpeallachta maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) agus deiseanna timpeallachta (amhail an bonneagar líneach láithreach) chun cabhrú le roghanna a shainaithint le haghaidh conairí bealaigh féideartha;
- Sainaithneofar conairí a d'fhéadfadh bheith indéanta agus a bhféadfaí freastal ar bhonneagar laistigh díobh agus measúnófar na conairí sin. Maidir leis an gconair bealaigh roghnaithe, seachnóidh sí srianta agus comhlíonfaidh sí na deiseanna atá ann ar an tslí is fearr is féidir, dar le speisialtóirí ábhartha; agus
- I dteannta na srianta atá sainaitheanta thuas, is féidir go mbeidh sonraí allamuigh atá sonrach don láithreán ag teastáil chun na conairí is cuí a shainaithint.

17.3.2 Céim 2: Bealaí a Shainaithint, a Mheas agus a Roghnú

- Sainaithneofar bealaí a d'fhéadfadh bheith indéanta laistigh den chonair roghnaithe agus measúnófar iad. Maidir leis na bealaí roghnaithe, seachnóidh siad srianta agus comhlíonfaidh siad na deiseanna atá ann ar an tslí is fearr is féidir, dar le speisialtóirí ábhartha, agus aird á tabhairt ar fhaisnéis ar leibhéal tionscadail agus ar bhearta maolaithe féideartha atá indéanta láithreach;

- I dteannta na srianta atá sainaitheanta thuas, is féidir go mbeidh sonraí allamuigh atá sonrach don láithreán ag teastáil chun na bealaí is cuí a shainaithint; agus
- I dteannta tosca timpeallachta, is dóigh go gcuirfear tosca eile san áireamh freisin le linn na conairí bealaigh a shainaithint agus le linn na línte bealaigh a bheachtú.

17.4 Measúnacht Chuí

Maidir leis na tionscadail agus na pleananna uile a eascróidh as an Straitéis seo, scagfar iad chun a shuí cé acu is gá nó nach gá Measúnacht Chuí a dhéanamh orthu faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga. Ní dhéanfar plean nó tionscadal a údarú ach amháin tar éis don údarás inniúil na nithe seo a leanas a fháil amach, bunaithe ar fhianaise eolaíoch, ar an Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí agus ar an Measúnacht Chuí a dhéanfar ina dhiaidh sin, i gcás gur gá ceann a dhéanamh:

- Ní thiocfaidh as an bPlean nó as an tionscadal aon éifeachtaí dochracha díreacha, indíreacha nó tánaisteacha ar shláine aon láithreáin Eorpaigh (cibé acu ar bhonn aonair nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile); nó
- Beidh éifeachtaí dochracha suntasacha ag an bPlean nó ag an tionscadal ar shláine aon láithreáin Eorpaigh (nach ósta do chineál gnáthóige nádúrtha tosaíochta agus/nó do speiceas tosaíochta), ach níl aon réitigh mhalartacha ann agus ní mór an plean nó an tionscadal a chur i gcrích go fóill ar chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, lena n-áirítear iad sin de chineál sóisialach nó eacnamaíochta. Sa chás sin, beidh sé riachtanach cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa reachtaíocht agus comhaontú tabhairt faoi na bearta cúitimh uile atá riachtanach chun cosaint chomhtháthú foriomlán Natura 2000 a chinntiú; nó

- Beidh éifeacht dhochrach shuntasach ag an bPlean nó ag an tionscadal ar shláine aon láithreáin Eorpaigh (is ósta do chineál gnáthóige nádúrtha agus/nó do speiceas tosaíochta), ach níl aon réitigh mhalartacha ann agus ní mór an plean nó an tionscadal a chur i gcrích go fóill ar chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, atá teoranta do chúiseanna a bhaineann le sláinte an duine, le sábháilteacht an phobail agus le hiarmhairtí tairbhiúla a bhfuil tábhacht phríomhúil leo don chomhshaol agus, tar éis tuairim a fháil ón gCoimisiún Eorpach, do chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh eile. Sa chás sin, beidh sé riachtanach cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa reachtaíocht agus comhaontú tabhairt faoi na bearta cúitimh uile atá riachtanach chun cosaint chomhtháthú foriomlán Natura 2000 a chinntiú.

17.5 Láithreáin Natura 2000 a Chosaint

Maidir le haon phleananna nó tionscadail as a dtiocfaidh éifeachtaí dochracha ar shláine láithreáin Eorpach (go carnach, go díreach nó go hindíreach) mar gheall ar a méid nó a scála, ar a dtógáil talún, ar a ngaireacht, ar a riachtanais acmhainní, ar a n-astaíochtaí (diúscairtí isteach sa talamh, san uisce nó san aer), ar a riachtanais iompair, ar fhad a dtógála, ar a n-oibriú nó ar a ndíchoimisiúnú nó mar gheall ar aon éifeachtaí eile, ní cheadófar iad ar bhonn na Straitéise seo (cibé acu ar bhonn aonair nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile).

17.6 An tAthrú Aeráide, Astaíochtaí agus Fuinneamh

Mar atá sainaitheanta sa Tuarascáil Timpeallachta maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta a ghabhann leis an Straitéis seo, éascaítear leis an Straitéis soghluaisteach inbhuanaithe agus éifeachtaí dearfacha gaolmhara, lena n-áirítear iad sin a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- Laghduithe in astaíochtaí gás ceaptha teasa agus gnóthú gaolmhar spriocanna atá ina gceangal dlí;
- Laghduithe in astaíochtaí isteach san aer agus gnóthú gaolmhar cuspóirí aercháilíochta, agus rannchuidiú á dhéanamh le haercháilíocht a fheabhsú agus le sláinte an duine a chosaint;
- Laghdú in úsáid foinsí fuinnimh neamh-inathnuaite agus gnóthú spriocanna fuinnimh in-athnuaite atá ina gceangal dlí; agus
- Slándáil fuinnimh.

Agus an Straitéis á cur chun feidhme aige, tacóidh an tÚdarás leis na forálacha ábhartha atá sna doiciméid seo a leanas (agus a bheidh in aon leaganacha athbhreithnithe díobh): an Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (2021); Straitéis Phort Láirge um Oiriúnú don Athrú Aeráide (2019); an Plean Gnímh don Aeráid (2021); an Creat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide (2018); agus an Plean Oiriúnaithe Earnála don Athrú Aeráide do Bhonneagar Iompair (2019) ón Roinn Iompair, rud lena gcuirtear leis an doiciméad “Pleanáil Oiriúnaithe – Athléimneacht i leith an Athraithe Aeráide a Fhorbairt in Earnáil Iompair na hÉireann”, a foilsíodh sa bhliain 2017.

Agus tuiscint aige ar an dianriachtanas atá ann le hastaíochtaí a laghdú, féachfaidh an tÚdarás lena chinntiú go dtabharfar tús áite do roghanna iompair lena n-éascófar laghduithe aonaid in astaíochtaí carbóin. Is féidir é sin a dhéanamh ar an tslí is éifeachtaí tríd an iompar poiblí, an siúl agus an rothaíocht a chur chun cinn agus trí iarracht ghníomhach a dhéanamh úsáid an chairr a laghdú in imthosca ina bhfuil roghanna malartacha ar fáil.

Le linn dó ullmhú agus/nó athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus pleananna a bhaineann leis an athrú aeráide, le hastaíochtaí carbóin agus le húsáid fuinnimh, féachfaidh an tÚdarás le cuspóirí na Straitéise a chomhtháthú iontu, de réir mar is cuí.

17.7 Moltaí eile ón Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus ón Measúnacht Chuí

Agus an Straitéis á cur chun feidhme aige, cinnteoidh an tÚdarás go gcomhlíonfar na bearta atá ar áireamh i dTábla 9.2 den Tuarascáil Timpeallachta maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus i dTábla 5.1 den Ráiteas Tionchair Natura maidir leis an Measúnacht Chuí.

Cuimsítear sna bearta sin:

- Rannchuidiú le comhlíonadh na Reachtaíochta Náisiúnta iomchuí a bhaint amach (lena n-áirítear na hAchtanna um Fhiadhúlra, 1976 agus 2010, arna leasú);
- A chinntiú go ngabfar suirbhéireacht agus measúnacht atá mionsonraithe go cuí de láimh ar leibhéal an tionscadail/ar leibhéal na Measúnachta Tionchair Timpeallachta; agus
- Bearta éagsúla a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a chosaint, a chaomhnú agus a bhreisiú.



18 An Comhairliúchán Poiblí

Aithníonn an tÚdarás go bhfuil sé ríthábhachtach go bhforbrófaí an Straitéis ar dhóigh chomhoibríoch eolasach agus tá sé tiomanta dá chinntiú go leanfar leis an obair sin ar fud shaolré na Straitéise agus a cuir chun feidhme.

An Tuarascáil ar an bPríomhchomhairliúchán Poiblí ar an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge



Foilsíodh an dréacht-Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge an 1 Meitheamh 2022. Rinne breis agus 69 ngeallsealbhóir aighneacht chuig an gcomhairliúchán poiblí neamhreachtuil ar an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge. Bhí an tréimhse comhairliúcháin ar siúl ar feadh sé seachtaine san iomlán ón 1 Meitheamh go dtí an 16 Iúil 2022.

18.1 An Chéim Réamhchomhairliúcháin

Bhí idirchaidreamh fairsing le príomh-gheallsealbhóirí ar bun ag an Údarás ag gach céim d'fhorbairt na dréacht-Straitéise. Ba é cuspóir an réamhchomhairliúcháin agus an réamh-idirchaidrimh sin ná a chur in iúl go bhfuiltear de rún againn dréacht-Straitéis Iompair a ullmhú, scóip bheartaithe na dréacht-Straitéise sin a chur in iúl agus tuairimí agus barúlacha a iarraidh ar na saincheisteanna ba cheart a chur san áireamh le linn an dréacht-Straitéis a ullmhú. Ar na geallsealbhóirí a rannchuidigh leis an gcéim sin den chomhairliúchán bhí oibritheoirí iompair, eagraíochtaí ionadaíocha d'fhostóirí agus do ghnólaigh, fostóirí mórsála, grúpaí ionadaíocha do dhaoine faoi mhíchumas, agus Lónra Rannpháirtíochta Pobail Phort Láirge.

Threoraigh Grúpa Stiúrtha ullmhú na Dréacht-Straitéise freisin. Bhí an Grúpa Stiúrtha sin comhdhéanta den Údarás Náisiúnta Iompair, de Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, de Chomhairle Contae Chill Chainnigh, de Thionól Réigiúnach an Deiscirt agus de Bhonneagar Iompair Éireann. Ghlac na gníomhaireachtaí sin páirt i sraith cruinnithe stiúrtha, ceardlann teicniúil agus láithreoireachtaí.

18.2 Poiblíocht an Chomhairliúcháin

Foilsíodh an dréacht-Straitéis agus a doiciméid tionlacain agus cuireadh ar fáil iad lena n-íoslódáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis Náisiúnta Iompair tar éis an tseolta oifigiúil in Óstán Granville an 1 Meitheamh 2022.

Fuair foilsiú na dréacht-Straitéise clúdach fairsing meán ó asraonta éagsúla meán náisiúnta agus áitiúil. Áiríodh leo sin:

- RTÉ News;
- Virgin Media;
- The Times;
- The Independent;
- Munster Express;
- Waterford Live;
- KCLR 96fm; agus
- BreakingNews.ie.

Chun a chinntiú go mbeadh rochtain réidh ann ar an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge agus dá doiciméid tionlacain, cuireadh cóipeanna crua díobh ar fáil lena léamh i Leabharlann Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Chill Chainnigh, Port an Chalaigh, ar feadh fhad na tréimhse comhairliúcháin. Ag an am céanna, cuireadh dréachtdoiciméid na Measúnachta Cuí agus na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta ar taispeáint i gceannoifig an Údaráis le haghaidh comhairliúchán reachtuil, agus cóip den dréacht-Straitéis ag gabháil leo.

Bhí líon suntasach doiciméad comhairliúcháin phoiblí ag gabháil leis an dréacht-Straitéis. Moladh don phobal iad a thabhairt abhaile leo. I ndoiciméad Achoimre Feidhmí, tugadh leagan achoimrithe den dréacht-Straitéis, mar aon le mionsonraí iomlána faoi conas aighneacht a dhéanamh. Bhí cóipeanna crua den dá thuarascáil ar fáil lena n-iarraidh tríd an seoladh ríomhphoist tiomnaithe freisin.

18.3 Imeachtaí Faisnéise Poiblí

Le linn na tréimhse comhairliúcháin, cuireadh dhá imeacht faisnéise poiblí ar siúl sna láithreacha seo a leanas:

- Óstán an Túir, Port Láirge – an 15 Meitheamh; agus
- Óstán an Túir, Port Láirge – an 16 Meitheamh.

Bhí baill foirne shinsearacha ón Údarás agus Foireann an Tionscadail ar fáil chun freagra a thabhairt ar cheisteanna sonracha ón bpobal agus chun a bhfuil sa dréacht-Straitéis a phlé. Bhí cóipeanna crua den dréacht-Straitéis agus den Achoimre Fheidhmeach ar fáil lena léamh ag an lucht freastail.

18.4 Aiseolas

Admhaíodh agus taifeadadh an t-aiseolas i scríbhinn ar fad a fuair Foireann an Tionscadail. Seoladh aighneachtaí agus tuairimí chuig an Údarás trí chasadh an phoist agus trí ríomhphost ach úsáid a bhaint as suíomh Gréasáin tiomnaithe tairsí comhairliúcháin, nó cuireadh isteach iad ag na hImeachtaí Faisnéise Poiblí, go dtí 5pm Dé hAoine an 15 Iúil 2022.

Rinne 69 ngeallsealbhóir san iomlán aighneacht le linn na tréimhse comhairliúcháin sé seachtaine, agus níos mó ná aighneacht amháin déanta ag dornán geallsealbhóirí. I measc na ngeallsealbhóirí sin bhí cónaitheoirí aonair, grúpaí brústocaireachta agus ranna rialtais.

Chuireamar an t-aiseolas ó gheallsealbhóirí ar an tionscadal i láthair ar fud an phróisis comhairliúcháin phoiblí, beag beann ar cé acu a bhí an t-aiseolas dearfach, diúltach nó neodrach. Léirítear an t-aiseolas ar fad sa Tuarascáil tacaíochta ar an gComhairliúchán Poiblí.

Cuirtear an t-aiseolas i láthair de réir a théama sa Tuarascáil ar an gComhairliúchán Poiblí. Tháinig 15 phríomhthéama agus beagnach 70 fothéama as an anailís ar na 69 n-aighneacht.

Rinneadh breithniú cúramach ar na haighneachtaí uile. Athbhreithníodh an Straitéis deiridh ar bhonn an aiseolais sin, nuair ba chúí.



Liosta Acrainmneacha

Measúnacht Chuí		NDP	An Plean Forbartha Náisiúnta	WMASP	Plean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Phort Láirge
ABTA	Measúnacht Iompair Limistéarbhunaithe	NIFTI	An Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn	WPL	Tobhach Páirceála ag an Áit Oibre
AISRR	An tAthbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin	NPF	An Creat Náisiúnta Pleanála	WCQ	Ceathrú Chultúir Phort Láirge
ASL	Ardlínte Stop	NPO	Cuspóir Beartais Náisiúnta		
AV	Feithiclí Uathrialaitheacha	NSO	Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta		
AVL	Uathaimsiú Feithiclí	PAG	Treoirlínte Breithmheasa Tionscadail		
BRT	Mearbhealach Busanna	PCI	An tInnéacs um Ríocht Cosán		
BSS	Scéim Comhroinnte Rothar	PLUTS	An Staidéar Pleanála, Úsáide Talún agus Iompair		
CLCanna	Ionaid Tógála agus Lóistíochta	PSO	Oibleagáid Seirbhíse Poiblí		
POS	An Phríomh-Oifig Staidrimh	RPO	Cuspóir Beartais Réigiúnaigh		
DMURS	An Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha	RSES	Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach		
DTTaS	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	RTPI	Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí		
EIB	An Banc Eorpach Infheistíochta	SDZ	Crios Forbartha Straitéisí		
AE	An tAontas Eorpach	SEA	Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta		
EV	Feithicil Leictreach	SETU	Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt		
EVCP	Pointí Luchtaithe Feithiclí Leictreacha	SRA	Tionól Réigiúnach an Deiscirt		
HGV	Feithicil Earraí Troma	TEN-T	An Gréasán Tras-Eorpach Iompair		
ITS	Córais Chliste Iompair	TfI	Transport for Ireland		
LEV	Feithicil Astaíochtaí Ísle	TII	Bonneagar Iompair Éireann		
LRT	Iompar Iarnróid Éadrom	TOD	Forbairt atá Dírithe ar an Iompar		
LTP	Plean Áitiúil Iompair	WMA	Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge		
MaaS	Soghluaisteacht ar Éileamh	WMATS	An Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Phort Láirge		
MASP	Plean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha				

